2025/2370

16.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2370 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Feabhra 2025

maidir leis an mbeart státchabhrach SA.106107 (2024/N) a bhfuil sé beartaithe ag an mBeilg é a chur chun feidhme chun síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha (Doel 4 agus Tihange 3)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)1070)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(2), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha sin ([1]), agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Le litir dar dáta an 21 Meitheamh 2024, thug an Bheilg fógra don Choimisiún faoin mbeart chun tacú le síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha sa Bheilg (Doel 4 ('D4') agus Tihange 3 ('T3'), le chéile Aonaid oibríochta fadtéarmaí ('OFT'). Chuir sé tuilleadh faisnéise ar fáil don Choimisiún le litreacha dar dáta an 9 agus an 10 Iúil 2024, tar éis iarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún an 4 Iúil 2024.

(2) Le litir dar dáta an 22 Iúil 2024, chuir an Coimisiún an Bheilg ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an próiseas a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') a thionscnamh i leith an bhirt ('an Cinneadh Tosaigh').

(3) Sheol an Bheilg a barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh an 22 Lúnasa 2024.

(4) Foilsíodh cinneadh an Choimisiúin i ndáil leis an nós imeachta a thionscnamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach.

(5) Fuair an Coimisiún tuairimí ó pháirtithe leasmhara. Chuir sé ar aghaidh chuig an mBeilg iad agus tugadh deis di freagairt a thabhairt; fuarthas a barúlacha le litir dar dáta an 30 Deireadh Fómhair 2024.

(6) Sholáthair an Bheilg tuilleadh faisnéise an 2 Meán Fómhair 2024, 23, 27 agus 30 Deireadh Fómhair 2024, 8, 14, 18, 22, 25, 27 agus 30 Samhain 2024, 2, 4, 5, 12, 12, 17 agus 20 Nollaig 2024, 7, 9, 17, 18, 20, 27, 29, 30 agus 31 Eanáir 2025, 1 Feabhra 2025 ([3]).

(7) I litir dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2024, chomhaontaigh an Bheilg a cearta de bhun Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh go heisceachtúil i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán 1/1958 ([4]) agus go nglacfaí an Cinneadh seo agus go dtabharfaí fógra faoi i mBéarla.

([1]) Státchabhair — An Bheilg — Státchabhair SA.106107 (2024/N) — Síneadh saolré dhá imoibreoir núicléacha (Doel 4 agus Tihange 3) — Cuireadh chun barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C, C/2024/4921, , 8.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4921/oj).
([2]) *Cf.* fonóta 1.
([3]) Ullmhaíodh ionchur teicniúil, airgeadais, eacnamaíoch nó oibríochtúil áirithe bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair Electrabel.
([4]) Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1958/1(1)/oj).

2. MIONTUAIRISC AR AN GCOMHTHÉACS

2.1. An cabhlach núicléach sa Bheilg

(8) Go dtí 2022, bhí seacht n-imoibreoir núicléacha i gcabhlach núicléach na Beilge, ceithre cinn lonnaithe i bhFlóndras (Doel) agus trí cinn lonnaithe sa Vallúin (Tihange). Tháinig na himoibreoirí uile i bhfeidhm idir 1975 agus 1985 ([5]) agus tógadh iad ag fóntais phoiblí (Ebes, Intercom agus Unerg) a cumascadh ar deireadh chun Electrabel SA (tromlach faoi úinéireacht Tractebel) a dhéanamh díobh in 1990 (dá ngairtear Electrabel anseo feasta). In 1996, bhí Société Générale de Belgique ('SGB') ar an scairshealbhóir is mó de Tractebel agus in 1999, fuair Suez beagnach 100 % de SGB. Tar éis an chumaisc idir Suez agus Gaz de France ('GDF') in 2008, is é Engie S.A. (dá ngairtear Engie anseo feasta) úinéir deiridh Electrabel.

(9) Is é Electrabel, fochuideachta faoi lánúinéireacht Engie, oibreoir núicléach agus úinéir tromlaigh na seacht n-imoibreoir núicléacha Beilgeach ó cuireadh tús lena n-oibríochtaí. Sa lá atá inniu ann, is mar seo a leanas atá úinéireacht imoibreoirí núicléacha na Beilge:

— Is le Electrabel 100 % de Doel 1 agus Doel 2, 89,807 % de Doel 3, Doel 4, Tihange 2 agus Tihange 3, agus 50 % de Tihange 1;

— Tá 10,193 % de Tihange 2, Tihange 3, Doel 3 agus Doel 4 faoi úinéireacht Luminus, fochuideachta de chuid EDF Belgium;

— Tá an 50 % eile de Tihange 1 faoi úinéireacht EDF Belgium ([6]).

(10) Maidir le hacmhainneachtaí na nAonad OFT (féach Table 2),

— Tá acmhainneacht ainmniúil 1 038 MW ag Doel 4 faoi láthair in 2022 (1 026 MW in 2023) agus ghin sé 8,940 TWh leictreachais in 2022 ([7]), arb é atá ann sciar de thart ar 11 % den éileamh iomlán leictreachais sa Bheilg in 2022 (82,9 TWh ([8])).

— Tá acmhainneacht ainmniúil 1 038 MW ag Tihange 3 faoi láthair in 2022 (1 030 MW in 2023) agus ghin sé 7,366 TWh leictreachais in 2022 ([9]), arb é atá ann sciar de thart ar 9 % den éileamh iomlán leictreachais sa Bheilg in 2022 (82,9 TWh ([10])).

(11) Míníonn an Bheilg gur dearadh agus gur oibríodh gach imoibreoir núicléach Beilgeach, lena n-áirítear na hAonaid OFT, mar aonaid bhonnualaigh bunaithe ar theicneolaíocht imoibreoirí uisce brúchóirithe ('IUB'). Téann an dearadh siar chomh fada leis na 1970idí agus is gnáthrud é i gcás aonaid bhonnualaigh, ar nós imoibreoirí núicléacha níos sine ar fud an domhain. Oibrítear na haonaid sin go coitianta ag uastoilleadh rátaithe agus iad ar líne, murab ionann agus teicneolaíochtaí nua (Glúin III) atá in ann oibriú go solúbtha, lena n-áirítear aschur cumhachta a athrú le himeacht ama ('rampáil' nó 'coigeartú lóid') agus rialáil minicíochta agus cúltaiscí oibriúcháin a sholáthar ([11]). In oibriú bonnualaigh, de ghnáth ní dhéantar cumhacht a laghdú ná a mhúchadh ach amháin nuair is gá sin le haghaidh athbhreoslú pleanáilte agus/nó cothabháil thréimhsiúil, cothabháil phráinneach neamhphleanáilte chun saincheisteanna trealaimh gléasra a cheartú, nó srianta deartha agus/nó sábháilteachta gan choinne. Dá bhrí sin, is iad riachtanais an oibreora núicléach nó an oibreora córais tarchurtha ('OCT') seachas comharthaí margaidh is cúis leis an laghdú ar aschur cumhachta.

([5]) Doel 1, Doel 2 agus Tihange 1 in 1975; Doel 3 agus Tihange 2 in 1982 agus 1983 faoi seach; Doel 4 agus Tihange 3 in 1985.
([6]) Is eintitis dhlítheanacha ar leithligh iad EDF Belgium agus Luminus. Is cuid de Ghrúpa EDF iad araon. Is scairshealbhóir 68,6 % de Luminus é EDF Belgium. Is iad Ethias, Publilec, Socofe agus Nethys scairshealbhóirí eile Luminus.
([7]) Foinse: An Comhlachas Domhanda Núicléach (https://www.world-nuclear.org/country/default.aspx/Belgium).
([8]) Foinse Staidéar Leordhóthanachta agus solúbthachta le haghaidh na Beilge (2024-2034) le Elia Group — Issuu (lch. 42).
([9]) Foinse: An Comhlachas Domhanda Núicléach (https://www.world-nuclear.org/country/default.aspx/Belgium).
([10]) Foinse Staidéar Leordhóthanachta agus solúbthachta le haghaidh na Beilge (2024-2034) le Elia Group — Issuu (lch. 42).
([11]) Foinse: J.D. Jenkins, Z. Zhou, R. Ponciroli, R.B. Vilim, F. Ganda, F. de Sisternes, A. Botterud, *'The benefits of nuclear flexibility in power system operations with renewable energy'* [Tairbhí na solúbthachta núicléiche in oibríochtaí córais cumhachta le fuinneamh in-athnuaite], *Applied Energy*, Imleabhar 222, 2018, lgh. 872-884.

(12) Soiléiríonn an Bheilg go bhfuil imoibreoirí núicléacha na Beilge srianta go teicniúil mar gheall ar a ndearadh, rud a chuireann srian láidir ar na féidearthachtaí maidir le modhnú aschuir, rud a bhí teoranta ar feadh tréimhse fhada do rialáil eangaí. Is é is cúis leis sin go bhfuil imoibreoirí núicléacha Beilgeacha feistithe go heisiach le slata rialaithe imoibreora dubha, rud a chuireann srian láidir ar an gcumas modhnú, murab ionann agus cinn liatha ([12]). Os a choinne sin, mar shampla, tá roinnt de na himoibreoirí núicléacha is déanaí de chuid na Fraince feistithe le slata rialaithe dubha agus liatha araon, ionas go ndéantar iad a dhearadh agus a thógáil chun modhnuithe agus coigeartú lóid a dhéanamh. Mar thoradh ar an dearadh atá bunaithe ar slata rialaithe dubha in imoibreoirí núicléacha na Beilge, go dtí le déanaí, chuir Gníomhaireacht Sábháilteachta Núicléiche na Beilge ('AFCN/FANC') cosc ar mhodhnú ar chúiseanna eacnamaíocha ([13]). Ní raibh modhnú inghlactha ach amháin ar chúiseanna teicniúla nó arna iarraidh sin d'OCT na Beilge (Elia), chun lándorchú a sheachaint ([14]).

(13) Áitíonn an Bheilg, áfach, mar fhreagairt ar éabhlóid ghinearálta na margaí leictreachais agus ar an ngá atá le solúbthacht a thabhairt isteach ina hoibriú, go ndearnadh staidéir a bhaineann le roinnt cásanna modhnaithe a cheadú ar chúiseanna eacnamaíocha ('modhnú eacnamaíoch'). In 2015, sheol Engie, Electrabel agus rialtóirí na Beilge staidéir shábháilteachta ([15]) chun anailís a dhéanamh ar na coinníollacha a bheadh le comhlíonadh chun roinnt modhnuithe a cheadú ar chúiseanna eacnamaíocha, trí fhéachaint, i measc nithe eile, ar thionchar an mhodhnaithe sin ar an mbreosla núicléach. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar go bhféadfadh uasmhéid 30 modhnú eacnamaíoch in aghaidh an timthrialla breosla a bheith inghlactha le haghaidh Tihange 3 agus Doel 4, ar choinníoll go n-urramaítear roinnt coinníollacha teicniúla — a bhaineann go príomha le téamh agus fuarú na heiliminte breosla:

— luas méadaithe agus laghdaithe aschuir teoranta do 1 %/nóiméad;

— cumhacht íosta ag 50 % den chumhacht ainmniúil ([16]);

— ar a laghad 2 uair an chloig (3 uair an chloig má dhéantar modhnú a thruicearú in aon lá amháin) agus 72 uair an chloig ar a mhéad i gcás modhnú amháin; agus

— 72 uair an chloig ar a laghad idir dhá mhodhnú ar an imoibreoir céanna le haghaidh cobhsú.

(14) Thairis sin, ní fhéadfaí modhnuithe a dhéanamh le linn tréimhsí áirithe ([17]), ar nós:

(a) ag deireadh timthrialla breosla, le linn an 2 mhí dheireanacha, nuair a bhíonn an tiúchan bóróin sa phríomhchiorcad íseal (níos lú ná 200 ppm tiúchan aigéid bhóraigh); agus

(b) nuair a iarrann oibreoir an imoibreora gan modhnú a dhéanamh chun díomuan a sheachaint i gcás sonrach (mar shampla tástálacha míosúla flosca neodrón, sceitheadh comhla féideartha, siúl síos tríd an bhfoirgneamh imoibreora, srl.) nó mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla.

([12]) Ionsúnn slata rialaithe imoibreora 'dubha' (déanta as cairbíd bhóróin) gach neodrón ionsaitheach. Tá siad deartha chun an t-imoibreoir a mhúchadh agus dá bhrí sin is féidir leo grádán teirmeach láidir agus strus láidir a chruthú sna heilimintí breosla le linn modhnaithe. Ní ionsúnn slata rialaithe 'liatha' (déanta as caidmiam indiam airgid) ach cuid de na neodróin ionsaitheacha agus tá siad deartha chun aschur cumhachta imoibreora solúbtha a sholáthar, toisc go mbíonn siad ina gcúis le loig i bhfad níos lú i bhflosc neodrón agus dáileadh cumhachta gar do na slata, agus dá bhrí sin ní bhíonn na fadhbanna róthéimh breosla céanna ag baint leo.

([13]) Agence Fédérale de Contrôle Nucléaire (AFCN) / Federaal Agentschap voor Nucleaire Controle (FANC).

([14]) Is féidir iarrataí ar mhodhnú den sórt sin ó Elia a mhiondealú ina dhá chatagóir ag brath ar chriticiúlacht an cháis: 'céim foláirimh': modhnú arna iarraidh ag Elia le rabhadh seachtain amháin roimh ré toisc go bhfuil coinne aige le cás criticiúil ar an eangach; 'céim éigeandála': modhnú arna iarraidh ag Elia go díreach chuig seomra rialaithe na n-aonad núicléach chun an eangach a scaoileadh láithreach.

([15]) Foinse: Femke Flachet, Jinzhao Zhang, Ruben Van Parys, Daniel Vantroyen, Christophe Schneidesch, *'Core and fuel feasibility study for improved flexibility on the Belgium Nuclear Power Plants'* [Staidéar féidearthachta i leith croíleacán agus breosla le haghaidh solúbthacht fheabhsaithe maidir le Gléasraí Cumhachta Núicléiche na Beilge], in *Imeachtaí WRFPM*, 2014, Páipéar Uimh. 100136, Sendai, an tSeapáin, 14 Meán Fómhair 14-17.

([16]) Go praiticiúil, tairgtear toilleadh suas le 400 MW de ghnáth le haghaidh modhnuithe eacnamaíocha arna iarraidh sin d'oibreoirí gléasraí, seachas toilleadh 500 MW (50 % den chumhacht ainmniúil) a éilíonn níos mó oibríochtaí láimhe agus a mhéadaíonn an riosca múchta uathoibríoch dá bhrí sin.

([17]) Féach, *Operational procedure, Fleet procedure nuclear modulation*, [Próiseas oibriúcháin, próiseas an chabhlaigh don mhodhnú núicléach], ZST.10010883175.000_06, Iarscríbhinn Q1, ranna 3.1 & 3.2, lgh. 4-6.

(15) Tar éis na staidéar sin, thug AFNC/FANC údarú don oibreoir suas le 30 modhnú in aghaidh an timthrialla a dhéanamh ([18]), rud a chomhfhreagraíonn don líon uasta modhnuithe is féidir a dhéanamh laistigh de theorainneacha an cheadúnais oibríochta reatha. I bhfianaise na srianta sin, chuir Engie in iúl go ndéanann an t-oibreoir measúnú cúramach ar gach cinneadh modhnú a dhéanamh toisc go bhfuil rioscaí iomadúla ag baint leis (mar shampla eisiltigh leachtacha a tháirgeadh mar gheall ar mhodhnú, aosú níos tapúla na suiteálacha, an riosca go ndéanfaí múchadh uathoibríoch a thruicearú, damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhágfadh nach bhféadfaí an t-imoibreoir a atosú, srl.) a bhfuil doiciméadú forleathan déanta orthu sa litríocht acadúil ([19]).

(16) De réir na Beilge (bunaithe ar ionchur ó Electrabel), ag staid reatha an eolais, níl aon réiteach teicneolaíochta ar fáil chun solúbthacht a mhéadú ar chostas réasúnta agus laistigh de thréimhse ama réasúnta. Chun an t-uasghrádú teicniúil a dhéanamh chun imoibreoir bonnualaigh a thiontú ina ghléasra coigeartaithe lóid agus chun níos mó solúbthachta a cheadú, bheadh gá le hathrú iomlán ar dhearadh, agus go háirithe ceann bhrúshoitheach an imoibreora a ionadú, ar oibríocht an-fhada agus casta é. Thairis sin, bheadh gá le staidéir nua ar Thuarascáil Anailíse Sábháilteachta (TAS) agus modhnú suntasach ar a gceadúnas oibríochta, rud a chaithfeadh údaráis sábháilteachta núicléiche na Beilge a eisiúint.

(17) Thairis sin, míníonn an Bheilg (bunaithe ar ionchur ó Electrabel) go bhfuil solúbthacht na n-imoibreoirí srianta freisin ag sainiúlacht a mbreosla agus ag bainistiú éarthaí seirbhíse:

(a) Déantar breosla a shaincheapadh le haghaidh fad timthrialla ar leith agus le haghaidh líon áirithe modhnuithe féideartha. Chun solúbthacht na n-imoibreoirí a mhéadú, bheadh gá leis an saibhriú breosla a athrú, rud nach féidir a dhéanamh toisc gur ordaíodh an breosla cheana féin ar feadh thréimhse iomlán an tionscadail. Dá ndéanfaí na hAonaid OFT a 'uasghrádú' chun líon na modhnuithe atá ar fáil a mhéadú, chaithfí an breosla a ordú arís, rud a bheadh róchostasach.

(b) Faoi shrian teicniúil agus dlíthiúil AFNC/FANC ([20]), níl ach spás an-teoranta ag an oibreoir núicléach le haghaidh solúbthachta, chun éaradh a phleanáil le haghaidh cothabhála, oibreacha agus athbhreoslaithe. Tá éarthaí pleanáilte an-chasta le cur i bhfeidhm agus ní mór iad a ullmhú míonna nó fiú blianta roimh ré. Faoi REMIT ([21]), ní mór don rannpháirtí sa mhargadh dátaí na n-éarthaí a phoibliú go tráthúil - mar shampla, trí Ardán na dteachtaireachtaí práinneacha margaidh NordPool (UMM) ([22]) - go ginearálta 3 bliana roimh ré. Ina theannta sin, is ar éigean is féidir dátaí éaradh a mhodhnú a luaithe a fhógrófar iad (i bhfianaise na srianta oibríochtúla mar shampla infhaighteacht páirteanna agus conraitheoirí), agus is féidir le OCT agóid a dhéanamh i gcoinne na n-athruithe sin, ar féidir leis cúiteamh a iarraidh ar an oibreoir núicléach má mheasann OCT go gcuirtear isteach ar an líonra mar thoradh ar an diall. In aon chás, ní féidir dátaí éaradh a mhodhnú tar éis lár mhí Iúil na bliana roimhe sin gan formheas a fháil roimh ré ó OCT.

(c) Ó thaobh na hoibríochta de, oibreofar na hAonaid OFT faoi thimthriallta breosla 12 mhí (seachas timthriallta breosla 18 mí faoi láthair). Déantar an cinneadh sin mar thoradh ar chothromaíocht eacnamaíoch:

— Ar an gcéad dul síos, chun tréimhse táirgthe na nAonad OFT a uasmhéadú le linn an gheimhridh atá le teacht, nuair a bhíonn an t-éileamh ar leictreachas ag an leibhéal is airde — agus na praghsanna freisin — fad is atá táirgeadh leictreachais in-athnuaite níos ísle. Comhaontaíodh, dá bhrí sin, go n-oibreofaí na hAonaid OFT ar thimthriall breosla 12 mhí, ionas go bhféadfaí éaradh tréimhsiúil de bharr athbhreoslaithe a shioncronú agus go mbeidís ag tarlú gach bliain le linn an tsamhraidh.

([18]) Sholáthair an Bheilg údaruithe an bhainisteora ghinearálta ó BelV, fo-eagraíocht de chuid AFNC/FANC, do mhodhnuithe eacnamaíocha suas le 30 uair in aghaidh an timthrialla:
Maidir le Doel 4, féach BelV, 3078/2739/POI.851, 'Kerncentrale Doel — Eenheid Doel 4 — Gedeeltelijke keuring voor ontvangst van wijziging aan de vergunde installaties', 26 Iúil 2017.
Maidir le Tihange 3, féach BelV, 2018-0330, 'Approbation MNI O3/14/03, Modulations de puissance étendues', 28 Lúnasa 2018.

([19]) Féach, mar shampla, (i) SFEN/RGN, '9. Parc nucléaire: la Manoeuvrabilité au détriment de la performance?', 25 Iúil 2023; (ii) C. Cany, C. Mansilla, G. Mathonnière, P. da Costa, *'Nuclear power supply: Going against the misconceptions. Evidence of nuclear flexibility from the French experience'*, [Soláthar cumhachta núicléiche: Ag dul i gcoinne na míthuiscintí. Fianaise ar sholúbthacht núicléach ó thaithí na Fraince], Energy, Imleabhar 151, 2018, lgh. 289-296; (iii) Alexey Lokhov, 'Suivi de charge dans les centrales nucléaires', *AEN Infos*, 2011, uimh. °29.2.

([20]) Féach fonóta 18.

([21]) Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh, (IO L 326, 8.12.2011, p. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1227/oj)., Airteagal 2(1)(b).

([22]) Tugann an nasc seo a leanas UMM Tihange 3 agus Doel 4 amach anseo: https://umm.nordpoolgroup.com/#/messages?publicationDate=all&eventDate=custom&eventDateStart=2024-01-01&eventDateStop=2124-08-01&units=22WTIHANG000242R&units=22WDOELX40000793.

— Ar an dara dul síos, chun comharthaí margaidh meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh, is gnáthchleachtas é sa tionscal núicléach na héarthaí a sceidealú le linn míonna le praghsanna níos ísle. Dá bhrí sin, ón tús, rinneadh an phleanáil fhoriomlán le haghaidh éaradh ag Doel 4 agus Tihange 3 a bharrfheabhsú chun an tionchar ar phraghas an mhargaidh a theorannú a mhéid is féidir, a bhuí leis an athrú ó thimthriall breosla 18 mí go timthriall breosla 12 mhí (mar a mhínítear i bpointe – thuas).

2.2. **Deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile sa Bheilg**

(18) Mar a thuairiscítear i roinn 2.1 den Chinneadh Tosaigh, in 2003, ghlac Parlaimint fheidearálach na Beilge dlí lenar cuireadh toirmeasc ar aonaid núicléacha nua a thógáil a bhí dírithe ar tháirgeadh tionsclaíoch leictreachais trí scoilteadh núicléach sa Bheilg agus lenar cuireadh teorainn 40 bliain le hoibriú na n-imoibreoirí a bhí ann cheana, lena mbunaítear leis seo deireadh a chur de réir a chéile le cumhacht núicléach idir 2015 agus 2025 ('Dlí 2003' nó 'an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile') ([23]). Mar a foráladh ar dtús leis an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, rinneadh Doel 3 agus Tihange 2 a dhícheangal go buan ón eangach an 23 Meán Fómhair 2022 agus an 31 Eanáir 2023 faoi seach. Le dlíthe an 18 Nollaig 2013 agus an 28 Meitheamh 2015 ([24]), leasaíodh an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile agus cuireadh síneadh 10 mbliana le saolré na dtrí imoibreoir is sine, Tihange 1, Doel 1 agus Doel 2, go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, an 14 Feabhra 2025 agus an 30 Samhain 2025 faoi seach (síneadh saolré 10 mbliana) ([25]).

(19) De réir an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, bhí Doel 4 agus Tihange 3 le dúnadh faoi 2025. Mar thoradh air sin, ó 2020 i leith, ba iad cuspóirí straitéiseacha Engie maidir le gníomhaíochtaí núicléacha (i) tarraingt siar ó ghníomhaíochtaí giniúna cumhachta núicléiche sa Bheilg chun an riosca a bhaint dá nochtadh mar oibreoir núicléach do luaineacht praghsanna an mhargaidh, agus (ii) gan giniúint cumhachta núicléiche a shuíomh a thuilleadh mar chuid de phríomhghnó Engie. Ó 2020 i leith, mar thoradh ar an tarraingt siar sin cuireadh deireadh leis na staidéir uile a bhaineann le síneadh a chur lena stáisiúin cumhachta núicléiche (iad uile lonnaithe sa Bheilg). Tá teachtaireacht airgeadais Engie ó 2020 ar aghaidh i gcomhréir leis an gcuspóir straitéiseach sin maidir le tarraingt siar agus cuireadh san áireamh í sna toimhdí cuntasaíochta a úsáidtear chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú, go háirithe i dtástálacha lagaithe ([26]).

(20) Table 1 tugtar forléargas ar na seacht n-imoibreoir núicléacha de chuid na Beilge, lena n-áirítear a stádas úinéireachta, a nglanacmhainneacht, agus a ndátaí díghníomhachtaithe tosaigh de réir an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile agus na n-athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Tábla 1

Forléargas ar ghléasraí cumhachta núicléiche sa Bheilg

Imoibreoir núicléach	Úinéireacht	Glantoilleadh 2023 (MWe)	Dáta díghníomhachtaithe (an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile)	Dáta díghníomhachtaithe (athbhreithnithe)
Doel 1	Electrabel (100 %)	445	An 15 Feabhra 2015	An 14 Feabhra 2025
Doel 2	Electrabel (100 %)	433	An 1 Nollaig 2015	An 30 Samhain 2025

([23]) Féach an 31 Eanáir 2003, Wet houdende de geleidelijke uitstap uit kernenergie voor industriële elektriciteitsproductie/Loi sur la sortie progressive de l'énergie nucléaire à des fins de production industrielle d'électricité. De réir an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, ba iad dátaí deiridh na ngléasraí núicléacha sa Bheilg an 15 Feabhra 2015 (Doel 1), an 1 Nollaig 2015 (Doel 2), an 1 Deireadh Fómhair 2022 (Doel 3), an 1 Iúil 2025 (Doel 4), an 1 Deireadh Fómhair 2015 (Tihange 1), an 1 Feabhra 2023 (Tihange 2) agus an 1 Meán Fómhair 2025 (Tihange 3).

([24]) An 5 Márta 2020, chuir an Chúirt Bhunreachtúil (Cás 34/2020) dlí an 28 Meitheamh 2015 ar neamhní — tar éis réamhrialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Cás C 411/17) — toisc nár urramaíodh na hoibleagáidí maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, agus éifeachtaí an dlí á gcoinneáil ar bun go dtí an 31 Nollaig 2022. An 11 Deireadh Fómhair 2022, tar éis measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ritheadh 'Dlí Deisiúcháin' lenar athraíodh na dátaí díghníomhachtaithe. Leis an Dlí Deisiúcháin, cuireadh díghníomhachtú Doel 1, Doel 2 agus Tihange 1 siar go 2025.

([25]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 17.3.2017, SA.39487 (2016/NN), an Bheilg, Síneadh saolré na ngléasraí cumhachta núicléiche Tihange 1, Doel 1 agus Doel 2 (IO C /2017/142, 5.5.2017, lch. 1).

([26]) Féach an fhianaise i bhfonótaí 7 agus 8 den Chinneadh Tosaigh.

Imoibreoir núicléach	Úinéireacht	Glantoilleadh 2023 (MWe)	Dáta dhíghníomhachtaithe (an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile)	Dáta dhíghníomhachtaithe (athbhreithnithe)
Doel 3	Electrabel (89,807 %) Luminus (10,193 %)	1 006	An 1 Deireadh Fómhair 2022	*Díghníomhachtú an 23 Meán Fómhair 2022*
Doel 4	Electrabel (89,807 %) Luminus (10,193 %)	1 026	An 1 Iúil 2025	31 Deireadh Fómhair 2035 (*)
Tihange 1	Electrabel (50 %) EDF An Bheilg (50 %)	962	An 1 Deireadh Fómhair 2015	An 30 Meán Fómhair 2025
Tihange 2	Electrabel (89,807 %) Luminus (10,193 %)	1 008	An 1 Feabhra 2023	*Díghníomhachtú an 31 Eanáir 2023*
Tihange 3	Electrabel (89,807 %) Luminus (10,193 %)	1 030	An 1 Meán Fómhair 2025	31 Deireadh Fómhair 2035 (*)

Foinse: *Údaráis na Beilge - Déantar tagairt do shuíomh gréasáin Gheilleagar na Seirbhíse Poiblí Cónaidhme ('FPS'), maidir le táirgeadh cumhachta núicléiche sa Bheilg, a ndeachthas i gcomhairle leis go deireanach an 18 Meitheamh 2024*: Parc de production de centrales nucléaires en Belgique | SPF Economie. *Mar a tugadh le fios, rinneadh Doel 3 agus Tihange 2 a dhíghníomhachtú. Cuimsítear sa tuarascáil seo a leanas a nglanacmhainneacht roimhe seo: An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, Taithí Oibriúcháin le Stáisiúin Cumhachta Núicléiche sna Ballstáit, Taithí Oibriúcháin le Stáisiúin Cumhachta Núicléiche sna Ballstáit, IAEA, Vín (2022) (inrochtana trí shuíomh gréasáin FPS Geilleagar).*

(*) Dáta díghníomhachtaithe athbhreithnithe nuair a bheidh na himoibreoirí núicléacha ag feidhmiú an 1 Samhain 2025; is é an 31 Nollaig 2037 an dáta deiridh is féidir le haghaidh díghníomhachtú.

2.3. Cinneadh na Beilge leanúint leis an bhfuinneamh núicléach

(21) An 18 Márta 2022, chinn Rialtas Cónaidhme na Beilge (dá ngairtear 'Rialtas na Beilge' anseo feasta) athmheasúnú a dhéanamh ar an deireadh atá á chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, trí shíneadh saolré oibriúcháin (Oibríocht Fhadtéarmach ('OFT') an dá imoibreoir núicléacha is óige, Doel 4 agus Tihange 3, a cheadú ar feadh tréimhse 10 mbliana ('Tionscadal OFT'). Rinne an Bheilg cinneadh i gcomhthéacs fhreagairt na hEorpa ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine (lena gcuimsítear an gá atá ann do Bhallstáit an Aontais a dtomhaltas gáis agus a spleáchas gáis a laghdú) agus i gcomhthéacs na géarchéime gáis a d'eascair as sin, chomh maith leis na hábhair imní atá ann cheana maidir le slándáil an tsoláthair sa Bheilg (féach freisin roinn 2.4 thíos) i bhfianaise na riachtanas méadaithe leictriúcháin (chun an t-aistriú fuinnimh a chumasú) agus infhaighteacht íseal cabhlach núicléach na Fraince in 2021-2022 (mar gheall ar shaincheisteanna creimthe gan choinne agus cothabháil fhairsing chun síneadh a chur lena shaolré oibríochta) ([27]).

(22) Ina dhiaidh sin, in 2022, chuir Rialtas na Beilge tús le caibidlíocht le hoibreoir núicléach na Beilge, Electrabel, maidir le cur chun feidhme an tsínidh saolré. Na cúiseanna a sholáthair an Bheilg nár eagraigh siad tairiscint, agus nár léirigh an Coimisiún amhras ina leith sa Chinneadh Tosaigh, luaitear iad in aithris (38) den Chinneadh Tosaigh, agus cuimsítear leo:

(a) An fios gnó agus na ceadanna is gá a bheith acu: chun rochtain a fháil ar acmhainneacht giniúna núicléiche, tá gá le fios gnó speisialta, lena n-áirítear fios gnó tírshonrach, nach bhfuil ar fáil do gach páirtí margaidh, a d'aithin an Coimisiún roimhe seo maidir le Electrabel go háirithe (féach fonóta 30 sa Chinneadh Tosaigh), agus d'oibreoirí núicléacha i gcoitinne (féach fonóta 31 sa Chinneadh Tosaigh); is saineolas uathúil é an fios gnó, an mhaoin intleachtúil, agus na ceadanna ábhartha maidir le suiteálacha núicléacha sa Bheilg agus níl siad ach ag Electrabel faoi láthair.

([27]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 29.9.2023, SA.104336 (2023/N), an Bheilg, Leasuithe ar an Sásra Acmhainneachta (IO C /2023/265, 18.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/265/oj).

(b) Uainiú: tá an t-am idir cinneadh Rialtas na Beilge maidir leis an Tionscadal OFT agus dáta atosaithe beartaithe na nAonad OFT an-ghearr, agus éilítear le hatosú faoi mhí Mheán Fómhair (le haghaidh Tihange 3) agus Samhain (le haghaidh Doel 4) 2025 go ndéanfar oibreacha ullmhúcháin agus staidéir indéantachta áirithe ('Gníomhaíochtaí Forbartha' (féach fonóta 32 den Chinneadh Tosaigh)) roimh thús iarbhír na n-oibreacha. Ba é Electrabel, ina ról mar oibreoir núicléach aonair sa Bheilg, an t-aon ghnóthas a raibh an t-eolas, na hacmhainní agus na huirlisí uathúla aige chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon oibreoir seachas Electrabel a roghnú trí phróiseas tairisceana, agus ní bheadh toradh fóinteach ar sheoladh phróiseas tairisceana chun oibreoir na nAonad OFT a roghnú i bhfianaise shainiúlachtaí agus shrianta an Tionscadail OFT.

(23) Bhí drogall ar Engie, máthairchuideachta Electrabel, dul i mbun caibidlíochta ar dtús leis an mBeilg maidir leis an Tionscadal OFT, ag maíomh go raibh an teicneolaíocht núicléach faighte róchostasach agus riosca rómhór ag baint léi, agus ag tagairt do rún Engie stop a chur le hoibríochtaí núicléacha sa Bheilg tar éis 2025 (féach aithris (19)). Dá bhrí sin, chomhaontaigh Stát na Beilge le Engie sásra a chur ar bun chun na rioscaí agus na luaíochtaí a chomhroinnt, ar bhealach cothrom trédhearcach, i ndáil le síneadh saolré an dá imoibreoir. De réir na Beilge, chuir Engie in iúl go soiléir ón tús, gan sásra comhroinnte riosca agus comhaontú maidir le dramhaíl núicléach a eascraíonn as oibriú na seacht ngléasra cumhachta núicléiche sa Bheilg, nach mbreithneodh sé síneadh saolré an dá imoibreoir núicléacha, a chuireann iallach ar Engie a straitéis chuideachta agus a neamhchosaint ar riosca a mhodhnú go substaintiúil ([28]).

(24) Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas caibidlíochta i roinn 3.1 den Chinneadh Tosaigh agus tugadh Comhaontú Cur Chun Feidhme i gcrích an 13 Nollaig 2023 dá bharr, d'fhonn oibriú na nAonad OFT a atosú roimh gheimhreadh 2025-2026. Mar a luaitear in aithris (36) den Chinneadh Tosaigh, tá trí phríomh-chomhchuid sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, a bhfuil an cuspóir céanna acu go léir tacú le forghníomhú Thionscadal OFT:

(a) 'Comhchuid 1': an tacar fobheart a bhaineann leis an luach saothair agus leis na socruithe airgeadais lena gceadaítear ioncaim chobhsaí don dá imoibreoir núicléacha, chomh maith leis na hathruithe ar struchtúr na scairshealbhóirí trí BE-NUC a chruthú (féach roinn 3.3.1);

(b) 'Comhchuid 2': an tacar fobheart a bhaineann le díchoimisiúnú na ngléasraí cumhachta núicléiche agus le stóráil fhadtéarmach agus diúscairt deiridh dramhaíola núicléiche aistrithe agus breosla spíonta (lena n-áirítear leasú ar an bpacáiste slándála chun monatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais an oibreora núicléach in aghaidh na próifíle riosca arna modhnú mar gheall ar an uasteorainn chomhaontaithe) (féach roinn 3.3.2);

(c) 'Comhchuid 3': na comhaontuithe maidir le comhroinnt riosca agus slánú i gcás athruithe reachtacha áirithe (féach roinn 3.3.3).

(25) Leasaíodh an Comhaontú Cur Chun Feidhme faoi dhó le linn 2024 ([29]). Déantar cur síos níos doimhne ar a bhfuil ann i roinn 3.

(26) Seo a leanas roinnt garspriocanna tábhachtacha de Thionscadal OFT:

(a) Tar éis cur i gcrích an chomhaontaithe, déanfar tuilleadh ullmhúcháin chun táirgeadh a atosú an 1 Meán Fómhair (le haghaidh Tihange 3) agus an 1 Samhain (le haghaidh Doel 4) 2025 ar a dhéanaí.

(b) Úsáidfear an tréimhse idir dáta díghníomhachtaithe bunaidh na n-imoibreoirí (mar a leagtar amach i nDlí 2003 maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, is é sin an 1 Iúil 2025 le haghaidh Doel 4 agus an 1 Meán Fómhair 2025 le haghaidh Tihange 3 — féach Table 1) agus an dáta atosaithe táirgeachta chun na hAonaid OFT a ullmhú lena n-atosú agus tagraítear don tréimhse sin mar 'Tréimhse an mhúchta'.

([28]) Féach an fhianaise i bhfonóta 10 den Chinneadh Tosaigh.

([29]) An 10 Bealtaine 2024, bhain an chéad chomhaontú leasaithe leis na hábhair seo a leanas: téarmaí áirithe an tsaineolaí luachála RFP a mhodhnú, an Spriocdháta Deiridh a chur siar, deimhnithe áirithe, modhnuithe teicniúla, ceartú earráide in CCS (Comhaontú Ceannaithe Scaireanna) II, am breise chun CSR agus CSBF a thabhairt i gcrích. An 15 Iúil 2024, bhain an dara comhaontú leasaitheach leis na hábhair seo a leanas: an Dáta Deiridh a chur siar go dtí an 21 Feabhra 2025, comhaontú maidir le téarmaí phróiseas tairisceana CSBF, deimhnithe áirithe, modhnú teicniúil ar SPA I.

(c) Is í an tréimhse 3 bliana ó mhí Mheán Fómhair 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028 ('Dáta Coigeartúcháin' ([30])) an 'Céim atosaithe' agus úsáidfear í chun na hAonaid OFT a thabhairt i gcomhréir le ceanglais Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Beilge.

(d) Ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh, tá coinne leis go mbeidh acmhainneacht iomlán ag na hAonaid OFT go dtí an 1 Samhain 2035 le linn na 'Céime Oibríochta'.

(27) Mar thoradh air sin, beidh an táirgeadh leictreachais le linn na tréimhse 2026-2028 réasúnta íseal mar gheall ar éarthaí sceidealaithe an dá imoibreoir le linn na Céime Atosaithe ('éarthaí OFT sceidealaithe ([31])'). Meastar nach mbeidh na hAonaid OFT ar fáil, le linn éarthaí OFT sceidealaithe, 24 seachtaine in aghaidh na bliana, agus meastar go dtarlóidh sé sin le linn na chéad 3 bliana tar éis dháta atosaithe OFT.

(28) Anuas ar éarthaí OFT sceidealaithe, tá coinne le gnáth-éarthaí bliantúla le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche ('éarthaí neamh-OFT sceidealaithe ([32])') ar feadh thréimhse iomlán an tsínidh saolré (is é sin le linn na Céime Atosaithe agus na Céime Rith), suas le 1 bhliain amháin roimh dheireadh na n-oibríochtaí le haghaidh Doel 4, agus go dtí an bhliain dheireanach d'oibríochtaí le haghaidh Tihange 3. Meastar go mairfidh gach éaradh neamh-OFT sceidealaithe 6 seachtaine. Mar thoradh air sin, le linn na chéad 3 bliana tar éis atosú OFT, meastar go ndúnfar an dá imoibreoir núicléacha ar feadh 30 seachtain in aghaidh na bliana.

(29) Anuas ar na héarthaí (OFT agus neamh-OFT) sceidealaithe, is féidir fadhbanna neamhphleanáilte gan choinne a bheith ann lena n-éilítear múchadh breise na nAonad OFT. Glacadh le ráta 10 % ar éaradh éigeantach (RÉÉ) sa tSamhail Airgeadais Shínithe atá mar bhunús leis an gComhaontú Luach Saothair ('CLS') ([33]). Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil spriocráta infhaighteachta 90 % thar 10 mbliana ag Doel 4 agus ag Tihange 3, nuair nach gcuirtear san áireamh éarthaí OFT agus neamh-OFT sceidealaithe.

(30) Nuair a chuirtear gach éaradh sceidealaithe agus neamhsceidealaithe san áireamh, tá spriocráta infhaighteachta thart ar 68,4 % agus 67,4 % ag Doel 4 agus ag Tihange 3 faoi seach.

(31) Rinneadh achoimre ar an acmhainneacht táirgeachta leictreachais ainmniúil, ar an táirgeadh bliantúil leictreachais agus ar an sciar den éileamh náisiúnta leictreachais sa Bheilg le haghaidh Doel 4 agus Tihange 3, roimh an síneadh saolré agus ina dhiaidh, in Table 2. Mar is léir ó Table 2, meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar tháirgeadh leictreachais bliantúil measta na nAonad OFT tar éis na Céime Atosaithe.

Tábla 2

Príomh-shaintréithe Doel 4 agus Tihange 3 (roimh agus iar-OFT)

	Doel 4	Tihange 3
Roimh shíneadh saolré		
Toilleadh ainmniúil (*figiúirí 2022*)	1 038 MWe	1 038 MWe
Táirgeadh bliantúil leictreachais (*Figiúirí 2022*)	8 940 GWh	7 366 GWh
Sciar d'éileamh leictreachais na Beilge (*Figiúirí 2022*)	11 %	9 %

([30]) Is próiseas é 'coigeartúchán' a úsáidtear chun a áirithiú go bhfuil na cuntais agus na taifid uile cruinn agus cothrom. Is éard atá i gceist leis na figiúirí measta nó tosaigh a chur i gcomparáid leis na figiúirí iarbhír deiridh, agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh.

([31]) Is éard is 'Éarthaí OFT sceidealaithe' ann na héarthaí pleanáilte is gá chun na hAonaid OFT a thabhairt i gcomhréir le ceanglais an Údaráis Sábháilteachta.

([32]) Is éard atá i gceist le 'éarthaí neamh-OFT sceidealaithe' na gnáth-éarthaí bliantúla (chun críoch athbhreoslaithe den chuid is mó), a bheartaítear chomh luath le Bliain 1, Bliain 2 agus Bliain 3, Dáta Atosaithe iar-OFT le haghaidh Doel 4 agus Tihange 3 faoi seach, suas le bliain amháin roimh dheireadh na n-oibríochtaí le haghaidh Doel 4 agus go dtí an bhliain dheireanach d'oibríochtaí le haghaidh Tihange 3.

([33]) Is í an tSamhail Airgeadais Shínithe an tsamhail airgeadais is bun leis an gComhaontú Luach Sothair a síníodh an 13 Nollaig 2023.

	Doel 4	Tihange 3
Tar éis síneadh saolré		
Toilleadh ainmniúil (*figiúirí 2023*)	1 026 MWe	1 030 MWe
Táirgeadh bliantúil leictreachais (*meastacháin*)	2026-2028: 3 435 GWh tar éis 2029: 7 158 GWh	2026-2028: 3 435 GWh tar éis 2029: 7 186 GWh
Sciar d'éileamh leictreachais na Beilge (*meastacháin*)	2026-2028: 3 %-4 % tar éis 2029: 6 %-8 %	2026-2028: 3 %-4 % tar éis 2029: 6 %-8 %

Foinse: IAEA PRIS, Comhlachas Núicléach Domhanda; Staidéar Leordhóthanachta agus Solúbthachta Elia le haghaidh na Beilge (2024-2034)

2.4. Ábhair imní maidir le leormhaitheas acmhainní sa Bheilg

(32) Mar a luaitear in aithris (17) den Chinneadh Tosaigh, ó bhí 2019 ann, rinne OCT na Beilge, Elia, trí staidéar náisiúnta leormhaitheasa acmhainní ('2019 NRAA', '2021 NRAA' agus '2023 NRAA'), inar sainaithníodh iontu go léir go raibh gá le hacmhainneacht nua faoi Gheimhreadh 2025-2026, mar thoradh ar dheireadh (páirteach) a chur de réir a chéile le cumhacht núicléach sa Bheilg, a thosaigh le díchoimisiúnú Doel 3 agus Tihange 2 in 2022 agus 2023 (féach Table 1), arna threisiú le díchoimisiúnú acmhainneachtaí giniúna teirmí i dtíortha comharsanacha agus fadhbanna le sócmhainní núicléacha na Fraince.

(33) Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin maidir le leormhaitheas acmhainní, bhunaigh an Bheilg sásra acmhainneachta ('SA'), arna fhormheas ag an gCoimisiún in 2021, agus arna leasú faoi dhó ó shin i leith ([34]). Is beart ar fud an mhargaidh é SA lena gcúitítear ullmhacht gléasraí chun leictreachas a sholáthar i dtréimhsí réamhshainithe, gan beann ar cé acu a tháirgeann siad nó nach dtáirgeann siad. Is é is aidhm do SA aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le leormhaitheas acmhainní sa leictreachas, agus tacú leis an aistriú fuinnimh ag an am céanna, agus cuirfear tús leis ó Gheimhreadh 2025, tráth a bhfuil coinne leis go n-atosófar an dá Aonad OFT freisin (féach aithris (26)).

2.5. Margadh leictreachais sa Bheilg

(34) Is é giniúint gáis agus leictreachais núicléach-bhunaithe is mó atá i measc fuinnimh na Beilge faoi láthair, cé go bhfuil sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ag méadú go seasta le blianta beaga anuas. In 2023, ba é 39,9 %, 21,4 % agus 32,7 % faoi seach sciar an fhuinnimh núicléach, an gháis agus na bhfoinsí in-athnuaite sa mheascán giniúna ([35]).

(35) De réir na Beilge, is iad Electrabel (9,3 GW in 2023 – 65 %), Luminus (2,2 GW in 2023 – 15 %), RWE (0,7 GW in 2023 – 5 %), Eneco (0,7 GW in 2023 – 5 %) agus TotalEnergies (0,6 GW in 2023 – 4 %) na príomhghníomhaithe sa mhargadh giniúna leictreachais, i dtéarmaí toilleadh suiteáilte atá nasctha ar leibhéal na heangaí tarchurtha. Áitíonn an Bheilg gur tháinig laghdú ar thascaire HHI ([36]) le haghaidh chomhchruinniú an mhargaidh ó 5 510 in 2016 go 4 431 in 2023, mar gheall go páirteach ar fhorbairt mhéadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite (grianfhuinneamh agus gaoth) ag páirtithe margaidh neamhreatha ([37]).

([34]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 27.8.2021, SA.54915 (2020/C) (ex 2019/N), an Bheilg, Sásra Acmhainneachta (IO L /2022/117, 19.4.2022, lch. 40). Cinneadh maidir leis an gcéad leasú: Cinneadh ón gCoimisiún an 29.9.2023, SA.104336 (2023/N), an Bheilg, Leasuithe ar an Sásra Acmhainneachta (IO C /2023/265, 18.10.2023, lch. 1). Cinneadh maidir leis an dara leasú: Cinneadh ón gCoimisiún an 17.9.2024, SA.114003 (2024/N), an Bheilg, An dara tacar leasuithe ar an Sásra Acmhainneachta (IO C /2024/6138, 14.10.2024, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/C/2024/6138/oj).

([35]) Forléargas ar Shonraí Fuinnimh na Beilge (SPF Economie 2024). Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir leis an margadh mórdhíola agus miondíola leictreachais sa Bheilg agus suíomh na bpríomhghníomhaithe ar an margadh (bunaithe ar shonraí 2022) i ranna 2.2.1 agus 2.2.2 den Chinneadh Tosaigh.

([36]) Is tomhas é Innéacs Herfindahl-Hirschman le haghaidh chomhchruinniú an mhargaidh, arna ríomh trí sciar margaidh gach gnólachta iomaíoch sa mhargadh a chearnú agus ansin na huimhreacha a eascraíonn as sin a shuimiú. Meastar go ginearálta gur margaí an-chomhchruinnithe iad margaí a bhfuil HHI os cionn 2 500 acu. Tógtar luachanna HHI ó thuarascálacha bliantúla CREG agus tá siad bunaithe ar thoilleadh suiteáilte agus ar ghiniúint ó shuiteálacha atá nasctha ar leibhéal na heangaí tarchurtha.

([37]) Tuarascáil Bhliantúil CREG (2024).

(36) De réir na Beilge, is iad Electrabel (39,1 TWh in 2023-70 %), Luminus (6,8 TWh in 2023-12 %), Eneco (2,5 TWh in 2023-4 %), TotalEnergies (2,4 TWh in 2023-4 %) agus RWE (2 TWh in 2023-4 %) agus RWE (2 TWh in 2023-4 %) na príomhghníomhaithe i dtéarmaí giniúint leictreachais ó shuiteálacha atá nasctha leis an eangach tarchurtha sa Bheilg. Áitíonn an Bheilg gur tháinig laghdú ar tháscaire HHI le haghaidh chomhchruinniú an mhargaidh ó 6 372 in 2016 go 5 143 in 2023, a bhuí leis an méadú ar tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ([38]).

(37) De réir na Beilge, ar an leibhéal miondíola, bhí 16 sholáthróir leictreachais san iomlán i láthair sa Bheilg in 2023. Is iad Electrabel (47 % in 2023), Luminus (18,2 % in 2023), TotalEnergies (5,5 % in 2023) agus Eneco (5,3 % in 2023) na príomhsholáthróirí i dtéarmaí leictreachas arna sholáthar, agus tá go leor páirtithe an-bheag ([39]).

3. MIONTUAIRISC AR AN mBeart

3.1. Cuspóirí an bhirt agus clistí margaidh

(38) Le síneadh saolré an dá Aonad OFT, éascófar forbairt gníomhaíochta eacnamaíche agus rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le hoiriúnacht acmhainní sa Bheilg (féach roinn 2.4). Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go bhfuil sé d'aidhm freisin le síneadh saolré na n-imoibreoirí núicléacha an spleáchas ar allmhairí i gcoitinne agus ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú go háirithe (i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU), agus ar an gcaoi sin rannchuidiú freisin le dícharbónú chóras leictreachais na Beilge, chomh maith le hacmhainneacht bhonnualaigh a sholáthar i gcomhthéacs na riachtanas méadaithe leictriúcháin sa Bheilg go luath sa todhchaí.

(39) Áitíonn an Bheilg gurb é is cuspóir don bheart cabhrach roinnt clistí margaidh a shárú lena gcuirtear cosc ar Electrabel leanúint de na himoibreoirí núicléacha sa Bheilg a oibriú gan ionchur breise ó Rialtas na Beilge ([40]).

(a) Ar an gcéad dul síos, áitíonn an Bheilg go bhfuil roinnt clistí dea-dhoiciméadaithe sa mhargadh leictreachais a chuireann cosc go ginearálta ar mhargaí dreasachtaí infheistíochta cuí a sholáthar san acmhainneacht ghiniúna is gá chun caighdeáin leormhaitheasa acmhainní a chomhlíonadh, mar a thuairiscítear ar bhealach níos mionsonraithe sna cinntí ón gCoimisiún a dhéileálann le SA na Beilge (féach fonóta 34).

(b) Ar an dara dul síos, áitíonn an Bheilg go léiríonn margaí leictreachais agus carbóin clistí margaidh breise a dhéanann difear go háirithe do dhreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, ar nós easpa deiseanna fálaithe fadtéarmacha (a dhéanann difear do theicneolaíochtaí glana go háirithe atá dian ar chaipiteal mar gheall ar a neamhchosaint ar shruthanna luaineacha ioncaim), cumhdach neamhleor seachtrachtaí diúltacha ó gháis ceaptha teasa (mar shampla, trí phraghas carbóin sa Scéim Eorpach Trádála Astaíochtaí ('CTA') atá faoi bhun chostas sóisialta an charbóin, agus easpa comhartha intuartha fadtéarmach maidir le praghas carbóin mar gheall ar luaineacht struchtúrach CTA AE), agus an easpa dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i meascán giniúna fuinnimh éagsúil i bhfianaise chineál socraithe praghsanna gléasraí cumhachta iontaise (gás) i margaí leictreachais a sholáthraíonn fálú nádúrtha.

(c) Ar an tríú dul síos, áitíonn an Bheilg go bhfuil roinnt rioscaí sonracha roimh infheistíochtaí núicléacha atá thar a bheith deacair a fhálú nó a bhainistiú d'infheisteoirí trádála, ar nós: (i) rioscaí teicniúla agus bainistithe tionscadail, (ii) rioscaí a bhaineann le bainistiú dramhaíola agus díchoimisiúnú, agus (iii) rioscaí rialála agus polaitiúla.

(40) Áitíonn an Bheilg, i bhfianaise na gclistí ginearálta margaidh sin a bhaineann le hinfheistíochtaí ísealcharbóin i margaí leictreachais, chomh maith leis na rioscaí breise a bhfuil oibreoir núicléach neamhchosanta orthu, go bhfuil gá ag Rialtas na Beilge le gealltanas chun tacú le síneadh saolré na nAonad OFT. Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg gurb é cuspóir an bhirt a dtugtar fógra ina leith na clistí margaidh sin a shárú.

([38]) Tuarascáil Bhliantúil CREG (2024).
([39]) Rapport Commun sur l'évolution des marchés de l'électricité et du gaz naturel en Belgique (CREG, CWaPE, Brugel, VREG 2024).
([40]) Is féidir teacht ar thuairisc níos mionsonraithe ar na clistí margaidh in aithrisí (23) agus (24) den Chinneadh Tosaigh.

3.2. Modhnuithe ar an mbeart ag an mBeilg tar éis an Chinnidh Tosaigh

(41) Mar fhreagairt ar an amhras a chuir an Coimisiún in iúl ina Chinneadh Tosaigh (féach roinn 3.8), rinne an Bheilg codanna áirithe den bheart a mhodhnú.

(42) Go háirithe, baineann na modhnuithe sin leis an méid seo a leanas:

(a) Aistriú an údaráis cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha ón gcomhfhiontar idir Stát na Beilge agus Electrabel, ar a dtugtar BE-NUC (an t-eintiteas a bheidh mar úinéir 89,807 % de na hAonaid OFT, a bhí faoi cheangal conarthach ar dtús modhnú a dhéanamh gach uair a comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach sna comhaontuithe), chuig comhpháirtí an Chomhaontaithe um Sheirbhísí Bainistíochta Fuinnimh ('CSBF') (a dhíolann an leictreachas núicléach ar an margadh), agus dreasachtaí airgeadais a thabhairt isteach i luach saothair chomhpháirtí CSBF, chun úsáid éifeachtúil an stoic modhnuithe a ráthú a thuilleadh (féach roinn 3.3.1.5). Mar thoradh air sin, baineadh an tairseach mhodhnaithe réamhshocraithe sheasta de lúide EUR 20/MWh, ós rud é go mbeidh dreasachtaí iomchuí ag comhpháirtí CSBF cinneadh a dhéanamh maidir leis an uair is éifeachtúla an t-imoibreoir núicléach a mhodhnú. Cuireadh an struchtúr luacha saothair modhnaithe san áireamh freisin sa Straitéis Tairisceana agus Míchothromaíochtaí ('STM') athbhreithnithe.

(b) Dlús a chur leis an sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain (an 'Coigeartú Riosca ar Phraghas an Mhargaidh' nó 'CRPM'), ionas go leanfaidh an tacaíocht airgeadais na hathruithe ar phraghsanna an mhargaidh ar bhealach níos dlúithe (trí ráta toraidh *de facto* an tionscadail a choigeartú) (féach 3.3.1.3.2).

(c) Uasteorainn ar mhéid na hÍocaíochta Íosta OPEX agus caipitil ('IIOC') chun a sheachaint go mbeadh costas IIOC do Stát na Beilge iomarcach (féach 3.3.1.3.3).

(43) Leagtar amach na modhnuithe thuasluaite go mion i roinn 3.3 den Chinneadh seo.

3.3. Miontuairisc ar chomhchodanna an bhirt

(44) Tugtar tuairisc san fhoroinn seo ar chomhchodanna éagsúla an phacáiste tacaíochta le haghaidh an Tionscadal OFT, lena n-áirítear na leasuithe a rinne an Bheilg tar éis amhras an Choimisiúin a ardaíodh sa Chinneadh Tosaigh (féach ranna 3.3.1, 3.3.2 agus 3.3.3), chomh maith leis na roghanna maoiniúcháin malartacha arna mbreithniú ag an mBeilg (féach roinn 3.3.4).

3.3.1. *Comhchuid 1: Socruithe airgeadais agus struchtúracha*

(45) Tá sraith sásraí tacaíochta airgeadais beartaithe chun go bhféadfar síneadh tráthúil sábháilte a chur le saolré an dá imoibreoir núicléacha. Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar gach fobheart de Chomhchuid 1 sa chuid eile den roinn seo.

(46) Le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, chuir an Bheilg i láthair an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de gach cuid den tacaíocht airgeadais:

(a) Meabhraíonn an Bheilg gur infheistíochtaí móra bonneagair iad infheistíochtaí núicléacha a bhfuil lorg céad bliain acu arb iad is saintréithe dóibh costais chaipitil mhóra tosaigh agus tréimhsí tógála lena mbaineann rioscaí agus éiginnteachtaí móra, chomh maith le tréimhsí aisíoca fada ([41]). Ós rud é go bhfuil infheistíochtaí trádála i sócmhainní núicléacha neamhchosanta ar rioscaí doshrianta agus a d'fhéadfadh tionchar ard a bheith acu, a bhaineann le beartas, rialáil agus teicneolaíocht ag a bhfuil struchtúr costais atá socraithe den chuid is mó, tá a bhfeidhmíocht airgeadais an-íogair maidir le hinfhaighteacht réadaithe, agus róchaiteachas féideartha. Dá bhrí sin, go stairiúil, maoiníodh imoibreoirí núicléacha i gcomhthéacs úinéireacht phoiblí agus/nó creat rialála tacúil lena laghdaítear nochtadh rioscaí agus lena n-áirithítear tiomantas fadtéarmach rialtais.

([41]) Féach an Comhlachas Núicléach Domhanda, '*Financing Nuclear Energy*' [Fuinneamh Núicléach a Mhaoiniú], 2 Bealtaine 2024, https://world-nuclear.org/information-library/economic-aspects/financing-nuclear-energy.

(b) Sa chuid is mó de na cásanna infheistíochta is déanaí i sócmhainní núicléacha, tacaíodh leis an maoiniú trí shraith beart rialála chun maolú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí margaidh agus trí shásraí tiomnaithe lena dteorannaítear an neamhchosaint ar rioscaí teicneolaíochta, beartais agus rialála a bhaineann go sonrach le fuinneamh núicléach. Mar shampla, forbraíodh roinnt tionscadal faoi shamhail maidir le bonn sócmhainní rialáilte ('BSR') ([42]), a mheasann an Bheilg a bheith an-chosantach. Roghnaigh an Bheilg dearadh Conradh Difríochta dhá threo ('CD'). Chun inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail a áirithiú, cuireadh pacáiste beart Thionscadal OFT in oiriúint do riachtanais na hinfheistíochta núicléiche atá idir lámha.

(c) Trí na bearta a bheartaítear sa chomhaontú luach saothair, míníonn an Bheilg go bhfuil sé beartaithe aici cosaintí breise a sholáthar i gcomparáid le scéim CD neamhspleách chun urrús a sholáthar in aghaidh dócmhainneachta nó féimheachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar sin féin, sonraíonn an Bheilg an méid seo a leanas:

— leis an gcomhaontú luach saothair ní dhaingnítear feidhmíocht airgeadais an chomhfhiontair, go háirithe i gcás saincheisteanna infhaighteachta leathnaithe nó róchaiteachas mór, mar shampla, mar gheall ar rioscaí rialála áirithe; agus

— tá na scairshealbhóirí fós neamhchosanta ar rioscaí móra agus ar dhreasachtaí airgeadais lena gcothaítear feidhmíocht agus iompraíocht atá i gcomhréir leis an margadh, rud atá éagsúil le gnáthshamhlacha BSR lena soláthraítear ráthaíochtaí láidre de ghnáth maidir le haisghabháil costas agus toradh ar infheistíocht, chomh maith le maoiniú agus leachtacht leordhóthanach.

(d) Thairis sin, tugann an Bheilg dá haire go ndéanann institiúidí airgeadais grinnscrúdú mór ar infheistíochtaí núicléacha, le ceanglais fhairsinge díchill chuí chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cineálacha éagsúla rioscaí agus éiginnteachtaí, chomh maith le béim chriticiúil ar struchtúrú foriomlán tionscadal. Tugann an taithí san Eoraip le fios go háirithe go bhfuil dúshlán ar leith ag baint le maoiniú a fháil le haghaidh infheistíochtaí núicléacha, in éagmais sásraí cosanta sásúla ([43]).

3.3.1.1. Comhaontú Comhpháirteach Forbartha ('CCF')

(47) Mar a luaitear in aithris (22), mar gheall ar an uainiú docht le haghaidh atosú OFT, shainaithin an t-oibreoir núicléach, Electrabel, agus chomhaontaigh sé leis an mBeilg tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forbartha áirithe, a bhfuil gá leo chun atosú OFT a chumasú in am agus a bhfuil gá leo chun ceanglais agus ionchais an Údaráis Sábháilteachta a chomhlíonadh, sula ndéantar an t-idirbheart deiridh. Leagadh síos na gníomhaíochtaí forbartha sin in CCF, a leasaíodh go deireanach an 18 Iúil 2024 (CCF++) ([44]).

(48) Leagtar síos le CCF++ na coinníollacha faoina ndéanann an Bheilg costais agus speansais Electrabel le haghaidh na ngníomhaíochtaí forbartha ([45]) a réamh-mhaoiniú go dtí go nglacfar na hathruithe reachtacha uile is gá agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm (an 'Coinníoll Reachtach'). Go gairid tar éis dó an Choinníoll Reachtach a chomhlíonadh (an 15 Iúil 2024), thosaigh Electrabel ar a chostais agus a speansais féin a mhaoiniú le haghaidh na ngníomhaíochtaí forbartha agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh go dtí go mbeidh méid mhaoiniú Electrabel cothrom leis an méid réamh-mhaoinithe ag Stát na Beilge (a bhfuil coinne leis faoi thús 2025), agus ina dhiaidh sin déanfaidh Electrabel agus Stát na Beilge na costais agus na speansais le haghaidh na ngníomhaíochtaí forbartha a mhaoiniú ar bhonn 50/50.

([42]) Tá cur síos forleathan déanta sa litríocht ar shamhlacha BSR. Féach, mar shampla, Meshkat, Mustafa. '*Building and Upgrading of Nuclear Power Plant Projects: Evaluation of Engineering, Procurement, Construction (EPC) and Regulated Asset Bases (RAB) Models* [Tionscadail Gléasraí Cumhachta Núicléiche a Thógáil agus a Uasghrádú: Meastóireacht ar Shamhlacha maidir le hInnealtóireachta, Soláthar, Tógáil agus Bonn Sócmhainní Rialáilte (BSR)], *Comparative Law Review,* 14.2 (2023): lgh. 1001-1022; Thomas, Steve, & al. *'The proposed RAB financing method'*, [An modh maoinithe BSR atá beartaithe] *Nuclear Consult* (2019).

([43]) Áitíonn an Bheilg nach bhfuil bainc thráchtála toilteanach agus gur minic a bhíonn drogall ar infheisteoirí, fiú i gcás ina bhfuil socruithe comhroinnte riosca i bhfeidhm leis an stát, neamhchosaint a fháil ar shócmhainní núicléacha, is é sin an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí troma san earnáil núicléach a ghlacadh i gcomhthéacs beartas agus rialacháin éiginnte, agus rioscaí teicneolaíochta.

([44]) Baineann na gníomhaíochtaí forbartha, a thuairiscítear i Sceideal 1 a ghabhann le CCF++, le staidéir theicniúla go príomha i ndáil le ceapadh agus aosú na suiteálacha, feabhsuithe ar dhearadh, inniúlachtaí na gclár bainistíochta, tástála agus cigireachta, measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (lena n-áirítear doiciméid cheadúnúcháin agus cheadaithe is gá a ullmhú) agus athbhreithnithe sábháilteachta tréimhsiúla ar na hAonaid OFT.

([45]) Comhfhreagraíonn sé do 89,807 % (is é sin céatadán úinéireachta na nAonad OFT) den chostas iomlán, agus iompraíonn Luminus an 10,193 % eile.

(49) Áitíonn an Bheilg go bhfuil an réamh-mhaoiniú ó Stát na Beilge ar chostais agus speansais na ngníomhaíochtaí forbartha teoranta d'aon chostas agus speansas iarbhír (atá le híoc) ag Electrabel, arb ionann é agus 89,807 % de na costais iomlána le haghaidh na ngníomhaíochtaí forbartha. Bunaítear sásra rialaithe, chomh maith le 'Coigeartú' ag deireadh thréimhse an chonartha. Áitíonn an Bheilg freisin go bhfuil na socruithe maoinithe faoi CCF++ ar neamhthuilleamaí agus ar bhonn luach ar airgead.

3.3.1.2. Comhfhiontar ('CF') agus maoiniú scairshealbhóirí

(50) Infheisteoidh Stát na Beilge, in éineacht leis an oibreoir núicléach Electrabel, i gcomhfhiontar ('CF'), darb ainm BE-NUC, a mbeidh 89,807 % de na hAonaid OFT faoina úinéireacht (mar atá ag Electrabel faoi láthair). Fanfaidh an 10,193 % eile de na hAonaid OFT i seilbh Luminus. Beidh 50 % de BE-NUC faoi úinéireacht Electrabel agus Stát na Beilge araon, agus gníomhóidh siad mar scairshealbhóirí comhionanna i dtéarmaí rannpháirtíocht airgeadais (soláthar Iasachtaí cothromais agus Scairshealbhóirí), agus sciar de thuilleamh díolacháin cumhachta. Íocfaidh BE-NUC, mar chomhúinéir, 89,807 % de na hinfheistíochtaí is gá chun síneadh a chur leis an oibríocht agus, dá bhrí sin, íocfaidh Stát na Beilge 44,9035 % de na costais infheistíochta a bhaineann leis an Tionscadal OFT go hindíreach. Is é Luminus a íocfaidh an 10,193 % eile.

(51) Is é Electrabel an t-aon oibreoir amháin ar an dá imoibreoir núicléacha trí Chomhaontú Oibríochtaí agus Cothabhála ('O&C') agus fanfaidh sé mar sin (féach roinn 3.3.1.4). Ní bheidh BE-NUC ina oibreoir núicléach ach beidh cearta rialaithe aige ar na costais oibriúcháin trí Chomhaontú O&C.

(52) Chuir an Bheilg in iúl nach bhfuil coinne aici go mbeidh aon fhéidearthacht ann fiachas seachtrach a chruinniú chun an Tionscadal OFT a mhaoiniú. Beidh an Tionscadal OFT maoinithe go hiomlán ag a scairshealbhóirí trí chothromas agus Iasachtaí Scairshealbhóirí (féach roinn 3.3.1.2.2 thíos).

3.3.1.2.1. Comhfhiontar

(53) Ní cheannóidh Stát na Beilge bunanna comhúinéireachta sna hAonaid OFT, ach aistriú (díchumaisc pháirteach na sócmhainní ábhartha) ó Electrabel go CF, de réir na gcéimeanna a thuairiscítear in aithris (49) den Chinneadh Tosaigh.

(54) Aistreoidh Electrabel a chearta úinéireachta 89,807 % maidir leis na hAonaid OFT (chomh maith leis na ceadanna gaolmhara agus aon sócmhainní eile is gá) chuig BE-NUC, mar mhalairt ar scaireanna BE-NUC a dháileadh ar Engie (arb é scairshealbhóir aonair Electrabel é an tráth sin). Déanfar rannchuidiú Electrabel le BE-NUC a luacháil i bhfianaise dhramhluach an fhoirgnimh, luach na talún agus luach na suiteálacha dochorraithe, mar a thuairiscítear in aithris (51) den Chinneadh Tosaigh.

(55) Léirítear an luacháil sin ar ranníocaíocht Electrabel sa phraghas ceannaigh EUR 24,7 milliún (faoi réir coigeartuithe) atá le híoc ag Stát na Beilge chun scaireanna nua a fháil agus chun leas 50 % a choinneáil in BE-NUC. Iarrfaidh Bord Stiúrthóirí BE-NUC ar iniúchóir (reachtúil) nó ar chuntasóir deimhnithe tuarascáil a ullmhú maidir leis an ranníocaíocht chomhchineáil, ina ndéanfar measúnú go háirithe ar an luacháil a chuirtear i bhfeidhm agus ar na modhanna luachála a úsáidtear chun na críche sin.

(56) Áitíonn an Bheilg nach bhfuil aon tionchar ag luacháil na sócmhainní ar an anailís ar an gcás frithfhíorasach agus chuir sí fianaise ar fáil go bhfuil an t-aistriú sócmhainní (foirgnimh agus talamh) faoin Tionscadal OFT neodrach. De réir na Beilge, áirithítear le húsáid modhanna coimeádacha luachála sócmhainní (bunaithe ar dhramhluach nó ar luach cóir) nach bhfaigheann Engie aon bhuntáiste ón aistriú sócmhainní.

(57) Ina theannta sin, comhfhreagraíonn na suiteálacha dochorraithe do threalamh OFT, a cheannaítear i gcomhthéacs na Seirbhísí OFT, na Seirbhísí O&C agus na Seirbhísí CCF, agus a suiteáladh agus a ionchorpraíodh sna hAonaid OFT roimh an díchumasc páirteach. Ar chúiseanna a bhaineann le dlí maoine na Beilge agus chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, ní íoctar na píosaí sonracha trealaimh OFT sin go díreach ach breithnítear iad sa díchumasc páirteach, in éineacht leis an talamh agus na foirgnimh. Thairis sin, deimhníonn an Bheilg go bhfuil na sreafaí airgid gaolmhara le haghaidh na bpíosaí trealaimh OFT sin léirithe cheana féin sa tSamhail Airgeadais Shínithe.

(58) Tugadh comhaontú Scairshealbhóirí idir Electrabel, Rialtas na Beilge agus BE-NUC i gcrích chun rialachas corparáideach BE-NUC agus gach ceann de chearta a scairshealbhóirí a chur ar bun. De réir an chomhaontaithe sin, tá ceathrar stiúrthóirí ar bhord stiúrthóirí BE-NUC, beirt a cheaptar ar ainmniú Rialtas na Beilge agus beirt a cheaptar ar ainmniú Electrabel. Beidh cathaoirleach agus príomhoifigeach airgeadais BE-NUC ina stiúrthóirí arna gceapadh ag Rialtas na Beilge i gcónaí. Is tromlach simplí é an córam ag an mbord stiúrthóirí, agus déantar vótáil ar a rúin trí thromlach simplí. Tá forálacha maidir le coinbhleacht leasa curtha i bhfeidhm.

(59) Mar a luaitear in aithris (55) den Chinneadh Tosaigh, aistreofar sócmhainní neamh-Eorpacha atá i seilbh Electrabel faoi láthair chuig Engie. Ráthaíonn Engie, mar mháthairchuideachta Electrabel, go bhfanfaidh sócmhainní dar luach EUR 4 bhilliún ar a laghad in Electrabel tráth a thabharfar i gcrích an t-idirbheart (bunaithe ar luach cothromais arna ríomh ón 30 Meitheamh 2023). Ina theannta sin, tar éis an tabhairt i gcrích, tá feidhm ag coimircí eile ar nós monatóireacht leanúnach agus fheabhsaithe ag CPN/CNV ar staid airgeadais an oibreora núicléach, agus ráthaíocht na máthairchuideachta neamhchaidhpeáilte agus neamh-inchealaithe arna deonú ag Engie le haghaidh oibleagáidí áirithe de chuid an oibreora núicléach.

(60) Áitíonn an Bheilg gur infheistíocht *pari passu* é an comhfhiontar, de réir mar a théann an dá scairshealbhóir isteach sa chomhfhiontar faoi théarmaí agus coinníollacha comhionanna agus, mar scairshealbhóirí, leis an leibhéal céanna riosca agus luaíochtaí.

3.3.1.2.2. Maoiniú scairshealbhóirí: Instealladh cothromais agus Iasachtaí Scairshealbhóirí

(61) Le ról Stát na Beilge mar scairshealbhóir, glactar leis, *inter alia*, go maoineofar costais chaipitil (CAPEX) agus costais oibriúcháin (OPEX) BE-NUC, bainistiú scaireanna, agus feidhmiú ceart scairshealbhóirí (mar shampla cearta vótála), agus tacaíocht ó bheirt stiúrthóirí BE-NUC, arna gceapadh ar ainmniú Stát na Beilge (féach aithris (58)).

(62) Is éard atá sa ranníocaíocht scairchaipitil:

(a) Instealladh cothromais: soláthróidh Rialtas na Beilge agus Electrabel araon, mar scairshealbhóirí BE-NUC, cothromas do BE-NUC trí mhéadú ar an scairchaipiteal chun aon chostas a bheartaítear leis an gComhaontú Scairshealbhóirí a mhaoiniú; agus

(b) Iasachtaí scairshealbhóirí: Eiseoidh Electrabel agus Rialtas na Beilge araon Iasachtaí Scairshealbhóirí chuig BE-NUC ('Iasacht Scairshealbhóra Electrabel' agus 'Iasacht Scairshealbhóra Rialtas na Beilge' faoi seach) chun aon chostas a bheartaítear leis an gComhaontú Scairshealbhóirí a mhaoiniú.

(63) Míníonn an Bheilg gurb ionann téarmaí agus coinníollacha Iasacht Scairshealbhóirí Electrabel agus Iasacht Scairshealbhóirí Rialtas na Beilge. Deonófar an dá Iasacht Scairshealbhóra ar théarmaí an mhargaidh, ag rátaí úis nach bhfuil socraithe go fóill, ach a bheadh, de réir na gComhaontuithe Iasachta Scairshealbhóirí, socraithe ag bord BE-NUC de réir Chomhaontú na Scairshealbhóirí faoi threoir rátaí an mhargaidh atá i réim agus aon mhaoiniú fiachais tríú páirtí inchomparáide a d'fhéadfadh a bheith ar fáil an tráth iomchuí. Faoin bpróiseas a comhaontaíodh idir Rialtas na Beilge agus Engie, d'ullmhaigh Engie bileog téarmaí ina leagtar amach téarmaí agus coinníollacha an dá Iasacht Scairshealbhóra. Tugtar tuairisc sa bhileog téarmaí ar an modheolaíocht chun an ráta úis a shocrú. Áitíonn an Bheilg go bhfuil an mhodheolaíocht sin comhsheasmhach le beartais iasachta praghsála aistrithe Engie agus go bhfuil sí i gcomhréir le prionsabal ECFE maidir le CBAB ([46]) lena n-áirithítear go socraítear an ráta úis ar leibhéal ar neamhthuilleamaí. De bhun na bileoige téarmaí, meastar gur ráta comhlúthach a bheidh sa ráta úis, arna shocrú ag ráta 6 mhí EURIBOR (ar íosráta 0 %) móide corrlach ionchasach thart ar [0-3] %.

(64) Áitíonn an Bheilg go leanann tabhairt isteach Iasachta Scairshealbhóra sa bhreis ar an instealladh cothromais ó bhreithnithe airgeadais agus idirbheartaíochta. Ar thaobh amháin, tugann soláthar Iasachta Scairshealbhóra níos mó solúbthachta i ndearadh sceideal tarraingthe anuas agus aisíocaíochta. Go háirithe, féadfar forálacha aisíocaíochta iasachta a chomhaontú le níos lú srianta rialála ná íocaíochtaí díbhinne nó aisíocaíochtaí cothromais. Ar an taobh eile, leis an iasacht d'fhéadfaí an struchtúr airgeadais a bharrfheabhsú i ndáil le hioncam inchánach (tá suas le 30 % de EBITDA infhuascailte chun ús a asbhaint).

([46]) Seasann CBAB do Chreimeadh an Bhoinn (lena laghdaítear an t-ioncam inchánach (nó an bonn cánach) i dtír) agus d'Aistriú Brabúis (brabúis a aistriú chuig tíortha ina bhfuil cánacha i bhfad níos ísle nó nach ann dóibh). Le prionsabal ECFE maidir le CBAB tagraítear do shraith treoirlínte idirnáisiúnta atá ceaptha chun dul i ngleic le seachaint cánach ag cuideachtaí ilnáisiúnta. áirithítear go n-íocann cuideachtaí cánacha san áit a ndéanann siad brabús agus ina ndéanann siad a bhíorghníomhaíochtaí gnó, seachas brabúis a aistriú chuig tíortha ísealchánach.

(65) Bunaithe ar réamh-ríomhanna sa tSamhail Airgeadais Shínithe, is ionann an ranníocaíocht scairchaipitil iomlán (instealladh cothromais agus Iasachtaí Scairshealbhóirí) agus EUR [2 000-2 500] milliún ([47]), atá le soláthar ag 89,807 % ag Rialtas na Beilge agus ag Electrabel araon ar théarmaí *pari passu* i dtráthchodanna [...] ó [...] go [...] chun CAPEX an Tionscadail OFT a mhaoiniú, i measc nithe eile (tá an 10,193 % eile á mhaoiniú ag Luminus). Tá an ranníocaíocht scairchaipitil le híoc ar ais le scairshealbhóirí BE-NUC trí shraith laghduithe scairchaipitil agus aisíocaíocht iasachta Scairshealbhóra agus tá sí le híoc trí dhíbhinní agus ús Iasachta Scairshealbhóra a dháileadh. Níor cinneadh fós an deighilt den ranníocaíocht scairchaipitil (EUR [2 000-2 500] milliún) ina instealladh cothromais agus iasachtaí scairshealbhóirí.

(66) Áitíonn an Bheilg gur féidir na hoibleagáidí maoinithe scairshealbhóirí agus an Iasacht Scairshealbhóra a mheas mar mhaoiniú *pari passu*, agus go ndeonófar an Iasacht Scairshealbhóra ar théarmaí an mhargaidh ionas nach ndeonófar buntáiste roghnaitheach do na tairbhithe leis an maoiniú scairshealbhóirí.

3.3.1.3. Comhaontú Luach Saothair

(67) Tugadh Comhaontú Luach Saothair (CLS) i gcrích idir BE-NUC, Luminus agus Contrapháirtí CLS, a bheidh ina seirbhís uathrialach ag a mbeidh neamhspleáchas cuntasaíochta laistigh de Stát na Beilge ('BE-WATT'). Is é is aidhm do CLS aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteacht phraghas an mhargaidh agus ioncam an Tionscadail OFT a dhírioscú d'úinéirí na nAonad OFT, BE-NUC agus Luminus. Dá bhrí sin, ba cheart do BE-NUC agus Luminus ioncaim leordhóthanacha a fháil ó oibriú na nAonad OFT chun a n-oibriú sábháilte iontaofa agus a n-inmharthanacht eacnamaíoch a áirithiú, agus ligean do scairshealbhóirí machnamh a dhéanamh ar an toradh airgeadais is gá atá i gcomhréir leis an margadh ag an am céanna.

(68) Go háirithe, soiléiríonn an Bheilg gurb iad seo a leanas prionsabail mhaoiniúcháin an idirbhirt:

(a) Is iad scairshealbhóirí BE-NUC go príomha a mhaoiníonn ceanglais CAPEX an Tionscadail OFT ar bhonn *pari passu* (agus ag Luminus i gcomhréir lena chomhúinéireacht), trí chothromas nó trí Iasachtaí Scairshealbhóirí (féach roinn 3.3.1.2).

(b) Déantar costais oibriúcháin agus chothabhála an Tionscadail OFT a mhaoiniú go príomha trí ioncaim oibriúcháin OFT, trína mbunaítear sreabhadh ioncam oibriúcháin trí CD (a mhéid atá na hAonaid OFT ar fáil) (féach roinn 3.3.1.3.2). Meastar Praghas Ceangail CD ar an leibhéal lenar féidir le Ráta Toraidh Inmheánach ionchasach ('IRR') shreafaí airgid an Tionscadail OFT an sprioc IRR 7 % (ainmniúil agus iarchánach) a bhaint amach, laistigh de thairseach an eatraimh 6 %-8 % (féach roinn 3.3.1.3.1).

(c) Comhlánaíonn IIOC agus Iasachtaí 'Chostas na Tréimhse Múchta' (nó 'Iasachtaí CTM') ioncaim oibriúcháin OFT agus is éard atá iontu bearta cosanta chun a áirithiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach ag BE-NUC, i gcónaí, chun a chostais oibriúcháin, chothabhála agus bhreosla a íoc ionas gur féidir na hAonaid OFT a oibriú go sábháilte agus go hiontaofa.

— Tá sé i gceist leis na hIasachtaí CTM na costais a mhaoiniú roimh atosú na nAonad OFT agus airgead leordhóthanach a áirithiú le linn na tréimhse tosaigh 3 bliana (go dtí an 31 Nollaig 2028), nuair a bheidh oibreacha móra fós le déanamh agus nuair nach féidir leis na hAonaid OFT feidhmiú faoi lánacmhainneacht.

— Ní dhéantar IIOC a thruicearú ach amháin i gcás infhaighteacht laghdaithe (go mór) na nAonad OFT, rud a áirithíonn cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach le linn thréimhse iomlán an tsínidh saolré. Fónann saoráid caipitil oibre ('SCO') mar dhroichead laistigh den bhliain chuig IIOC bliantúil.

(69) Mínítear na sásraí tacaíochta airgeadais (Iasachtaí CD, IIOC agus CTM) ar bhealach níos mionsonraithe i ranna 3.3.1.3.2, 3.3.1.3.3 agus 3.3.1.3.4 thíos.

([47]) Gan CBL a áireamh. Níl CBL san áireamh i bhfigiúirí na Samhla Airgeadais Sínithe.

3.3.1.3.1. Ráta toraidh an Tionscadail OFT

(70) I dtéarmaí ginearálta, is é (sprioc) IRR an t-íosleibhéal toraidh a nglacann infheisteoirí leis go gcúiteofar iad as leibhéal áirithe riosca i dtionscadal infheistíochta. Is minic a thagraítear don sprioc IRR mar an 'íosráta toraidh', arb é sin an tairseach nach mór do IRR tionscadail a bheith cothrom leis nó níos mó ná sula rachfar i mbun an tionscadail. Go teoiriciúil, tá an íosráta toraidh cothrom le suim chostas an chaipitil (mar shampla meánchostas ualaithe an chaipitil nó 'MCUC') agus préimh íostoraidh. Is é sin le rá, meascán de na rátaí toraidh ó thionscadail/sócmhainní inchomparáide agus coigeartuithe atá le hailíniú le próifíl riosca ar leith lena n-áirítear préimheanna a bhaineann go sonrach le tionscadal chun rioscaí neamh-inéagsúlaithe breise a chumhdach.

(71) Sa chás seo, comhfhreagraíonn Meánchostais Iomlána Leictreachais ('MIL') d'íosleibhéal an mheánphraghais leictreachais (nó an phraghais ceangail sa dearadh CD) atá le fáil le haghaidh an Tionscadal OFT chun a sprioc IRR a bhaint amach. Mar a luaitear in aithris (72) den Chinneadh Tosaigh, socraíodh an réamhphraghas ceangail sa tSamhail Airgeadais Shínithe, bunaithe ar an toimhde go mbeadh costas thart ar EUR [2-2,5] billiún ann chun na hAonaid OFT a nuachóiriú, ag EUR [80-90] in aghaidh an MWh (i luachanna 2022). Áitíonn an Bheilg, agus cur i bhfeidhm an tsásra (neartaithe) comhroinnte pionós/gnóthachan (CRPM) á mheas aici, gur féidir leis an bpraghas ceangail, bunaithe ar an tSamhail Airgeadais Shínithe, a bheith éagsúil ó EUR [80-90] in aghaidh MWh go EUR [80-90] in aghaidh MWh (i luachanna 2022).

(72) Áitíonn an Bheilg gur ráta toraidh coimeádach é an sprioc IRR i bhfianaise neamhchosaint an Tionscadail OFT ar riosca, bunaithe ar an méid seo a leanas: (i) cleachtadh tagarmharcála maidir le rátaí toraidh infheistíochtaí núicléacha eile ar fud an domhain, agus sócmhainní eile de chuid na hearnála cumhachta sa Bheilg (féach roinn 3.3.1.3.1.1), (ii) measúnú ar chostas caipitil BE-NUC (MCUC agus costas cothromais ('CC') araon), bunaithe ar shamhail phraghsála SPSC (féach roinn 3.3.1.3.1.2), agus (iii) ionsamhlú ar IRR measta arna choigeartú ag CRPM, i bhfianaise imthosca margaidh nuashonraithe, lena léirítear go bhfuil laghdú tagtha ar IRR ionchasach an Tionscadail OFT, i gcomparáid le tráth caibidlíochta an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme (féach roinn 3.3.1.3.1.3).

3.3.1.3.1.1. Cleachtadh tagarmharcála

(73) Sholáthair an Bheilg tagarmharc idirnáisiúnta maidir leis na spriocrátaí toraidh agus costas caipitil le haghaidh cuideachtaí a oibríonn gléasraí núicléacha ar fud limistéir gheografacha éagsúla, chomh maith le gléasraí cumhachta gásadhainte a íoctar faoi SA na Beilge agus cuideachtaí a oibríonn cineálacha eile bonneagair tarchurtha agus stórála fuinnimh sa Bheilg. Rinneadh an cleachtadh tagarmharcála a mhionchoigeartú tar éis ghlacadh an Chinnidh Tosaigh, go háirithe maidir le tuairisc bhreise ar chineál na gcreataí rialála agus scéimeanna breise a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don leithdháileadh riosca le haghaidh na gcuideachtaí agus na dtionscadal a breithníodh. Tugtar forléargas in Table 3 ar an spriocráta toraidh poiblí nó ar mheastacháin MCUC na dtionscadal agus na gcuideachtaí tagarmharcáilte.

Tábla 3

Meastacháin phoiblí MCUC le haghaidh tionscadail/cuideachtaí tagarmharcáilte

Cuideachta/tionscadal atá á meas agus úinéireacht	Creat rialála agus tréimhse ábhartha	Spriocráta toraidh iarchánach/MCUC agus bliain an chinnidh (1)	Préimh thar ráta saor ó riosca (2)
Fóntais Mheiriceá atá comhtháite go hingearach (Georgia Power agus Duke Energy), atá faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó	Samhail BSR (tréimhse 3 bliana 2023-2025 le haghaidh Georgia Power, ó 2023 le haghaidh Duke Energy in South Carolina, ó 2024 le haghaidh Duke Energy in North Carolina (an bhliain deiridh faoi réir athbhreithniú))	6,36 % — 7,06 % (2022 agus 2023)	2,8 % - 4,2 %

Cuideachta/tionscadal atá á meas agus úinéireacht	Creat rialála agus tréimhse ábhartha	Spriocráta toraidh iarchánach/MCUC agus bliain an chinnidh ([1])	Préimh thar ráta saor ó riosca ([2])
OPG fóntais Cheanada atá faoi úinéireacht stáit (punann giniúna lena gcuimsítear, i measc nithe eile, gléasraí cumhachta núicléiche agus hidrileictreacha)	Samhail BSR (tréimhse 5 bliana 2022-2026)	5,6 % (2021)	3,5 % - 4,3 %
Stáisiún cumhachta núicléiche athchóirithe Cheanada Bruce A, faoi úinéireacht phríobháideach	CD déthaobhach le praghas ceangail bunaithe ar sprioc IRR (conradh 25 bliana, ó atosú oibríochta)	10,6 % - 13,8 % (2007)	6,0 % - 9,7 %
Gléasra Cumhachta Núicléiche nua Hinkley Point C (an Ríocht Aontaithe), gan aon úinéireacht ag stát na Ríochta Aontaithe	CD déthaobhach le praghas ceangail bunaithe ar sprioc IRR (conradh 35 bliana, ón gcoimisiúnú)	9,25 % - 9,75 % (2014)	5,8 % - 7,5 %
Gléasra cumhachta núicléiche nua na hUngáire Paks II, tógáil 100 % arna mhaoiniú ag an stát	Luach saothair margadhbhunaithe, tacaíocht Stáit do mhaoiniú CAPEX 100 %	7,38 % - 8,4 % (2017)	3,9 % - 5,2 %
Sócmhainní núicléacha EDF na Fraince atá ann cheana, EDF 100 % faoi úinéireacht stáit	Rialáil pháirteach praghsanna (ARENH — faoi athchóiriú); neamhchosanta ar an margadh den chuid is mó go dtí 2026, ní fios ina dhiaidh sin	7,6 % (2022)	4,9 % - 6,2 %
Síneadh le himoibreoir núicléach Tihange 1 na Beilge, gan úinéireacht ag stát BE	Luach saothair margadhbhunaithe le cáin ar bhrabús amhantair (go dtí 2025)	9,3 % (2013)	5,9 % - 6,9 %
SA na Beilge (gléasraí cumhachta gásadhainte)	Conradh acmhainneachta (suas le 15 bliana i gcás acmhainneachtaí nuathógtha)	7,6 % - 8,6 % (2023) ([3])	5,5 % - 6,5 %

Foinse: Memo Compass Lexecon, 29 Samhain 2024, 'SA.106107 BE — Fadú dhá imoibreoir núicléacha — Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Anailís ar leithdháileadh riosca agus ar thoradh ar infheistíocht'

([1]) I gcásanna áirithe, tagraíonn cinneadh rialála na cuideachta/an tionscadail lena mbaineann don spriocráta toraidh (mar shampla, chun an praghas ceangail CD a chinneadh) nó do MCUC (mar shampla, mar a mheastar i samhail BSR chun ioncaim cheadaithe a chinneadh). I gcás gach cuideachta/tionscadail a bhreithnítear, cuirtear an ráta toraidh nó MCUC a bhreithnítear sa chóras rialála faoi seach i láthair. Tagraíonn an bhliain idir lúibíní don bhliain ina ndearnadh an measúnú/cinneadh maidir leis an spriocráta toraidh/MCUC.

([2]) Chun críche inchomparáideacht na dtorthaí, dírímid ar an bpréimh thar an ráta saor ó riosca, is é sin an difríocht idir an spriocráta toraidh iarchánach measúnaithe/MCUC agus an ráta comhaimseartha saor ó riosca (préimh thar an ráta saor ó riosca ó thráth an mheasúnaithe/an chinnidh ón rialtóir a bhaineann leis an tsócmhainn/leis an gcuideachta bhreithnithe).

([3]) Ríomhadh MCUC iarchánach bunaithe ar MCUC fíor a bhaineann go sonrach leis an teicneolaíocht (a mhol CREG agus Elia, arna shocrú ag an aire fuinnimh) mar a chuirtear i bhfeidhm chun paraiméadair cheant SA a chinneadh.

(74) Tugtar forléargas in Table 4 ar na heilimintí lena dtugtar aghaidh ar rioscaí sna tionscadail nó sna cuideachtaí tagarmharcáilte.

Tábla 4

Eilimintí lena dtugtar aghaidh ar rioscaí do thionscadail/cuideachtaí tagarmharcáilte

	Bruce A	Tihange 1	Hinkley Point-C	SA na Beilge	De chuid na Fraince atá ann cheana Sócmhainní núicléacha EDF	Paks II	Aonaid OFT	(*) OPG	(*) Georgia Power, Duke Energy South agus North Carolina
Punann/ rioscaí	4 aonad núicléacha athchóirithe	1 aonad núicléach athchóirithe	1 ghléasra núicléach nua (2 aonad)	/	Cabhlach núicléach (57 n-aonad)	1 ghléasra núicléach nua (2 aonad)	2 aonad núicléacha athchóirithe	Aonaid núicléacha agus hidreachumhachta athchóirithe	Comhtháite go hingearach, lena n-áirítear líonraí, teicneolaíocht núicléach agus teicneolaíocht eile.
Tógáil.	Coigeartú ar an bpraghas ceangail	-	-	-	-	100 % Státmhaoinithe + cnapshuim EPC	Coigeartú ar an bpraghas ceangail	BSR	BSR
Margadh	Conradh Difríochta 2 threo	-	Conradh Difríochta 2 threo	Conradh acmhainneachta	ARENH (rialáil pháirteach praghsanna)	-	Conradh Difríochta 2 threo	BSR	BSR
Oibríocht	Innéacsú/ coigeartú praghsanna ceangail; Costas breosla á chur ar aghaidh	-	Innéacsú/ coigeartú praghsanna ceangail	-	-	-	Coigeartú innéacsaithe praghsanna ceangail + IIOC	BSR	BSR
Cistiú	-	-	Ráthaíocht chreidmheasa	Conradh acmhainneachta	Faoi úinéireacht an Stáit	100 % Státmhaoinithe	Iasacht IIOC/CTM	BSR	BSR
Beartas	-	Cosaint dhlíthiúil.	Cosaint dhlíthiúil.	-	Faoi úinéireacht an Stáit	100 % Státmhaoinithe	Cosaint dhlíthiúil.	BSR	BSR

Foinse: Memo Compass Lexecon, 29 Samhain 2024, SA.106107 BE - Prolongation of two nuclear reactors - Assessment of Aid Proportionality:'Analysis of risk allocation and return on investment [SA.106107 BE — Fadú dhá imoibreoir núicléacha — Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Anailís ar leithdháileadh riosca agus ar thoradh ar infheistíocht]

(*) Tugann Compass Lexecon dá aire nach féidir leo an phróifíl riosca bheacht a thuiscint bunaithe ar an gcreat rialála d'fhóntais na Stát Aontaithe agus Cheanada toisc nach bhfuil faisnéis mhionsonraithe ar fáil dóibh.

(75) De réir na Beilge, cuirtear trí ghné i dtábhacht leis an gcleachtadh tagarmharcála sin:

(a) Níl na cuideachtaí agus na tionscadail rialáilte a áirítear sa tagarmharc seo inchomparáide go díreach le BE-NUC toisc go bhfuil siad éagsúil ó thaobh an chreata rialála/na scéime maoinithe agus an leithdháilte riosca a eascraíonn as sin, agus/nó toisc go gcuimsítear leo cineálacha eile sócmhainní (lena ndéantar na rioscaí a bhaineann le cúrsaí núicléacha a éagsúlú agus a chaolú). Níl aon cuideachta inchomparáide go díreach ann, ach is éard atá sa tagarmharc rogha cuideachtaí agus tionscadal a bhfuil saintréithe aonair ábhartha acu ar nós tíreolaíocht, teicneolaíocht sócmhainní, sócmhainní atá ann cheana/sócmhainní nua, creat margaidh agus creat rialála/tacaíochta. Mar sin féin, níl na cuideachtaí agus na tionscadail inchomparáide sin cosúil le BE-NUC ar gach bealach. D'ainneoin na dteorainneacha sin, cuireann an tagarmharc faisnéis ábhartha ar fáil fós chun measúnú a dhéanamh ar na paraiméadair luacha saothair (spriocráta toraidh/MCUC) agus sainiúlachtaí gach cuideachta nó tionscadail agus próifílí riosca gaolmhara á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart a thuiscint go bhfuil an tagarmharc a chuirtear i láthair ábhartha chun raonta réasúnta margadhbhunaithe na bparaiméadar luacha saothair a mheasúnú agus a chur i gcomhthéacs.

(b) Cuirtear i dtábhacht sa tagarmharc maidir leis na préimheanna thar an ráta saor ó riosca go laghdaítear iad le héagsúlú punainne, neamhchosaint níos ísle ar riosca (ar rioscaí tógála, margaidh, oibríochta, maoinithe agus beartais), agus b'fhéidir cineál an úinéara/oibreora, ag a bhfuil fóntais atá ann faoi láthair, atá faoi úinéireacht an stáit nó atá maoinithe ag an stát, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as costais mhaoiniúcháin níos ísle (féach Table 3 agus Table 4).

— Ar an gceann íochtair, léiríítear le fóntais Mheiriceá Thuaidh (OPG, Georgia Power agus Duke Energy) a bhfuil punanna sócmhainní éagsúlaithe acu, agus atá faoi réir samhail BSR lena soláthraítear fálú riosca cuimsitheach, préimheanna réasúnta íseal ar an ráta saor ó riosca (thart ar 2,8 %- 4,3 %).

— Léirítear préimheanna níos airde (thart ar 3,9 %- 6,2 %) i dtionscadal núicléach Paks II agus i bhflít núicléach EDF atá ann cheana. Trádáil pháirteach ar a laghad ia ea a luach saothair agus is gléasraí núicléacha amháin iad sócmhainní measta. Mar sin féin, is féidir le húinéireacht stáit/maoiniú ón stát costais maoinithe a laghdú go pointe áirithe.

— Tá préimh riosca réasúnta ard ag gléasraí cumhachta gásadhainte nua faoi CM na Beilge (5,5 %- 6,5 %). Tá na gléasraí teirmeacha nuathógtha sin neamhchosanta ar rioscaí tógála, oibríochtúla agus beartais, agus is gnách go laghdaítear rioscaí margaidh mar gheall ar chonarthaí acmhainneachta agus íocaíochtaí ilbhliantúla.

— Ar an taobh uachtarach, léiríonn an t-aonad núicléach aonair Tihange 1 préimh ard (5,9 %- 6,9 %) ós rud é go mbíonn rioscaí infheistíochta agus oibriúcháin ag úinéirí, cé go bhfuil ioncam an mhargaidh éiginnte agus go gcuirtear uasteorainn le buntáistí an mhargaidh. Tá préimh réasúnta ard ag Hinkley Point C (5,8 %- 7,5 %) freisin, rud is féidir a mhíniú le cineál na sócmhainní (gléasra núicléach aonair nua) agus leis na rioscaí móra tógála/oibríochtúla atá ar na scairshealbhóirí, d'ainneoin CD agus cosaintí eile. Ar an gcaoi chéanna, tá an phréimh riosca don ghníomhaí núicléach Bruce Power, ar chuideachta phríobháideach í a thairbhíonn de CD (lena n-áirítear scéimeanna roinnte riosca eile), sách ard (6,0 %- 9,7 %). Mar sin féin, socraíodh luach saothair don ghléasra sin in 2007, i gcomhthéacs difriúil maoinithe agus margaidh.

(c) Ar an iomlán, cuireann an Bheilg in iúl go dtagann neamhchosaint ar riosca BE-NUC thar na gnéithe éagsúla idir neamhchosaint ar riosca na sócmhainní agus na bhfóntas a thairbhíonn de shamhail BSR, agus iad siúd a thairbhíonn de CD agus/nó cineálacha eile luacha saothair margadhbhunaithe. Léiríonn sprioc 7 % IRR ainmniúil iarchánach de chuid BE-NUC ('IRR Tionscadail') (agus a raon tairsí 6 % go 8 %) préimh 3 %-5 %, agus meánráta saor ó riosca de thart ar 3 % á chur san áireamh. Bunaithe ar an bhfianaise eimpíreach, beidh préimh intuigthe IRR Tionscadail sa CLS ag an gceann íochtair de cheanglais an infheisteora maidir leis na tionscadail/cuideachtaí tagarmharcáilte, agus gar do na préimheanna a mheastar le haghaidh shócmhainní na bhfóntas éagsúlaithe faoi scéimeanna BSR, a bhfuil neamhchosaint níos ísle acu ar rioscaí núicléacha sonracha agus a bhfuil coinne leis go mbeidh rioscaí níos ísle acu go gcaillfear a n-infheistíocht agus a dtoradh.

(76) Dá bhrí sin, measann an Bheilg go bhfuil sprioc 6 %-8 % IRR an Tionscadail laistigh den raon dóchúil torthaí margadhbhunaithe nach mbeidh róchúiteamh mar thoradh orthu.

3.3.1.3.1.2. Comparáid idir an sprioc IRR agus costas caipitil BE-NUC

(77) I dteannta an chleachtaidh tagarmharcála, chun a dheimhniú an bhfuil an sprioc IRR 7 % laistigh de raon dóchúil na dtuairisceán atá i gcomhréir leis an margadh, sholáthair an Bheilg measúnú ar chostas an chaipitil agus dhá mhéadracht á n-úsáid, MCUC agus CC neamhghiaráilte, ós rud é nach bhfuil BE-NUC maoinithe ó thaobh fiachais de.

(78) Fuair an Bheilg meastacháin le haghaidh MCUC agus CC neamhghiaráilte sa raon 6,2 % go 7,4 % (arb ionann iad agus préimh riosca 3,1 % go 4,3 % os cionn an ráta saor ó riosca don tionscadal). De réir na Beilge, léiríonn sé sin agus deimhníonn sé a thuilleadh go bhfuil an sprioc IRR 7 % comhréireach agus nach bhfuil róchúiteamh mar thoradh uirthi. Mínítear ar bhealach níos mionsonraithe sna ranna thíos conas a rinneadh meastachán ar raon MCUC agus CC.

3.3.1.3.1.2.1. Meastachán ar MCUC an Tionscadail OFT

(79) Is é MCUC an chéad mhéadracht chun meastachán a dhéanamh ar chostas an chaipitil, rud a léiríonn an t-íosráta toraidh nach mór don tionscadal a thairiscint chun caipiteal a mhealladh. Léirítear leis an toradh íosta sin an toradh a d'fhéadfadh infheisteoirí ionchasacha a thuilleamh dá gcinnfidís infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal eile ag a bhfuil saintréithe coibhéiseacha i dtéarmaí sreabhadh airgid, uainiú agus riosca. Ríomhtar MCUC iarchánach trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle thíos:

MCUC = w_E * (Ráta saor ó riosca + β_E * Biseach Riosca Cothromais) + (1– w_E) * Costas an Fhiachais Iarchánach

w_E: sciar de mhaoiniú cothromais

B_E: béite chothromais ghiaráilte, is é sin neamhchosaint na cuideachta ar rioscaí córasacha

(80) Dá bhrí sin, is é MCUC suim (i) CC arna ualú i gcomhréir le margadhluach an chothromais laistigh den chaipiteal iomlán (w_E), agus (ii) costas an fhiachais (iarchánach) ualaithe ag an sciar de mhargadhluach an fhiachais sa chaipiteal iomlán (1-w_E). Ríomhtar CC ar bhonn na Samhla Praghsála i leith Sócmhainní Caipitiúla ('SPSC'), samhail chaighdeánach chun tomhas a dhéanamh ar an toradh a theastaíonn ó infheisteoir chun deischostas an luacha airgid a chumhdach thar thréimhse infheistíochta ionchasach socraithe (an ráta saor ó riosca) agus le haghaidh na neamhchosanta ar riosca margaidh ([48]). Déantar an neamhchosaint ar riosca margaidh a ghabháil leis an luach béite cothromais giaráilte (β_E). Mar gheall ar luaineacht na bparaiméadar, ríomhadh na hionchuir le SPSC i raonta.

(81) Maidir le ríomh an bhéite cothromais giaráilte, áitíonn an Bheilg, ós rud é gur cuideachta nua atá i seilbh phríobháideach é an comhfhiontar ag a bhfuil dhá Aonad OFT núicléacha atá ann cheana agus giniúint ionchasach 10 mbliana aige, nach féidir a bhéite a ríomh ó shonraí margaidh ná stairiúla, agus dá bhrí sin nach mór é a mheas trí ghrúpa cuideachtaí liostaithe inchomparáide. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil aon fhóntas inchomparáide ann a bhfuil neamhchosaint 100 % acu ar ghiniúint núicléach, mheas an Bheilg sampla de chúig chuideachta fóntais Eorpacha liostaithe a bhfuil an neamhchosaint is airde acu ar ghníomhaíochtaí núicléacha, is é sin tionscadail inchomparáide le giniúint 15 %-65 % ag úsáid gléasraí cumhachta núicléiche, laistigh de phunann éagsúlaithe (féach Table 5).

([48]) Aithnítear agus glactar go forleathan le samhail SPSC sa litríocht acadúil agus ag cleachtóirí tionscail mar chur chuige láidir chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas cothromais.

Tábla 5

Luachanna béite sócmhainní le haghaidh cuideachtaí fóntais inchomparáide a bhfuil nochtadh núicléach éagsúil acu

Cuideachta	% Meascán Núicléach 2022/23	Luachanna béite sócmhainní (neamhghiaráilte)
ČEZ Group	[60-70] %	[0,40-1,00]
Fortum Oyj	[50-60] %	[0,40-1,00]
UPM-Kymmene Oyj	[40-50] %	[0,40-1,00]
Endesa, S.A.	[40-50] %	[0,40-1,00]
Iberdrola, S.A.	[10-20] %	[0,40-1,00]
Meán simplí	-	[0,40-1,00]
Airmheán	-	[0,40-1,00]

Foinse: Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Anailís nuashonraithe ar leithdháileadh riosca agus ar thoradh ar infheistíocht, Compass Lexecon, 29 Samhain 2024

(82) Mhínigh an Bheilg gur cuideachta fóntais éagsúlaithe a thrádáiltear go poiblí iad gach ceann de na fóntais agus go bhfuil roinnt neamhchosaint mhór acu ar shócmhainní líonra arna rialáil ag BSR agus/nó ar shócmhainní fuinnimh in-athnuaite tacaithe, murab ionann agus an comhfhiontar ar eintiteas príobháideach é ag a bhfuil neamhchosaint 100 % ar ghiniúint núicléach faoi réir CLS. Dá bhrí sin, is dócha go ndéanfadh na rioscaí sistéamacha a mheastar bunaithe ar na cuideachtaí inchomparáide sin gannmheastachán ar an riosca sistéamach a bhaineann le BE-NUC.

(83) D'úsáid an Bheilg paraiméadair Table 6 le cur san fhoirmle MCUC agus, bunaithe ar na hionchuir sin agus ar ionchuir bhreise, a breathnaíodh le linn 2023, fuair sí MCUC teoiriciúil atá sa raon 6,2 % go 7,4 %, lena n-áirítear préimh 3,1 %- 4,3 % thar an ráta saor ó riosca.

Tábla 6

Meastachán MCUC BE-NUC agus príomhpharaiméadair fholuiteacha

Paraiméadar	Toimhde/cur chuige	Meastachán (*)
Ráta saor ó riosca	Raon torthaí 2023 ar bhannaí 10 mbliana rialtas na Beilge (OLOnna)	2,5 %- 3,6 %
Préimh riosca margaidh cothromais	Meastacháin ó shaineolaithe le haghaidh margaí aibí	4,6 %- 6,0 %
Comhéifeacht bhéite (neamhghiaráilte)	Airmheán agus meán thar ghnéithe inchomparáide	[0,40-1,00]-[0,40-1,00]
Spriocghiaráil	Airmheán agus meán thar ghnéithe inchomparáide	53,0 %- 54,4 %
Béite-chomhéifeacht (giaráilte)	Foirmle Hamada le spriocghiaráil	[0,40-1,00]-[1,00-1,60]
Costas cothromais (giaráilte)	Samhail phraghsála i leith sócmhainní caipitiúla	7,4 %- 9,3 %
Costas réamhchánach an fhiachais	Ráta saor ó riosca + préimh riosca chorparáidigh na hearnála cumhachta	5,3 %- 5,5 %
Sciar fiachais an chaipitil iomláin	Díorthaithe ó spriocghiaráil	34,6 %- 35,2 %

Paraiméadar	Toimhde/cur chuige	Meastachán (*)
Ráta cánach	Ráta cánach corparáide na Beilge	25 %
MCUC Réamhchánach	Costas giaráilte cothromais agus costas an fhiachais a úsáid	6,7 %- 7,9 %
MCUC iarchánach	Costas giaráilte cothromais agus costas an fhiachais iarchánach a úsáid	**6,2 %- 7,4 %**

Foinse: Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Anailís nuashonraithe ar leithdháileadh riosca agus ar thoradh ar infheistíocht, Compass Lexecon, 29 Samhain 2024

(*) Comhfhreagraíonn an raon d'éabhlóid stairiúil ó thús go deireadh 2023.

3.3.1.3.1.2.2. Meastachán ar chostas cothromais an Tionscadail OFT

(84) Tá an dara modheolaíocht bunaithe ar CC, lena dtomhaistear toradh tionscadail na scairshealbhóirí is gá, ag glacadh leis nach bhfuil aon mhaoiniú fiachais ann, mar is amhlaidh i gcás an Tionscadail OFT. Cé go n-úsáidtear SPSC i gcur chuige CC freisin, braitheann sé ar CC neamhghiaráilte (is é sin gan aon ghiaráil) ([49]). Ríomhtar an CC neamhghiaráilte mar seo a leanas:

$$\textbf{CC (neamhghiaráilte)} = \textbf{Ráta saor ó riosca} + \beta_A \times \textbf{Préimh Riosca Cothromais}$$

β_A: béite neamhghiaráilte, nó 'béite sócmhainne'

(85) Úsáideadh an cur chuige seo a leanas chun meastachán a dhéanamh ar gach paraiméadar de chothromóid CC (féach Table 7):

(a) Déantar an ráta saor ó riosca a neasú leis na torthaí ar bhannaí rialtais 10 mbliana na Beilge ('OLOnna' ([50])) a luainigh le linn 2023 sa raon 2,5 % agus 3,6 %. Chun meastachán a dhéanamh ar phréimh riosca cothromais (mhargaidh), breithníodh foinsí seachtracha éagsúla, óna ndearnadh raon 4,6 % go 6 % a choinneáil siar:

— Meastacháin Damodaran: 5,9 % ó mhí Eanáir 2023 agus 4,6 % ó mhí Eanáir 2024.

— Tá meastacháin Kroll sa raon idir 5,5 % agus 6 % le linn 2023.

(b) Bhí an meastachán ar an béite sócmhainne (neamhghiaráilte) bunaithe ar na toimhdí céanna le ríomh MCUC thuas, as ar eascair airmheán agus meánluach [0,40-1,00] agus [0,40-1,00] le haghaidh cúig chuideachta fóntais trádáilte a bhfuil neamhchosaint éigin acu ar ghiniúint núicléach (féach Table 5).

(86) Trí na meastacháin thuas a chur i gcothromóid CC, soláthraítear meastachán le haghaidh CC neamhghiaráilte sa raon 6,2 % go 7,5 % (féach) Table 7), lena gcuimsítear préimh 3,1 % go 4,3 % os cionn an ráta saor ó riosca, atá i gcomhréir leis na torthaí a fuarthas le haghaidh MCUC.

([49]) Murab ionann agus an 'béite giaráilte', dá ngairtear 'béite' amháin freisin, lena ndéantar comparáid idir luaineacht thorthaí fhiachas agus chothromas cuideachta, agus luaineacht an mhargaidh níos leithne (mar shampla, cuideachta a bhfuil béite 1,4 aici, tá torthaí aici atá 140 % chomh luaineach leis an margadh a bhfuil sí á cur i gcomparáid leis), leis an 'béite neamhghiaráilte', dá ngairtear 'béite sócmhainní' freisin, tomhaistear riosca margaidh na cuideachta, gan tionchar an fhiachais, chun an riosca a bhaineann le sócmhainní cuideachta amháin a leithlisiú.
Is iondúil go n-úsáidtear CC neamhghiaráilte chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail nó ar infheistíochtaí a mhaoinítear le cothromas amháin. Dá réir sin, trí MCUC agus costas neamhghiaráilte an chaipitil a chur i gcomparáid le chéile, tugtar léargas ar thionchar an fhiachais ar chostas caipitil cuideachta.

([50]) Ciallaíonn OLO 'Obligation Linéaire/Lineaire Obligatie'.

Tábla 7

Costas neamhghiaráilte BE-NUC ar mheastacháin chothromais agus ar pharaiméadair fholuiteacha (raon iomlán)

Paraiméadar	Toimhde/cur chuige	Meastachán
Ráta saor ó riosca	Raon táirgeachta 2023 ar OLOnna 10 mbliana	2,5 %- 3,6 %
Préimh riosca margaidh cothromais	Meastacháin ó shaineolaithe le haghaidh margaí aibí	4,6 %- 6,0 %
Comhéifeacht bhéite (neamhghiaráilte)	Airmheán agus meán thar gnéithe inchomparáide	[0,40-1,00]-[0,40-1,00]
Costas Cothromais (neamhghiaráilte)	Samhail phraghsála i leith sócmhainní caipitiúla	6,2 %- 7,5 %

Foinse: Assessment of Aid Proportionality: Updated analysis of risk allocation and return on investment, Compass Lexecon, 29 November 2024 [Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Anailís nuashonraithe ar leithdháileadh riosca agus ar thoradh ar infheistíocht, Compass Lexecon, 29 Samhain 2024]

(87) Agus na paraiméadair a mheastar thuas (le haghaidh raonta féideartha le linn 2023) á gcur san áireamh, measann an Bheilg trí chás inchreidte le haghaidh CC neamhghiaráilte tráth an chomhaontaithe idir na páirtithe in 2023, a chomhfhreagraíonn do raon 6,8 % go 7,3 % (féach Table 8).

Tábla 8

Trí chás le haghaidh chostas cothromais neamhghiaráilte BE-NUC (raon laghdaithe)

	Cuimse íochtair	Cás bunaidh	Cuimse uachtair
Ráta saor ó riosca (meán 2023)	3,11 %		
Préimh riosca cothromais (meán 2023)	5,27 % (Meán Damodaran 2023)	5,51 % (Meán Damodaran agus Kroll)	5,75 % (Meán Kroll 2023)
Béite neamhghiaráilte (meán inchomparáide)	[0,40-1,00] (meán simplí, gan Iberdrola a áireamh)	[0,40-1,00] (airmheán 5 chuideachta)	[0,40-1,00] (meán simplí Fortum agus CEZ)
Giaráil	0 %		
Costas Cothromais (Neamhghiaráilte)	**6,8 %**	**7,1 %**	**7,3 %**

Foinse: SA.106107 Nóta forlíontach Mínithe breise ar raon na meastachán ar chostas an chaipitil Compass Lexecon 5 Nollaig 2024

3.3.1.3.1.2.3. Teorainneacha na meastachán bunaithe ar SPSC ar chostas caipitil BE-NUC

(88) Aithníonn an Bheilg teorainneacha chur chuige SPSC chun meastachán a dhéanamh ar chostas caipitil BE-NUC i bhfianaise na heaspa cuideachtaí a liostaítear go poiblí atá inchomparáide go díreach agus sainiúlachtaí phróifíl riosca agus chur chuige maoinithe an tionscadail ([51]). Go háirithe, cuireann an Bheilg sainiúlacht na hearnála núicléiche agus an inchomparáideacht theoranta ar aghaidh le grúpaí eile sócmhainní.

([51]) Ní féidir na rioscaí margaidh uile a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl i gcónaí laistigh d'aon pharaiméadar amháin, go háirithe i gcás infheistíochtaí príobháideacha nach féidir a béite a mheas ach ó phiarghrúpa sócmhainní a bhfuil inchomparáideacht theoranta acu.

(89) Ina theannta sin, pléann an Bheilg préimheanna éagsúla a éilíonn infheisteoirí de ghnáth chun infheistíocht a dhéanamh sa chleachtas i dtionscadail infheistíochta fadtéarmaí inchomparáide thar mheastachán MCUC a dhíorthaítear trí chur chuige SPSC a chur i bhfeidhm. Cuireann an Bheilg údar féideartha amháin ar aghaidh maidir leis an ngá atá leis an bpréimh sin a chur san áireamh thar mheastachán MCUC i ndáil leis an riosca a bhaineann le gaibhniú caipitil le haghaidh tionscadail infheistíochta fadtéarmaí nach féidir a éagsúlú agus nach gcúitítear faoi SPSC ([52]). Thairis sin, baineann argóint eile, a cuireadh chun cinn chun údar a thabhairt leis an ngá atá le préimh a chur san áireamh, leis an nganntanas caipitil chun spriocanna beartais fuinnimh a bhaint amach san Eoraip ós rud é go bhfuil iomaíocht shubstaintiúil ann le haghaidh infheistíochtaí i measc na dtionscadal atá ar fáil rud a mhéadaíonn an ráta toraidh is gá chun caipiteal a mhealladh. Áitíonn an Bheilg gur gnáthchleachtas é i measc cuideachtaí fóntais préimh idir 1,5 % agus 4 % a chur leis agus soláthraíonn sí roinnt samplaí chun é sin a chruthú ([53]). Ar deireadh, áitíonn an Bheilg freisin gurb é an phréimh neamhleachtachta ([54]) i bhfianaise chineál na hinfheistíochta sin, a bhfuil tacaíocht aige ó staidéir acadúla (a léiríonn raon ábhartha 0,7 % go 7,3 %) ([55]) agus cleachtóirí tionscail ([56]) araon, údar eile le cuntas a choinneáil ar phréimh mhaoiniúcháin thar mheastachán MCUC. D'fhéadfaí na préimheanna sin a chur leis na meastacháin ar MCUC nó CC a dhíorthaítear trí chur chuige SPSC, mar a mhínítear i ranna roimhe seo, agus údar a thabhairt le hargóint na Beilge gur ráta toraidh coimeádach é sprioc IRR i bhfianaise neamhchosaint an tionscadail ar riosca.

3.3.1.3.1.3. IRR a bhfuil coinne leis arna choigeartú ag CRPM bunaithe ar ionchais reatha phraghsanna an mhargaidh

(90) Míníonn an Bheilg go bhfuil an éifeacht ag CRPM go n-athraíonn an sprioc IRR tar éis choigeartú CRPM go dinimiciúil idir raon 6 % go 8 %. Áitíonn an Bheilg, fiú má shocraítear an sprioc IRR ag 7 % roimh choigeartú CRPM, faoi imthosca reatha an mhargaidh (le praghsanna margaidh ionchasacha níos ísle ná tráth na Samhla Airgeadais Sínithe) gur féidir coinne a bheith le IRR níos ísle ná mar a measadh tráth chaibidlíocht CLS.

(91) Chun é sin a léiriú, sholáthair an Bheilg anailís ar éabhlóid ionchais an mhargaidh le linn na tréimhse 2025-2035 ó rinneadh caibidlíocht ar CLS bunaithe ar fhoinsí éagsúla, agus ar thionchar na réamh-mheastachán athbhreithnithe sin ar IRR ionchasach an Tionscadail OFT (trí chur i bhfeidhm CRPM).

(92) Taispeántar i Figure 1 na cuair phraghais tosaigh ag deireadh 2023 (is é sin, tráth a síníodh na comhaontuithe). Ar fud na réamh-mheastachán éagsúil ar phraghsanna, tosaíonn praghsanna an mhargaidh — sa chás lárnach a léirítear i línte iomlána — ar luach EUR 120 in aghaidh MWh in 2025, ag laghdú i dtreo meánluach EUR 87 in aghaidh MWh sa tréimhse go dtí 2033.

([52]) De réir na Beilge, ní thabharfaidh an toradh measta ón anailís bunaithe ar SPSC ón tacar comparáide ar leith cúiteamh ar na rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) cineál príobháideach na hinfheistíochta sa chomhfhiontar; (ii) rioscaí a bhaineann go sonrach le giniúint núicléach; agus (iii) próifíl riosca arna sonrú ag CLS.

([53]) Féach mar shampla, CEER, 2017: lgh. 115-119: *'Bhí na préimheanna ar chostas an chaipitil le haghaidh líonraí cumhachta idir 0,6%– 3,5% ag brath ar aois na hinfheistíochta (is é sin infheistíocht nua) agus cáilíocht an tsoláthair'*. Elia, Staidéar Leordhóthanachta agus Solúbthachta le haghaidh na Beilge 2024–2034, lch. 382: Sa staidéar solúbthachta leordhóthanachta le haghaidh na Beilge, rinneadh iompraíocht infheisteoirí a shamhaltú le cur chuige a bhí drogallach ó thaobh riosca de trí phréimh sháraithe 3,0–8,0 % a chur le MCUC chun rioscaí breise a chúiteamh. I gcás tionscadail núicléacha go háirithe, mheas Oxera préimh bhreise 2,0-4,0 %, a bhféadfadh a leath a bheith inchurtha i leith chostas cothromais le haghaidh aon ghineadóra 'ó thaobh margaí leictreachais léirscaoilte, agus an leath eile i leith 'rioscaí teicneolaíochta agus tógála' (Oxera, 2005:4). Éilíonn Engie meán IRR neamhghiaráilte [0-5] % os cionn a MCUC. Éilíonn Fortum préimh [0-5]-[0-5] % ag brath ar an teicneolaíocht. Socraítear spriocraon difríochta Iberdrola go MCUC ag [0-5] %.


([54]) Le hindíoltacht nó leachtacht sócmhainne tagraítear don mhéid is féidir í a chomhshó ina hairgead go tapa gan costais mhóra idirbhirt ná lamháltais mhóra praghais a thabhú. De réir na Beilge, tá tábhacht le neamhleachtacht d'infheisteoirí, toisc go n-éilíonn siad torthaí níos airde ó shócmhainní nach bhfuil chomh leachtach céanna ná ó shócmhainní níos leachtaí atá comhchosúil ar bhealach eile. I bhfocail eile, éilítear torthaí níos airde mar chúiteamh ar an deischostas a bhaineann le gan infheistíocht a dhéanamh i sócmhainn intrádála agus as an riosca caillteanais ar an infheistíocht neamhleachtach a sheasamh.

([55]) Léirítear i bhfianaise ó staidéir acadúla go dteastaíonn torthaí ó infheisteoirí le haghaidh leibhéal neamhleachtachta infheistíochta. Sholáthair Stát na Beilge tagairtí acadúla fairsinge maidir leis an ábhar sin, ina measc Nair agus Radcliffe (1998), Damodaran (2005), Ibbotson (2013), Pemberton (2017), Torchio agus Surata (2014), Ilmanen, Chandra, agus McQuinn (2020), BNP Paribas (2023).

([56]) Chuir rialtóirí na Beilge préimh neamhleachtachta leis chun an toradh ar shócmhainní gáis rialáilte a dhámhachtain. Le déanaí, mar gheall ar neamhleachtacht agus neamhliostú oibreoir na saoráide GNL, chuir CREG fachtóir 1,2 i bhfeidhm maidir leis an ráta saor ó riosca agus maidir leis an bpréimh riosca le haghaidh na tréimhse rialála 2020-2023.

Fíor 1

Cuair praghais bonnualaigh tosaigh sa tSamhail Airgeadais Shínithe (EUR/MWh) (luachanna 2022)



Foinse: Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Nóta Forlíontach — Réamh-mheastacháin nuashonraithe ar phraghas an mhargaidh agus tionchar IRR trí CRPM, Compass Lexecon, an 11 Nollaig 2024


Tabhair faoi deara: Ní féidir ainm gach soláthraí seirbhíse a thaispeáint ar chúiseanna rúndachta. Léirítear sna línte iomlána réamh-mheastacháin ar phraghsanna soláthraithe éagsúla sa chás lárnach agus comhfhreagraíonn línte poncanna don chás fabhrach. Léirítear sa limistéar liath [a baineadh ar chúiseanna rúndachta] an chonair praghsanna le haghaidh coigeartuithe CRPM ar an bpraghas ceangail, is é sin raon praghsanna an mhargaidh ar laistigh de a dhéantar an praghas ceangail a choigeartú, mar a foráladh ar dtús sa CLS, gan an nuashonrú a luaitear i roinn 3.3.1.3.2. a mheas. Os cionn (faoi bhun) an raoin seo, coigeartaítear an praghas ceangail go dtí an cuimse uachtair (íochtair).

(93) Léirítear i Figure 2 go bhfuil laghdú tagtha ar réamh-mheastacháin ([57]) reatha ar phraghsanna cumhachta an cháis lárnaigh a thaispeántar le línte iomlána i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin a úsáideadh tráth na Samhla Airgeadais Sínithe. [...] réamh-mheastachán praghsanna sa chás lárnach i R4 2022, a úsáidtear, i measc nithe eile, mar chuar tagartha sa tSamhail Airgeadais Shínithe, cuirtear i láthair é, mar shampla, le líne phoncanna dhearg sa ghraf seo. Cé gur réamh-mheasadh praghsanna ag deireadh 2022 ag EUR 120 in aghaidh MWh in 2025, réamh-mheastar faoi láthair gurb ionann iad agus EUR 85 in aghaidh an MWh nó níos ísle fós in 2025. Le forbairtí margaidh ó 2022 i leith, laghdaíodh praghsanna leictreachais mórdhíola réamh-mheasta sna 10 mbliana amach romhainn, go háirithe mar gheall ar réamh-mheastacháin laghdaithe ar phraghsanna trách tearraí (gás agus CO_2), i measc nithe eile. Léirítear i Figure 2 freisin go réamh-mheastar sna réamh-mheastacháin reatha maidir leis an gcás lárnach go mbeidh praghsanna réasúnta comhréidhe ann idir 2025 agus 2035, idir EUR 69 in aghaidh an MWh agus EUR 86 in aghaidh an MWh.

([57]) Arna dhátú i R3 agus R4 2022 ag brath ar an soláthraí.

Fíor 2

Cuair phraghais bhonnualaigh arna dtabhairt cothrom le dáta i bhFómhar 2024 (EUR/MWh) (luachanna 2022)



Foinse: Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Nóta Forlíontach — Réamh-mheastacháin nuashonraithe ar phraghas an mhargaidh agus tionchar IRR trí CRPM, Compass Lexecon, an 11 Nollaig 2024

Tabhair faoi deara: *Léirítear leis na línte iomlána na réamh-mheastacháin ar phraghas sa chás lárnach i bhfómhar 2024. Mar chomparáid, comhfhreagraíonn an líne phoncanna do réamh-mheastachán ar phraghas [...] i R4 2022, a úsáidtear sa tSamhail Airgeadais Shínithe. Léirítear sa limistéar liath* [a baineadh ar chúiseanna rúndachta] *an chonair praghsanna le haghaidh coigeartuithe CRPM ar an bpraghas ceangail, is é sin raon praghsanna an mhargaidh ar laistigh de a dhéantar an praghas ceangail a choigeartú, mar a foráladh ar dtús sa chomhaontú luacha saothair, gan an nuashonrú a luaitear i roinn 3.3.1.3.2. a mheas. Os cionn (faoi bhun) an raoin seo, coigeartaítear an praghas ceangail go dtí an cuimse uachtair (íochtair).*

(94) Tagann an Bheilg ar an gconclúid ar bhonn na bhfigiúirí thuas go bhfuil laghdú tagtha ar ionchais phraghsanna an mhargaidh.

(95) Áitíonn an Bheilg, go léiríonn an limistéar liath a thaispeántar sna figiúirí thuas, an chonair praghsanna (mar a foráladh ar dtús sa CLS) le haghaidh coigeartuithe CRPM ar sprioc IRR, is é sin raon praghsanna an mhargaidh ar laistigh de a dhéantar sprioc IRR a choigeartú ([58]). Tugtar le fios ansin leis na hionchais níos ísle maidir le praghsanna an mhargaidh go dtiocfaidh laghdú ar IRR ionchasach arna choigeartú ag CRPM. Faoi pharaiméadair CRPM a bhí beartaithe ar dtús sa chomhaontú, bheadh coinne le IRR ionchasach an Tionscadail OFT i R3 de 2024 ag 6,7 % (má chomhlíontar na toimhdí uile ón tSamhail Airgeadais Shínithe). Leis na paraiméadair CRPM nuashonraithe (féach roinn 3.3.1.3.2), rud a fhágann go bhfuil ioncaim BE-NUC agus IRR níos íogaire maidir le dálaí phraghas an mhargaidh, laghdófaí IRR ionchasach go 6,5 % (má chomhlíontar na toimhdí uile ón tSamhail Airgeadais Shínithe) agus na réamh-mheastacháin ar phraghas chéanna á gcur san áireamh (féach Table 9).

([58]) Tugann praghsanna lasmuigh den chonair le tuiscint go bhfuil an coigeartú céanna i gceist, agus atá i gceist leis an teorainn sheachtrach is gaire den chonair. Tá an coigeartú sin ailínithe le sprioc IRR, agus tá cuimse uachtair na conaire socraithe ag 8 % agus an cuimse íochtair socraithe ag 6 %.

Tábla 9

IRR ionchasach (le CRPM bunaidh agus nuashonraithe) i gcomparáid le sprioc IRR (R3 2024)

Sprioc IRR roimh choigeartú CRPM	Ionchas	Meánphraghas margaidh (EUR/MWh) (luachanna 2022)	Réamhphraghas ceangail (EUR/MWh) (luachanna 2022)	IRR ionchasach le paraiméadair CRPM bunaidh (± 30 %)	IRR ionchasach le paraiméadair CRPM nuashonraithe (± 20 %)
7 %	Meán na soláthraithe; cás lárnach; R3 2024	[70-80]	[80-90]	6,7 %	6,5 %

Foinse: Assessment of Aid Proportionality: Supplementary Note – Updated market price projections and IRR impact through the MPRA, Compass Lexecon, 11 December 2024 [Measúnú ar Chomhréireacht Cabhrach: Nóta Forlíontach — Réamh-mheastacháin nuashonraithe ar phraghas an mhargaidh agus tionchar IRR trí CRPM, Compass Lexecon, an 11 Nollaig 2024]

3.3.1.3.2. Conradh Difríochta dhá threo ('CD')

(96) Beidh feidhm ag CD idir Stát na Beilge agus BE-NUC, agus idir Stát na Beilge agus Luminus, comhúinéir eile an dá imoibreoir núicléacha. Ciallaíonn sé sin go ráthóidh Stát na Beilge spriocphraghas réamhshainithe (an 'praghas ceangail'), a dhéanfar a innéacsú le linn na tréimhse CLS, le haghaidh aschur leictreachais méadraithe comhiomlán na nAonad OFT. Má tá praghas tagartha an mhargaidh ('PTM') níos airde ná an praghas ceangail, íocfaidh BE-NUC agus Luminus an difríocht dhearfach arna hiolrú faoin aschur méadraithe iarbhír le Stát na Beilge. Má tá PTM níos ísle, íocfaidh Stát na Beilge an difríocht dhiúltach arna hiolrú faoin aschur méadraithe iarbhír le BE-NUC agus Luminus. Beidh na híocaíochtaí difríochta iníoctha ar an gcéad dáta cumhachta (an dáta a insteallann an tAonad OFT ábhartha leictreachas isteach san eangach ardvoltais den chéad uair tar éis a dháta deiridh dhlíthiúil tosaigh), agus déanfar iad i gcomhréir le sciar BE-NUC agus Luminus den chumhacht arna giniúint ag na hAonaid OFT.

(97) Is iad seo a leanas príomhpharaiméadair an chonartha difríochta:

(a) PTM, a thagraíonn do spotphraghas an mhargaidh lá roimh ré ('MLRR') i gcrios tairisceana na Beilge.

(b) An praghas ceangail, arna shainiú ag BE-NUC bunaithe ar shamhail airgeadais atá le formheas ag Contrapháirtí CLS chun costais oibriúcháin, chaipitil agus mhaoinithe iarbhír BE-NUC a léiriú, i leith shíneadh OFT ón 21 Iúil 2022 (a mheastar dá bhrí sin mar mheánchostais iomlána táirgthe fuinnimh, 'MITF'). Déanfar an praghas ceangail a thomhas ar dtús chun meán-spriocráta toraidh inmheánach ('IRR') 7 % (ainmniúil agus iarchánach) a bhaint amach (féach roinn 3.3.1.3.1).

(98) De réir na Beilge, bunaithe ar anailís neamhspleách ó Compass Lexecon ([59]), tá rogha tosaigh MLRR mar PTM in CD oiriúnach i gcomhthéacs an Tionscadail OFT, go háirithe le linn thréimhse na n-oibreacha OFT (Céim Atosaithe go dtí an 31 Nollaig 2028). Thairis sin, áitíonn an Bheilg go n-osclaíonn an tsolúbthacht atá ionsuite sa CLS an doras le haghaidh roghanna malartacha PTM le linn fhad an chonartha, ag brath ar éabhlóid chomhthéacs agus riachtanais mhargadh na Beilge, agus cothromaíocht riosca-toraidh an chéad dearaidh CD á coinneáil ar bun an tráth céanna. Tugann an Bheilg údar breise le húsáid MLRR bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

(a) Is tagairt oiriúnach é MLRR sa Bheilg toisc go bhfuil sé trédhearcach, láidir, agus toisc go bhfuil MLRR réasúnta leachtach i gcomparáid le margaí eile sa Bheilg. Tugann an Bheilg dá haire freisin nach dtugtar le MLRR aon lánrogha i gcás rogha na gceannaitheoirí toisc go dtairgtear an méid i gceant anaithnid. Thairis sin, leis an gceant MLRR dírítear soláthar agus éileamh thar thréimhse amháin, rud a uasmhéadaíonn doimhneacht an mhargaidh.

([59]) Compass Lexecon, Meamram an 28 Bealtaine 2024, *Anailís ar an bpraghas tagartha margaidh agus leithdháileadh na gcostas cothromúcháin, agus barúil ar chomhairle CREG*.

(b) Le PTM roghnaithe, in éineacht le roinnt socruithe sonracha CD ar nós CRPM agus dreasachtaí modhnúcháin, caomhnaítear dreasachtaí chun oibriú agus páirt éifeachtúil a ghlacadh sa mhargadh leictreachais, trí tháirgeadh a chothú tráth praghsanna arda margaidh agus modhnú tráth praghsanna ísle, a mhéid is féidir.

(c) Le rogha tosaigh MLRR mar PTM, mar aon leis na socruithe margaíochta dá bhforáiltear in stm (féach roinn 3.3.1.5), ceadaítear bainistiú iomchuí riosca margaidh le haghaidh BE-NUC, toisc go bhfuil sé gráinneach agus toisc go gceadaítear leis PTM a mheaitseáil leis na praghsanna MLRR gafa. I ndáil leis an méid sin, tá praghas MLRR an-oiriúnach mar PTM i dtréimhse tosaigh na n-oibreacha OFT, go háirithe i gcomparáid le táirgí fadtéarmacha. De réir na Beilge, laghdaíonn díol ar MLRR an riosca margaidh do BE-NUC i gcomparáid le todhchaíochtaí a úsáid toisc go bhfágann sé gur féidir an patrún infhaighteachta sonrach a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le linn thréimhse tosaigh na n-oibreacha OFT. Trí thodhchaíochtaí a úsáid, d'fhéadfaí rioscaí margaidh breise a spreagadh le haghaidh BE-NUC mar gheall ar an riosca níos airde go dtarlódh éarthaí neamhphleanáilte i dtréimhse tosaigh na n-oibreacha OFT (is é sin le rá, mura féidir an leictreachas a dhíoltar roimh ré a sheachadadh agus más gá é a cheannach ar ais, b'fhéidir ar phraghas margaidh níos airde, mar shampla, ar MLRR).

(99) Sholáthair Geilleagar na Seirbhíse Poiblí Cónaidhme ('FPS') staidéar ar straitéis bainistíochta riosca margaidh BE-WATT (contrapháirtí CD). Is é is aidhm don staidéar leanúnach céimeanna ullmhúcháin a dhéanamh maidir le BE-WATT a oibríochtú, go sonrach maidir le cúram an eintitis sin maidir le bainistiú riosca. Go sonrach:

(a) Sainaithneofar agus déanfar anailís sa staidéar ar na príomhrioscaí margaidh atá roimh BE-WATT i gcomhthéacs na gconarthaí difríochta núicléacha agus gaoithe amach ón gcósta atá ar na bacáin, ag díriú ar mhéid agus rioscaí praghais.

(b) Sainaithneofar agus déanfar anailís sa staidéar ar raon straitéisí bainistithe riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do BE-WATT (punann ionstraimí/táirgí fálaithe, sciar, fad, uainiú fálaithe, roghanna deartha), go háirithe agus aird á tabhairt ar (i) an ról a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis na rioscaí margaidh a eascraíonn as suíomh oscailte BE-WATT a bhainistiú i ngeall ar CDanna, agus (ii) an rannchuidiú a d'fhéadfadh siad a dhéanamh le leachtacht an mhargaidh agus le forbairt an mhargaidh. Déantar dhá chineál táirgí fálaithe a mheas go príomha sa staidéar: (i) PPAnna, agus (ii) réamhchonarthaí, agus na conarthaí sin i bhfoirm ionstraimí caighdeánaithe a thrádáiltear in ionaid eagraithe den chuid is mó, ar a dtugtar 'todhchaíochtaí' de ghnáth. Sa dá chás, breithnítear conarthaí airgeadais.

(c) Cuirfidh na straitéisí fálaithe a bhraitheann ar chonarthaí todhchaíochtaí le leachtacht réamh-mhargaidh na Beilge thar raon aibíochtaí conartha (seachtainí, míonna, blianta) i bhfianaise na méideanna móra atá i gceist (roinnt GW de thoilleadh núicléach agus gaoithe amach ón gcósta faoi CD). Beidh an tionchar beacht ar leachtacht an réamh-mhargaidh ag brath ar líon na gconarthaí arna ndíol ag BE-WATT le haghaidh na n-aibíochtaí éagsúla.

(100) Féadfaidh Rialtas na Beilge athbhreithniú a dhéanamh ar rogha tosaigh PTM, mar Chontrapháirtí CLS, suas le trí huaire thar fhad an chonartha, faoi réir chomhaontú BE-NUC agus Luminus, ó dheireadh thréimhse tosaigh oibreacha OFT, mar shampla, ag brath ar éabhlóid chomhthéacs agus riachtanais mhargadh na Beilge, agus cothromaíocht riosca-toraidh an chéad dearaidh CD á coinneáil ar bun an tráth céanna.

(101) Déanfar an praghas ceangail a innéacsú go bliantúil trí thagairt a dhéanamh do ríomh innéacsaithe ualaithe agus is féidir é a athbhreithniú ag amanna áirithe:

(a) 'Réamhphraghas ceangail': Sa bhunchás, glacann an Bheilg leis gurb ionann na costais chun Aonaid OFT a nuachóiriú agus thart ar EUR [2-2,5] billiún, arb é an toradh atá air, in éineacht le costais eile a bhaineann leis an Tionscadal OFT (mar shampla costais O&C le linn na tréimhse OFT), réamhphraghas ceangail EUR [80-90] in aghaidh MWh.

(b) 'Praghas ceangail tosaigh': Socróidh BE-NUC luach iarbhír an phraghais ceangail ar bhonn samhail airgeadais arna formheas ag Contrapháirtí CLS le linn 2025, roimh dháta atosaithe OFT, bunaithe ar an gcostas a bhaineann le síneadh a chur leis an oibríocht faoi cheanglais sábháilteachta núicléiche (is í gníomhaireacht sábháilteachta núicléiche na Beilge a shainíonn raon feidhme na gceanglas sin), agus bunaithe ar chostais nach mbaineann le sábháilteacht, a mheastar ar bhonn luachana arna gcur isteach ag conraitheoirí nó a ndéanann foirne teicniúla an oibreora núicléach measúnú orthu araon.

(c) ‘Praghas ceangail athbhreithnithe’: Déanfar an praghas ceangail tosaigh a athríomh a luaithe is féidir tar éis an 31 Nollaig 2028 (‘Dáta coigeartúcháin’), chun an t-uainiú iarbhír chun atosú a léiriú, éaradh OFT, costas oibriúcháin, caipitil agus maoinithe a léiriú, suas go dtí an dáta sin (bunaithe ar na sonraisc iarbhír), agus réamh-mheastacháin athbhreithnithe ar na costais sin don chuid eile den tréimhse fadaithe 10 mbliana), trí chomhaontú i scríbhinn idir BE-NUC agus Contrapháirtí CLS.

(d) ‘Imeachtaí athoscailte’: Tar éis an dáta coigeartúcháin, socrófar an praghas ceangail i bprionsabal agus ní dhéanfar é a athríomh, ach amháin faoi theagmhais cháilitheacha shonracha, na himeachtaí athoscailte.

(102) Ríomhfar an praghas ceangail trí úsáid a bhaint as fhaisnéis ón tsamhail airgeadais mhionsonraithe a tháirgfidh BE-NUC agus a nuashonróidh BE-NUC, laistigh de na paraiméadair ar thug an Bheilg fógra ina leith. Tá an tsamhail airgeadais (agus aon nuashonrú uirthi) faoi réir fhormheas an Chontrapháirtí CLS. I gcás ina gcoinneofar siar formheas den sórt sin, féadfaidh BE-NUC agus Contrapháirtí CLS cinneadh na heisiúna samhla airgeadais sin a tharchur chuig saineolaí neamhspleách i gcomhréir le próiseas sonraithe um chinneadh saineolach.

(103) Áitíonn an Bheilg, le CD go laghdaítear neamhchosaint BE-NUC ar riosca margaidh agus ar éagsúlachtaí i bpraghas an mhargaidh.

(a) Déantar íocaíochtaí ón gContrapháirtí CLS le BE-NUC nuair a bhíonn PTM faoi bhun an phraghais ceangail, agus beidh BE-NUC faoi dhliteanas i leith íocaíochtaí leis an gContrapháirtí CLS nuair a bheidh PTM níos airde ná an praghas ceangail.

(b) Foráiltear le samhail CLS do spriocráta toraidh réasúnta le haghaidh an Tionscadal OFT: tá méid an phraghais ceangail chun sprioc IRR a bhaint amach laistigh den raon 6 %-8 %, atá i gcomhréir le tagarmharcanna tionscail (féach Table 3) agus i gcomhréir le meastacháin le haghaidh MCUC an Tionscadail OFT (féach Table 6) agus CC (féach Table 7).

(104) Áitíonn an Bheilg, cé go laghdaítear le CD neamhchosaint BE-NUC ar riosca margaidh agus ar éagsúlachtaí i bpraghsanna margaidh, go n-áirítear leis sásraí comhroinnte riosca lenar cheart a áirithiú go bhfuil BE-NUC fós neamhchosanta ar roinnt riosca margaidh agus dreasachtaí margaidh. Go háirithe, áirítear i CLS sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain (CRPM) sa gcás go mbíonn praghsanna margaidh níos ísle nó níos airde ná an praghas ceangail.

(a) I gcás ina bhfuil PTM idir an praghas ceangail agus íosráta sainithe, laghdaítear an sprioctharadh (i bhfoirm praghas ceangail níos ísle) ó 7 % IRR go dtí íosmhéid 6 %.

(b) Nuair a bhíonn PTM idir an praghas ceangail agus uasteorainn shainithe, méadaítear an sprioctharadh (i bhfoirm praghas ceangail níos airde) go huasmhéid 8 % IRR.

(105) Is é is cuspóir do CRPM BE-NUC a dhreasú chun a struchtúr costais a bharrfheabhsú sula socrófar agus sula n-athbhreithneofar an praghas ceangail (2025/2029), aschur na n-imoibreoirí a uasmhéadú nuair a mheastar go mbeidh praghsanna arda ann agus nuair a bheidh an córas leictreachais gar don ghanntanas, agus brabúis amhantair a mhaolú.

(106) Díorthaítear agus ríomhtar CRPM mar a leanas:

(a) Ar an gcéad dul síos, ríomhtar an praghas ceangail le spriocráta toraidh inmheánach iarchánach ainmniúil 7 % (IRR), praghas ceangail hipitéiseach níos ísle ag a bhfuil sprioc IRR 6 % (íostairseach) agus praghas ceangail uasta hipitéiseach ag a bhfuil sprioc IRR 8 % (uastairseach).

(b) Ansin, roinntear an raon idir an praghas ceangail agus an uastairseach (níos ísle faoi seach) ina 20 luach deimhneach (diúltach faoi seach) (‘luachanna CRPM’). Úsáidtear na luachanna sin chun an praghas ceangail a choigeartú chun an íocaíocht difríochta faoi CD a shocrú.

(c) Braitheann coigeartú an phraghais ceangail ar an gcóimheas idir PTM agus an praghas ceangail (cóimheas PTM):

— Má tá an cóimheas 1,20 nó níos airde, ardaítear praghas ceangail CRPM go dtí an uastairseach trí na 20 luach CRPM deimhneach a chur leis an bpraghas ceangail;

— Má tá an cóimheas 0,80 nó níos ísle, laghdaítear é go dtí an íostairseach;

— Idir na tairseacha sin, déantar an praghas ceangail arna choigeartú ag CRPM a choigeartú laistigh den raon ríofa. Mar shampla, bíonn coigeartú suas 19 luach CRPM mar thoradh ar chóimheas 1,19, agus bíonn coigeartú 10 luach CRPM mar thoradh ar chóimheas 1,10.

(d) Mar thoradh air sin, nuair a bhíonn PTM níos airde ná an praghas ceangail, bíonn IRR Tionscadail níos airde suas le 8 % mar thoradh ar an bpraghas ceangail arna choigeartú ag CRPM, i bhfianaise na dtoimhdí bunchás céanna.

(e) De rogha air sin, nuair a bhíonn PTM níos ísle ná an praghas ceangail, bíonn IRR Tionscadail níos ísle síos go 6 % mar thoradh ar an bpraghas ceangail arna choigeartú ag CRPM.

(107) I ndearadh tosaigh CRPM ('CRPM tosaigh'), roinneadh an raon idir an praghas ceangail agus an uastairseach (níos ísle faoi seach) ina 30 'luach CRPM' deimhneach (diúltach faoi seach). I gcomparáid le 'CRPM tosaigh', déantar 'CRPM nuashonraithe'a thruicearú níos tapúla, is é sin go gcomhfhreagraíonn an sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain do chonair eatraimh praghsanna margaidh +/-20 %, in ionad +/-30 %.

(108) Dá thoradh sin, áitíonn an Bheilg go soláthraítear le CRPM (nuashonraithe) dreasachtaí láidre do BE-NUC chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) A struchtúr costais a bharrfheabhsú sula socraítear agus sula n-athbhreithnítear an praghas ceangail. Déanfar athbhreithniú ar an bpraghas ceangail roimh dháta atosaithe OFT (2025) agus tar éis an Dáta Coigeartúcháin (2028) faoi seach. Áitíonn an Bheilg go mbíonn praghas ceangail níos ísle mar thoradh ar chostas níos ísle, agus dóchúlacht níos airde go mbeidh praghas an mhargaidh níos airde ná an praghas ceangail, agus dá bhrí sin go soláthraítear IRR níos airde (agus go laghdaítear an méid a d'fhéadfadh Stát na Beilge a íoc faoi na híocaíochtaí difríochta).

(b) Cothabháil a sceidealú le linn na dtréimhsí praghais is ísle a bhfuil coinne leo.

(c) Brabúis amhantair a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú. Mar a mhínigh an Bheilg, socraítear CRPM laistigh de raon réamhshocraithe (cóimheas PTM idir 0,80 agus 1,20). Ní bhíonn coigeartú ar an bpraghas ceangail mar thoradh ar aon PTM lasmuigh den raon seo agus tá siad, dá bhrí sin, mar chuid iomlán den íocaíocht difríochta. Dá bhrí sin, ní féidir brabúis amhantair a bhaint amach ó phraghsanna arda margaidh.

(109) Thairis sin, áitíonn an Bheilg, i ndearadh modhnaithe an chonartha difríochta, go n-aistrítear an t-údarás cinnteoireachta, nuair ba cheart cinneadh maidir le modhnú eacnamaíoch a dhéanamh, chuig comhpháirtí CSBF (féach roinn 3.3.1.5). Ní hamháin go socrófar luach saothair CSBF mar a bhí beartaithe ar dtús, ach déanfar cuid athraitheach de sa bhreis ar chuid sheasta, agus dá bhrí sin soláthrófar dreasachtaí chun an úsáid is fearr a bhaint as an stoc teoranta modhnuithe 30 in aghaidh an timthrialla breosla (féach aithris (13)). I gcomparáid leis an dearadh CD tosaigh, trína ndearnadh cinntí modhnúcháin bunaithe ar thairseach modhnúcháin sheasta, ní bhraitheann an dearadh CD modhnaithe ar thairseach modhnúcháin sheasta a thuilleadh, ach dreasaíonn sé go ndéantar modhnuithe ag amanna nuair a íocann siad an chuid is mó (is é sin, nuair a mheastar go mbeidh praghsanna an-diúltach ar feadh tréimhse ama atá fada go leor). Sonraítear luach saothair CSBF i roinn 3.3.1.5.2.

(110) Ar deireadh, áitíonn an Bheilg, ar na cúiseanna dá bhforáiltear in aithris (80) den Chinneadh Tosaigh, gur ionstraim iomchuí agus chomhréireach é CD chun dul i ngleic leis na clistí margaidh sainaitheanta agus na rioscaí núicléacha sonracha, agus cuspóirí an bhirt á mbaint amach leis seo, agus comharthaí éifeachtúla an mhargaidh á gcaomhnú ag an am céanna. Soiléiríonn an Bheilg go sreabhfaidh aon fháltais ó CD isteach i mbuiséad ginearálta an Stáit ach go mbeidh siad faoi réir cuntasaíocht ar leithligh. Úsáidfear iad go príomha chun íocaíochtaí Chontrapháirtí CSL faoi CD a mhaoiniú. I gcás ina mbeadh fáltais CD níos mó ná na méideanna is gá chun costais CD a mhaoiniú, d'fhéadfaí iad a úsáid ansin chun costais CD eile a mhaoiniú. Geallann an Bheilg go n-úsáidfí aon fháltais CD atá fágtha chun iad a dháileadh ar ghnóthais. Geallann an Bheilg freisin go gcuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas i gcás ina ndáilfí fáltais CD ar ghnóthais, agus, más gá, go dtabharfaidh sí fógra faoi bheart den sórt sin. Deimhníonn an Bheilg freisin gur chuir sí clásail phionóis san áireamh i gcás foirceannadh aontaobhach míchuí an chonartha CD.

3.3.1.3.3. IIOC agus SCO

(111) Mura leor ioncaim BE-NUC chun na costais is iníoctha in aon mhí faoin gComhaontú O&C a chumhdach, chomh maith le haon chostas eile oibriúcháin, breosla agus cothabhála CAPEX is gá chun na hAonaid OFT a oibriú, ní mór don Chontrapháirtí CLS íocaíocht easnaimh a dhéanamh le BE-NUC chun sreabhadh airgid leordhóthanach a áirithiú chun na costais sin a sheasamh, chun inmharthanacht eacnamaíoch fhadtéarmach an chomhfhiontair a áirithiú ([60]).

([60]) Cuirfidh BE-NUC tuarascáil imréitigh bhliantúil isteach ina leith sin. Má tá an méid sa tuarascáil seo níos lú ná íosmhéideanna comhiomlána na gcostas oibriúcháin, íocfaidh Contrapháirtí CLS le BE-NUC méid atá cothrom le dearbhluach an easnaimh ábhartha. Déanfar íocaíocht choibhéiseach le Luminus.

(112) Tá dhá chomhpháirt san IIOC: OPEX íosta: (i) íocaíocht easnaimh ioncaim chun sreafaí airgid leordhóthanacha a áirithiú chun na costais is gá le haghaidh oibriú na nAonad OFT a sheasamh agus inmharthanacht eacnamaíoch fhadtéarmach an chomhfhiontair a choimirciú agus (ii) cosaint costais 50 % ar an gcaipiteal infheistithe i ndáil le costais chaipitil amúchta an tsínidh OFT (gach 3 bliana).

(113) Áitíonn an Bheilg go bhféadfadh caillteanais mhóra do BE-NUC a bheith mar thoradh ar aon teagmhas aonair, a laghdódh infhaighteacht na nAonad OFT ar feadh tréimhse fhada le linn na bliana, agus/nó éaradh arís agus arís eile thar roinnt blianta.

(114) D'iarr an Bheilg ar Electrabel meastóireacht a dhéanamh ar an riosca go dtarlódh mórtheagmhais gan choinne le linn shaolré na nAonad OFT bunaithe ar shonraí stairiúla. Áitíonn Electrabel go bhfuil dóchúlacht ard ann go mbeidh teagmhas ([61]) mór neamhphleanáilte ann ar feadh na tréimhse 10 mbliana de shíneadh shaolré na nAonad OFT. Chun fianaise a thabhairt air sin, shainaithin Electrabel cásanna stairiúla de neamh-infhaighteacht le haghaidh gach ceann de na seacht n-imoibreoir núicléacha thar an tréimhse 11 bhliain idir 2012 agus 2022 (féach Table 10). Maíonn Electrabel go dtugann an cur chuige stairiúil sin léargas úsáideach ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Níl aon sainmhíniú/modheolaíocht aontaithe ann chun meastachán nó ríomh a dhéanamh ar dhóchúlacht teagmhas neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte, ná chun meastachán a dhéanamh ar fhad na tréimhse neamh-infhaighteachta a bhaineann le teagmhais den sórt sin;

(b) Níl sonraí aonchineálacha ar fáil ach amháin don tréimhse 2012-2022; mar sin féin, bhí ar chabhlach núicléach na Beilge dul i ngleic i gcónaí le teagmhais/tréimhsí móra neamh-infhaighteachta ó cuireadh tús leis na hoibríochtaí;

(c) Sonraítear i ndlí na Beilge nach mór measúnú sábháilteachta a dhéanamh gach 10 mbliana ón tráth a fhaigheann an gléasra núicléach údarú chun oibriú ar lánchumhacht. Tugtar 'Athbhreithniú Tréimhsiúil Sábháilteachta' ('ATS') nó 'Athbhreithniú 10 mBliana' ar an measúnú sin ([62]). Rinneadh na ATSanna is déanaí ag Tihange 3 agus Doel 4 in 2015, le linn na tréimhse faoi bhreathnú (2012-2022) le haghaidh na hanailíse riosca. Ós rud é go gcomhfhreagraíonn an tréimhse 11 bhliain 2012-2022, a ndearnadh ATS le haghaidh gach imoibreora lena linn, a bheag nó a mhór do fhad an tsínidh ar shaolré na nAonad OFT, meastar gurb iomchuí an tréimhse sin mar phointe comparáide.

Tábla 10

Teagmhais neamh-infhaighteachta gan choinne i seacht n-aonad núicléacha na Beilge (2012-2022)

	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
D1	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[10-15] %	[0-5] %	[60-70] %	[0-5] %	[5-10] %	[0-5] %	[0-5] %
D2	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[10-15] %	[0-5] %	[0-5] %
D3	[40-50] %	[40-50] %	[60-70] %	[90-100] %	[0-5] %	[10-20] %	[50-60] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %
D4	[0-5] %	[5-10] %	[30-40] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[30-40] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %
T1	[10-20] %	[0-5] %	[0-5] %	[5-10] %	[40-50] %	[50-60] %	[0-5] %	[0-5] %	[40-50] %	[0-5] %	[30-40] %
T2	[20-30] %	[40-50] %	[60-70] %	[90-100] %	[0-5] %	[5-10] %	[10-20] %	[60-70] %	[0-5] %	[10-20] %	[0-5] %
T3	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[60-70] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %	[0-5] %

Foinse: SA.106107 — Cruinniú teicniúil leis an gCoimisiún Eorpach Riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht Iasachta CTM agus IIOC, an 8 Deireadh Fómhair 2024

([61]) Sainmhínítear 'teagmhas neamh-infhaighteachta mór neamhphleanáilte' mar aon teagmhas neamhbheartaithe as a n-eascraíonn neamh-infhaighteacht an ghléasra is mó ná 30 % in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 3,6 mhí.

([62]) Tá faisnéis mhionsonraithe maidir leis an Athbhreithniú Cuimsitheach Tréimhsiúil Sábháilteachta atá á dhéanamh gach 10 mbliana ar fáil ar shuíomh gréasáin FANC/AFCN: https://afcn.be/fr/dossiers/centrales-nucleaires-en-belgique/surete/revisions-decennales.

(115) Léirítear leis na sonraí a leagtar amach in Table 10 gur tharla teagmhais de neamh-infhaighteacht mhór neamhphleanáilte lasmuigh de rialú an oibreora núicléach i ngach ceann de na seacht n-aonad núicléacha le linn na tréimhse 2012-2022, rud a d'fhág nach raibh fáil ar an meán de 59 % in aghaidh an aonaid (sa bhreis ar éaradh pleanáilte), rud a chomhfhreagraíonn do mheán-infhaighteacht 7 mí/in aghaidh an teagmhais. I gcás na seacht n-aonad núicléacha de chuid na Beilge le chéile, bhí 11 teagmhais ann ina raibh neamh-infhaighteacht mhór neamhphleanáilte le linn na tréimhse 2012-2022. I measc na gcúiseanna le teagmhais neamh-infhaighteachta gan choinne bhí calóga hidrigine i mbrúshoitheach an imoibreora, díghrádú coincréite (a éilíonn deisiúcháin thábhachtacha), teipeanna trealaimh, sceitheadh agus sabaitéireacht. Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg go raibh meán de thart ar 1,6 (11/7) teagmhais mhóra neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte in aghaidh an imoibreora in aghaidh na 10 mbliana.

(116) Áitíonn an Bheilg, i gcás ina bhfuil roinnt aonad núicléach (nó cabhlach núicléach) i bhfeidhm, gur féidir an caillteanas ioncaim le linn tréimhse chliste d'aonad amháin nó níos mó a chúiteamh go páirteach leis an ioncam arna ghiniúint ag na haonaid eile. I gcás an Tionscadail OFT, áfach, meastar go dtiocfaidh méadú ar na rioscaí sistéamacha sin (teagmhais neamh-infhaighteachta a dhéanann difear d'fhormhór na n-aonad ag an am céanna) de réir mar a laghdóidh cabhlach núicléach na Beilge ó 2025 ar aghaidh agus nach mbeidh siad chomh héagsúlaithe céanna, níos mó fós toisc go bhfuil an teicneolaíocht chéanna ag an dá aonad OFT. Dá bhrí sin ní mheastar nach dócha go dtarlóidh mórimeacht a dhéanann difear don dá Aonad OFT ar feadh cuid shubstaintiúil den bhliain.

(117) Comhfhreagraíonn dóchúlacht 59 % neamh-infhaighteachta aonaid, atá coibhéiseach le thart ar 7 mí, le meánfhad teagmhais mhóir neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte amháin. Measann Electrabel gur meastachán réalaíoch é an tréimhse sin bunaithe ar a thaithí féin ar oibriú na nAonad OFT sa Bheilg, ós rud é go n-éilíonn teagmhais mhóra oibreacha tábhachtacha innealtóireachta, soláthar páirteanna spártha, anailís tionchair sábháilteachta, agus plé níos faide leis an údarás sábháilteachta núicléiche sular féidir leis na himoibreoirí núicléacha tosú arís.

(118) Míníonn an Bheilg thairis sin go bhfuil uasghráduithe agus infheistíochtaí móra deartha ann chun dul i ngleic le haosú agus dífheidhmeacht na n-aonad núicléach mar thoradh ar na ATSanna rialta, bunaithe ar Threoirlíne SSG-25 IAEA ([63]), a rinneadh gach 10 mbliana ó thús na hoibríochta, agus go bhfuil siad ina gcuidiú lena sábháilteacht agus a n-iontaofacht a choinneáil. Mar sin féin, d'ainneoin na n-athbhreithnithe tréimhsiúla sin, ní féidir leis an oibreoir núicléach a chur as an áireamh go bhféadfadh fadhbanna nua teacht chun cinn a dhéanfadh tréimhsí móra neamh-infhaighteachta a thruicearú do na haonaid núicléacha.

(119) Chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag teagmhas mór neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte ar BE-NUC le linn thréimhse shíneadh shaolré na nAonad OFT, agus éifeacht IIOC, mheas an Bheilg cásanna inchreidte de mhórtheagmhais neamh-infhaighteachta (féach Table 11) bunaithe ar shonraí ó Table 10. Mar is amhlaidh le measúnuithe eile, le haghaidh na ríomhanna léiritheacha, bhraith an Bheilg ar an tSamhail Airgeadais Shínithe dar dáta an 13 Nollaig 2023.

(a) Glactar leis i gCás 1 an neamh-infhaighteacht ar an meán de 59%, anuas ar éaradh sceidealaithe, ar leithligh in Doel 4 agus Tihange 3 i mblianta éagsúla (2030 agus 2033). Sa chás sin, ní dhéanfaí IIOC a thruicearú. Ghinfeadh an Tionscadal OFT barrachas bliantúil ioncaim (thar chostais) EUR [0-200] milliún fós le haghaidh Doel 4 agus EUR [0-200] milliún le haghaidh Tihange 3, ach ní rachadh IRR an tionscadail thar [0-5] %.

(b) Baineann Cás 2 le cás nuair nach bhfuil an dá Aonad OFT ar fáil go comhuaineach ar feadh bliain iomlán le linn na tréimhse 2029-2035 (is é sin, oibreacha iar-OFT den ghiniúint iomlán). Sa chás sin, déantar IIOC a thruicearú agus b'ionann é agus íocaíochtaí le BE-NUC de EUR [700-1 000] milliún go EUR [1 000-1 300] milliún in aghaidh na bliana, ag brath ar bhliain na neamh-infhaighteachta. Sholáthair an Bheilg dhá shampla phraiticiúla (cás diúltach a bheag nó a mhór) chun an tionchar ar an Tionscadal OFT a ionsamhlú:

— In 2029 (cás níos diúltaí), ghinfeadh an Tionscadal OFT Glanluach Láithreach (GLL) diúltach EUR [0-200] milliún, rud a d'fhágfadh go mbeadh IRR de [0-5] % ann.

— In 2034 (cás nach bhfuil chomh diúltach sin), bheadh an tionchar a bheadh ag teagmhas mór neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte ar scairshealbhóirí an chomhfhiontair agus ar BE-NUC níos ísle toisc gur shroich an Tionscadal OFT deireadh na tréimhse 10 mbliana. Ghinfeadh an Tionscadal OFT glanluach láithreach diúltach EUR [0-200] milliún, rud a d'fhágfadh go mbeadh IRR de [5-10] % ann.

([63]) Caighdeáin Sábháilteachta IAEA, *Periodic Safety Review for Nuclear Power Plants* [Athbhreithniú Tréimhsiúil Sábháilteachta le haghaidh Gléasraí Cumhachta Núicléiche], STI/PUB/1588.

(c) Baineann Cás 3 le cás nuair nach bhfuil an dá aonad OFT ar fáil go comhuaineach le haghaidh na bliana iomláine le linn na Céime Atosaithe arb í an tréimhse 2026-2028 í, arb é is saintréith di giniúint theoranta le linn na n-oibreacha a bhaineann le OFT. Le linn na tréimhse sin, tá na hAonaid OFT sceidealaithe le hoibriú ag níos lú ná 50 % dá n-acmhainneacht agus is dóchúla (ná le linn na céime rite) nach mbeidh na hAonaid OFT ar fáil don bhliain iomlán mar gheall ar aon neamh-infhaighteacht neamhphleanáilte eile, trína gcumhdófar aon chaillteanas leis an Iasacht CTM ar dtús. Sa chás sin, déantar IIOC a thruicearú, ach ní mheastar go nginfidh BE-NUC ná Luminus aon bhrabús le linn na Céime Atosaithe; ní bheadh aon tionchar breise ag aon teagmhas neamhphleanáilte ar a bhrabúsacht.

Tábla 11

Tionchar léiritheach trí chás inchreidte de theagmhais mhóra neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte ar BE-NUC agus ar Chontrapháirtí CLS bunaithe ar Shamhail Airgeadais Shínithe

	Tionchar BE-NUC		Tionchar ar íocaíocht IIOC an Chontrapháirtí CLS
	Feidhmíocht OFT	IRR	
Cás 1 59 % de neamh-infhaighteacht le haghaidh T3 in 2030 agus D4 in 2033	2030: Barrachas ioncaim thar chostais de EUR [0-200] milliún 2033: Barrachas ioncaim thar chostais de EUR [0-200] milliún (GLL de lúide EUR [100-300] milliún)	[0-5] %	Gan truicearú
Cás 2 Tógálacht a dhéanann difear don dá aonad ag an am céanna ar feadh bliana iomláine le linn na tréimhse rite	**2029**		
	Gan aon ioncam margaidh arna dhéanamh in 2029 (GLL de lúide EUR [0-200] milliún)	[0-5] %	Arna thruicearú: EUR [700-1 000] milliún In éagmais IIOC: féimheacht BE-NUC
	2034		
	Gan aon ioncam margaidh arna dhéanamh in 2034 (GLL de lúide EUR [0-200] milliún)	[5-10] %	Arna thruicearú: EUR [1 000-1 300] milliún In éagmais IIOC: féimheacht BE-NUC
Cás 3 Tógálacht a dhéanann difear don dá aonad ag an am céanna ar feadh bliana iomláine (2028) le linn na tréimhse tosaigh	Ioncam margaidh a rinneadh in 2028 (GLL EUR 0 milliún)	[5-10] %	Arna thruicearú: EUR [600-800] milliún In éagmais IIOC: féimheacht BE-NUC

Foinse: SA.106107 — Cruinniú teicniúil leis an gCoimisiún Eorpach Riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht Iasachta CTM agus IIOC, an 8 Deireadh Fómhair 2024 SA.106107 — Freagairt na Beilge ar Iarraidh ar Fhaisnéis an 1 Deireadh Fómhair 2024, an 1 Samhain 2024 (leagan nuashonraithe)

(120) Áitíonn an Bheilg go léirítear leis an anailís thuas go bhfuil IIOC ceaptha chun éifeachtaí mórtheagmhas féideartha a chumhdach, ar mórtheagmhais iad a chuireann inmharthanacht eacnamaíoch an chomhfhiontair i mbaol, agus go bhfágann sé go n-iompraíonn an JV go leor rioscaí maidir le neamh-infhaighteacht: i gCás 1, ní dhéanfaí IIOC a thruicearú dá dtarlódh mórimeacht ar an meán, agus ní ráthaítear leis na torthaí do na scairshealbhóirí a leanann den riosca a iompar nach n-aisghabhfaí a n-infheistíochtaí.

(121) D'fhéadfadh costas réasúnta mór do Stát na Beilge a bheith mar thoradh ar IIOC i gcásanna áirithe, toisc go ndéanfar é a thruicearú chun aghaidh a thabhairt ar na teagmhais ardtionchair neamh-infhaighteachta, mar a léirítear thuas. Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin, thug an Bheilg uasteorainn isteach ar íocaíochtaí IIOC. Dá réir sin, feidhmeoidh Contrapháirtí CLS (Stát na Beilge) a cheart i dtaca le foirceannadh faoi CLS ([64]) i gcás ina sroicheann IIOC méid íoctha EUR 2 bhilliún ('Truicear IIOC'), ar choinníoll go ndealraíonn sé go bhfuil sé sin iomchuí i bhfianaise, i measc nithe eile,

— cúiseanna le Truicear IIOC;

— an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma;

— an t-ionchas is infheidhme maidir le híocaíochtaí IIOC i gcomhréir le CLS (in éagmais foirceannadh);

— méid (réamh-mheasta) na n-íocaíochtaí i dtaca le foirceannadh atá dlite; agus

— na himpleachtaí ar shlándáil an tsoláthair.

(122) Áitíonn an Bheilg go bhfuil imthosca ann nach mbeadh foirceannadh iomchuí lena linn:

— más rud é, ag brath ar cén ceart foirceanta a bheadh infheidhme, go mbeidh an íocaíocht foirceanta ábhartha (más ann di) níos mó ná na híocaíochtaí IIOC a bhfuil coinne leo amach anseo;

— nuair is mó an t-ualach agus na costais, i measc nithe eile, do Stát na Beilge, a bhaineann le hacmhainneacht athsholáthair ná na híocaíochtaí IIOC a bhfuil coinne leo; agus

— nuair nach bhfuil acmhainn athsholáthair ar fáil.

(123) I gcás ina gcinnfidh Contrapháirtí CLS gan a cheart nó a chearta foirceanta a fheidhmiú, cuirfidh an Bheilg a réasúnú faoi bhráid an Choimisiúin chun críoch meastóireachta.

(124) Comhfhreagraíonn méid Thruicear IIOC do chuimse uachtair íocaíochtaí IIOC i gcás nach bhfuil an dá Aonad OFT ar fáil go comhuaineach ar feadh 2 bhliain i ndiaidh a chéile. Go deimhin, braithfidh na híocaíochtaí IIOC a bhfuil coinne leo ó dhúnadh 2 bhliain ar an mbliain ina ndéanfar an dúnadh sin. Sholáthair an Bheilg ríomhanna bliantúla le haghaidh íocaíochtaí bliantúla IIOC, agus iomláin thar 2 bhliain i ndiaidh a chéile, (féach Table 12) bunaithe ar réamh-mheastacháin ón tSamhail Airgeadais Shínithe dar dáta an 13 Nollaig 2023.

Tábla 12

Íocaíochtaí IIOC ionsamhlúcháin

Tréimhse neamh-infhaighteachta 100 %	Costas IIOC bliain 1 (EUR milliún)	Costas IIOC bliain 2 (EUR milliún)	Costas iomlán IIOC (EUR milliún)
2026-2027	[600-800]	[600-800]	[1 100-1 300]
2027-2028	[600-800]	[600-800]	[1 200-1 400]
2028-2029	[600-800]	[800-1 000]	[1 400-1 600]
2029-2030	[800-1 000]	[800-1 000]	[1 600-1 800]
2030-2031	[800-1 000]	[1 000-1 100]	[1 800-2 000]
2031-2032	[900-1 100]	[800-1 000]	[1 800-2 000]
2032-2033	[800-1 000]	[800-1 000]	[1 800-2 000]
2033-2034	[800-1 000]	[1 000-1 200]	[1 900-2 100]
2034-2035	[1 000-1 200]	[600-800]	[1 700-1 900]

Foinse: Údaráis na Beilge

([64]) Sholáthair an Bheilg forléargas mionsonraithe ar na cearta foirceanta faoi CLS, agus luaigh sí go n-áirítear in CLS freisin, sa bhreis ar na cearta foirceanta, 'Prótacal Aonaid Aonair OFT' lena léirítear córas na gceart foirceanta ar go leor bealaí ach nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le hAonad OFT aonair a bhaint de raon feidhme CLS roimh Dháta Atosaithe OFT.

(125) Chun meastachán a dhéanamh ar an tréimhse thagartha 2 bhliain a úsáidtear chun an uasteorainn EUR 2 bhilliún atá beartaithe ar IIOC a ríomh, soláthraíonn an Bheilg roinnt samplaí d'imoibreoirí núicléacha a dúnadh go buan ar chúiseanna teicniúla sna Stáit Aontaithe (ós rud é nár tharla sé sin riamh san Eoraip go dtí seo) ([65]). De réir na Beilge, léiríonn na samplaí sin go bhfuil an tréimhse thagartha 2 bhliain i gcomhréir leis an réaltacht thionsclaíoch, ós rud é gur féidir, de ghnáth, tréimhse 2 bhliain tar éis fadhb a bhrath lena n-éilítear múchadh an dá Aonad OFT a mheas mar scoithphointe réasúnta chun leanúint le deisiúcháin a cheistiú nó chun an múchadh deiridh a mheas.

(126) Chun IIOC a chur i bhfeidhm, gheobhaidh BE-NUC, óna scairshealbhóirí nó ó pháirtí seachtrach, saoráid caipitil oibre (SCO) ar a dhéanaí ar an gcéad dáta a dtarlóidh atosú OFT. Fónann SCO chun an gá atá le caipiteal oibre a mhaoiniú, rud a eascraíonn as oibriú na nAonad OFT. Ceadófar do BE-NUC SCO a tharraingt anuas má tá an difríocht idir a insreafaí airgid agus a eis-sreafaí airgid níos lú ná caiteachais oibríochtúla mheasta na tréimhse caiteachais atá le teacht a leagtar amach sa CLS. Is éard a bheidh i méid SCO ar a laghad an meánchaiteachas oibríochtúil measta comhiomlán ar feadh tréimhse 3 mhí. Go bunúsach, feidhmíonn SCO mar dhroichead laistigh den bhliain chuig IIOC bliantúil, ag gníomhú mar shaoráid chreidmheasa imrothlach a d'aisíocfadh IIOC arna sholáthar ag an mBeilg go bliantúil, dá dtarraingeofaí anuas é.

(127) Ní fios go fóill téarmaí SCO, a sholáthrófar ar théarmaí margaidh ar a dhéanaí ar an gcéad dáta atosaithe OFT. Shoiléirigh an Bheilg a thuilleadh, áfach, go gcinnfear ráta úis SCO trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chéanna a comhaontaíodh le haghaidh Iasachtaí Scairshealbhóirí (féach aithris (63)).

3.3.1.3.4. Iasachtaí CTM

(128) Anuas ar IIOC lena ndéantar foráil maidir le cobhsaíocht airgeadais ar feadh thréimhse iomlán 10 mbliana an tsínidh saolré, le linn na chéad 3 bliana den Tionscadal OFT (Céim Atosaithe), deonóidh Rialtas na Beilge iasacht do BE-NUC agus Luminus ar théarmaí comhionanna. Méidfear na hiasachtaí faoi threoir a sciar chomhréireach in Aonaid OFT, agus, dá bhrí sin, a sciar faoi seach sna costais mhúchta agus oibriúcháin ón 1 Iúil 2025. Mar a luaigh an Bheilg, soláthraítear Iasachtaí CTM chun leachtacht a áirithiú le linn 2028, toisc nach féidir costais oibriúcháin a mhaoiniú trí shreafaí airgid mar gheall ar oibreacha OFT.

(129) Tá na hIasachtaí CTM, a sholáthraítear ar ráta úis caidhpeáilte agus atá inaisíoctha de réir sceideal aisíocaíochta sonraithe, comhdhéanta de dhá shaoráid éagsúla (is iad sin, saoráid amháin in aghaidh an aonaid OFT), agus gach ceann acu comhdhéanta de dhá thráinse:

(a) Tráinse a bhaineann le costais mhúchta an aonaid ábhartha arna thabhú ag BE-NUC agus Luminus ó dháta an mhúchta dhlíthiúil go dtí dáta atosaithe an aonaid ábhartha: leis an tráinse sin, maoineofar agus íocfar as na costais sin is gá chun na hAonaid OFT a choinneáil ar bun go dtí an dáta atosaithe. Má bhíonn costais na tréimhse múchta níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis, ní mór don Chontrapháirtí CLS a áirithiú go n-athshocrófar an tráinse.

(b) Tráinse a bhaineann le cumhdach na gcostas oibriúcháin agus cuid de CAPEX arna thabhú i ndáil leis an aonad ábhartha go dtí dáta coigeartúcháin an 31 Nollaig 2028: úsáidfear an tráinse sin chun easnaimh sreafa airgid oibriúcháin a tharlaíonn roimh an 31 Nollaig 2028 a chumhdach. Mar sin féin, ní mór go gcumhdófaí aon chaillteanas breise a eascraíonn as éaradh neamhsceidealaithe le IIOC.

(130) Soláthraítear téarmaí Iasachtaí CTM in aithris (96) den Chinneadh Tosaigh agus níor leasaíodh iad. Tá Iasachtaí CTM inaisíoctha ar ús suas le 6 % agus *pari passu* le torthaí na scairshealbhóirí. Maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear chun an ráta úis a chinneadh, míníonn an Bheilg gur toradh é sin ar chaibidlíocht idir na páirtithe sa CLS, agus go gcomhfhreagraíonn an t-uasráta 6 % don chuimse íochtair den spriocraon IRR idir 6 % agus 8 % (agus CRPM á chur san áireamh).

([65]) Mar shampla, dúnadh Crystal River 3 go buan in 2013, 3,5 bliain tar éis fadhb thromchúiseach a bhrath. Ar an gcaoi chéanna, dúnadh San Onofre 2 & 3 in 2013, 1.5 bliain tar éis fadhb thromchúiseach a bhrath.

(131) Mar a luaitear in aithris (97) den Chinneadh Tosaigh, tá coinne leis go ndéanfar Iasachtaí CTM a tharraingt anuas le haghaidh méid comhiomlánaithe EUR [500-700] milliún i [...] dtráthchodanna ó [...] go dtí [...], a aisíocfar i dtrí thráthchuid ó [...] go dtí [...] agus leasanna caipitlithe san áireamh. Tabharfar na ríomhanna agus na méideanna sin cothrom le dáta sa tsamhail airgeadais arna formheas ag Contrapháirtí CLS le linn 2025, roimh dháta atosaithe OFT, bunaithe ar an gcostas a bhaineann le síneadh a chur leis an oibríocht faoi cheanglais sábháilteachta núicléiche arna leagan amach ag gníomhaireacht sábháilteachta núicléiche na Beilge, arna mheas ar bhonn luachana arna gcur isteach ag conraitheoirí.

(132) Áitíonn an Bheilg nach dtéann na hIasachtaí CTM chun tairbhe go díréireach do na scairshealbhóirí: roinntear na rioscaí gan na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach go comhréireach idir scairshealbhóirí an chomhfhiontair agus Contrapháirtí CLS, mar aon le brabúis níos ísle, tiocfaidh laghdú ar IRR an Tionscadail OFT agus ar Iasachtaí CTM araon. Go deimhin, ní aisíocfar Iasachtaí CTM (ar chor ar bith) mura ngineann an Tionscadal OFT brabúis leordhóthanacha chun aon toradh ar infheistíocht na scairshealbhóirí a íoc ([66]). Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg nach mbaineann aon riosca breise leis na hIasachtaí CTM don Soláthraí CLS thar na rioscaí a bhaineann le feidhmíocht agus brabúsacht an Tionscadail OFT, toisc nach n-úsáidtear an tsaoráid chun na speansais chaipitiúla a mhaoiniú (costais chaipitil amúchta an tsínidh OFT le linn na Céime Atosaithe amháin).

3.3.1.4. Comhaontú Oibríochtaí agus Cothabhála ('O&C')

(133) Faoin gComhaontú O&C, feidhmeoidh Electrabel na nithe seo a leanas le haghaidh BE-NUC:

(a) 'Seirbhísí OFT': ó dháta deiridh an idirbhirt, na hoibreacha agus na seirbhísí is gá chun síneadh 10 mbliana a chur le saolré oibríochtúil gach Aonaid OFT; agus

(b) 'Seirbhísí O&C': ó dheireadh shaolré dlíthiúil tosaigh gach Aonaid OFT, na seirbhísí chun Aonaid OFT, na comhchórais agus na sócmhainní coiteanna a oibriú agus a chothabháil a mhéid a úsáidtear iad i dtaca leis na hAonaid OFT (lena n-áirítear seirbhísí láimhseála dramhaíola).

(134) Eisiatar seirbhísí áirithe go sainráite ón gComhaontú O&C, lena n-áirítear seirbhísí, oibreacha nó gníomhaíochtaí i leith Aonaid OFT a dhíchoimisiúnú agus a dhíchóimeáil, a fhanann faoi fhreagracht Electrabel (féach roinn 3.3.2.4).

(135) De bhun Airteagal 12.1 den Chomhaontú O&C agus faoi réir coigeartuithe agus eisceachtaí áirithe, íocfaidh BE-NUC 89,807 % (a léiríonn sealúchas Luminus de 10,193 % d'Aonaid OFT) de na costais uile a thabhaítear i soláthar sheirbhísí OFT agus sheirbhísí O&C móide an corrlach ábhartha, arb é atá ann:

— [0-5] % le haghaidh costais árachais agus cánacha;

— [0-5] % le haghaidh earraí agus seirbhísí arna soláthar ag comhaltaí ghrúpa Engie; agus

— [10-20] % i gcás na gcostas eile go léir.

(136) Áitíonn an Bheilg go bhfuil leibhéil na gcorrlach ailínithe leis na leibhéil sin a chuirtear i bhfeidhm faoin gComhaontú Comhpháirtíochta OFT le Luminus (lena gcumhdaítear raon leathan seirbhísí mar shampla O&C ach gan a bheith teoranta dóibh). Is tagairt ábhartha é an comhaontú bunaidh, lena gcumhdaítear seirbhísí comhchosúla le tríú páirtí, Luminus, a tugadh i gcrích an 26 Meitheamh 2003 agus a athdhearbhaíodh an 13 Nollaig 2023, chun tacú leis an seasamh go léirítear leis an gComhaontú O&C costais ar neamhthuilleamaí le haghaidh oibríochtaí núicléacha. Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go bhfuil na rioscaí airgeadais a iompraíonn Electrabel níos mó ná mar atá faoin gComhaontú Comhpháirtíochta le Luminus, ós rud é, faoin gComhaontú O &C, go laghdófar corrlach Electrabel i gcás róchaiteachas (neamh-incheadaithe) (mar shampla, costais nach gcuimsítear sa bhuiséad mar a mhol Electrabel agus arna mbailíochtú ag na páirtithe) agus i gcás nach mbeidh an gléasra ar fáil thar sprioc.

(137) Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go gcuimsítear leis an gComhaontú O&C rialuithe costais áirithe, lena gcuimsítear cearta le haghaidh BE-NUC chun iniúchadh a dhéanamh ar ríomh Electrabel ar tháillí agus ar fheidhmíocht na seirbhísí agus chun athbhreithniú tagarmhairc a iarraidh ar na praghsanna a ghearrann Electrabel le haghaidh seirbhísí cleamhnaithe teicniúla.

([66]) Ní bheadh sé sin amhlaidh ach amháin dá mbeadh roinnt blianta de neamh-infhaighteacht shubstaintiúil ann, mar shampla, níos lú ná 60 % gach bliain ó 2029 go 2035.

(138) Ar deireadh, mar oibreoir (amháin) na nAonad OFT agus mar sholáthraí seirbhíse do BE-NUC faoin gComhaontú O&C, dreasófar Electrabel chun feidhmíocht theicniúil agus eacnamaíoch na nAonad OFT a bhaint amach. Go háirithe, faoin gComhaontú O&C:

(a) Beidh Electrabel faoi dhliteanas damáistí leachtaithe a íoc má tá infhaighteacht na nAonad OFT le linn bliain chonartha níos lú ná [90-100] % (gan éaradh OFT, gnáth-éarthaí agus teagmhais scaoilte san áireamh). Mar thoradh ar íocaíocht na ndamáistí leachtaithe sin, laghdaíonn an corrlach a fhaigheann Electrabel don bhliain chonartha sin ar scála aistritheach ó [10-20] % go [0-5] %;

(b) i gcás róchaiteachais, níl Electrabel le bheith i dteideal aon Chorrlach Ábhartha a fháil i leith aon Róchaiteachais, agus a mhéid a bhaineann le haon Róchaiteachis, seachas aon Róchaiteachas Scaoilte; agus

(c) i gcás róchaiteachas le linn na Céime Atosaithe amháin, beidh pionóis infheidhme maidir le corrlach Electrabel (suas le [50-60] % den chorrlach ar na seirbhísí O&C agus suas le [70-80] % den chorrlach ar sheirbhísí OFT).

(139) Dá thoradh sin, tagann an Bheilg ar an gconclúid go bhfuil an Comhaontú O&C teoranta do chumhdach na gcostas a thabhaítear agus go bhfuil sé socraithe go léireoidh coinníollacha airgeadais an Chomhaontaithe O&C téarmaí an mhargaidh.

3.3.1.5. Comhaontú um Sheirbhísí Bainistíochta Fuinnimh ('CSBF')

(140) Cé go mbeidh BE-NUC ina úinéir teicniúil ar 89,807 % den leictreachas a tháirgeann na hAonaid OFT (tá an 10,193 % eile faoi úinéireacht Luminus), aistríonn sé úinéireacht an leictreachais sin chuig an mbainisteoir fuinnimh, a dhíolfaidh é ([67]). Chun na críche sin, rachaidh BE-NUC i mbun CSBF le comhpháirtí a cheannóidh an leictreachas ó BE-NUC agus a dhíolfaidh é.

(141) Leagfaidh CSBF amach príomhthéarmaí, príomhchoinníollacha agus leithdháiltí riosca agus, dá bhrí sin, leagfaidh sé amach ar bhealach mionsonraithe STM agus ról an bhainisteora díolacháin fuinnimh ('comhpháirtí CSBF') i ndáil leis sin, laistigh de na paraiméadair a leagtar síos. Is é an comhpháirtí CSBF a cheapfar faoi CSBF a bheidh ina cheannaitheoir agus ina úinéir ar sciar BE-NUC den leictreachas a tháirgeann na hAonaid OFT agus tá sé faoi réir STM réamhshainithe. Is féidir STM a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham de réir phróiseas a shonraítear sa CLS. Is féidir le Rialtas na Beilge (BE-WATT), ina cháil mar Chontrapháirtí CLS, STM a fhorchur a mhéid a urramaíonn sé coinníollacha STM mar a leagtar síos i CLS. Tá ról comhairleach ag comhpháirtí CSBF san ábhar.

(142) Chun an leictreachas a tháirgtear a thabhairt chuig an margadh mórdhíola leictreachais ar bhealach iomaíoch agus trédhearcach, chomhaontaigh Electrabel agus Stát na Beilge tairiscint phoiblí a reáchtáil le haghaidh na seirbhísí sin, lena n-áirithítear trédhearcacht agus iomaíocht (féach roinn 3.3.1.5.1). Tá feidhm ag an dlí soláthair phoiblí agus ag na coimircí gaolmhara uile is gá maidir leis an bpróiseas tairisceana.

3.3.1.5.1. Nós imeachta tairisceana

(143) Áitíonn an Bheilg go bhfuil an próiseas tairisceana á sheoladh go deonach i gcomhréir le dlí na Beilge maidir le soláthar poiblí an 17 Meitheamh 2016 agus le Foraithne Ríoga an 18 Meitheamh 2017 maidir le soláthar poiblí le haghaidh earnálacha na bhfóntas ([68]).

([67]) Is é Luminus úinéir a sciar (10,193 %) den leictreachas a tháirgeann na hAonaid OFT. Bainistíonn Luminus díol an leictreachais go neamhspleách agus níl sé nasctha le CSBF, arb é is cuspóir dó sciar BE-NUC de tháirgeadh na nAonad OFT a dhíol.

([68]) Loi relative aux marches publics. Le fáil ag: https://etaamb.openjustice.be/fr/loi-du-17-juin-2016_n2016021053.html. Le dlí an 17 Meitheamh 2016 maidir le conarthaí poiblí, déantar Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE a thrasuí.

(144) Dámhfar conradh CSBF trí phróiseas idirbheartaithe le glao ar iomaíocht ([69]) roimh ré, ar phróiseas caighdeánach é in earnáil na bhfóntas. Foilsíodh an glao ar thairiscintí ar ardáin ábhartha na Beilge ([70]) agus an Aontais ([71]), rud a fhágann gur féidir le gach iarrthóir féideartha páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana.

(145) I bhfianaise thábhacht na seirbhíse a thairgtear agus na híogaireachta ó thaobh iomaíochta de, chuir an Bheilg forálacha agus coimircí breise chun feidhme chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí CSBF agus go soláthrófar na seirbhísí a bhfuil coinne leo go cuí:

(a) Sular dréachtaíodh na doiciméid tairisceana, seoladh Iarraidh ar Fhaisnéis maidir le CSBF an 3 Meán Fómhair 2024 (go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024) chun tuairimí a bhailiú ón margadh maidir le roinnt ábhar a bhaineann le CSBF ([72]). Leis an Iarraidh ar Fhaisnéis saothraíodh dhá phríomhchuspóir: (i) réamhfhógra a thabhairt don mhargadh maidir leis an bpróiseas tairisceana atá ar na bacáin, agus ar an gcaoi sin dóthain ama a áirithiú d'iarrthóirí leasmhara chun a rannpháirtíocht ([73]) a ullmhú agus trédhearcacht bhreise a sholáthar; (ii) cuirtear torthaí an Iarrata ar Fhaisnéis san áireamh, nuair is iomchuí, agus na doiciméid tairisceana á ndréachtú, agus cuidíonn siad leis seo le BE-NUC tairiscint bheachtaithe a bhfuil tástáil mhargaidh déanta uirthi a mholadh, chomh maith le soiléireacht na gcritéar a fheabhsú agus a áirithiú go bhfuil aon choinníoll nó critéar a fhorchuirtear neamh-idirdhealaitheach. Léirigh an Iarraidh ar Fhaisnéis, mar shampla, nár cheart aon tairiscint ar leithligh a eagrú le haghaidh gach Aonad OFT, ach gur féidir iad a thairiscint mar phacáiste.

(b) Eisíodh Iarraidh ar Léiriú Iarrthóireachta ('ILI') an 11 Nollaig 2024, inar iarradh ar pháirtithe leasmhara a léiriú gur spéis leo páirt a ghlacadh sa tairiscint faoin 13 Eanáir 2025. Arna iarraidh sin do roinnt páirtithe, cuireadh an sprioc-am chun iarratas a chur isteach siar go dtí an 3 Feabhra 2025, chun iomaíocht leordhóthanach sa phróiseas tairisceana a áirithiú. Ina dhiaidh sin, iarrfar ar pháirtithe leasmhara a dtairiscintí a chur isteach, bunaithe ar na doiciméid chonarthacha a bheidh ann amach anseo (lena n-áirítear an struchtúr luacha saothair modhnaithe mar a mhínítear in Figure 3). Áitíonn an Bheilg go gceadaítear di, leis an miontuairisc ar na seirbhísí a thairgtear, critéar dámhachtana aonair a bheith aici bunaithe ar phraghas. Ós rud é go ndámhfar an conradh trí phróiseas idirbheartaithe, féadfaidh an t-údarás conarthach, a luaithe a bheidh a dtairiscintí curtha isteach ag na hiarrthóirí mar fhreagairt ar an Iarraidh ar Thograí (lena n-áirítear dréachtchonradh CSBF agus aon doiciméid choimhdeacha), a iarraidh ar na hiarrthóirí tairiscint níos fearr a chur isteach, lena n-áirithítear an toradh is iomaíche.

(146) Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go n-áirítear sa tairiscint sraith critéar roghnúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh aon iarrthóir tairisceana na coinníollacha maidir le gairmiúlacht agus an bonneagar is gá chun CSBF a fhorghníomhú go hordúil. Tá na critéir cháilithe sin teoranta áfach, a mhéid is féidir agus gach ceann acu ag tagairt do cheanglas riachtanach le haghaidh na seirbhísí atá beartaithe, chun an iomaíocht is mó is féidir a áirithiú le linn na tairisceana.

(147) I gcomparáid leis an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún tráth an Chinnidh Tosaigh, sholáthair an Bheilg tuilleadh sonraí maidir leis na critéir cháilithe. Ní mór don tairgeoir (nó, i gcás na chéad cheithre chritéar a thuairiscítear thíos, trí bheith ag brath ar acmhainneachtaí eintitis eile) an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dhá theistiméireacht ar a laghad de thaithí (bliain amháin oibríochta ar a laghad) a chur i láthair i mbainistiú fuinnimh punainne sócmhainní giniúna teirmí nó núicléiche 1 000 MW ar a laghad sa chomhiomlán (is é sin, na tagairtí uile á gcur san áireamh), atá lonnaithe i dtíortha an Aontais Eorpaigh, sa Ríocht Aontaithe nó i dtíortha CSTE ([74]);

([69]) I gcomhréir le hAirteagal 120 de dhlí na Beilge maidir le soláthar poiblí an 17 Meitheamh 2016.
([70]) Bulletin der Aanbestedingen / Bulletin des Adjudications.
([71]) Forlíonadh ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
([72]) Cuimsítear sna hábhair sin, i measc nithe eile, an phróifíl riosca, ráthaíochtaí i ndáil leis an riosca contrapháirtí agus contrapháirtí, an sásra praghsanna, téarmaí íocaíochta, minicíocht an tsonraisc agus ús ar íocaíocht dhéanach, STM, cúlchistí inmheánacha um chomhardú punainne, deighilt na tairisceana ina dhá bheart (ceann amháin in aghaidh na Sócmhainne Cumhachta), struchtúr creidmheasa agus baránta gaolmhar, agus comhthiomsú páirtí atá freagrach as cothromú ('PFC').
([73]) Shainaithin Stát na Beilge rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh go gníomhach ar mian leis teagmháil a dhéanamh leo agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh san Iarraidh ar Fhaisnéis chomh maith leis an bpróiseas tairisceana ina dhiaidh sin.
([74]) áirithítear leis an gcritéar 1 000 MW go bhfuil na rannpháirtithe cáilithe/roghnaithe in ann, ó thaobh airgeadais de, na hiarrataí a leithdháilfear a láimhseáil, a bheidh idir 1 000 MW agus 2 000 MW.

(b) dhá theistiméireacht ar a laghad a chur i láthair i mbainistiú fuinnimh (bliain amháin oibríochta ar a laghad) sócmhainní táirgthe theirmigh nó núicléach. Baineann gach teistiméireacht le sócmhainn amháin 350 MW ar a laghad, atá lonnaithe i dtíortha an Aontais Eorpaigh, sa Ríocht Aontaithe, nó i dtíortha CSTE ([75]);

(c) teistiméireacht amháin ar a laghad den bhainistiú fuinnimh (bliain amháin oibríochta ar a laghad) a chur i láthair le haghaidh tríú páirtí le haghaidh acmhainneacht ghiniúna 350 MW ar a laghad le haghaidh sócmhainn táirgthe amháin atá lonnaithe i dtíortha an Aontais Eorpaigh, sa Ríocht Aontaithe nó i dtíortha CSTE ([76]);

(d) rátáil chreidmheasa 'grád infheistíochta' a bheith acu, rud a chiallaíonn an rátáil chreidmheasa seo a leanas le ceann de na gníomhaireachtaí rátála seo a leanas (nó a choibhéis): (i) Fitch: íosluach BBB-, (ii) S&P: íosluach BBB-, (iii) Moody's: íosluach Baa3 ([77]); agus

(e) ballraíocht ghníomhach a bheith acu in Oibreoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais ('OAML') amháin ar a laghad atá gníomhach sa Bheilg, le haghaidh trádáil leictreachais ([78]).

(148) Le linn théarma chonradh CSBF, tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas, i measc coinníollacha eile, maidir le comhpháirtí CSBF:

(a) conradh Páirtí atá Freagrach as Cothromú ('PFC') a bheith aige sa Bheilg le Elia;

(b) rátáil chreidmheasa 'grád infheistíochta' a bheith aige, rud a chiallaíonn an rátáil chreidmheasa seo a leanas le ceann de na gníomhaireachtaí rátála seo a leanas (nó a choibhéis): (i) Fitch: íosluach BBB-, (ii) S&P: íosluach BBB-, (iii) Moody: íosluach Baa3;

(c) ballraíocht ghníomhach a bheith aige in OAML amháin ar a laghad atá gníomhach sa Bheilg, le haghaidh trádáil leictreachais.

(149) Maidir le huainiú na tairisceana, áitíonn an Bheilg go bhfuil sé d'aidhm aici an tairiscint a thabhairt i gcrích in am trátha, faoin 15 Bealtaine 2025 ar a dhéanaí, ionas go mbeadh a dhóthain ama ag comhpháirtí CSBF na hullmhúcháin is gá a dhéanamh roimh atosú na nAonad OFT.

(150) Is éard atá sna seirbhísí a thairgtear, i ndáil leis na sócmhainní cumhachta, i measc seirbhísí eile (i) 'Seirbhísí ionadaíochta Sócmhainní Cumhachta réamhcheaptha agus réadaithe', (ii) 'Seirbhísí optamaithe agus oibríochtaí lá roimh ré ('DA') agus ionlae ('ID')', (iii) seirbhísí a bhaineann le hoibleagáidí rialála margaidh, (iv) seirbhísí conarthacha OCT na Beilge, agus (v) trádáil, rochtain ar an margadh agus anailís ar an margadh. Mar gheall ar an idirspleáchas idir na cúraimí éagsúla a liostaítear, agus an gnáthchleachtas margaidh chun na seirbhísí sin a chomhcheangal in aon chonradh tráchtála amháin chun éifeachtúlacht oibríochtúil a áirithiú, déanfar na seirbhísí sin a chomhtháthú i sainmhíniú aonair ar sheirbhís CSBF.

3.3.1.5.2. Díolacháin leictreachas OFT agus luach saothair do chomhpháirtí CSBF

(151) Shoiléirigh an Bheilg nach bhfuil comhpháirtí CSBF ag trádáil mar ghníomhaire ná thar ceann BE-NUC ach go bhfuil sé ag díol an leictreachais a ceannaíodh ós rud é gurb é úinéir an leictreachais sin é. Ina theannta sin, sa dearadh CD modhnaithe, faigheann comhpháirtí CSBF an t-údarás cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha chun úsáid éifeachtúil an stoic theoranta modhnuithe a dhreasú, agus chun freagairt níos fearr do chomharthaí margaidh (féach aithris (153) agus ina dhiaidh sin).

([75]) Chun bainistiú a dhéanamh ar phointí cliste tábhachtacha aonair sa mhargadh, tá gá le leagan amach oibríochtúil sonrach le hoiliúint thiomnaithe foirne. Cé go n-ordaítear do riarthóir, i gcur chuige caighdeánach, i gcás sócmhainní díláraithe ar mhéid níos lú, aon uair a tharlaíonn fadhb, an méid atá in easnamh a fháil a luaithe is féidir ar an margadh ionlae, ní leor cur chuige den sórt sin le haghaidh sócmhainní ar mhéid níos mó.

([76]) áirithítear leis an gcritéar sin go bhfuil an contrapháirtí in ann oibríochtaí a dhéanamh le haghaidh tríú páirtí agus go bhfuil creat conarthach láidir i bhfeidhm aige.

([77]) Tugtar isteach an critéar chun cumas réasúnta láidir chomhpháirtí CSBF a áirithiú chun a ghealltanais airgeadais a íoc.

([78]) Le ballraíocht OAML (Epexspot agus Nord Pool sa Bheilg),is é sin, eagraíocht a bhfuil sainordú aici na margaí leictreachais comhtháite lá roimh ré agus ionlae a reáchtáil, áirithítear rochtain ar an margadh ar mhargaí leictreachais. áirithítear leis an gcritéar sin gur féidir leis an iarrthóir rochtain a fháil ar na margaí trádála go tráthúil agus go bhfuil taithí leordhóthanach agus cothrom le dáta aige ar fheidhmiú an mhargaidh Eorpaigh.

(152) Áitíonn an Bheilg go bhfuil an tsocraíocht idir comhpháirtí CSBF agus BE-NUC bunaithe ar MLRR, chun teorainn a chur leis an riosca boinn le haghaidh BE-NUC, toisc go dtugann sé sin le tuiscint, in éineacht le híocaíocht difríochta BE-NUC trí CD i gcás inarb é PTM an praghas MLRR, go bhfaigheann BE-NUC an praghas ceangail (féach roinn 3.3.1.3.2) ([79]). Deimhníonn an Bheilg go mbeidh an comhpháirtí CSBF saor chun trádáil sa mhargadh dá rogha féin agus nach bhfuil sé d'oibleagáid air tairiscint a dhéanamh ar MLRR.

(153) Mar a mhínítear i roinn 2.1 agus aithris (109), ós rud é go bhfuil na hAonaid OFT teoranta do 30 modhnú in aghaidh an timthrialla, agus dá bhrí sin nach bhfuil an deis theicniúil agus rialála acu a n-aschur a mhodhnú tráth ar bith, modhnaíodh luach saothair chomhpháirtí CSBF chun dreasachtaí a sholáthar chun an úsáid is fearr a bhaint as an méid teoranta modhnuithe údaraithe. In ionad gan ach táille sheasta a bheith ann (arna cinneadh tríd an tairiscint), áirítear leis an bhfoirmle luach saothair mhodhnaithe táille athraitheach freisin (bunaithe ar fhoirmle réamhchinntithe agus ag brath ar an modhnú agus ar an íocaíocht socraíochta ceartúcháin). Leis an luach saothair sin, nochtar comhpháirtí CSBF do chuid den ioncam fabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhodhnú tráth praghsanna diúltacha (chomh maith le cuid den ioncam neamhfhabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhodhnuithe tráth praghsanna dearfacha, más ann dóibh), agus comhpháirtí CSBF á nochtadh go díreach do chostais éagothroime agus ionlae mar a leagtar amach thíos. Dá bhrí sin, is éard a bheidh sa táille athraitheach sciar céatadáin seasta ('alfa') den ioncam fabhrach, lena ndéanfar modhnú a thruicearú in DA, agus sciar céatadáin difreáilte ('béite') de chostais agus d'ioncam ionlae agus éagothroime, is é sin, na híocaíochtaí socraíochta ceartúcháin (a d'fhéadfadh a bheith comhdhéanta d'ioncam fabhrach ó mhodhnú in ID a thruicearú), lena ndéantar an méid seo a leanas:

(a) Cinntear alfa *ex-ante* ag 20 %. Socraítear an alfa ard go leor chun dreasachtaí leordhóthanacha a sholáthar le haghaidh cinntí modhnaithe optamacha, ach níl sé ró-ard ionas nach ndíspreagfaí rannpháirtithe tairisceana a bhfuil col riosca acu.

(b) Déantar an t-ioncam fabhrach ó mhodhnú a ríomh *ex-post* mar thoradh ar an méid aischeannaigh ar MLRR le haghaidh modhnú, agus an difríocht idir nialas agus an praghas MLRR.

(c) Déantar Béite a dhifreáil ach cinntear *ex ante* é freisin agus léiríonn sé dliteanas airgeadais chomhpháirtí CSBF mar PFC i gcás éagothromaíochtaí. I ndáil leis sin, áitíonn an Bheilg go bhfuil na himoibreoirí sách sean agus go bhféadfadh na hoibreacha is gá don Tionscadal OFT chomh maith leis na modhnuithe na rioscaí a bhaineann le múchadh neamhphleanáilte a mhéadú, rud a chruthaíonn éagothromaíochtaí. Thairis sin, tá na gléasraí faoi réir ceanglais slándála an-ard, rud a mhéadaíonn a thuilleadh na rioscaí a bhaineann le múchadh. An tráth céanna, cé go bhfuil margaí ionlae agus cothromúcháin na Beilge comhtháite níos mó agus níos mó le margaí comharsanachta, tá siad fós sách beag i gcomparáid le méid an dá imoibreoir. Mar thoradh air sin, laghdóidh aon mhúchadh an seans go n-aimseoidh PFC contrapháirtithe chun tionchar an mhúchta a mhaolú agus méadóidh sé go díréireach an riosca go dtiocfaidh ardú tobann ar phraghsanna mar thoradh ar an múchadh. Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg gur cheart luachanna éagsúla a bheith ag an mbéite ag brath ar chineál agus tionchar an teagmhais as a n-eascraíonn éagothroime, agus dreasachtaí iomchuí á gcoinneáil ag an am céanna don chomhpháirtí CSBF (mar PFC) chun míchothromaíochtaí a mhaolú ([80]). Mar sin féin, tá comhpháirtí CSBF fós neamhchosanta go hiomlán ó thaobh airgeadais de ar na míchothromaíochtaí uile a eascraíonn go príomha as dialltaí aschuir i gcomparáid leis an aschur tuartha, nó as botúin trádála.

(d) Is éard atá sa socraíocht cheartúcháin suim na n-íocaíochtaí ionlae agus na n-íocaíochtaí éagothroime, agus tá feidhm ag an mbéite maidir leis an dá rud. I gcás uair an chloig ar leith, d'fhéadfadh sé a bheith deimhneach agus/nó diúltach.

([79]) Úsáideann bainisteoirí fuinnimh córais gabhála comhaontuithe, agus córais bainistithe suíomhanna, chun sreafaí oibre a chuíchóiriú, lena gcuimsítear réamhaisnéisiú, barrfheabhsú, tairiscint cheantála, seoladh fíor-ama, agus socrú idirbheart. Go sonrach, logálann na córais sin gach idirbheart idir BE-NUC agus comhpháirtí CSBF, chomh maith le díolacháin agus malartuithe a bhaineann leis an margadh le OCT. Déantar na sonraí taifeadta a phróiseáil trí mhodúl socraíochta, a chomhshónn méideanna na n-idirbheart ina socraíochtaí airgeadais trí úsáid a bhaint as foirmlí conarthacha réamhshainithe. Cuirtear ráitis arna nginiúint ag an gcóras faoi bhráid BE-NUC go leictreonach lena n-athbhreithniú. Is féidir le BE-NUC é sin a chros-seiceáil agus, más gá, coigeartuithe a iarraidh.

([80]) Go háirithe, is é 100 % a bheidh sa bhéite i gcásanna 'ginte bunualaigh', 20 % i gcásanna 'modhnaithe eacnamaíoch', is é sin, suas le 30 uair in aghaidh na bliana, agus 8 % i dteagmhais múchta neamhphleanáilte, is é sin, i gcás teagmhais ardtionchair eisceachtúla, a tharlaíonn níos lú ná uair amháin sa bhliain agus in aghaidh an aonaid de ghnáth.

Fíor 3

Foirmle mhodhnaithe luach saothair CSBF

Luach saothair chomhpháirtí CSBF = Táille sheasta + Táille athraitheach

Táille athraitheach = alfa*ioncam fabhrach + béite*socraíocht cheartúcháin
Ioncam fabhrach = méid an aischeannaigh * (0 — praghas DA)
Socraíocht cheartúcháin = costais nó ioncaim ionlae agus éagothroime

(154) Tá feidhm ag an bhfoirmle a leagtar amach in Figure 3 maidir leis an méid iomlán le linn modhnuithe, mar shampla má tharlaíonn modhnú nuair a bhíonn praghsanna deimhneach (mar shampla le linn na dtréimhsí méadaithe agus laghdaithe aschuir) agus ní hamháin le linn tréimhsí praghsanna diúltacha ([81]). Íocann BE-NUC an táille athraitheach faoi CSBF, ach cuirfear na costais agus/nó na hioncaim sin ar aghaidh chuig BE-WATT faoi CLS.

(155) De réir na Beilge, tríd an bhfoirmle luacha saothair mhodhnaithe, dreasaítear comhpháirtí CSBF, i measc cinn eile, chun modhnuithe eacnamaíocha a úsáid ar bhealach optamach agus le linn an chreata ama lá roimh ré agus ionlae agus chun costais ionlae agus costais éagothroime a laghdú. Áitíonn an Bheilg go roghnaítear na paraiméadair alfa agus béite chun feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh a chaomhnú, agus rannpháirtithe tairisceana a bhfuil col riosca acu a dhíspreagadh ag an am céanna.

(156) Leis an bhfoirmle luacha saothair mhodhnaithe déanfar difear d'iompraíocht tairisceana na rannpháirtithe tairisceana le haghaidh na táille socraithe. Cuirfidh na tairgeoirí na buntáistí fabhracha ó mhodhnú (luach rogha) san áireamh ina dtairiscintí, chomh maith leis na costais agus na hioncaim fhéideartha a bhaineann le híocaíochtaí ionlae agus le híocaíochtaí éagothroime. Áitíonn an Bheilg, go míneofar sna doiciméid tairisceana an struchtúr (dreasachta) luacha saothair, ionas go mbeidh an acmhainneacht fhabhrach/neamhfhabhrach den fhoirmle luacha saothair mhodhnaithe trédhearcach do na tairgeoirí. Déanfaidh an Bheilg meastóireacht ar oiriúnacht fhoirmle luacha saothair (modhnaithe) chomhpháirtí CSBF agus ar chomhréireacht an mhargaidh agus éifeachtúlacht na ndreasachtaí a sholáthraíonn sí ar na margaí éagsúla. Déanfar an mheastóireacht 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis thús na n-oibríochtaí, ionas go bhféadfar athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar an gconradh nó ar thairiscint nua a eagrú, rud is féidir a dhéanamh tar éis 3,5 bliana ([82]). Mar sin féin, chun na dreasachtaí iomchuí a choinneáil do chomhpháirtí CSBF, ní féidir ach athbhreithniú aníos a dhéanamh ar na paraiméadair alfa agus béite ([83]).

(157) Áitíonn an Bheilg go ndéanann oiriúnú luach saothair CSBF dreasachtaí chomhpháirtí CSBF, a bhfuil an t-údarás cinnteoireachta modhnaithe eacnamaíoch aige (faoi réir chinneadh críochnaitheach an oibreora, mar shampla, i gcás imní sábháilteachta nó rialála), a ailíniú le comharthaí margaidh, agus aghaidh á tabhairt leis sin ar ábhair imní an Choimisiúin ina leith sin. Ag an am céanna, tá na dreasachtaí iomchuí ag comhpháirtí CSBF chun a chúram mar PFC a chomhlíonadh gan a bheith neamhchosanta go hiomlán ar éagothromaíochtaí nach bhfuil smacht aige orthu. Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go mbeidh comhroinnt faisnéise cruinn leanúnach ann (agus nuashonruithe tráthrialta maidir le hinfhaighteacht, cumais theicniúla, srl. na nAonad OFT san áireamh) idir BE-NUC, an t-oibreoir núicléach agus comhpháirtí CSBF chun gur féidir leis an gcomhpháirtí CSBF cinntí eolasacha maidir le modhnú eacnamaíoch a dhéanamh, agus cinntí éifeachtúla a dhéanamh.

([81]) Baineann sé sin leis na srianta teicniúla i ndáil le modhnuithe (féach aithris (13)).

([82]) Is féidir le BE-NUC deireadh a chur le CSBF go haontaobhach tar éis 3,5 bliain (42 mhí) tar éis dháta atosaithe an chéad aonaid núicléach. Is féidir le BE-NUC comhaontú nua a dhéanamh ina dhiaidh sin tar éis tairiscint nua faoi théarmaí éagsúla.

([83]) Beidh an mheastóireacht ar na paraiméadair alfa agus béite bunaithe ar an méid seo a leanas: (i) measúnú ar rannpháirtíocht agus toradh na tairisceana (d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na táscairí: líon agus cineál na dtairgeoirí, toradh na tairisceana i dtéarmaí praghais/costais, srl.), measúnú ar chinntí (neamh-mhodhnaithe) modhnaithe lena n-áirítear na hiarmhairtí (airgeadais) a bhaineann leo do na páirtithe lena mbaineann agus aird á tabhairt ar dhálaí margaidh (a bhfuiltear ag súil leo agus a réadaíodh) agus ar shrianta oibríochtúla/modhnaithe, agus (iii) measúnú ar chinntí trádála ar an margadh DA agus ar an margadh ionlae chomh maith le héagothromaíochtaí a eascraíonn astu ag imlíne PFC. Beidh an fhaisnéis foluiteach don mheastóireacht sin bunaithe ar shonraí a bhaileofar ó chomhpháirtí CSBF le linn chonradh CSBF chomh maith le sonraí ón oibreoir Electrabel trí BE-NUC agus Comhaontú O&C, agus aon fhaisnéis ábhartha phoiblí/mhargaidh a bhaineann leis an méid thuas.

(158) Deimhníonn an Bheilg freisin go bhforbróidh contrapháirtí CD (BE-WATT) straitéis bainistithe riosca dá suíomh oscailte, mar a fhoráiltear go dlíthiúil, agus go rannchuideoidh a cur chun feidhme le leachtacht leis na réamh-mhargaí leictreachais (féach aithris (99)). Tá glacadh na straitéise faoi réir comhairle ón rialtóir, lena gcuimseofar measúnú ar thionchar na straitéise ar na margaí leictreachais ábhartha.

3.3.1.5.3. Coimircí breise a bhaineann leis an mbainisteoir fuinnimh

(159) Roghnófar comhpháirtí CSBF i bprionsabal trí thairiscint thrédhearcach, oscailte agus iomaíoch (féach roinn 3.3.1.5.1). Is féidir le heintiteas trádála GEMS (*Global Energy Management & Sales* [Bainistíocht agus Díolacháin Fuinnimh Dhomhanda]), aonad gnó den ghrúpa Engie atá neamhspleách ó thaobh na bainistíochta de ar an aonad gnó Nuclear, páirt a ghlacadh sa tairiscint freisin. Rinneadh foráil maidir le forálacha agus bearta sonracha i gcás ina nglacann GEMS páirt sa phróiseas tairisceana chun próiseas cothrom a áirithiú.

(160) Áitíonn an Bheilg go ndéantar agus go gcuirfear chun feidhme bearta leordhóthanacha chun aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a chosc go héifeachtach. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na bearta sin mar seo a leanas:

(a) Le hIarraidh ar Fhaisnéis ceadaíodh tástáil mhargaidh, agus d'fhéadfadh aon pháirtí leasmhar téarmaí agus tograí éagsúla a mholadh sa chomhthéacs sin, lena n-áirithítear nach gcuimsítear sa tairiscint bacainní ar mhíbhuntáiste aon rannpháirtí leasmhar seachas GEMS (nó aon chuideachta de ghrúpa Engie). Níl agus ní bheidh baint ag Electrabel (ná aon chuideachta de chuid ghrúpa Engie) leis an bpróiseas chun na doiciméid tairisceana ('Doiciméid Fadfhoirme Tairisceana') a tharraingt suas tar éis (torthaí) Iarraidh ar Fhaisnéis.

(b) Le linn an phróisis tairisceana, dá nglacfadh GEMS páirt ann, fiú mar fhochonraitheoir nó in aon cháil eile, cuirtear cosc ar Electrabel (nó aon chuideachta de chuid ghrúpa Engie) agus ar a stiúrthóirí nó a ghníomhairí páirt a ghlacadh in aon chinneadh agus in aon phlé de chuid BE-NUC maidir leis an tairiscint (mar shampla, an cinneadh roghnúcháin agus an cinneadh dámhachtana).

(c) Ar an iomlán, laistigh d'eagraíocht Electrabel, bunaíodh dianbhacainní faisnéise agus constaicí eiticiúla agus leanfar dá mbunú idir daoine aonair atá freagrach as tairiscintí a chur isteach ag GEMS agus daoine aonair a bhfuil baint acu le bainistiú BE-NUC. Cuirfear na coimircí céanna i bhfeidhm i gcás ina dtoghfar GEMS ar deireadh mar chomhpháirtí CSBF trí phróiseas tairisceana rathúil.

(d) Má roghnaítear GEMS mar chomhpháirtí CSBF, beidh sé faoi réir na n-oibleagáidí céanna le PFC agus comhpháirtí conartha CSBF chomh maith leis an tacar céanna dreasachtaí margaidh agus atá ag aon iarrthóir eile. Go háirithe, mar chomhpháirtí CSBF, gheobhaidh sé luach saothair seasta agus inathraithe araon, rud a spreagfaidh barrfheabhsú an stoic modhnaithe atá i gcomhréir leis an margadh agus na hioncaim ó dhíol leictreachais. Ina theannta sin, gníomhóidh GEMS mar pháirtí faoi shainordú beacht arna shonrú ag STM nach ndéanfaidh sé maolú air. Cuimsítear leis na coimircí sin go ngníomhódh GEMS, i gcás ina mbainfeadh sé tairbhe as tairiscint CSBF, mar aon rannpháirtí eile i dtairiscint CSBF agus — trí chomhaontú CSBF agus an fhoirmle luach saothair mhodhnaithe a chur ar bun — go ndreasófaí é chun gníomhú de réir comharthaí margaidh.

(161) Má theipeann ar an bpróiseas tairisceana iarrthóir iomchuí a cheapadh, mar chúltaca deiridh, mura mbeidh aon CSBF tugtha i gcrích in am trátha, faoin 15 Bealtaine 2025 ar a dhéanaí, déanfaidh GEMS seirbhísí CSBF go sealadach. Déanfar na seirbhísí sin i gcomhréir le téarmaí a bheidh le comhaontú idir na páirtithe le linn tréimhse theoranta, ionas go mbronnfaidh BE-NUC CSBF trí phróiseas tairisceana eile. I gcás próiseas tairisceana rathúil, glacfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis feidhmiú sheirbhísí CSBF ar láimh ó GEMS a luaithe a bheidh an tréimhse ábhartha imithe in éag ar lena linn a rinne GEMS na seirbhísí sin. Níl aon teorainn leis an líon atairiscintí.

(162) Áitíonn an Bheilg go bhfuil gá leis an socrú sin agus go bhfuil sé oiriúnach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú (is é sin, díol an leictreachais arna ghiniúint ag na haonaid núicléacha), ach tá an réiteach sin teoranta go docht ó thaobh ama de agus don íosmhéid is gá.

(163) Mar chonclúid, áitíonn an Bheilg go gcinnteoidh sí go leanfaidh BE-NUC reachtaíocht agus prionsabail an tsoláthair phoiblí go dian. Cuireann an próiseas forleathan comhairliúcháin coimircí breise ar fáil lena n-áirithítear go gceannaítear seirbhísí trí phróiseas tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach. Dá bhrí sin, measann an Bheilg go seachnaítear aon riosca maidir le foriamh margaidh agus cleachtais fhrithiomaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith ag Engie agus gur glacadh na bearta agus na coimircí uile chun a áirithiú go gceapfar comhpháirtí neamhspleách CSBF. Mar chúltaca amháin, sholáthródh GEMS na seirbhísí sin go sealadach, rud atá riachtanach agus oiriúnach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú.

3.3.1.6. Fobhearta eile

(164) Dhá fhobheart eile atá mar chuid den idirbheart, is iad sin an Comhaontú um Sheirbhísí Riaracháin ('CSR') idir Electrabel agus BE-NUC, agus comhaontú lena sonraítear socruithe slánaíochta le haghaidh caillteanais ó thaobh costais a chumhdach, i gcás nach dtabharfar i gcrích an comhaontú. Míníodh na fobhearta sin i ranna 3.3.10 agus 3.3.11 den Chinneadh Tosaigh.

3.3.2. *Comhchuid 2: Uasteorainn ar dhliteanas an oibreora núicléach maidir le stóráil fhadtéarmach agus diúscairt deiridh dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta.*

3.3.2.1. Prionsabail ghinearálta maidir le bainistiú dramhaíola núicléiche

(165) Mar a mhínítear in aithris (121) den Chinneadh Tosaigh, tá an creat reachtach is infheidhme maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta san Aontas bunaithe ar an dá bhunphrionsabal seo a leanas: (i) an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' ([84]), agus (ii) freagracht deiridh na mBallstát (lena n-áirítear freagracht airgeadais) as bainistiú freagrach agus sábháilte (lena n-áirítear diúscairt) breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ([85]).

(166) Mar a mhínítear i roinn 3.4.2 den Chinneadh Tosaigh faoi na rialacháin atá ann faoi láthair sa Bheilg tá an t-oibreoir núicléach freagrach ó thaobh airgeadais de (tríd an gcuideachta soláthair núicléach, Synatom, agus in éineacht le EDF Belgium agus Luminus ('na Cuideachtaí Rannpháirteacha')), agus tá sé freagrach go hoibríochtúil as na seacht ngléasra cumhachta núicléiche a dhíchoimisiúnú chomh maith leis an dramhaíl radaighníomhach agus an breosla spíonta a chóiriú agus a bhainistiú agus as a stóráil fhadtéarmach tar éis do ONDRAF/NIRAS é a ghlacadh go dtí go ndéanfar é a dhiúscairt go críochnaitheach. Tá na forálacha núicléacha maidir le breosla spíonta agus dramhaíl díchoimisiúnaithe á maoiniú ag Electrabel agus ag na Cuideachtaí Rannpháirteacha, arna mbainistiú ag Synatom, agus tá siad faoi réir rialú stuamachta údaráis phoiblí neamhspleách, an Coimisiún um Sholáthar Núicléach ('CPN/CNV'). Mar a tugadh faoi deara in aithrisí (123) go (125) den Chinneadh Tosaigh, áitíonn an Bheilg go gcoinneoidh Electrabel freagrachtaí áirithe mar oibreoir aonair na nAonad OFT, mar thoradh ar (i) reachtaíocht na hEorpa agus na Beilge, agus (ii) oibleagáidí conarthacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme, agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' á urramú leis sin.

(167) Is iad CPN/CNV agus ONDRAF/NIRAS na húdaráis mhaoirseachta sa Bheilg:

(a) Dréachtaíonn ONDRAF/NIRAS tuarascáil chuimsitheach fardail le haghaidh gach táirgeoir dramhaíola radaighníomhaí sa Bheilg (gach 5 bliana) agus déanann sé meastóireacht ar na cistí chun na dliteanais núicléacha chomhfhreagracha a bhainistiú.

(b) Déanann CPN/CNV athbhreithniú (gach 3 bliana) ar na modhanna a úsáidtear chun na forálacha núicléacha a ríomh chomh maith lena n-oiriúnacht agus glanluach láithreach (GLL) na ndliteanas a bheidh ann amach anseo i gcuntais Synatom (iniúchadh a dhéanamh ar an modheolaíocht, ar an gcás tagartha, srl.).

([84]) Airteagal 4(3), pointe (e), de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48), lena gceanglaítear '*go n-íocfaidh na daoine a ghin na hábhair sin na costais a bhaineann le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú*'.

([85]) Airteagal 4(1) agus Airteagal 9 de Threoir 2011/70/Euratom.

(168) Mar a luaitear in aithris (129) agus Tábla 4 den Chinneadh Tosaigh, bunaithe ar an athbhreithniú tríbhliantúil deireanach ar CPN/CNV i mí Iúil 2023, is é EUR 18 225 mhilliún méid iomlán reatha na bhforálacha a bhaineann le dliteanais núicléacha, arb é atá ann forálacha maidir le gníomhaíochtaí díchóimeála (EUR 8 122 mhilliún), bainistiú breosla spíonta (EUR 9 070 milliún) agus dramhaíl oibríochtúil (EUR 1 033 mhilliún) ([86]).

3.3.2.2. Comhaontú maidir le 'Caidhp Dramhaíola'

(169) Mar chuid den chaibidlíocht ar an Tionscadal OFT, tháinig Engie agus Stát na Beilge ar chomhaontú maidir le caidhp ar dhliteanas fadtéarmach táirgeoirí dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as leictreachas a tháirgeadh trí fhuinneamh núicléach (an comhaontú maidir le 'Caidhp Dramhaíola'), chun éiginnteacht ina leith sin a laghdú (féach roinn 3.4.3 den Chinneadh Tosaigh). Leis an gcomhaontú maidir le 'Caidhp Dramhaíola', déantar foráil maidir le haistriú dliteanas airgeadais i ndáil le táirgeadh, coinneáil nó úinéireacht dramhaíola radaighníomhaí cóirithe agus breosla spíonta ó gach ceann de na seacht n-aonad núicléacha sa Bheilg, faoi réir na gcritéar aistrithe conarthach ábhartha, agus tar éis iad a chomhlíonadh, ón oibreoir núicléach (Electrabel) chuig Stát na Beilge in aghaidh cnapshuim a íoc ([87]).

(170) Bunaíodh an cnapshuim sin in aghaidh na catagóire dramhaíola núicléiche. Mar a mhínítear in aithris (131) den Chinneadh Tosaigh, is féidir dramhaíl núicléach radaighníomhach a roinnt ina trí chatagóir, i gcomhréir leis an aicmiú stairiúil raideolaíoch arna dhéanamh ag ONDRAF/NIRAS agus i gcomhréir le haicmiú na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA): catagóir A-dramhaíl (dramhaíl ghearrshaolach lena mbaineann leibhéal íseal nó idirmheánach radaighníomhaíochta); catagóir B-dramhaíl (dramhaíl fhadsaolach lena mbaineann leibhéal íseal nó idirmheánach radaighníomhaíochta); agus catagóir C-dramhaíl (dramhaíl ghearrshaolach agus fhadsaolach lena mbaineann ardleibhéal radaighníomhaíochta) agus breosla spíonta.

(171) Léirítear i Table 13 thíos leithdháileadh na bhforálacha atá ann cheana de EUR 18 225 mhilliún idir Electrabel (EUR 8 410 milliún) agus Rialtas na Beilge (EUR 9 815 mhilliún), de réir an chomhaontaithe maidir le Caidhp Dramhaíola, agus cuimsítear leis an leithdháileadh in aghaidh na catagóire dramhaíola.

Tábla 13

Miondealú ar an gcomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola

Méid (EUR milliún)	Dliteanas Stát na Beilge (tar éis an aistrithe)				Dliteanas Engie	Forálacha (Deireadh na bliana 2022)
	Catagóir A	Catagóir B	Catagóir C	Iomlán		
Meastachán ar an mbunchostas *(gan teagmhais)*	1 465	496	4 797	6 758	7 171	13 929
Teagmhais	145	179	2 732	3 056	1 240	4 296
Bunmhéid	**1 611**	**675**	**7 528**	**9 815**	**8 410**	**18 225**
Préimh riosca	1 889	325	2 972	5 185		5 185
Méid Caidhpeáilte	**3 500**	**1 000**	**10 500**	**15 000**	**8 410**	**23 411**

Foinse: Freagra údaráis na Beilge ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 1 Deireadh Fómhair 2024

([86]) Déanann iniúchóirí seachtracha Engie (Deloitte) iniúchadh ar na forálacha maidir le dramhaíl oibríochtúil mar chuid dá n-athbhreithniú bliantúil iniúchóireachta.

([87]) Sa Chinneadh seo, leis an 'Comhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola' tagraítear don uasteorainn ar dhliteanas fadtéarmach táirgeoirí dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as leictreachas a tháirgeadh trí fhuinneamh núicléach, agus le 'socrú dramhaíola' tagraítear do theaglaim na bhfobheart uile faoi Chomhchuid 2, is é sin, cur i gcás an comhaontú maidir le díchóimeáil agus díchoimisiúnú, srl.

(172) Níor leasaíodh prionsabail an chomhaontaithe maidir le Caidhp Dramhaíola agus tugtar tuairisc orthu in aithris (133) den Chinneadh Tosaigh. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar a leanas:

(a) 'Méideanna caidhpeáilte': Socraíodh íocaíocht chnapshuime, lena n-áirítear préimh riosca agus innéacsaithe ag 3 % in aghaidh na bliana ón 31 Nollaig 2022, le haghaidh gach catagóire dramhaíola radaighníomhaí a chomhlíonann na critéir aistrithe chonarthacha, arb ionann í agus méid iomlán EUR 15 bhilliún (EUR 3,5 billiún do chatagóir A, EUR 1 bhilliún do chatagóir B agus EUR 10,5 billiún do chatagóir C — féach Table 13). Mar a luaitear in aithrisí (134) agus (135) den Chinneadh Tosaigh agus mar a léirítear i Table 13, áitíonn an Bheilg an méid seo a leanas:

— tá na méideanna is bun leis na Méideanna Caidhpeáilte bunaithe ar an bhfardal dramhaíola a úsáidtear le haghaidh athbhreithniú CPN/CNV 2022 ar na forálacha núicléacha agus ar chás tagartha tionsclaíoch ONDRAF/NIRAS agus an oibreora núicléach (arb iad an meastachán is fearr iad faoi láthair ar mhéid na dramhaíola núicléiche cóirithe agus an bhreosla spíonta a tháirgeann na seacht ngléasra cumhachta núicléiche (agus atá le táirgeadh) i gcás gan OFT), agus

— is toradh é luach na Méideanna Caidhpeáilte ar phréimh riosca a chur i bhfeidhm ar na forálacha núicléacha atá ann cheana.

(b) 'Creidmheasanna méid': Comhfhreagraíonn an méid (cnapshuim) caidhpeáilte in aghaidh na catagóire dramhaíola do chreidmheas méid le haghaidh méideanna réamhchinntithe, lena soláthraítear dreasacht don oibreoir núicléach táirgeadh dramhaíola núicléiche a íoslaghdú.;

(c) 'Táillí coigeartuithe méid': Nuair a úsáidtear creidmheas méid catagóire dramhaíola ina iomláine, ní mór méid breise a íoc le haghaidh gach creidmheasa méid breise is gá. Bunaítear na méideanna mar an meán uimhríochtúil idir (i) 'méid caidhpeáilte' na catagóire dramhaíola roinnte ar líon 'creidmheasanna méid' na catagóire sin agus (ii) an costas imeallach a bhaineann le creidmheas méid breise amháin;

(d) 'Critéir Aistrithe Chonartha' ('CAC'): Maidir le gach cineál pacáiste dramhaíola núicléiche, bunaíodh critéir aistrithe chonarthacha, lena sainítear na critéir nach mór do gach pacáiste dramhaíola agus breosla spíonta a chomhlíonadh chun go n-aistreofar an fhreagracht airgeadais chuig an eintiteas poiblí Hedera (féach aithris (178) thíos). Is ar an oibreoir núicléach i gcónaí atá an fhreagracht (agus na costais ghaolmhara) as dramhaíl radaighníomhach a thabhairt i gcomhréir le CAC.

(173) Mar a luaitear in aithris (107)(a) agus a mhínítear go mion i ranna 3.4.5.1 agus 3.4.5.2 den Chinneadh Tosaigh, tá bunú EUR 15 bhilliún de Mhéideanna Caidhpeáilte bunaithe ar mhéid reatha fhorálacha núicléacha an oibreora núicléach (an bunmhéid) agus préimh riosca. Shoiléirigh an Bheilg go n-áirítear sa bhunmhéid cheana corrlaigh le haghaidh teagmhas, neamhchinnteachtaí agus rioscaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le díchóimeáil, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, agus bainistiú breosla spíonta. Mínítear na forálacha maidir le híocaíocht na Méideanna Caidhpeáilte i roinn 3.4.5.3 den Chinneadh Tosaigh agus níor leasaíodh iad.

(174) Shoiléirigh an Bheilg go n-áirítear cheana féin sna Méideanna Caidhpe atá le haistriú chuig Stát na Beilge na dliteanais dramhaíola núicléiche stairiúla agus mheasta uile a bheidh ann amach anseo (go dtí dáta deiridh dlíthiúil bunaidh ghléasraí cumhachta núicléiche uile na Beilge in 2025). Dá bhrí sin, tá an dramhaíl núicléach agus an breosla spíonta uile a tháirgeann, nó atá le táirgeadh, ag gléasraí cumhachta na Beilge le linn a saolré oibriúcháin dhlíthiúil curtha san áireamh cheana féin sna Méideanna Caidhpeáilte.

(175) Soiléiríonn an Bheilg freisin nach mbeifear ar an eolas faoi mhéid iarbhír na dramhaíola go dtí go ndéanfar an dramhaíl a chóiriú agus a aistriú go fisiciúil chuig Stát na Beilge. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an gcnapshuim EUR 15 bhilliún ach méideanna réamhchinntithe na dramhaíola lena mbaineann (na creidmheasanna méid) a comhaontaíodh sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme. Má tá méid iarbhír na dramhaíola lena mbaineann a tháirgtear níos mó ná na creidmheasanna méid, íocfaidh Engie táille coigeartaithe méid le haghaidh gach creidmheasa méid breise (féach aithris (133) den Chinneadh Tosaigh).

(176) Ar an gcaoi chéanna, maoineoidh BE-NUC agus Luminus gach dramhaíl oibríochtúil ('Dramhaíl OFT'), agus breosla spíonta ('Breosla Spíonta OFT'), a eascraíonn as síneadh saolré na nAonad OFT le haghaidh gach méid incriminteach dramhaíola. Le haghaidh gach méid incriminteach dramhaíola OFT agus breosla spíonta OFT, beidh gá le dhá shraith íocaíochtaí.

(a) Dramhaíl OFT: cumhdaítear dhá chineál costas le costais dramhaíola oibríochtúla OFT mar a shainmhínítear sa Chomhaontú O&C:

— íocaíocht na gCostas Láimhseála Dramhaíola OFT is iníoctha le Electrabel chun dramhaíl OFT a láimhseáil, a chóireáil agus a chóiriú ('Seirbhísí Láimhseála Dramhaíola OFT') chun Pacáiste Dramhaíola OFT a ullmhú; agus

— táillí Coigeartaithe Méid Dramhaíola OFT, lena gcumhdaítear íocaíocht na gcostas arna dtabhú tar éis na dliteanais dramhaíola núicléiche a aistriú chuig Hedera ([88]).

(b) Seirbhísí bainistithe breosla spíonta OFT: íocfar costais chúil le haghaidh breosla spíonta bunaithe ar tháille innéacsaithe le haghaidh aon bhreosla spíonta incriminteach a eascraíonn as an Tionscadal OFT ([89]).

(177) Soiléiríonn an Bheilg freisin go mbreithnítear leis an tSamhail Airgeadais Shínithe Dramhaíl OFT agus costais bainistithe breosla spíonta OFT nó costais chúil, a mheastar a bheith thart ar EUR 0,9 milliún in aghaidh na cóimeála (i luachanna 2022), a bhfuil thart ar EUR 0,3 milliún de sin in aghaidh na cóimeála le haghaidh na stórála ar an láthair agus thart ar EUR 0,6 milliún in aghaidh na cóimeála le haghaidh Táille Coigeartaithe Méid Dramhaíola OFT le haghaidh Breosla Spíonta.

(178) Mar a mhínítear i roinn 3.4.4 den Chinneadh Tosaigh, chruthaigh an Bheilg institiúid phoiblí sui generis nua, Hedera, a bhfuil dhá ról aici:

(a) Na sócmhainní atá tiomnaithe do mhaoiniú ghealltanais fhadtéarmacha Stát na Beilge maidir le dramhaíl núicléach agus breosla spíonta a bhainistiú agus a dhaingniú; agus

(b) Obair leantach agus rialú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le bainistiú na ndliteanas dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta a aistríodh, faoi rialú údaráis phoiblí neamhspleách (CPN/CNV).

(179) Ní mór méideanna na Caidhpe Dramhaíola a fhaigheann Hedera a dhaingniú agus a infheistiú, chun an toradh is gá a ghiniúint chun na costais a bhaineann le bainistiú na dramhaíola aistrithe a íoc nuair a bheidh siad dlite. Is ciste leithscartha é Hedera faoi rialú maoirseachta CPN/CNV, an chuideachta náisiúnta tiomnaithe a bhfuil phríomhról aige maidir le bainistiú, rialú agus úsáid chuí na gcistí a áirithiú agus a urrú ([90]). Léirítear é sin sa dá ról atá ag Hedera, trína áirithiú: (i) go bhfuil na méideanna a fhaightear urraithe agus go ngineann siad na torthaí is gá ([91]),

([88]) Beidh Táillí Coigeartaithe Méid Dramhaíola OFT innéacsaithe den sórt sin iníoctha le Electrabel a luaithe a tháirgfear Pacáiste Dramhaíola OFT nó nuair a bheidh a tháirgeadh cinnte. Cumhdófar leis an táille sin stóráil Dhramhaíl OFT. Tá an Táille Coigeartaithe Dramhaíola OFT le haghaidh gach catagóire dramhaíola beartaithe cheana féin in Airteagail 16 go 18 de Dhlí Phoenix.

([89]) Is éard atá sa táille sin: (i) na costais stórála uile ar an láthair arna dtabhú ag Electrabel go dtí 2050 sula n-aistrítear an láithreán chuig Stát na Beilge agus (ii) na costais uile a bhaineann le ONDRAF/NIRAS tar éis an aistrithe is iníoctha le Hedera. Rinneadh meastachán cheana féin ar na costais stórála ar an láthair in aghaidh na cóimeála agus socraíodh an Táille Coigeartaithe Méid le haghaidh an Bhreosla Spíonta agus déantar foráil maidir leis sin in Airteagail 16 go 18 de Dhlí Phoenix.

([90]) Cur i bhfeidhm Mholadh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le hacmhainní airgeadais a bhainistiú chun suiteálacha núicléacha, breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a dhíchoimisiúnú agus an Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí.

([91]) Chun a áirithiú go bhfásfaidh an chnapshuim go leordhóthanach le himeacht ama, bunaítear coiste infheistíochta (ina mbeidh triúr saineolaithe airgeadais neamhspleácha, cathaoirleach choiste bainistíochta SPF Economy, oifigeach infheistíochta Hedera, ionadaí ó Ghníomhaireacht Fiachais na Beilge, agus ionadaí ó SPFIM) laistigh de Hedera chun comhairle a chur ar choiste bainistíochta Hedera maidir leis an straitéis infheistíochta, bainistiú riosca, i measc nithe eile.

agus (ii) go ndéantar rialú leordhóthanach ar chostais bhainistiú na dramhaíola agus an bhreosla spíonta agus ar na dliteanais aistrithe ([92]). Ina theannta sin, ní mór na hacmhainní airgeadais a imfhálú go leordhóthanach ó bhuiséad ginearálta Stát na Beilge (dá bhforáiltear i nDlí Hedera), ionas nach n-úsáidfear iad ach amháin chun íoc as na costais as an stóráil fhadtéarmach agus as an stóráil deiridh agus nach féidir iad a úsáid chun críoch eile ná chun aon easnamh buiséid amach anseo a iompar.

(180) Áitíonn an Bheilg go bhfuil bearta maolaithe riosca eile san áireamh sa Chomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola agus go bhfuil bearta maolaithe riosca ag gabháil leis, mar shampla:

(a) Dianchritéir Aistrithe Chonartha ('CAC') a áireamh: Tá aistriú dliteanas dramhaíola núicléiche ag brath ar chomhlíonadh na CACanna. Déantar íocaíocht chnapshuime na Caidhpe Dramhaíola sula ndéantar pacáistí dramhaíola núicléiche a bheidh ann amach anseo a aistriú go héifeachtach chuig Stát na Beilge agus tá sé ag brath ar urraim a bheith á tabhairt do CACanna ag an oibreoir núicléach. Tugann sé sin le tuiscint go leanfaidh an t-oibreoir núicléach de bheith faoi dhliteanas i leith na gcostas dramhaíola núicléiche uile a bhaineann le neamhchomhlíonadh CACanna.

(b) Leagtar síos na CACanna ar leibhéal an tsrutha dramhaíola le haghaidh dramhaíl chatagóir A, chatagóir B agus chatagóir C: Cé go leagtar síos na creidmheasanna méid in aghaidh na catagóire dramhaíola, déantar foráil maidir le comhlíonadh CACanna ar leibhéal an tsrutha dramhaíola. Cuireann sé sin teorainn le riosca Stát na Beilge go mbeidh air sruthanna dramhaíola gan choinne a bhainistiú amach anseo, agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt don oibreoir núicléach sna blianta amach romhainn.

(c) Dramhaíl chatagóir X: Mar a luaitear i bhfonóta 69 den Chinneadh Tosaigh, chun Stát na Beilge a chosaint a thuilleadh ar shruthanna dramhaíola gan choinne a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn dhíchoimisiúnú na n-imoibreoirí núicléacha, déantar foráil sa socrú dramhaíola freisin maidir le sásra chun déileáil leis an dramhaíl núicléach uile nár sainaithníodh an 31 Nollaig 2022. Tagraítear don dramhaíl sin mar 'dhramhaíl chatagóir X'. Déantar foráil maidir le sásra chun gur féidir dramhaíl chatagóir X a aistriú tar éis coinníollacha airgeadais agus teicniúla an aistrithe a chomhaontú.

(d) Caomhnú eolais agus fothú acmhainneachta na bpáirtithe náisiúnta: bhí an t-aistriú eolais ón oibreoir núicléach chuig gníomhaireacht bainistithe dramhaíola núicléiche na Beilge (ONDRAF/NIRAS) ina ábhar tábhachtach mar chuid den socrú dramhaíola. Bhí sé ina thosaíocht ag Stát na Beilge eolas an oibreora núicléach a ghabháil agus a chaomhnú sular múchadh a tháirgeadh cumhachta go cinntitheach in 2035, agus oibríochtaí SF2 in 2050 ([93]). Le haistriú na dramhaíola stairiúla, aistrítear an fhaisnéis uile atá ar fáil maidir leis na pacáistí dramhaíola a táirgeadh cheana féin agus an fhaisnéis uile a bhaineann lena dtáirgeadh, lena n-áirítear tuarascálacha teicniúla, líníochtaí teicniúla agus an tsamhail a úsáidtear le haghaidh ríomhanna ríomhaireachta, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Comhaontaítear nach mór creat le haghaidh aistriú den sórt sin a chomhaontú cheana féin idir ONDRAF/NIRAS agus an t-oibreoir tráth a dhúnta. Meastar gur cuspóir coiteann é saineolas agus oiliúint fhoireann ONDRAF/NIRAS a chomhroinnt go fadtéarmach chun go ndéanfaidh an t-oibreoir núicléach agus Stát na Beilge bainistiú fadtéarmach sábháilte ar dhramhaíl núicléach agus ar bhreosla spíonta. Beidh caomhnú fadtéarmach eolais núicléach agus fothú acmhainneachta na bpáirtithe náisiúnta ríthábhachtach chun na costais a bhaineann le bainistiú fadtéarmach dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta a choinneáil i gcomhréir leis na toimhdí a dhéantar sa socrú dramhaíola.

([92]) Gach 5 bliana, ní mór do ONDRAF/NIRAS plean a chur faoi bhráid Hedera lena fhormheas, ina leagtar amach na seirbhísí a bhfuil freagracht airgeadais glactha ag Hedera ina leith, na hacmhainní, agus na hinfheistíochtaí is gá dóibh chun go mbeidh siad in ann an plean sin a chur chun feidhme, mar aon leis na ríomhanna costais a ghabhann leis. Déanann Hedera anailís ar an bplean, iarrann sé comhairle ó CPN/CNV agus formheasann sé (nó ní fhormheasann sé) an plean 5 bliana. Gach bliain (ar feadh ré an phlean 5 bliana sin) cuireann ONDRAF/NIRAS plean bliantúil mionsonraithe don bhliain féilire dár gcionn faoi bhráid Hedera lena fhormheas. Formheasann Hedera an plean, arís tar éis comhairle a fháil ó CPN/CNV. Ina theannta sin, ní íocfaidh Hedera ach na sonraisc a sheol ONDRAF/NIRAS chuige faoi na coinníollacha seo a leanas: (i) go bhfuil na méideanna arna n-éileamh i gcomhréir leis an bplean cúig bliana is infheidhme agus leis an bplean bliantúil mionsonraithe, (ii) go bhfuil údar leis na méideanna a éilítear trí fheidhmíocht iarbhír, agus (iii) go mbaineann na méideanna arna n-éileamh le costais iarbhír na ngníomhaíochtaí a rinneadh.

([93]) Mar a cheanglaítear le Treoir 2011/70/Euratom. Leis an Treoir seo, ceanglaítear ar na Ballstáit pleanáil a dhéanamh maidir le hoideachas agus oiliúint, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, chun riachtanais an chláir náisiúnta um bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a chumhdach chun an saineolas agus na scileanna is gá a fháil, a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, bainistiú fadtéarmach sábháilte agus slán na dramhaíola núicléiche agus an bhreosla spíonta a cheadú.

(e) Rialú stuamachta ar na cistí aistrithe: Is íocaíocht aon-uaire í íocaíocht na Méideanna Caidhpeáilte atá ceaptha gach dliteanas núicléach aistrithe a chumhdach go dtí go ndúnfar an stór dramhaíola núicléiche deiridh sa Bheilg tar éis 2100. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach caiteachas agus torthaí infheistíochta an mhéid aistrithe a rialú chun a ráthú gurb ann do na hacmhainní airgeadais is gá, go bhfuil siad ar fáil agus go bhfuil siad leordhóthanach chun na hoibleagáidí airgeadais uile lena mbaineann a chumhdach. Lean Stát na Beilge i ndáil leis sin an tuairim ó CPN/CNV bunaithe ar Mholadh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún (féach fonóta 93):

— Is comhlacht poiblí neamhspleách é Hedera, an ciste poiblí a bhainistíonn na forálacha maidir le dramhaíl núicléach, a thuairiscíonn go díreach do Pharlaimint na Beilge lena n-áirithítear trédhearcacht agus neamhspleáchas;

— Tá acmhainní airgeadais Hedera imfhálaithe: ní féidir iad a úsáid ach amháin chun na críche dár cruthaíodh agus dár bainistíodh iad (féach aithris (179));

— Tá pleanáil bhuiséadach Hedera faoi réir rialú agus mhaoirseacht CPN/CNV;

— Tá beartas infheistíochta éagsúlaithe agus col riosca ag Hedera lena n-áirithítear toradh dearfach thar thréimhse fhada ama; agus

— Cuireann Hedera a chostais faoi bhráid CPN/CNV chun a áirithiú gur féidir acmhainní airgeadais oiriúnacha a chur ar fáil do ONDRAF/NIRAS go tráthúil.

(f) Pacáiste slándála le haghaidh dliteanais núicléacha neamhchaidhpeáilte: féach roinn 3.3.2.4.

(181) Mar a tugadh faoi deara in aithris (172) den Chinneadh Tosaigh, aithníonn an Bheilg go bhfuil tionchar dearfach ag an gcomhaontú maidir leis an dramhaíl núicléach ar phróifíl riosca an oibreora núicléach, ós rud é go gcumhdófar cuid mhór dá dhliteanais núicléacha leis na Méideanna Caidhpeáilte, agus go dtugann an phróifíl riosca éagsúil sin údar le hathbhreithniú ar an bpacáiste beart, agus go n-éilíonn sí athbhreithniú air, chun sábháilteacht agus maoirseacht staid airgeadais an oibreora núicléach a áirithiú: tugann an íocaíocht chnapshuime EUR 15 bhilliún le Hedera údar le sócmhainní neamh-Eorpacha Electrabel a scaoileadh ó imlíne Electrabel (agus leis an monatóireacht a ghabhann leis ar CPN/CNV). Áiritheoidh Engie, mar mháthairchuideachta Francach Electrabel, go bhfanfaidh ar a laghad EUR 4 bhilliún de shócmhainní (luach cothromais amhail ón 30 Meitheamh 2023) in Electrabel tráth a thabharfar i gcrích an comhaontú idir Stát na Beilge agus Electrabel. Ina theannta sin, deonaíonn Engie ráthaíocht máthairchuideachta neamhtheoranta agus neamh-inchealaithe ar an gcéad iarraidh le haghaidh (i) oibleagáidí díchoimisiúnaithe Electrabel (lena n-áirítear freisin an riosca nach leor luach na bhforálacha), (ii) riosca méid faoin uasteorainn agus (iii) aisíoc iasachtaí (atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo) le Synatom.

(182) Measann an Bheilg, leis na dliteanais aistrithe maidir le dramhaíl núicléach agus na dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT, nach dtugtar buntáiste eacnamaíoch do Electrabel ná do na Cuideachtaí Rannpháirteacha, ós rud é go léiríonn siad go cuí an riosca a bhaineann le luaineachtaí costais ina dhiaidh sin arna nglacadh ar láimh ag an Stát, agus go bhfuil bunú an aistrithe riosca de chineál go nglacfadh infheisteoir príobháideach é a sheasamh.

3.3.2.3. Údair bhreise maidir leis an bhfachtóir lascaine agus an phréimh riosca

3.3.2.3.1. Fachtóir lascaine

(183) Áitíonn an Bheilg gur ríomhadh na forálacha núicléacha a bhailigh an t-oibreoir núicléach/Synatom roimh an gCaomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola, trí úsáid a bhaint as fachtóir lascaine 2,5 % le haghaidh gníomhaíochtaí díchóimeála (lena n-áirítear dramhaíl a dhíchóimeáil) agus fachtóir lascaine 3 % le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile a bhaineann le breosla spíonta (mar a chinn CPN/CNV le linn an athbhreithnithe thríbhliantúil ag deireadh 2022).

(184) Soiléiríonn an Bheilg go bhfuil údar le dhá ráta lascaine éagsúla a úsáid chun na forálacha a ríomh (dliteanais díchóimeála i gcomparáid le dliteanais breosla spíonta) mar gheall ar an difríocht san fhad tréimhse agus go léiríonn sé an t-amluach airgid ([94]).

([94]) Déantar forálacha maidir le díchóimeáil a lascainiú ag ráta lascaine 2,5 % mar gheall ar a dtréimhse ama níos giorra (fad 11,4 bliain). Os a choinne sin, tá soláthairtí le haghaidh breosla spíonta faoi réir ráta lascaine níos airde 3 % chun tréimhse ama níos faide a chur san áireamh (fad 30 bliain).

(185) Mar a tugadh faoi deara in aithris (198), níl i gceist leis an gcomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola ach aistriú dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta aistrithe chuig Stát na Beilge, agus fanann dliteanais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála leis an oibreoir núicléach (seachas na neamhréireanna arb é an Tionscadal OFT is cúis leo, féach aithris (199)). Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg gur coinníodh fachtóir lascaine uathúil 3 % (fíor-ráta 1 % + 2 % boilsciú) chun luach láithreach na ndliteanas dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta a ríomh chun a chur san áireamh go bhfuil fad níos faide ag na dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta ná na dliteanais díchoimisiúnaithe (féach aithris (148) den Chinneadh Tosaigh).

(186) D'iarr an Bheilg comhairle CPN/CNV maidir leis an bhfachtóir lascaine is iomchuí a bhí le húsáid chun an Chaidhp Dramhaíola a ríomh ([95]). Mar a luaitear in aithris (149) den Chinneadh Tosaigh, mhol CPN/CNV an fachtóir lascaine le haghaidh dliteanais dramhaíola núicléiche/díchoimisiúnaithe agus breosla spíonta a choigeartú, agus cur chuige dhá chéim á chur i bhfeidhm, arb é atá ann fachtóir lascaine a chur i bhfeidhm bunaithe ar an ráta iarbhír 30 bliain OLO de 3,17 % don chéad 30 bliain, agus fachtóir lascaine 2,17 % a chur i bhfeidhm bunaithe ar mheastachán bunaithe ar ráta OLO an ráta saor ó riosca le haghaidh na 30 bliain ina dhiaidh sin.

(187) Meabhraíonn an Bheilg, go raibh an tréimhse chaibidlíochta fada (1,5 bliain), agus gurbh é an gá a bhí le leibhéal áirithe intuarthachta a bheith ann maidir leis an bhfachtóir lascaine a úsáideadh sa chaibidlíocht le Engie ba chúis leis an rogha, le haghaidh fachtóir lascaine aonair 3 %. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil tionchar díreach ag an bhfachtóir lascaine ar ríomh an chnapshuime atá le haistriú. Míníonn an Bheilg gur úsáideadh an mhodheolaíocht a d'úsáid CPN/CNV ina chomhairle ó 2023 níos déanaí, in éineacht leis an Réamhráta Deiridh ('RRD') ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ('ÚEÁPC') ([96]) mar dheimhniú *ex-post* gur ráta fadtéarmach stuama a bhí san fhachtóir lascaine 3 %.

(188) Ar an gcéad dul síos, d'iarr an Bheilg ar shainchomhairleoir neamhspleách an fachtóir lascaine 'aonair' atá coibhéiseach le cur chuige dhá chéim CPN/CNV a ríomh, agus úsáid á baint as na rátaí saor ó riosca a mhol CPN/CNV, chomh maith le sonraí éagsúla eile maidir le ráta OLO a úsáid ([97]). Léirítear san anailís go bhfuil an cur chuige a mhol CPN/CNV an-íogair maidir leis an tréimhse a choinnítear le haghaidh an ríomha. Mar shampla, is é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige dhá chéim fachtóir lascaine coibhéiseach 2,8 % ag úsáid na rátaí saor ó riosca a mhol CPN/CNV, ráta coibhéiseach 3,1 % agus modheolaíocht CPN/CNV á cur i bhfeidhm leis na sonraí maidir le ráta OLO atá ar fáil tráth an Chinnidh Tosaigh, agus ráta coibhéiseach 3,2 % tráth shíniú an chomhaontaithe cur chun feidhme. Mar a léirítear i Table 14, tugann an cur chuige dhá chéim a mhol CPN/CNV dhá ráta lascaine choibhéiseacha le difríocht 40 bonnphointe agus dhá thréimhse ama éagsúla nach bhfuil eatarthu ach 9 mí á mbreithniú.

(189) Ar an dara dul síos, léirítear freisin i Table 14 an chomparáid le RRD ó ÚEÁPC, ós rud é gur úsáideadh tagairt ÚEÁPC freisin i gcás fasach na Gearmáine (SA.45296 ([98])), inar cinneadh go raibh fachtóir lascaine 4,58 % comhréireach.

([95]) Comhairle ó CPN/CNV don Aire Fuinnimh an 7 Márta 2023, lgh. 4-6 ('*Advies van de Commissie voor Nucleaire Voorzieningen aan de Minister van Energie betreffende de overdracht van de financiële verantwoordelijkheid van ENGIE aan de Belgische staat van het beheer van het radioactief afval en de verbruikte splijtstof van de zeven Belgische kerncentrales*').

([96]) Foilsíonn ÚEÁPC struchtúr téarma rátaí úis atá saor ó riosca gach mí. Úsáideann cuideachtaí árachais laistigh de LEE é chun a ndliteanais a luacháil faoi chreat rialála Shócmhainneacht II. Is é cuar ÚEÁPC cuar toraidh an ráta úis saor ó riosca le haghaidh aibíochtaí suas le 150 bliain le haghaidh thíortha LEE. Ríomhtar na rátaí le haghaidh na n-aibíochtaí suas le 20 bliain bunaithe ar rátaí babhtála (is é sin, na rátaí seasta ag a bhfuil páirtithe margaidh toilteanach oibleagáidí ráta úis chomhlúthaigh a mhalartú). Déantar na rátaí le haghaidh aibíocht níos faide a eachtarshuí agus a chóineasú i dtreo an Réamhráta Deiridh (RRD) san fhadtéarma.

([97]) Féach an nóta a d'ullmhaigh Compass Lexecon an 28 Samhain 2024 — '*Freagairt ar ábhair imní an Choimisiúin maidir le ráta lascaine — 281124*'.

([98]) Cinneadh ón gCoimisiún an 16.6.2017, SA.45296 (2017/N), an Ghearmáin, Dliteanais Dramhaíola Radaighníomhaí agus Breosla Núicléach Spíonta a aistriú sa Ghearmáin (IO C/2017/254, 4.8.2017, lch. 1).

Tábla 14

Ráta coibhéiseach CPN agus éabhlóid ráta ÚEÁPC ó bhí Comhairle CPN ann i mí an Mhárta 2023

	Comhairle CPN/CNV An 7 Márta 2023	Síniú An 13 Nollaig 2023	Fógra An 21 Meitheamh 2024	Cinneadh Tosaigh An 22 Iúil 2024
Ráta coibhéiseach CPN/CNV	2,82 %	3,23 %	3,04 %	3,08 %
RRD	3,45 %	3,45 %	3,30 %	3,30 %

Foinse: Anailís Compass Lexecon bunaithe ar shonraí ó investing.com

(190) Mar is léir ó Table 14, titeann an fachtóir lascaine coinnithe 3 % idir an

(a) moladh CPN/CNV tráth na Comhairle CPN don Aire Fuinnimh (7 Márta 2023), a mheastar a bheith mar chuimse íochtair; agus

(b) RRD a mheastar a bheith ina thagairt níos dearfaí ([99]).

(191) Ina theannta sin, dealraíonn sé go bhfuil an ráta 3 % níos coimeádaí ná moladh CPN/CNV agus RRD tráth sínithe an chomhaontaithe agus ina dhiaidh sin.

(192) Áitíonn an Bheilg thairis sin gur cosúil go bhfuil fachtóir lascaine 1 % i dtéarmaí réadacha coimeádach i gcomparáid leis an ráta toraidh ar féidir le Hedera coinne a bheith aige leis trí úsáid a bhaint as cur chuige stuama iomchuí maidir le bainistíocht sócmhainní agus dliteanas. Mar shampla comparáideach, tagraíonn an Bheilg do phunann sócmhainní tiomnaithe EDF chun maoiniú slán a dliteanas núicléach fadtéarmach a áirithiú, ar a dtugtar tuairisc i ndoiciméad clárúcháin uilíoch 2023 EDF ([100]). Bainistítear an phunann sin bunaithe ar chur chuige dliteanais sócmhainní agus is éard atá inti punann sócmhainní éagsúlaithe atá inchomparáide leis an tuairisc ar an bpunann hipitéiseach atá á bainistiú ag Hedera, ar féidir glacadh leis go réasúnach, dá bhrí sin, toradh inchomparáide ina leith.

(193) Ar deireadh, glacann an Bheilg leis go mbeidh ráta boilscithe seasmhach 2 % i ríomh na Caidhpe Dramhaíola, arb é sin sprioc fhadtéarmach fhollasach an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) maidir le boilsciú. Measann BCE gur tomhas iomchuí ar bhoilsciú é an Praghasinnéacs Tomhaltóirí ('PIT'). Mar a luaitear in aithris (150)(b) den Chinneadh Tosaigh, chuir CPN/CNV in iúl go raibh imní air go bhféadfadh boilsciú iarbhír na gcostas tógála núicléiche (bunaithe ar innéacs ABEX) a bheith níos airde ná boilsciú PIT. Áitíonn an Bheilg gurb é sprioc bhoilscithe 2 % BCE an t-ionadaí ceart ar bhoilsciú chun an Caidhp Dramhaíola a ríomh, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Ar an gcéad dul síos, áitíonn an Bheilg go gcumhdaíonn innéacs ABEX an costas a bhaineann le tógáil tí agus foirgneamh cónaithe sa Bheilg, agus dá bhrí sin nach bhfuil ann ach ionadaí lag le haghaidh costais tógála núicléiche, i bhfianaise na ndifríochtaí ábhartha idir tógáil tionscadail núicléach agus tithe. Thairis sin, cuireann an Bheilg leis sin go n-áirítear na rioscaí géaraithe costais a bhaineann le suiteálacha núicléacha amach anseo chun dramhaíl núicléach a bhainistiú i dteagmhais chás tionsclaíoch ONDRAF/NIRAS agus dá bhrí sin go n-áirítear iad sa bhunmhéid.

(b) Ar an dara dul síos, áitíonn an Bheilg nach bhfuil difríocht ábhartha idir éabhlóid stairiúil innéacs ABEX agus an boilsciú arna thomhas ag innéacs PIT, agus go bhfuil na difríochtaí idir an dá ráta á spreagadh ag roinnt tosca, amhail costas fuinnimh agus amhábhar, costas saothair agus éileamh ar thógáil. Áitíonn an Bheilg gur difríochtaí staide iad na difríochtaí sin agus nach difríochtaí struchtúracha iad.

(194) Ar na cúiseanna a luaitear thuas, measann an Bheilg gur ráta iomchuí coimeádach é an fachtóir lascaine 3 % chun dliteanais fhadtéarmacha a lascainiú.

([99]) Ní sholáthraíonn cur chuige ÚEÁPC dálaí margaidh ach amháin le haghaidh aibíochtaí gearra (suas le 20 bliain). Tar éis na haibíochta sin, níl an mhodheolaíocht bunaithe ar rátaí babhtála, ach ar mheáin stairiúla nach gá go léiríonn siad an réaltacht eacnamaíoch reatha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gannmheastachán mór ar dhliteanais níos fadtéarmaí. Dá bhrí sin, is ionadaí é RRD ar an ráta an-fhadtéarmach saor ó riosca i dtéarmaí ainmniúla atá oiriúnach i gcás cistí pinsin. Mar sin féin, i bhfianaise fhad na ndliteanas núicléach agus ós rud é go n-íoctar préimh tosaigh chun na dliteanais sin a chumhdach gan aon ionchas maidir le ranníocaíochtaí breise (murab ionann agus cistí pinsin), ní gá go mbeadh sé ábhartha don chás atá idir lámha.

([100]) Sa Doiciméad Clárúcháin Uilíoch 2023 (lch. 354), tugann EDF dá aire go bhfuil ráta toraidh ionchasach na punainne sin don 20 bliain atá le teacht níos airde ná an ráta 4,5 % a úsáideann EDF chun a dliteanais núicléacha a lascainiú, atá 1,5 pointe céatadáin níos airde ná an ráta lascaine a choinnigh an Bheilg.

3.3.2.3.2. Préimh riosca

(195) Mar a tugadh faoi deara in aithris (153) den Chinneadh Tosaigh, áitíonn an Bheilg gur cuireadh préimh riosca bhreise mhór EUR 5 185 mhilliún leis an mbunmhéid EUR 9 815 mhilliún chun na héiginnteachtaí atá fós ann a chumhdach. Mar a luaitear in aithris (154) den Chinneadh Tosaigh, tá an phréimh riosca bunaithe ar nóta teicniúil ó ONDRAF/NIRAS ([101]), lena ndéantar anailís ar na héiginnteachtaí agus na rioscaí a bhaineann le haistriú na freagrachta airgeadais as bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ó na seacht ngléasra cumhachta núicléiche de chuid na Beilge chuig Stát na Beilge (féach fonóta 80 den Chinneadh Tosaigh). Mar a luaitear in aithris (156) den Chinneadh Tosaigh, áitíonn an Bheilg gur oiriúnach préimh riosca 52,83 % agus gur mó í ná an phréimh riosca 35,47 % a chuirtear i bhfeidhm i gcás na Gearmáine (SA.45296 (féach fonóta 101)).

(196) I dteannta na soiléirithe maidir leis an bpréimh riosca a leagtar amach in aithris (154) den Chinneadh Tosaigh, shoiléirigh an Bheilg ar bhealach níos mionsonraithe le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil conas a ríomhadh an phréimh riosca bunaithe ar an nóta teicniúil ó ONDRAF/NIRAS. Soláthraítear soiléirithe mionsonraithe agus comhdhéanamh na préimhe riosca i Table 15, as ar eascair méideanna EUR 5 033 mhilliún agus EUR 5 133 mhilliún mar chuimse íochtair agus cuimse uachtair faoi seach. Mar chuid den chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola, socraíodh an phréimh riosca ag méid beagán níos airde de EUR 5 185 mhilliún, chun teacht ar íocaíocht chnapshuime EUR 15 bhilliún (féach Table 13).

Tábla 15

Comhdhéanamh agus ríomh mionsonraithe préimhe riosca

Comhchodanna na préimhe riosca (méideanna i milliún EUR)	Catagóir A	Catagóir B	Catagóir C	Tuairisc
Inghlacthacht dramhaíola de Chatagóir A	900			Is féidir gach dramhail atá i gcomhréir le CAC chatagóir A a aistriú chuig Stát na Beilge mar dhramhail chatagóir A , agus is dócha go stórálfar i saoráid stórála chatagóir A í. Mar sin féin, chun an riosca a chumhdach nach bhféadfaí cuid den dramhaíl sin a chur i gcomhréir le critéir inghlacthachta chatagóir A, lean Stát na Beilge moladh ONDRAF/NIRAS chun an riosca sin a chur san áireamh i gceart, riosca nár cuimsíodh ar dtús i bhforálacha núicléacha 2022, lena mbaineann roinnt céimeanna ar nós iarchóireáil na dramhaíola, T&F breise, modhnú ar na bacainní innealtóireachta ar stóráil dromchla chun stóráil a oiriúnú do shaintréithe sonracha na dramhaíola achrannaí, agus modhnú dramhaíola chun í a oiriúnú don stóráil. Téann an chuid seo den phréimh riosca in éineacht leis an méid don chomhchuid 'Aistriú riosca rialála de Chatagóir A -> de chatagóir B' den phréimh riosca.
Rioscaí maidir leis na saoráidí stórála.	500			Difríocht idir an cás tagartha agus an méid lena gcuirtear rioscaí iarmharacha agus neamhchinnteachtaí san áireamh.
Riosca rialála - aistriú Catagóir A -> Catagóir B	500	-500		Is féidir dramhaíl atá i gcomhréir le CTC de chatagóir A a aistriú mar dhramhaíl de chatagóir A chuig StateBeGoV na Beilge, atá le diúscairt i saoráid stórála chatagóir A. Mar sin féin, chun an riosca a chumhdach nach gcomhlíonann cuid den dramhaíl sin critéir inghlacthachta chatagóir A agus nach mór í a dhiúscairt sa saoráid diúscartha gheolaíochta, tá comhchuid i bpréimh riosca chatagóir A chun an riosca sin a chumhdach. Téann sé in éineacht le méid na préimhe riosca le haghaidh 'inghlacthacht dramhaíola de Chatagóir A'.
Saoráid stórála breosla spíonta (Cás tirim seachas foirgneamh DE)			-367	Chun an riosca a bhaineann le breosla spíonta a aistriú chuig Stát na Beilge i saoráidí a bhfuil a ré caite a laghdú, ní mór Electrabel a chur in ionad 'fhoirgneamh DE' (is é sin an tsaoráid stórála breosla spíonta in Tihange) agus an dramhaíl a aistriú i bhfoirm chobhsaí. Dá bhrí sin, is féidir an fhoráil chomhfhreagrach maidir le hionadú fhoirgneamh DE, lena n-áirítear na forálacha maidir lena oibriú go dtí 2050, agus lena dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin, a eisiamh ón aistriú chuig Stát na Beilge.
Stóráil Dramhaíola Foirgnimh B		-100		Eisiadh foirgneamh stórála TSC ón gCaidhp Dramhaíola mar gheall ar éiginnteachtaí maidir lena cheanglais deartha. Níor áiríodh na costais don fhoirgneamh sin go fóill i bhforálacha núicléacha 2022.
Róchaiteachais comhcheangailte agus an cás malartach ag 600 m (Dramhaíl Chatagóir B agus Chatagóir C)				Bhí an meastachán, a rinne ONDRAF/NIRAS, ar na rioscaí a bhaineann le cás malartach ag 600m, bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe [x1.21] agus ní raibh sé bunaithe ar shamhail dhóchúlaíoch. Dá bhrí sin, d'úsáid Stát na Beilge an breithiúnas saineolach chun an dóchúlacht peircintíl 70 ('P70'), agus an róchaiteachas a bhaineann leis an gcás 600m malartach, nach raibh aon ríomh P70 ar fáil ina leith, a chur san áireamh chun cás costais P70 a chinneadh agus rinne sé é a lascainiú ag 3 % (ag aithint gur fhormheas ONDRAF/NIRAS agus CPN/CNV an cás ag 400m, agus ag aithint nach eol dáileacháin dóchúlachta costais an cháis mhalartaigh 600m, agus gur mheas an dá institiúid nach raibh an cás 'chomh dóchúil céanna'. Mar thoradh air sin, rinneadh meastachán cuimse uachtair agus cuimse íochtair ar an bpréimh riosca. Áirítear leis an méid sin foráil 10 % le haghaidh T&F.
cuimse íochtair		4100		
cuimse uachtair		4200		
Préimh riosca iomlán				
cuimse íochtair		**5033**		
cuimse uachtair		**5133**		

Foinse: Freagra údaráis na Beilge ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 1 Deireadh Fómhair 2024

([101]) NIRAS/ONDRAF, Nóta Teicniúil (faoi rún) ó mhí an Mhárta 2023, '*Note technique documentant une analyse des incertitudes et des risques associés au transfert de la responsabilité financière de la gestion des déchets radioactifs et du combustible usé des sept centrales nucléaires belges d'Engie à l'État belge*'.

(197) Áitíonn an Bheilg go soláthraítear leis an tuairim ó ONDRAF/NIRAS ina nóta teicniúil catalóg rioscaí a bhaineann le haistriú dliteanais núicléacha chuig Stát na Beilge, a cuireadh, le cúnamh ó shaineolaithe ONDRAF/NIRAS, le comhad soláthair 2022 chun meastachán a dhéanamh ar an bpréimh riosca íosta is gá chun gach riosca aitheanta a chumhdach. Dá bhrí sin, áitíonn an Bheilg go bhfuil sé i gceist leis an bpréimh riosca sa chomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola na rioscaí uile 'nach bhfuil chomh dóchúil céanna' a shainaithnítear i nóta ONDRAF/NIRAS a chumhdach mar aon leis na rioscaí breise a sainaithníodh le linn na caibidlíochta a díorthaíodh ó idirghníomhaíochtaí le Electrabel agus tuairimí saineolaithe. Ar deireadh, meabhraíonn an Bheilg go raibh saineolaithe ó ONDRAF/NIRAS rannpháirteach sa chaibidlíocht ar an gcomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola chun cúnamh a thabhairt do Rialtas na Beilge maidir le conas a moltaí a chur san áireamh ina nóta teicniúil i mí an Mhárta 2023.

3.3.2.4. Dliteanais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála

(198) Mar a luaitear in aithris (163) den Chinneadh Tosaigh, i gcodarsnacht leis na dliteanais dramhaíola radaighníomhaí agus breosla núicléach spíonta aistrithe, is é an t-oibreoir núicléach amháin atá freagrach as an bpáirc núicléach iomlán a dhíchoimisiúnú agus a dhíchóimeáil (i gcás ina ndéanann na Cuideachtaí Rannpháirteacha ranníocaíocht airgeadais leis na costais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála). Dá bhrí sin, tá na dliteanais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála 'neamhchaidhpeáilte'.

(199) Mar chuid den idirbheart, áfach, ghlac Stát na Beilge freagracht airgeadais as na 'dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a d'eascair as an Tionscadal OFT' nó as 'neamhréireanna díchoimisiúnaithe'. Is iad an dá phríomhchatagóir a bhreithnítear na méaduithe ar chostais iarchéime oibríochtúla (costais oibríochtúla agus tionscadail ('ICO') agus ar chostais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála ('D & D') arb é Tionscadal OFT is cúis leo (costais oibríochtúla, tionscadail agus infheistíochta). Soláthraíodh samplaí de na neamhréireanna díchoimisiúnaithe go praiticiúil i bhfonótaí 85 agus 86 den Chinneadh Tosaigh. Is toradh ar an meastóireacht ar thionchar an Tionscadail OFT é méid deiridh na 'neamhréireanna díchoimisiúnaithe' agus ní chumhdaítear leis aon chostas oibriúcháin a bhaineann le bainistíocht laethúil nó le gnáthghníomhaíochtaí. Is toradh é méid deiridh na 'neamhréireanna díchoimisiúnaithe' ar an meastóireacht ar thionchar an Tionscadail OFT ar fhochatagóirí costais éagsúla, ós rud é go mbíonn tionchar ag aistriú díchoimisiúnú dhá imoibreoir ar phleanáil, eagrú, uainiú agus an gá atá le hinfheistíochtaí áirithe tráth ar leith ([102]). Níl aon dliteanas eile ar BE-NUC ná ar Stát na Beilge i leith dliteanais díchoimisiúnaithe.

(200) Mar a mhínítear in aithris (168) den Chinneadh Tosaigh, ós rud é go raibh easaontas idir Electrabel agus Stát na Beilge maidir le méid na neamhréireanna díchoimisiúnaithe, cuireadh de chúram ar CPN/CNV an cinneadh a dhéanamh, agus ní raibh an méid deiridh ar eolas go fóill tráth an Chinnidh Tosaigh. An 24 Meitheamh 2024, d'fhormheas CPN/CNV EUR [100-500] milliún (i dtéarmaí ainmniúla), agus, an 16 Deireadh Fómhair 2024, thug CPN/CNV fógra don Bheilg agus do Engie gurb é EUR [100-500] milliún an méid deiridh a bhí le híoc ag deireadh 2024 ([103]). Is cnapshuim sheasta é méid na neamhréireanna díchoimisiúnaithe atá le híoc ag Rialtas na Beilge nach féidir a mhéadú i gcás ina bhfuil na costais bhreise níos airde ná mar a bhí beartaithe; mar sin féin, mura dtéann an Tionscadal OFT ar aghaidh mar a bhí coinne leis, aisíocfar Stát na Beilge.

(201) Áitíonn an Bheilg go ndéantar foráil sa chomhaontú dramhaíola freisin maidir le pacáiste slándála fairsing chun a ráthú go n-iompróidh oibreoir núicléach atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de 'dliteanais núicléacha neamhchaidhpeáilte':

(a) Is íocaíocht deiridh chnapshuime é an méadú ar dhliteanais díchoimisiúnaithe (le haghaidh na nAonad OFT chomh maith leis na hAonaid neamh-OFT) a eascraíonn as an Tionscadal OFT, a bhfuil Stát na Beilge fós freagrach as, lena ráthaítear go bhfanfaidh gach riosca díchoimisiúnaithe agus díchóimeála leis an oibreoir núicléach (féach aithris (200)).

(b) Tá na dliteanais núicléacha neamhchaidhpeáilte fós faoi réir rialú stuamachta ag CPN/CNV, ar an gcaoi chéanna a bhí roimh an socrú dramhaíola (is é sin, athbhreithniú tríbhliantúil ar na costais díchoimisiúnaithe, infheistíochtaí, srl.).

([102]) Áitíonn an Bheilg gur féidir le tionchar an tionscadail OFT ar an gclár díchoimisiúnaithe atá ann cheana a bheith diúltach (neamhréir) nó dearfach (sineirge). Ríomhadh an méid foriomlán mar shuim dhiúltach (neamhréireanna) cé gur cuireadh tionchair dhearfacha san áireamh freisin.

([103]) Má dhúntar an t-idirbheart ar dháta níos déanaí ná an 31 Nollaig 2024, méadófar an méid de EUR [0-0,500] milliún in aghaidh na míosa chun an méadú comhfhreagrach [0-5] % ar bhonn bliantúil a chur san áireamh.

(c) I measc nithe eile, déantar na bearta seo a leanas chun inmharthanacht eacnamaíoch an oibreora núicléach a áirithiú:

— Imlíne urraithe de na sócmhainní atá fágtha laistigh de Electrabel (féach aithris (181));

— Tairseacha laghdaithe na gcinntí caipitil atá faoi réir fhormheas CPN/CNV (féach aithris (175) den Chinneadh Tosaigh);

— Coinníollacha maidir le hiasachtaí inghrúpa;

— Ráthaíocht máthairchuideachta ('RMC') (féach aithrisí (57) agus (174) den Chinneadh Tosaigh); agus

— Oibleagáidí faisnéise leathnaithe.

3.3.2.5. Tionchar an chomhaontaithe dramhaíola ar bhearta airgeadais Chomhchuid 1

(202) Áitíonn an Bheilg gur féidir measúnú a dhéanamh ar an socrú dramhaíola ar leithligh ó na codanna eile den bheart.

(203) Ar an gcéad dul síos, áitíonn an Bheilg go mbaineann an socrú dramhaíola ní hamháin leis na hAonaid OFT, ach le gach ceann de na seacht n-imoibreoir núicléacha sa Bheilg. Leis na forálacha núicléacha ar a bhfuil na Méideanna Caidhpeáilte bunaithe, cuirtear san áireamh na forálacha núicléacha uile atá le déanamh go dtí dátaí deiridh dlíthiúla bunaidh na seacht n-imoibreoir núicléacha (féach Table 1).

(204) Ar an dara dul síos, mar a luaitear in aithris (170) den Chinneadh Tosaigh, íocfaidh comhúinéirí na nAonad OFT (BE-NUC agus Luminus) costais a bhaineann leis an dramhaíl oibríochtúil agus leis an mbreosla spíonta arna dtáirgeadh ag na hAonaid OFT le linn na Tréimhse OFT, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis an dramhaíl oibríochtúil a dhéanamh comhlíontach le CAC agus táille coigeartaithe méid le haghaidh na méideanna breise sin. Bunóidh Electrabel agus na Cuideachtaí Rannpháirteacha forálacha maidir le dramhaíl oibríochtúil radaighníomhach i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta is infheidhme. Léirítear na costais bhreise sin sa tSamhail Airgeadais Shínithe ar a bhfuil bearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1 den Tionscadal OFT bunaithe agus dá bhrí sin cuirtear san áireamh iad maidir le calabrú na bhfobheart i gComhchuid 1.

(205) Ar an tríú dul síos, tá an t-oibreoir núicléach fós freagrach as gach ceann de na seacht n-imoibreoir núicléacha sa Bheilg a dhíchoimisiúnú agus a dhíchóimeáil. Ní léirítear na costais sin sa socrú dramhaíola, ná sa tSamhail Airgeadais Shínithe. Tá eisceacht amháin ann a bhaineann leis an méadú ar dhliteanais díchoimisiúnaithe (le haghaidh na nAonad OFT chomh maith leis na hAonaid neamh-OFT) a eascraíonn ón Tionscadal OFT, ar bunaíodh agus ar fhormheas CPN/CNV méid seasta cnapshuime ina leith agus a íocfaidh údaráis na Beilge mar íocaíocht aonuaire. Cuireadh méid na neamhréireanna sin san áireamh sa tSamhail Airgeadais Shínithe.

3.3.3. *Comhchuid 3: Cosaintí dlíthiúla*

(206) Mar a tugadh faoi deara i roinn 3.5 den Chinneadh Tosaigh, áirítear sa chomhaontú idir Stát na Beilge agus Engie freisin forálacha maidir le cosaintí dlíthiúla, lena sainítear an chomhroinnt riosca i gcás athruithe reachtacha áirithe amach anseo. Foráiltear le Caibidil 4 de Dhlí Phoenix an bunús dlí chun Engie a chosaint ar athruithe áirithe sa dlí. Mar sin féin, is le forálacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme amháin a rialófar an caidreamh idir na páirtithe maidir le slánaíochtaí i gcás na n-athruithe dlí lena mbaineann.

(207) Foráiltear leis na forálacha sin arna dtabhairt i gcrích le Engie agus Electrabel, má ghlacann Rialtas Cónaidhme na Beilge nó Parlaimint Chónaidhme na Beilge rialacháin nua go sonrach maidir le hoibreoirí núicléacha sa Bheilg nó gníomhaíochtaí núicléacha Electrabel a bhfuil tionchar diúltach acu ar théarmaí ábhartha an idirbhirt, go slánóidh Stát na Beilge Engie (nó ceann de na cuideachtaí de chuid ghrúpa Engie dá ndéantar difear), as na caillteanais dhíreacha a thabhaíonn sé mar thoradh air sin. Áirítear leis sin freisin na híocaíochtaí nach mór do Engie a dhéanamh le Luminus i gcomhthéacs an tslánaithe sin. I gcomhréir le dlí na Beilge, ní mór don éilitheoir a éileamh a chruthú agus cinnfear méid an tslánaithe le cúirt nó le próiseas eadrána. Tá cúirteanna na Beilge inniúil, ach tá rogha eadrána cómhalartach ann le haghaidh eadráin UNCITRAL.

(208) Níl feidhm ag an bhforáil seo má eascraíonn an leasú dlíthiúil as trasuí an dlí Eorpaigh nó idirnáisiúnta, mura rud é gur spreag nó gur chuir Rialtas Cónaidhme na Beilge nó Parlaimint Chónaidhme na Beilge chun cinn go gníomhach gurb ann do reachtaíocht den sórt sin ar leibhéal eile (idirnáisiúnta, fornáisiúnta, réigiúnach Eorpach, bardasach, srl.) nó gur spreag nó gur chuir siad cinneadh breithiúnach chun cinn go gníomhach.

(209) Mar a luaitear in aithris (180) den Chinneadh Tosaigh, áitíonn an Bheilg go dtugtar le fios le cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin gur féidir le cosaintí i gcoinne athrú dlí a bheith ina státchabhair. Tagraíonn an Bheilg, i ndáil leis sin, don chinneadh ón gCoimisiún maidir le síneadh a chur le saolré trí imoibreoir núicléacha eile sa Bheilg, inar scrúdaigh an Coimisiún na clásail shlánaithe atá sna comhaontuithe a tugadh i gcrích idir Stát na Beilge agus úinéirí gléasraí cumhachta núicléiche. Dá thoradh sin, tagann an Bheilg ar an gconclúid go bhféadfadh an comhaontú um chosaint dlí idir Stát na Beilge agus Engie a thabhairt le tuiscint go ndeonaítear buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach do Engie.

3.3.4. *Roghanna malartacha maoinithe*

(210) Áitíonn an Bheilg go bhfuil gá le pacáiste tacaíochta sonrach chun síneadh a chur le saolré an dá imoibreoir núicléacha, mar gheall ar an staid eacnamaíoch shonrach agus próifíl riosca shonrach an fhuinnimh núicléach.

(211) Mar a tugadh faoi deara in aithris (22) den Chinneadh Tosaigh, ní dhearna Electrabel aon fhoráil maidir le OFT ós rud é, go dtí mí an Mhárta 2022, go raibh sé beartaithe sócmhainní núicléacha uile na Beilge a dhúnadh síos — ar a dhéanaí — faoi 2025, tar éis an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile. Tar éis an chinnidh maidir le síneadh a chur le saolré Doel 4 agus Tihange 3, bhí géarghá leis na hAonaid OFT a athchóiriú. I bhfianaise an sceidil ama dhocht agus na gcostas méadaithe a bhaineann le breosla agus codanna riachtanacha eile le blianta beaga anuas, is mór iad na héiginnteachtaí maidir le costais infheistíochta an Tionscadail OFT.

(212) Scrúdaigh údaráis na Beilge sásraí tacaíochta malartacha, amhail rannpháirtíocht na teicneolaíochta núicléiche i sásra acmhainneachta na Beilge, préimh sheasta ar sholáthar, CD aontreo, nó samhail BSR.

(213) De réir údaráis na Beilge, i bhfianaise na gclistí margaidh a luaitear i roinn 3.1, measadh nach raibh na roghanna malartacha sin chomh hiomchuí céanna chun tacú leis an Tionscadal OFT, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Ní féidir aghaidh a thabhairt go cuí ar an mbearna leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar phróifíl riosca shonrach na nAonad OFT trí rannpháirtíocht in SA, ós rud é: (i) is éard atá sa SA próiseas iomaíoch le ceantanna bliantúla, a bhfuil toradh éiginnte aige, de réir sainmhínithe, do na rannpháirtithe, rud atá ar neamhréir le rogha na Beilge cumhacht núicléach a bheith aici mar chuid dá meascán fuinnimh, (ii) nach bhfuil an luach saothair trí cheantanna SA comhoiriúnach le huainiú an tsínidh saolré, i gcás inar gá tús a chur le hinfheistíochtaí a luaithe is féidir chun go mbeidh na hAonaid OFT ar fáil arís faoi mhí na Samhna 2025, agus (iii) nach réitítear le SA ach bearna leachtachta an tionscadail infheistíochta, gan aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha a bhfuil an t-oibreoir núicléach neamhchosanta orthu.

(b) Le préimh sheasta soláthair leictreachais, d'íocfaí an méid céanna le haghaidh gach aonaid leictreachais (gan beann ar leibhéal an phraghais mórdhíola), as a dtiocfadh róchúiteamh nó tearcchúiteamh féideartha, agus lena bhforchuirfí riosca iarmharach iomarcach margaidh ar an oibreoir.

(c) Le CD aontreo ní cheanglófaí ar ghineadóirí ioncam margaidh a aisíoc thar an bpraghas ceangail, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí róchúiteamh a dhéanamh.

(d) Tá samhail BSR le haghaidh aonaid núicléacha níos oiriúnaí d'infheistíochtaí nua in acmhainneacht núicléach chun an riosca a bhaint den tréimhse tógála agus de chaiteachas caipitil mór.

(214) Áitíonn an Bheilg go soláthraítear le CD dhá threo, in éineacht le fobhearta eile an phacáiste tacaíochta, an tacaíocht is gá ar chostas níos ísle do thomhaltóirí i gcomparáid le sásraí malartacha tacaíochta luacha saothair.

3.4. **Tairbhithe**

(215) Mar a tugadh faoi deara in aithris (181) den Chinneadh Tosaigh, is iad seo a leanas tairbhithe deiridh an bhirt ar tugadh fógra ina leith (i) Engie, mar mháthairchuideachta Electrabel, arb é oibreoir agus comhúinéir aonair na nAonad OFT (89,807 %) é agus mar pháirtí díreach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme a tugadh i gcrích le Rialtas na Beilge, agus (ii) EDF S.A. ('EDF'), mar mháthairchuideachta deiridh Luminus, atá ina chomhúinéir ar na hAonaid OFT (10,193 %) agus mar chuid de na Cuideachtaí Rannpháirteacha agus, mar mháthairchuideachta EDF Belgium, mar chuid de na Cuideachtaí Rannpháirteacha. Níor shainaithin an Coimisiún aon chúis lena mheasúnú ar na príomhthairbhithe a athrú le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil.

(216) Mar sin féin, aontaíonn an Coimisiún le dearcadh na Beilge maidir le tairbhithe Chomhchuid 1 den bheart a shainaithint. Go háirithe, d'áitigh an Bheilg ina barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh gurb iad BE-NUC (an comhfhiontar idir Stát na Beilge agus Electrabel) agus Luminus, seachas Electrabel agus Luminus, tairbhithe díreacha CD, Iasachtaí CTM, IIOC agus SCO. Mar sin féin, is féidir Electrabel, mar scairshealbhóir de BE-NUC agus mar chomhúinéir reatha na nAonad OFT, a mheas mar thairbhí tábhachtach de na fobhearta sin de Chomhchuid 1 freisin. Maidir leis na fobhearta eile faoi Chomhchuid 1, lena dtugtar tacaíocht d'oibriú agus do chothabháil na nAonad OFT, is tairbhí díreach é Electrabel mar oibreoir núicléach agus scairshealbhóir in BE-NUC le Stát na Beilge, agus is tairbhí indíreach é Luminus mar chomhúinéir na nAonad OFT. Faoi phointí 115 agus 116 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le Coincheap na Cabhrach, is féidir buntáiste a thabhairt freisin do ghnóthais seachas na gnóthais sin a n-aistrítear acmhainní Stáit chucu go díreach (buntáiste indíreach). Baineann Luminus tairbhe as an teaglaim d'fhobhearta faoi Chomhchuid 1 trí rioscaí oibríochtúla agus dócmhainneachta a chuireann siad ar fáil don Tionscadal OFT a laghdú, gan baint dhíreach a bheith aige féin leis na fobhearta sin. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfaigheann Luminus buntáiste indíreach ó na fobhearta sin. Níl feidhm ag an mbuntáiste indíreach sin maidir le CSBF, ós rud é gurb é Luminus úinéir a sciar den leictreachas a tháirgeann Aonaid OFT agus go mbainisteoidh sé díol an leictreachais go neamhspleách, ná le CSR atá le tabhairt i gcrích idir Electrabel agus BE-NUC.

(217) Maidir le Comhchuid 2 den bheart a dtugtar fógra ina leith, téann aistriú dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta agus an comhaontú maidir le dliteanais díchoimisiúnaithe chun tairbhe an oibreora núicléach, Electrabel, chomh maith le Luminus agus EDF Belgium ina ról mar Chuideachtaí Rannpháirteacha, atá, in éineacht leis an oibreoir núicléach, freagrach ó thaobh airgeadais de as na dliteanais dramhaíola núicléiche agus díchoimisiúnaithe.

(218) Maidir le Comhchuid 3 den bheart a dtugtar fógra ina leith, foráiltear leis na cosaintí dlíthiúla go n-eascródh ceart slánaíochta as bearta aontaobhacha arna nglacadh ag Stát na Beilge lena ndéantar difear go sonrach d'oibreoirí na n-aonad núicléach sa Bheilg nó a bhfuil feidhm shonrach acu maidir le hoibreoirí na n-aonad núicléach sa Bheilg agus lena modhnaítear téarmaí ábhartha an idirbhirt ar bhealach díobhálach. Dá bhrí sin, is iad Engie mar mháthairchuideachta Electrabel, oibreoir (agus comhúinéir) na n-imoibreoirí núicléacha sa Bheilg, agus BE-NUC na tairbhithe díreacha. Cosúil le cuid de na fobhearta faoi Chomhchuid 1, cé nach bhfuil baint dhíreach ag Luminus le bearta cosanta dlíthiúla Chomhchuid 3, tugtar buntáiste indíreach do Luminus, a slánófar freisin i gcás athruithe dlíthiúla a dhéanann difear don Tionscadal OFT (féach roinn 3.3.3). Dá bhrí sin, is tairbhí indíreach de Chomhchuid 3 den bheart é Luminus.

3.5. **Bunús dlí agus trédhearcacht**

(219) Mar a mhínítear i roinn 3.7 den Chinneadh Tosaigh, éilíonn an Tionscadal OFT roinnt athruithe reachtacha, a ndéantar achoimre orthu sa roinn seo.

3.5.1. *Leasú ar an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile*

(220) Leis an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile, eagraítear, ó bhí 2003 ann, deireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh leictreachais trí chumhacht núicléach sa Bheilg agus leasaíodh é cheana trí huaire chun síneadh a chur le saolré Tihange 1, Doel 1 agus Doel 2.

(221) Leis an síneadh 10 mbliana ar shaolré Doel 4 agus Tihange 3, is gá leasú eile a dhéanamh ar an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile. Cuireadh na modhnuithe chun feidhme leis an 'Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le deireadh a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile', a d'fhormheas an Pharlaimint i seisiún iomlánach an 18 Aibreán 2024, a shínigh an Rí an 26 Aibreán 2024, agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil na Beilge an 5 Meitheamh 2024.

(222) I gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([104]), Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ([105]) agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([106]), áitíonn an Bheilg go bhfuil gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol lena ngabhann comhairliúcháin trasteorann ([107]) agus go ndearnadh an measúnú sin.

3.5.2. *'Dlí Phhoenix'*

(223) Cuirtear gnéithe éagsúla an Tionscadail OFT chun feidhme trí 'Dlí ar leith chun slándáil an tsoláthair a ráthú in earnáil an fhuinnimh agus athchóiriú a dhéanamh ar earnáil an fhuinnimh núicléach', dá ngairtear 'Dlí Phoenix' freisin. Soláthraíodh an miontuairisc ar chaibidlí éagsúla Dhlí Phoenix in aithris (191) den Chinneadh Tosaigh. D'fhormheas an Pharlaimint Dlí Phoenix i seisiún iomlánach an 18 Aibreán 2024 agus shínigh an Rí é an 26 Aibreán 2024. Foilsíodh in Iris Oifigiúil na Beilge é an 5 Meitheamh 2024.

3.5.3. *Dlíthe maidir le struchtúr rialtais na Beilge*

(224) Mar a tugadh faoi deara in aithris (193) den Chinneadh Tosaigh, bhunaigh Stát na Beilge dhá eintiteas phoiblí nua a ghlacfaidh freagrachtaí áirithe i ndáil leis an Tionscadal OFT:

(a) 'BE-WATT': seirbhís uathrialach ag a bhfuil neamhspleáchas cuntasaíochta, arna ionchorprú ag 'Dlí BE-WATT', a bheidh ina scairshealbhóir ag Rialtas na Beilge in BE-NUC agus ina chontrapháirtí de CLS; agus

(b) 'Hedera': institiúid phoiblí sui generis nua, ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, arna corprú le 'Dlí Hedera', a ghlacann an fhreagracht airgeadais as na dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta aistrithe agus a bhainistíonn na Méideanna Caidhpeáilte.

(225) D'fhormheas an Pharlaimint Dlí BE-WATT agus Dlí Hedera i seisiún iomlánach an 18 Aibreán 2024 agus shínigh an Rí iad an 26 Aibreán 2024. Foilsíodh in Iris Oifigiúil na Beilge iad an 5 Meitheamh 2024.

3.5.4. *Foraitheanta Ríoga*

(226) Ar an gcéad dul síos, rialaítear leis na hÚdaruithe Foraithne Ríoga údarú suiteálacha ina ndéantar cóireáil ar dhramhaíl núicléach. Modhnaíodh an Fhoraithne Ríoga sin chun údarú suiteálacha a chuireann cóiriú ar dhramhaíl núicléach a cheadú i gcomhréir leis na critéir aistrithe chonarthacha. Tabharfar isteach catagóir ar leith le haghaidh údaruithe le haghaidh suiteálacha cóireála ina ndéantar cóireáil i gcomhréir le critéir aistrithe chonarthacha. Glacadh é an 11 Iúil 2024 agus foilsíodh é in Iris Oifigiúil na Beilge an 15 Iúil 2024.

(227) Ar an dara dul síos, cinntear leis an bhForaithne Ríoga maidir le Critéir Aistrithe Chonarthacha na critéir aistrithe chonarthacha agus catagóiriú an phacáiste dramhaíola, chomh maith leis an mbealach a n-ídíonn siad an creidmheas méid. Glacadh é an 11 Iúil 2024 agus foilsíodh é in Iris Oifigiúil na Beilge an 15 Iúil 2024.

3.6. **Buiséad agus maoiniú**

(228) Maoineoidh an Bheilg ceanglas maoinithe iomlán an Tionscadail OFT trí bhuiséad ginearálta an Stáit, lena n-áirítear na haisíocaíochtaí féideartha ón CD déthaobhach.

([104]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, pp. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

([105]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáin a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, pp. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

([106]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, pp. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

([107]) Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na fógraí trasteorann sin atá dírithe ar Bhallstáit eile de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 7 den Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (agus na freagairtí uile a fuarthas san áireamh) le fáil ar leathanach tiomnaithe FPS Geilleagar.

(229) Mar a tugadh faoi deara in aithris (200) den Chinneadh Tosaigh, measann an Bheilg gur EUR [2-2,5] billiún atá i gcostais CAPEX an Tionscadail OFT , agus gurb é EUR [7 000-8 000] milliún na costais oibriúcháin iomlána thar an saolré.

(230) Tá dhá ghné ag baint leis an tionchar glan ar bhuiséad Stát na Beilge: ar an gcéad dul síos, trí ranníocaíocht chaipitil EUR 24,7 milliún leis an gcomhfhiontar, agus ar an dara dul síos, trí ghlanchostas na mbeart is iníoctha ag Contrapháirtí CLS. Áitíonn an Bheilg go mbraitheann an caiteachas buiséid a bhfuil coinne leis ní hamháin ar réamh-mheastacháin chostais, ach ar réamh-mheastacháin ar phraghas/ioncam an mhargaidh fuinnimh freisin, toisc go ndéanfar an Tionscadal OFT a mhaoiniú le meascán d'ioncaim mhargaidh, íocaíochtaí difríochta CD, OPEX íosta agus íocaíochtaí caipitil, agus Iasachtaí CTM.

(231) Faoi mheastachán bunchás na Samhla Airgeadais Sínithe, thar shaolré an tionscadail, gheobhaidh Contrapháirtí CLS glanmhéid ainmniúil iomlán EUR [0-500] milliún.

(232) Mar sin féin, dá bhforbródh praghsanna leictreachais de réir réamh-mheastachán níos ísle, thiocfadh méadú EUR [4 000-4 500] milliún ar chostas an bhirt do Rialtas na Beilge mar gheall ar íocaíochtaí CD níos airde. I gcás teagmhas gan choinne nach mbeadh an dá ghléasra núicléacha ar fáil dá bharr, bheadh Contrapháirtí CLS neamhchosanta freisin ar thacaíocht bhreise EUR [500-1 000] milliún in aghaidh na bliana de neamh-infhaighteacht a sholáthar. I gcás diúltach de phraghsanna ísle leictreachais agus teagmhas neamh-infhaighteachta 12 mhí, bheadh ar Chontrapháirtí CLS glanmhéid iomlán (ainmniúil) EUR [4 000-4 500] milliún a sholáthar, thar shaolré an tionscadail, is é sin, bheadh buiséad an bhirt gar do [40-50] % de na costais chaipitil agus oibriúcháin iomlána.

3.7. Carnadh

(233) Deimhníonn an Bheilg nach féidir an beart a charnadh le cabhair eile a fuarthas chun na costais chéanna atá le tabhú faoin Tionscadal OFT a chumhdach. Áitíonn an Bheilg nach bhforáiltear go mbeidh aon chiste eile seachas buiséad an Stáit bainteach le maoiniú an Tionscadail OFT agus deimhníonn sí nach mbeidh aon chiste de chuid an Aontais i gceist.

3.8. An foras chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh

(234) Ghlac an Coimisiún an Cinneadh Tosaigh an 22 Iúil 2024. Tháinig an Coimisiún ar an réamhthuairim gur státchabhair atá sa bheart agus chuir sé amhras in iúl maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE. Sa Chinneadh Tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht na cabhrach, maidir le neamhshárú dhlí an Aontais agus maidir le saobhadh míchuí féideartha ar iomaíocht agus trádáil.

(235) Ar an gcéad dul síos, maidir le riachtanas na cabhrach, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le bearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1. Cé go n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé gur ghá don oibreoir núicléach agus d'úinéirí na n-imoibreoirí núicléacha foinse chobhsaí ioncaim a bheith acu i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le praghas an mhargaidh leictreachais amach anseo, cheistigh an Coimisiún an bhfuil gá leis na bearta tacaíochta airgeadais breise sa bhreis ar CD dhá threo. Go háirithe, bhí amhras ar an gCoimisiún maidir le comhfhiontar a chruthú a mbeidh Rialtas na Beilge ina scairshealbhóir ann, an t-íosíocaíocht OPEX agus an íocaíocht chaipitil agus Iasachtaí CTM.

(236) Ar an dara dul síos, maidir le hoiriúnacht na cabhrach, chuir an Coimisiún amhras in iúl arís maidir le bearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1. Theastaigh ón gCoimisiún dearadh an chonartha difríochta dhá threo a mhol an Bheilg a fhiosrú a thuilleadh, ós rud é gur cosúil nach raibh dreasachtaí iomchuí ann chun freagairt d'imthosca an mhargaidh agus chun cothabháil a sceidealú ar an mbealach is éifeachtúla (lena n-áirítear úsáid phraghas MLRR a úsáidtear mar phraghas margaidh tagartha i ndearadh CD). Ina theannta sin, cheistigh an Coimisiún an ndéanann an teaglaim de bhearta luacha saothair na tairbhithe a shaoradh ó sciar rómhór den mhargadh agus ó rioscaí oibriúcháin.

(237) Ar an tríú dul síos, maidir le comhréireacht na cabhrach, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht roinnt de na bearta luacha saothair airgeadais (lena n-áirítear Iasachtaí CTM agus IIOC). Mheas an Coimisiún go bhfuil na bearta sin comhcheangailte le conradh difríochta agus go bhfuil siad chun an spriocráta toraidh 7 % a bhaint amach, trí dhearadh, rud nach féidir a mheasúnú ach amháin i ndáil leis na bearta féin agus leis an laghdú riosca a sholáthraítear leo. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh — tráth an Chinnidh Tosaigh — ar chomhréireacht an spriocráta toraidh sin *in abstracto* agus tháinig sé ar an gconclúid nach féidir leis an measúnú comhréireachta ach an measúnú ar oiriúnacht na mbeart a leanúint. Ina theannta sin, bhí amhras ar an gCoimisiún faoi mhéid na híocaíochta cnapshuime EUR 15 bhilliún a shuí chun na dliteanais dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta a aistriú (go háirithe maidir leis an ráta lascaine a úsáideadh agus airde na préimhe riosca), chomh maith le méid na ndliteanas díchoimisiúnaithe breise a eascraíonn as an Tionscadal OFT (nach raibh ar eolas go fóill tráth an Chinnidh Tosaigh).

(238) Ar deireadh, cheistigh an Coimisiún an bhféadfadh saobhadh míchuí ar an margadh a bheith mar thoradh ar dhearadh míchuí CD agus carnadh na mbeart tacaíochta airgeadais uile. Ina theannta sin, theastaigh athdhearbhú breise ón gCoimisiún maidir le céannacht agus neamhspleáchas an eintitis a dhíolann aschur na nAonad OFT sa mhargadh faoi CSBF.

4. SEASAMH NA BEILGE

(239) Sheol an Bheilg a freagra ar an gCinneadh Tosaigh an 22 Lúnasa 2024. Le haighneacht na Beilge soláthraíodh anailísí neamhspleácha breise arna n-ullmhú ag Compass Lexecon maidir le dearadh CD, Iasachtaí CTM agus IIOC (a soláthraíodh an 22 Lúnasa), chomh maith leis an gCaidhp Dramhaíola (a soláthraíodh an 30 Lúnasa 2024) mar fhreagairt ar amhras an Choimisiúin a ardaíodh sa Chinneadh Tosaigh maidir le riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht phacáiste na mbeart tacaíochta airgeadais (Comhchuid 1 den bheart cabhrach), maidir le comhréireacht an tsocraithe dramhaíola (Comhchuid 2 den bheart cabhrach), maidir le comhlíontacht dhearadh CD le dlí an Aontais agus maidir le saobhadh míchuí féideartha ar iomaíocht agus trádáil.

(240) I bhfreagairt na Beilge ar an gCinneadh Tosaigh pléitear an beart tosaigh (Tionscadal OFT) mar a thuairiscítear sa Chinneadh Tosaigh. Áirítear leis an mbeart atá ann faoi láthair athruithe (a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar an amhras a chuir an Coimisiún in iúl ina Chinneadh Tosaigh) i gcomparáid leis an mbeart tosaigh agus leagtar amach go mionsonraithe é i roinn 3 den Chinneadh seo.

(241) Leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos na hargóintí a chuir an Bheilg chun cinn.

4.1. Seasamh na Beilge maidir leis an bpacáiste beart airgeadais (Comhchuid 1)

4.1.1. *Oiriúnacht an dearaidh CD*

(242) D'aontaigh an Bheilg leis an gCoimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach dreasachtaí atá i gcomhréir leis an margadh a chothú agus saobhadh míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú chun sásraí tacaíochta a dhearadh.

(243) De réir na Beilge, le tacaíocht ó anailís eacnamaíoch bhreise neamhspleách arna hullmhú ag Compass Lexecon ([108]), le srianta teicniúla, rialála agus eacnamaíocha na nAonad OFT (féach freisin roinn 2.1) múnlaítear indéantacht agus oiriúnacht an dearaidh CD. D'áitigh an Bheilg go háirithe, trí dhreasachtaí eacnamaíocha a sholáthar don oibreoir núicléach chun freagairt d'imthosca margaidh i gcásanna ina bhfuil an cumas freagartha srianta, go bhféadfaí rioscaí a leithdháileadh ar bhealach fo-optamach agus neamhchinnteacht na n-ioncam amach anseo a mhéadú gan aon fhéidearthacht mhaolaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh rioscaí níos airde don tairbhí, nach féidir gníomhú ina leith trí thobhaigh oibríochtúla, a bheith ina bpróifíl riosca-toraidh dhíghrádaithe le haghaidh na hinfheistíochta agus éagothroime eacnamaíoch na scéime (mar shampla, a éilíonn sprioc IRR níos airde). Dá bhrí sin, ní mór an tionchar ionchasach a bheidh mar thoradh air sin ar chostais tacaíochta a chothromú leis na costais don chontrapháirtí CLS a bhaineann leis an riosca sin a sheasamh go díreach.

([108]) Compass Lexecon, Meabhrán Dearadh CD, an 22 Lúnasa 2024.

(244) Áitíonn an Bheilg freisin gurb iad oibríocht trádála na nAonad OFT agus na cinntí tairisceana comhfhreagracha an tagarmharc eacnamaíoch le haghaidh dearadh CD a sheasann le hiompraíocht atá i gcomhréir leis an margadh.

(245) Sa chás atá idir lámha, meabhraíonn an Bheilg go gcuireann srianta teicniúla agus oibriúcháin éagsúla teorainn láidir leis an tsaoirse chun an sceideal cothabhála a mhodhnú agus chun modhnú a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin leis an acmhainneacht maidir le cruthú luacha a bhaineann le dreasachtaí eacnamaíocha méadaithe:

(a) Tá srianta oibríochtúla ar na hAonaid OFT chun slándáil an tsoláthair a áirithiú le linn thréimhsí an gheimhridh, chomh maith le ceanglais theicniúla agus dhlíthiúla chun éaradh a (ath)sceidealú.

(b) Déantar dearadh teicniúil na nAonad OFT a bharrfheabhsú chun oibriú mar ghléasraí bonnualaigh, a bhfuil impleachtaí móra acu maidir le rialáil sábháilteachta agus a chuireann teorainn le cumais mhodhnaithe (mar shampla, 30 modhnú ar a mhéad in aghaidh an timthrialla breosla, lena mbaineann riosca féideartha maidir le múchadh uathoibríoch).

(c) Fágann na srianta oibriúcháin agus modhnaithe agus na rioscaí gaolmhara go mbíonn deischostais ar an oibreoir núicléach (mar shampla, an riosca go mbeidh ioncam ligthe thar ceal i gcás múchta uathoibríoch, deiseanna modhnaithe a chailltear mar gheall ar an uasteorainn mhodhnaithe a bhaint amach roimh dheireadh an timthrialla).

(246) D'áitigh an Bheilg, i bhfianaise shrianta oibriúcháin agus sábháilteachta na nAonad OFT, nach leithdháilfí le roinnt gnéithe malartacha deartha CD a mhionsonraítear thíos rioscaí agus go spreagfadh siad iompraíocht atá i gcomhréir leis an margadh ar bhealach níos éifeachtúla ná an dearadh atá beartaithe. Go háirithe, d'áitigh an Bheilg, i gcásanna áirithe, go bhféadfaí cinntí éifeachtúla seolta/oibríochtúla a chothú trí phraghsanna tagartha fadtéarmacha agus cainníocht tagartha a úsáid, toisc go ndéanann sé na híocaíochtaí CD a dhí-chomhghaolú ón margadhphraghas gafa. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin iomchuí sa chás atá idir lámha i bhfianaise shrianta oibríochtúla na nAonad OFT agus an phatrúin infhaighteachta uathúil le linn thréimhse na n-oibreacha OFT, mar a mhínítear thíos:

(a) Ar an gcéad dul síos, trí phraghas táirgí fadtéarmacha a úsáid mar PTM malartach (mar shampla, todhchaíochtaí, meáin bhliantúla DA) seachas praghas MLRR, ní chuirtear san áireamh an patrún infhaighteachta uathúil le linn thréimhse na n-oibreacha OFT, toisc go bhféadfadh riosca mór neamhréire a bheith i gceist leis idir an praghas tagartha agus praghsanna gafa nach ndéanfadh BE-NUC a fhálú ná a bhainistiú go héifeachtúil trí thobhaigh oibríochtúla (féach aithris (98)). Mar sin féin, d'fhéadfadh comhthéacsanna éagsúla agus srianta oibriúcháin a bheith ina n-údar le PTM malartach.

(b) Ar an dara dul síos, trí mhéid an luacha saothair a ríomh bunaithe ar chainníocht tagartha seachas ar an aschur iarbhír, d'fhéadfaí rioscaí margaidh breise a thabhairt isteach nach ndéanfadh BE-NUC a fhálú ná a bhainistiú go héifeachtúil. Arís, d'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid cainníochtaí tagartha iomchuí i gcomhthéacsanna agus i dteicneolaíocht éagsúil agus i srianta oibriúcháin.

(c) An tráth céanna, mar a míníodh roimhe seo in aithrisí (11) agus (12), mar gheall ar na diansrianta oibríochtúla agus modhnaithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na hAonaid OFT, bheadh acmhainneacht cruthaithe luacha incriminteach a bhaineann le dreasachtaí margaidh méadaithe ó ghnéithe malartacha deartha CD teoranta i gcomparáid leis an dearadh CD roghnaithe (féach thíos).

(247) De réir na Beilge, bhí sé d'aidhm ag an dearadh CD a roghnaíodh in éineacht lena socruithe sonracha (CRPM agus an socrú modhnaithe), an neamhchosaint ar riosca margaidh a chothromú le dreasachtaí oibriúcháin chun tacú le hinfheistíocht agus le héifeachtúlacht ghearrthéarmach an mhargaidh araon. Spreagann sé freagairtí tráthúla ar chomharthaí margaidh gan castacht nach bhfuil gá léi a chruthú agus tá sé comhsheasmhach le srianta teicniúla agus rialála na nAonad OFT. Rinne an Bheilg tagairt i ndáil leis sin don mhéid seo a leanas:

(a) CPRM lena soláthraítear dreasacht iomchuí le haghaidh táirgthe ag tráthanna praghsanna arda margaidh i bhfianaise na saoirse (teoranta) atá ar fáil chun sceidil chothabhála a choigeartú; agus

(b) an socrú modhnaithe a dearadh, chun teacht go praiticiúil le srianta teicniúla agus rialála na nAonad OFT, agus le hoibríochtaí margadhbhunaithe. Bhí sé beartaithe leis an tairseach mhodhnaithe sheasta na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le modhnú a chothromú leis na costais dheise ghaolmhara bunaithe ar shásra simplí.

(248) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tháinig an Bheilg ar an gconclúid nach raibh bunús le hábhair imní an Choimisiúin maidir le hoiriúnacht an dearaidh CD sa Chinneadh Tosaigh.

(249) Le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, áfach, chinn an Bheilg dearadh CD agus sásra CPRM a leasú d'fhonn dreasachtaí atá i gcomhréir leis an margadh a threisiú agus forbairtí sa mhargadh a chur san áireamh.

(a) Ar an gcéad dul síos, chinn an Bheilg dearadh CD a mhodhnú tríd an údarás cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha a dheonú don chomhpháirtí CSBF (agus tríd sin an socrú modhnúcháin sa dearadh bunaidh a bhaint) agus trí theaglaim de tháille sheasta agus de tháille athraitheach a chur in ionad luach saothair seasta chomhpháirtí CSBF, agus leis sin dreasachtaí a sholáthar chun modhnú a dhéanamh ar bhealach dinimiciúil lena gcuirtear éabhlóidí sa mhargadh san áireamh, agus srianta teicniúla (agus rioscaí múchta uathoibríocha féideartha) na nAonad OFT á gcur san áireamh. Chun miontuairisc a fháil ar an bhfoirmle luach saothair mhodhnaithe, féach roinn 3.3.1.5.2.

(b) Ar an dara dul síos, threisigh an Bheilg an sásra CRPM, ionas go leanfaidh IRR a bhfuil coinne leis agus a réadaíodh dálaí margaidh atá ag athrú ar bhealach níos dlúithe. Chun miontuairisc a fháil ar an modhnú sin, féach roinn 3.3.1.3.2.

4.1.2. *Struchtúr CF*

(250) Tá sé beartaithe ag Electrabel agus Stát na Beilge comhfhiontar 50/50 a chruthú, a shealbhóidh na sócmhainní ábhartha lena gcumasófar oibriú leanúnach na nAonad OFT.

(251) D'áitigh an Bheilg go gcuireann an cur chuige sin ar chumas Stát na Beilge an chuideachta tionscadail a chomhrialú, de réir mar a dhéanann an dá scairshealbhóir an comhfhiontar faoi théarmaí agus coinníollacha comhionanna agus, mar scairshealbhóirí, leis an leibhéal céanna riosca (a chomhfhreagraíonn do ghnáth-riosca agus maoiniú scairshealbhóirí) agus luaíochtaí (go háirithe díbhinní). Cuireann sé ar a chumas do Stát na Beilge freisin méid áirithe úinéireachta a choinneáil ar bhonneagar criticiúil.

4.1.3. *Iasachtaí IIOC agus CTM*

(252) Mhínigh an Bheilg, mura bhfuil ioncaim BE-NUC leordhóthanach chun na costais is gá le haghaidh oibriú na nAonad OFT a chumhdach (costais Chomhaontú O&C agus costais eile oibriúcháin, bhreosla agus chothabhála CAPEX), ansin ceanglaítear ar Stát na Beilge, mar Chontrapháirtí CLS, íocaíocht easnaimh a dhéanamh le BE-NUC (agus Luminus). Ní mór do BE-NUC, ina leith sin, tuarascáil réitigh bhliantúil a chur isteach. Tá an íocaíocht Opex Íosta seo chun airgead leordhóthanach a áirithiú chun na costais seo a íoc, chun inmharthanacht agus sócmhainneacht fhadtéarmach BE-NUC a chosaint. Ina theannta sin, soláthróidh Contrapháirtí CLS Íocaíocht Chaipitil, arb é atá ann cosaint costais 50 % ar an gcaipiteal infheistithe i ndáil le costais chaipitil amúchta shíneadh shaolré na nAonad OFT. Tagraítear do Opex Íosta agus d'Íocaíocht Chaipitil araon mar IIOC agus tá feidhm acu ó Dháta Atosaithe OFT ar aghaidh.

(253) Mhínigh an Bheilg go gcuirfidh sí saoráidí íostarraingthe ar fáil freisin do BE-NUC agus Luminus araon le héifeacht ón 1 Iúil 2025 chun na costais oibriúcháin agus chothabhála a tabhaíodh le linn tréimhsí múchta áirithe faoi chlásal 3.2(A) ('Soláthar Iasachtaí CTM') de CLS a mhaoiniú. Go sonrach, soláthróidh Stát na Beilge Iasachtaí CTM ar ráta úis caidhpeáilte agus inaisíoctha de réir sceideal aisíocaíochta sonraithe, seachas caipiteal breise do BE NUC agus Luminus, chun maoiniú a dhéanamh in dhá thráinse:

(a) na costais le linn dhúnadh síos na ngléasraí núicléacha (1 Iúil 2025 le haghaidh Doel 4 agus 1 Meán Fómhair 2025 i gcás Tihange 3) agus go dtí Dáta Atosaithe OFT; agus

(b) na costais le linn na n-oibreacha OFT sceidealaithe sa tréimhse ó Dháta Atosaithe OFT go dtí an 31 Nollaig 2028 (chun amhras a sheachaint, tá aon chaillteanas breise de dheasca éaradh neamhsceidealaithe le cumhdach ag IIOC).

(254) Mhínigh an Bheilg go dtugann IIOC aghaidh ar rioscaí ardtionchair as a n-eascraíonn caillteanais le linn na céime oibriúcháin. In éineacht leis na hIasachtaí CTM le linn na Céime roimh an Atosaithe, tá na bearta sin fíor-riachtanach chun a áirithiú go ngineann an tionscadal sreafaí airgid leordhóthanacha chun an t-oibreoir núicléach a íoc agus chun an inmharthanacht oibríochtúil fhadtéarmach a choinneáil ar bun. Áitíonn an Bheilg, gan na bearta sin, go bhféadfadh féimheacht a bheith roimh an ngléasra cumhachta núicléiche i gcás éaradh fada nó athruithe (beartais) rialála lena gcruthaítear neamh-infhaighteacht.

(255) Chun bunús breise a thabhairt leis na maímh sin, chuir an Bheilg na barúlacha seo a leanas isteach, le tacaíocht ó anailís neamhspleách arna hullmhú ag Compass Lexecon ([109]):

(a) Tá infheistíochtaí trádála i sócmhainní núicléacha neamhchosanta ar rioscaí dorialaithe agus ardtionchair a bhaineann le rialáil/beartas agus teicneolaíocht, rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infhaighteacht gléasraí cumhachta. Tá struchtúr costais seasta ag tionscadail núicléacha den chuid is mó, rud a fhágann go bhfuil a bhfeidhmíocht airgeadais an-íogair do thréimhsí neamh-infhaighteachta. Murab ionann agus samhail BSR, ní leor scéim CD amháin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí neamh-infhaighteachta ardtionchair sin, rud a éilíonn sásra bainistithe riosca breise.

(b) Tá gá le IIOC chun fálú i bpáirt a dhéanamh in aghaidh cásanna lena mbaineann caillteanais mhóra a d'fhéadfadh inmharthanacht eacnamaíoch agus airgeadais (agus sócmhainneacht) na nAonad OFT a chur i mbaol. Tá gá leis na hIasachtaí CTM chun na costais oibriúcháin sheasta is gá a mhaoiniú chun na hAonaid OFT a choinneáil ar bun sula n-atosaítear iad agus le linn na n-oibreacha sínidh sceidealaithe OFT.

(c) I bhfianaise fheidhmíocht stairiúil ghléasraí cumhachta núicléiche na Beilge agus gléasraí cumhachta núicléiche eachtracha, ní dócha go mbeidh teagmhas suntasach neamh-infhaighteachta ann a dhéanann difear don dá aonad núicléach ar feadh cuid shubstaintiúil den bhliain. Ag féachaint chun cinn, tá coinne leis go dtiocfaidh géarú ar na rioscaí sistéamacha sin de réir mar a laghdófar cabhlach núicléach na Beilge ó 2025 ar aghaidh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh teagmhais níos minice nach bhfuil chomh dian céanna a bheith ann a mbeadh caillteanais fós mar thoradh orthu don Tionscadal OFT, rud a thabharfadh údar breise leis an ngá atá le sásra IIOC.

(256) Tháinig an Bheilg ar an gconclúid dá bhrí sin go bhfuil Iasachtaí IIOC agus CTM iomchuí agus comhréireach:

(a) Ní chosnaíonn IIOC an Tionscadal OFT ar gach riosca oibriúcháin, rud a fhágann gurb iomchuí é toisc nach bhfuil i gceist leis an mbeart ach aghaidh a thabhairt ar theagmhais mhóra neamh-infhaighteachta agus féimheacht BE-NUC a chosc. Fanann rioscaí oibriúcháin eile leis na scairshealbhóirí, rud a fhágann go bhfuil go leor cásanna ann ina laghdaítear an bhrabúsacht, agus nach mbaintear amach IRR Tionscadail 7 %, fiú agus an beart cabhrach i bhfeidhm.

(b) Tá IIOC comhréireach toisc go bhfuil sé teoranta d'íocaíochtaí easnaimh a bhfuil gá leo chun caillteanais a sheachaint (comhchuid OPEX íosta) agus, i gcás caillteanais infheistíochta (is é sin, IRR Tionscadail diúltach), ní chumhdaítear ach 50 % de na ranníocaíochtaí cothromais (comhchuid na nÍocaíochtaí Caipitil). I bhfocail eile, fiú le IIOC, d'fhéadfadh scairshealbhóirí suas le 50 % dá n-infheistíocht a chailleadh.

(c) Le hIasacht CTM soláthraítear leachtacht i bhfoirm maoiniú atá teoranta don easnamh ioncaim, ionas go mbeidh an chabhair iomchuí.

(d) Tá Iasacht CTM comhréireach toisc go n-íoslaghdaítear í chun caillteanais a mhaolú agus go bhfuil costas ag baint léi, agus é inaisíoctha le hús.

(257) Tar éis an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, chinn an Bheilg uasteorainn a thabhairt isteach ar íocaíochtaí féideartha IIOC arb ionann í agus uasmhéid EUR 2 bhilliún trína cheart foirceanta nó a chearta foirceanta a fheidhmiú faoi CLS, ach amháin má léirítear le hanailís ó Stát na Beilge go bhféadfadh foirceannadh den sórt sin dochar a dhéanamh do shlándáil soláthair na Beilge agus/nó nach mbeadh foirceannadh iomchuí ó thaobh airgeadais de. Féach tuilleadh sonraí i roinn 3.3.1.3.3.

4.1.4. *Iasachtaí scairshealbhóirí agus SCO*

(258) De réir na Beilge, comhaontaíonn Stát na Beilge agus Electrabel, mar scairshealbhóirí, a sciar *pro rata* de cheanglais mhaoinithe BE-NUC nó easnaimh mhaoinithe gan choinne a mhaoiniú (a mhéid a bhaineann siad sin le costais agus speansais nach bhfuil maoinithe ag na sásraí eile amhail ioncaim BE-NUC, íocaíochtaí difríochta le BE-NUC faoi CLS, Iasacht CTM, srl. lena n-áirithítear nach gcumhdaítear costais faoi dhó).

([109]) Compass Lexecon, Meamram — Nóta forlíontach maidir le hIasacht CTM agus IIOC, an 22 Lúnasa 2024.

(259) Mhínigh an Bheilg go ndearna Electrabel agus Stát na Beilge comhaontuithe aonair comhionanna maidir leis na hIasachtaí Scairshealbhóirí le BE-NUC. Níor socraíodh na rátaí úis ach foráiltear le Comhaontuithe Iasachta na Scairshealbhóirí gur ráta ar neamhthuilleamaí a bheidh i ráta úis gach Iasachta Scairshealbhóirí arna chinneadh ag bord BE-NUC de réir Chomhaontú na Scairshealbhóirí, faoi threoir na rátaí margaidh atá i réim agus aon mhaoiniú fiachais tríú páirtí inchomparáide a bheidh ar fáil an tráth iomchuí. Is ionann téarmaí aisíocaíochta na méideanna agus na rátaí úis.

(260) Mhínigh an Bheilg go bhfónann SCO chun an gá le caipiteal oibre a eascraíonn as oibriú na nAonad OFT a mhaoiniú. Ceadófar do BE-NUC SCO a tharraingt anuas má tá an difríocht idir a insreafaí airgid agus a eis-sreafaí airgid níos lú ná caiteachais oibríochtúla mheasta na tréimhse caiteachais atá le teacht a leagtar amach sa CLS. Is é méid SCO an meánchaiteachas oibríochtúil measta comhiomlán ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad. Shoiléirigh an Bheilg, i ndáiríre, go bhfeidhmíonn SCO mar dhroichead laistigh den bhliain chuig IIOC bliantúil, ag gníomhú dó mar shaoráid chreidmheasa imrothlach a d'aisíocfadh IIOC arna sholáthar ag Stát na Beilge go bliantúil, dá dtarraingeofaí anuas í.

(261) Shoiléirigh an Bheilg go molfaidh Electrabel modheolaíocht le haghaidh Iasacht Scairshealbhóirí Electrabel, ar a dtugtar tuairisc i mbileog téarmaí, a chuirfear in iúl do bhord BE-NUC agus a mhacasamhlófar ansin le haghaidh iasacht Stát na Beilge, agus le haghaidh SCO chomh maith. Is ionann téarmaí aisíocaíochta na méideanna agus na rátaí úis. D'áitigh an Bheilg go raibh an mhodheolaíocht fós á plé agus go gcuirfí in iúl í ag céim níos déanaí.

4.2. **Seasamh na Beilge maidir le CSBF**

4.2.1. *Dámhachtain CSBF trí phróiseas tairisceana iomaíoch*

(262) Maidir le seirbhísí bainisteora fuinnimh a cheannach faoi CSBF, d'áitigh an Bheilg go ndéantar na seirbhísí sin a cheannach trí phróiseas tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach. Go háirithe, dámhfar conradh CSBF trí phróiseas idirbheartaithe le glao ar iomaíocht roimh ré (Airteagal 120 de dhlí na Beilge maidir le soláthar poiblí an 17 Meitheamh 2016), ar próiseas caighdeánach é in earnáil na bhfóntas. Tagann an Bheilg ar an gconclúid dá bhrí sin nach gcruthaítear buntáiste don bhainisteoir fuinnimh (comhpháirtí CSBF) le CSBF agus nach mbaineann comhpháirtí CSBF tairbhe as státchabhair.

(263) D'áitigh an Bheilg, cé go soláthraítear roinnt ráthaíochtaí cheana féin le cur i bhfeidhm na dtreoracha maidir le soláthar poiblí, i bhfianaise thábhacht na seirbhísí a thairgtear agus na híogaireachta ó thaobh na hiomaíochta de, gur cuireadh forálacha agus coimircí breise chun feidhme, chun a áirithiú go mbeidh iomaíocht leordhóthanach sa tairiscint.

(264) Go sonrach, mhínigh an Bheilg, sular dréachtaíodh na doiciméid tairisceana, gur seoladh Iarraidh ar Fhaisnéis maidir le CSBF chun tuairimí a bhailiú ón margadh, lena n-áirítear líon mór ábhar a bhaineann le hábhar chonradh CSBF. Ina theannta sin, forchuirtear leis an tairiscint critéir roghnúcháin shonracha lena n-áirithítear go bhfuil na rannpháirtithe cáilithe/roghnaithe oiriúnach don fheidhm i bhfianaise thábhacht agus íogaireacht na seirbhíse a thairgtear. Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas tairisceana agus faoi na critéir roghnúcháin ar fáil i roinn 3.3.1.5.1.

(265) Mar a tugadh faoi deara i roinn 3.3.1.5.2, tar éis an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, chinn an Bheilg an t-údarás cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha a dheonú don chomhpháirtí CSBF agus trí theaglaim de tháille sheasta agus athraitheach a chur in ionad luach saothair seasta chomhpháirtí CSBF, agus ar an gcaoi sin dreasachtaí níos láidre a sholáthar chun modhnú a dhéanamh de réir comharthaí margaidh, agus srianta teicniúla (agus rioscaí múchta uathoibríocha féideartha) na nAonad OFT á gcur san áireamh.

4.2.2. *Coimircí breise a bhaineann leis an mbainisteoir fuinnimh*

(266) D'áitigh an Bheilg go bhforáiltear do bhearta sonracha maidir le rannpháirtíocht fhéideartha GEMS, eintiteas trádála Engie (aonad gnó den ghrúpa Engie atá neamhspleách ó thaobh na bainistíochta de ar an aonad gnó Nuclear), sa phróiseas tairisceana.

(267) Shoiléirigh an Bheilg a thuilleadh go ndéantar, agus go ndéanfar, agus go gcuirfear chun feidhme bearta leordhóthanacha chun aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a chosc go héifeachtach. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na bearta sin mar seo a leanas:

(a) Ceadaítear le hIarraidh ar Fhaisnéis tástáil mhargaidh, agus d'fhéadfadh aon pháirtí leasmhar téarmaí agus tograí éagsúla a mholadh sa chomhthéacs sin a bheadh le léiriú san Iarraidh ar Fhaisnéis, lena n-áirithítear nach n-áirítear sa tairiscint bacainní a bheadh ina míbhuntáiste d'aon rannpháirtí leasmhar seachas GEMS (nó aon chuideachta de ghrúpa Engie). Ní bheidh baint ag Electrabel (ná ag aon chuideachta de chuid ghrúpa Engie) leis an bpróiseas chun na doiciméid tairisceana a tharraingt suas tar éis (torthaí) Iarraidh ar Fhaisnéis.

(b) Le linn an phróisis tairisceana, dá nglacfadh GEMS páirt ann, fiú mar fhochonraitheoir nó in aon cháil eile, cuirtear cosc ar Electrabel (nó aon chuideachta de chuid ghrúpa Engie) agus ar a stiúrthóirí nó a ghníomhairí páirt a ghlacadh in aon chinneadh agus/nó in aon phlé de chuid BE-NUC maidir leis an tairiscint (mar shampla, an cinneadh roghnúcháin agus an cinneadh dámhachtana).

(c) Laistigh d'eagraíocht Electrabel, bunaíodh dianbhacainní faisnéise agus constaicí eiticiúla agus leanfar dá mbunú idir daoine aonair atá freagrach as tairiscintí a chur isteach ag GEMS agus daoine aonair a bhfuil baint acu le bainistiú BE-NUC. Cuirfear na coimircí céanna i bhfeidhm i gcás ina dtoghfar GEMS ar deireadh mar bhainisteoir fuinnimh trí phróiseas tairisceana rathúil.

(268) Shoiléirigh an Bheilg freisin, mar chúltaca deiridh, mura mbeidh aon CSBF tugtha i gcrích in am trátha, go ndéanfaidh GEMS seirbhísí CSBF go sealadach chun leanúnachas a áirithiú. D'áitigh an Bheilg go bhfuil gá leis an socrú sin agus go bhfuil sé oiriúnach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú (díol an leictreachais a ghineann na hAonaid OFT), ach tá an réiteach sin teoranta go docht ó thaobh ama de agus don íosmhéid is gá.

4.2.3. *Conclúid na Beilge maidir le CSBF*

(269) Tháinig an Bheilg ar an gconclúid go n-eisiatar le próiseas tairisceana CSBF aon státchabhair fhéideartha, ós rud é: (i) go n-áiritheoidh Stát na Beilge go leanfaidh BE-NUC an reachtaíocht agus na prionsabail soláthair phoiblí go docht, agus (ii) leis an bpróiseas comhairliúcháin forleathan sula seolfar an tairiscint go soláthrófar coimircí breise lena n-áirithítear go ndéanfar seirbhísí a cheannach trí phróiseas tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach.

(270) Ina theannta sin, tháinig an Bheilg ar an gconclúid go seachnaítear aon riosca maidir le foriamh margaidh agus cleachtais fhrithiomaíocha eile a d'fhéadfadh Engie a dhéanamh agus gur glacadh na bearta agus na coimircí uile chun a áirithiú go gceapfar comhpháirtí CSBF neamhspleách. Mar chúltaca amháin, sholáthródh GEMS na seirbhísí sin go sealadach, rud atá riachtanach agus oiriúnach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú.

4.3. **Seasamh na Beilge maidir leis an socrú dramhaíola**

4.3.1. *Dliteanais díchoimisiúnaithe*

(271) Shoiléirigh an Bheilg go n-íocfaidh Stát na Beilge dliteanais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála OFT a eascraíonn as an Tionscadal OFT ('neamhréireanna'), má chruthaíonn Electrabel é sin, trí bhíthin íocaíocht chnapshuime aon-uaire (iomlán agus deiridh) ar dháta deiridh an idirbhirt. Mhínigh an Bheilg go bhforáiltear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme gur cheart do Stát na Beilge agus Electrabel teacht ar chomhaontú maidir leis an méid laistigh de thréimhse shocraithe, agus mura ndéanann siad amhlaidh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid CPN/CNV lena chinneadh.

(272) Mheabhraigh an Bheilg, ós rud é go raibh an tsaincheist ar feitheamh ar leibhéal CPN/CNV tráth an Chinnidh Tosaigh, nach ndearnadh measúnú ar a chomhréireacht sa Chinneadh Tosaigh.

(273) Mhínigh an Bheilg nár tháinig Stát na Beilge agus Electrabel ar chomhaontú maidir leis an méid laistigh den tréimhse ama a socraíodh, ionas gur cuireadh an t-ábhar faoi bhráid CPN/CNV lena chinneadh. Ar bhonn níos cruinne, shoiléirigh an Bheilg an méid seo a leanas:

(a) An 12 Nollaig 2023, chuir Electrabel a Athbhreithniú Beartaithe chuig Stát na Beilge: D'áitigh Electrabel gurbh ionann Dliteanais Díchoimisiúnaithe agus Díchóimeála OFT agus EUR 689,9 milliún (luachanna 2021) agus EUR 580 milliún (luachanna 2023).

(b) An 25 Eanáir 2024, thug Stát na Beilge freagra ar an Athbhreithniú Beartaithe. Ina fhreagra, mheas Stát na Beilge nár chuir Electrabel fianaise leordhóthanach ar fáil maidir le gach ceann de na tionchair sin agus nár ríomhadh na costais a chuir Electrabel ar aghaidh le beachtas leordhóthanach agus, dá bhrí sin, gurb ionann Dliteanais Díchoimisiúnaithe agus Díchóimeála OFT agus nialas.

(c) Ós rud é nár thángthas ar chomhaontú frithpháirteach maidir le méid na nDliteanas Díchoimisiúnaithe agus Díchóimeála OFT mar thoradh ar thuilleadh plé idir Electrabel agus Stát na Beilge, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid CNV/CPN.

(d) D'iarr CNV/CPN comhairle ó ONDRAF/NIRAS agus FANC/AFCN, a chuir a gcomhairle isteach an 25 Márta 2024 agus an 27 Márta 2024 faoi seach. Chuir ONDRAF/NIRAS barúlacha breise i scríbhinn isteach an 6 Meitheamh 2024.

(e) An 24 Meitheamh 2024, d'eisigh CPN/CNV a chomhairle maidir le Dliteanas Díchoimisiúnaithe agus Díchóimeála OFT agus tháinig sé ar an gconclúid gur méadú EUR [100-500] milliún (luachanna 2021) é tionchar an Tionscadail OFT ar chostais díchoimisiúnaithe (costais thar oíche). Ní mór na costais thar oíche a ríomhtar a lascainiú trí úsáid a bhaint as an ráta lascaine agus boilscithe arna chinneadh tráth an athbhreithnithe thríbhliantúil in 2022. Ar an mbonn sin, is é EUR [100-500] milliún (luachanna 2023) an méadú ar chostais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála.

(274) Dá bhrí sin, tháinig an Bheilg ar an gconclúid go bhfuil an méid le haghaidh aistriú dliteanas díchoimisiúnaithe breise a eascraíonn as an Tionscadal OFT mar a leagtar amach in CPN/CNV ina Chomhairle an 24 Meitheamh 2024 comhréireach.

4.3.2. *Seasamh na Beilge maidir le comhréireacht na Caidhpe Dramhaíola*

(275) Ina theannta sin, an 30 Lúnasa 2024, chuir an Bheilg anailís neamhspleách bhreise isteach ó Compass Lexecon, anailís eacnamaíoch ar dhearadh na Caidhpe Dramhaíola, lena n-áirítear anailís ar an ráta lascaine 3 % agus lena n-áirítear mínithe breise ar an gcaoi a gcumhdaítear na rioscaí breise arna sainaithint ag CPN/CNV cheana féin leis an bpréimh riosca arna ríomh ag Stát na Beilge nó ar an gcaoi a bhfuil dóchúlacht/tionchar teoranta acu.

4.3.2.1. Ábhair imní a bhaineann leis an bhfachtóir lascaine

(276) D'áitigh an Bheilg go dtagann ábhair imní an Choimisiúin, a bhaineann leis an ráta lascaine, ó anailís ó CPN/CNV ina chomhairle an 7 Márta 2023 chuig an Aire Fuinnimh ([110]), ina measann CPN/CNV nach mór don ráta lascaine ba cheart a úsáid le haghaidh costais breosla spíonta aghaidh a thabhairt de réir a chéile ar an ráta toraidh fadtéarmach saor ó riosca (arna ríomh mar 2,17 %), agus molann sé ráta lascaine dhá chéim a úsáid (3,17 % le haghaidh na chéad 30 bliain, agus 2,17 % tar éis na chéad tréimhse 30 bliain).

([110]) CPN/CNV, '*Comhairle don Aire Fuinnimh maidir le freagracht airgeadais a aistriú ó ENGIE chuig Stát na Beilge, maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ó sheacht stáisiún cumhachta núicléiche na Beilge*', an 7 Márta 2023.

(277) Rinne an Bheilg tagairt d'anailís neamhspleách arna hullmhú ag Compass Lexecon ([111]), a léirigh go bhfuil an ráta lascaine 3 % a choinnigh Stát na Beilge comhréireach, bunaithe ar an méid seo a leanas: (i) anailís eacnamaíoch ar an gcur chuige a mhol CPN/CNV, (ii) cineálacha cur chuige ábhartha eile, agus (iii) fasach na Gearmáine i gcás SA.45296.

(a) Ar an gcéad dul síos, léiríodh san anailís neamhspleách ar an ráta lascaine go bhfuil an cur chuige dhá chéim a mhol CPN/CNV chun an ráta lascaine a shocrú coibhéiseach le lascainiú na sruthanna íocaíochtaí le ráta lascaine uathúil 2,9 % ([112]). Ina theannta sin, léiríodh san anailís gur ríomhadh na rátaí a mhol CPN/CNV thar thréimhse shonrach de rátaí úis ísle marthanacha, agus, nuair a bhí an ríomh á thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na sonraí maidir le ráta OLO a bhí ar fáil tráth Chinneadh Tosaigh an 22 Iúil 2024, go n-eascraíonn ráta lascaine coibhéiseach 3,2 % ([113]) as an gcur chuige dhá chéim, is é sin 24 bhonnphointe níos airde ná an ráta lascaine arna choinneáil ag Stát na Beilge.

(b) Ar an dara dul síos, tugadh le fios san anailís neamhspleách nach é an cur chuige dhá chéim atá molta ag CPN/CNV an t-aon réiteach amháin chun ráta lascaine a shocrú lena dtabharfaí aghaidh de réir a chéile ar an ráta toraidh fadtéarmach saor ó riosca. Go deimhin ba cheart go léireofaí leis an ráta lascaine an toradh is féidir le Hedera a bhaint amach agus an chnapshuim inniu á hinfheistiú i sócmhainní saor ó riosca. Deimhnítear leis an anailís sin, trí infheistíocht a dhéanamh i bpunann urrús ioncaim sheasta áirithe, lena n-áirítear bannaí rialtais na Beilge ag a bhfuil aibíochtaí éagsúla, go bhféadfadh Stát na Beilge ráta os cionn 3 % a urrú ([114]).

(c) Ar deireadh, léiríodh san anailís neamhspleách i bhfasach na Gearmáine a bhain le haistriú dliteanas dramhaíola núicléiche chuig Stát na Gearmáine (cás SA.45296), gurbh é 4,58 % an ráta lascaine, bunaithe ar ráta toraidh 30 bliain a raibh coinne leis ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), arbh é 1,994 % é tráth an chinnidh ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2017. Mheas an Coimisiún go raibh an fachtóir lascaine 4,58 % inghlactha le haghaidh dliteanais dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta na Gearmáine. I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh atá tagtha ar ráta ÚEÁPC, is cosúil go bhfuil an ráta lascaine i bhfad níos ísle de 3 % a mhol Stát na Beilge comhsheasmhach leis an leibhéal ráta úis atá ann faoi láthair.

4.3.2.2. Ábhair imní a bhaineann leis na rioscaí a bhreithnítear sa Chomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola

(278) D'áitigh an Bheilg go n-eascraíonn ábhair imní an Choimisiúin maidir leis na rioscaí a bhreithnítear sa Chomhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola freisin ó Chomhairle CPN/CNV don Aire Fuinnimh (féach fonóta 113), inar cheart trí riosca a mheas:

(a) Róchaiteachas: An riosca go bhféadfaí gannmheastachán a dhéanamh ar na costais thar oíche a bhfuil coinne leo agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh teagmhais a bheith neamhleor.

(b) Gannmheastachán ar bhoilsciú foirgníochta: An riosca go bhfuil an boilsciú iarbhír foirgníochta níos airde ná sprioc boilscithe 2 % an Bhainc Ceannais Eorpaigh a thoimhdítear i ráta lascaine CPN/CNV.

(c) Riosca infheistíochta: An riosca nach féidir le Hedera an ráta toraidh ionchasach a bhaint amach tar éis athruithe ar na rátaí úis. Is cás dóchúlachta íseal é sin de réir CPN/CNV.

([111]) Compass Lexecon, Meamram — Anailís ar ábhair imní Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le dearadh na caidhpe dramhaíola núicléiche, an 30 Lúnasa 2024.

([112]) Cuireadh anailís Compass Lexecon in ionad an luacha sin, anailís a rinneadh ar shonraí níos mionsonraithe sa doiciméad 'CL — Freagairt ar ábhair imní an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ráta lascaine — 291124', a cuireadh isteach an 30 Samhain 2024, a thugann ráta coibhéiseach 2,8 %.

([113]) Cuireadh anailís Compass Lexecon in ionad an luacha sin, anailís a rinneadh ar shonraí níos mionsonraithe sa doiciméad 'CL — Freagairt ar ábhair imní an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ráta lascaine — 291124', a cuireadh isteach an 30 Samhain 2024, a thugann ráta coibhéiseach 3,1 %.

([114]) Cuireadh an méid sin i gcrích leis an bhfreagra ar cheist 5.4 den Iarraidh ar Fhaisnéis an 1 Deireadh Fómhair. Sa chleachtas, chun fálú in aghaidh an riosca boilscithe, díreoidh Hedera ar bhainistíocht dhinimiciúil sócmhainní agus dliteanas, bunaithe ar phunann éagsúlaithe lena n-áirítear sócmhainní lena gceadaítear don chiste fálú in aghaidh an bhoilscithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Hedera punann a dhearadh bunaithe ar bhannaí agus ionstraimí fiachais, cothromas, réadmhaoin, agus díorthaigh (ach gan a bheith teoranta dóibh), agus é mar sprioc fhadtéarmach aige toradh 1 % a bhaint amach san fhíorthéarma, agus an riosca luaineachta a íoslaghdú ag an am céanna.

(279) Léiríodh san anailís neamhspleách a rinne Compass Lexecon gur breithníodh na rioscaí sin, agus léiríodh go bhfuil an cur chuige a ghlac Stát na Beilge stuama agus go n-áirítear teagmhais leordhóthanacha ann chun na rioscaí sin a chumhdach.

(a) Maidir leis an riosca a bhaineann le róchaiteachas, tugadh faoi deara san anailís go ndéantar iniúchadh go minic ar na costais a bhaineann le bainistiú dramhaíola núicléiche agus go dtugtar cothrom le dáta iad sa Bheilg, agus go bhfuil an Chaidhp Dramhaíola bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil. Ina theannta sin, tá bunmhéid, agus préimh riosca, sa Chaidhp Dramhaíola ann féin. Tá an bunmhéid bunaithe ar fhardal dramhaíola, agus ar chás tagartha tionsclaíche ó ONDRAF/NIRAS, ina léirítear cás 'níos dóchúla ná a mhalairt' (is é sin cás riosca an 50ú peircintíl), rud a chiallaíonn go mbeidh na teagmhais a choinnítear leordhóthanach chun róchaiteachas a chumhdach lena mbaineann dóchúlacht 50 %. Tá an phréimh riosca, a chuirtear leis anuas ar an mbunmhéid, bunaithe ar nóta ó ONDRAF/NIRAS ina nglactar cur chuige ón mbun aníos chun roinnt rioscaí breise a shainaithint agus a chainníochtú, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas: (i) an riosca go mbeadh róchaiteachas breise ann le haghaidh na suiteála diúscartha geolaíche nach gcumhdaítear cheana féin le teagmhais an bhunmhéide, (ii) an riosca go gcoinneofaí réiteach teicniúil eile seachas an tsuiteáil diúscartha geolaíche ag doimhneacht 400 m, (iii) an riosca go sárófaí costas breise chun na saoráidí stórála ag láithreán an Belgoprocess a oibriú agus a chothabháil, chun na Saoráidí Stórála Breosla Spíonta a oibriú tar éis 2050 agus chun saoráidí breise a thógáil nach gcumhdaítear cheana le teagmhais an bhunmhéide, agus (iv) an riosca rialála go bhféadfadh sé nach mbeadh roinnt dramhaíola incháilithe le haghaidh stóráil os cionn talún. Thairis sin, tugadh faoi deara san anailís gurb ionann an phréimh riosca agus EUR 5 185 mhilliún, is é sin 53 % den bhunmhéid (EUR 9 815 mhilliún), atá i bhfad níos mó ná an phréimh riosca 35 % a cuimsítear sa mhodheolaíocht a forbraíodh chun dliteanais dramhaíola núicléiche a aistriú chuig Stát na Gearmáine sa chás comhchosúil SA.45296. Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh i bhfasach na Gearmáine comhchosúil, ach baineann cás tagartha chás na Beilge tairbhe as sonraí níos déanaí, lena n-áirítear aiseolas ó thionscadail san Eilvéis agus san Fhionlainn, agus dá bhrí sin tá sé bunaithe ar thacar sonraí níos nuashonraithe.

(b) Maidir leis an riosca go ndéanfaí gannmheastachán ar bhoilsciú an chostais foirgníochta, léiríodh san anailís nach bhfuil difríocht ábhartha idir éabhlóid na gcostas foirgníochta arna dtomhas ag Association Belge des Experts ('ABEX') agus an boilsciú arna thomhas ag PIT. De réir na hanailíse, ba é boilsciú níos airde ná mar is gnách ar chostais foirgníochta in 2022 ba chúis leis an imní a bhí ar CPN/CNV agus meastar an méadú boilscithe sin sa phréimh riosca. Tugadh faoi deara san anailís freisin gurbh é 1,60 % an boilsciú fadtéarmach a coinníodh sa Ghearmáin sa chás comhchosúil SA.45296, agus go bhfuil an boilsciú fadtéarmach socraithe ag 2 %, arb é sprioc BCE é, sa chás i dtrácht.

(c) Maidir leis an riosca infheistíochta agus imní CPN/CNV go bhféadfadh ciste Hedera atá i gceannas ar na forálacha a bheith neamhchosanta ar riosca toraidh nach bhfuil leordhóthanach chun na speansais a chumhdach, léiríodh san anailís, trí infheistíocht a dhéanamh sa lá atá inniu ann i bpunann bannaí ag a bhfuil aibíochtaí éagsúla agus iad a shealbhú go haibíocht, go bhfaighidh an ciste cúpóin ar ráta úis nach n-athraíonn, ionas nach mbeadh an ciste neamhchosanta ar athrú ar an ráta úis (ag úsáid teicnící bainistíochta sócmhainní agus dliteanas ('BSD') chun na sócmhainní a mheaitseáil leis na dliteanais nuair a bheidh siad dlite). Luadh san anailís, áfach, dhá riosca iarmharacha a mbeadh an ciste neamhchosanta orthu leis an gcur chuige sin:

— Ar an gcéad dul síos, chun na hús a fhaightear ar íocaíocht na gcúpón a iolrú, leis an gciste caithfear athinfheistiú go minic i mbannaí nua-eisithe. Is féidir an riosca sin a fhálú, ós rud é go bhfuil sruth íocaíochtaí réasúnta áirithe ag an gciste chun dramhaíl a bhainistiú, ionas gur féidir punann urrús ioncaim sheasta a dhearadh atá ag teacht le téarmaí na gcostas.

— Ar an dara dul síos, is é 50 bliain an aibíocht is faide le haghaidh bannaí Beilgeacha, agus leathnaítear na speansais le haghaidh breosla spíonta go dtí an bhliain 2135. Mar sin féin, tá na speansais a tharlaíonn tar éis 50 bliain teoranta, ós rud é nach bhfuil iontu ach 13 % de na speansais neamhlascainithe iomlána, agus go bhfuil roinnt urrús ioncaim sheasta a bhfuil aibíocht níos faide acu ar fáil, amhail bannaí 100 bliain na hOstaire.

(280) Cuireadh an anailís sin i gcrích leis an bhfreagra ar cheist 5.4 den Iarraidh ar Fhaisnéis an 1 Deireadh Fómhair 2024. D'áitigh an Bheilg gur cheart, sa chleachtas, punann Hedera a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna eacnamaíocha uile atá inchreidte le haghaidh na tréimhse, go háirithe i dtéarmaí an leibhéil boilscithe. Is é sprioc Hedera toradh 1 % a bhaint amach i dtéarmaí réadacha (is é sin, 1 % os cionn an leibhéil boilscithe). Chuige sin, forbróidh Hedera straitéis lena gcuirfear san áireamh an riosca nach mbainfí an toradh sin amach faoi chórais eacnamaíocha áirithe (mar shampla, i gcás tréimhse fhadaithe de bhoilsciú ard) le punann atá comhdhéanta de bhannaí amháin. Dá bhrí sin, díreoidh Hedera ar bhainistíocht dhinimiciúil sócmhainní agus dliteanas, bunaithe ar phunann éagsúlaithe lena n-áirítear sócmhainní lena gceadaítear don chiste fálú in aghaidh an bhoilscithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Hedera punann a dhearadh bunaithe ar bhannaí agus ionstraimí fiachais, cothromas, réadmhaoin, agus díorthaigh (ach gan a bheith teoranta dóibh), agus é mar sprioc fhadtéarmach aige toradh 1 % a bhaint amach san fhíorthéarma, agus an riosca luaineachta a íoslaghdú ag an am céanna. Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirfidh Hedera teorainn lena nochtadh do chothromas, bannaí agus eastát réadach na Beilge. Déantar é sin chun éagsúlú a áirithiú agus chun a áirithiú go mbeidh an ciste díchúpláilte go leordhóthanach ó gheilleagar na Beilge.

4.4. Seasamh na Beilge maidir le héifeachtaí carnacha na bhfobheart

(281) Chuir an Bheilg isteach go raibh comhchodanna agus fobhearta éagsúla den Tionscadal OFT mar chuid de na hiarrataí ó Engie chun teacht ar chomhaontú maidir leis an síneadh saolré agus gur cuimsíodh iad uile sna doiciméid idirbhirt dhomhanda a síníodh an 13 Nollaig 2023. Mar sin féin, thug an Bheilg faoi deara freisin go bhfuil comhchodanna an Tionscadail OFT éagsúil ó thaobh roinnt eilimintí de agus go gcomhlánaíonn siad a chéile, rud a chuireann teorainn le haon éifeacht charnach a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

(282) Thagair an Bheilg don chásdlí, ina mbreithnítear na hábhair seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar bhearta comhleanúnacha, lena n-áirítear:

— ábhar, cineál agus comhthéacs na n-idirghabhálacha atá i gceist;

— a gcroineolaíocht;

— a gcuspóir;

— imthosca an ghnóthais tráth na n-idirghabhálacha sin;

— céannacht na ndeontóirí nó na dtairbhithe díobh (lena n-áirítear a gcineál dlíthiúil agus a staid airgeadais/eacnamaíoch); agus

— an cheist an raibh na hidirghabhálacha éagsúla atá i gceist beartaithe nó intuartha tráth na chéad idirghabhála.

4.4.1. *Ábhar agus cineál Chomhchodanna 1, 2 agus 3*

(283) D'áitigh an Bheilg go bhfuil ábhar agus cineál na dtrí chomhchuid den Tionscadal OFT difriúil go bunúsach agus thug sí dá haire nár bhreithnigh an Coimisiún, ina Chinneadh Tosaigh, difríochtaí ná cosúlachtaí ábhar agus chineál Chomhchodanna 1, 2 agus 3. I ndáil leis sin, chuir an Bheilg an méid seo a leanas isteach:

(a) Is éard atá i gComhchuid 1 bearta airgeadais agus struchtúracha chun tacú le hoibriú inmharthana fadtéarmach BE-NUC, lena n-áirítear trí CD lena soláthraítear tacaíocht ioncaim agus lena laghdaítear an neamhchosaint ar riosca praghais an mhargaidh, agus roinnt sásraí luacha saothair lena gcumhdaítear easnaimh airgeadais eile chun inmharthanacht eacnamaíoch fhadtéarmach i ngeall ar neamhchosaint ar riosca áirithe méid/feidhmíochta oibriúcháin a choimirciú.

(b) Is éard atá i gComhchuid 2 aistriú dliteanas le haghaidh dramhaíl núicléach, breosla spíonta le haghaidh na páirce núicléiche ar fad sa Bheilg, agus dá bhrí sin cumhdaítear tréimhse ama an-fhada léi, tréimhse is mó ná cur i bhfeidhm Chomhchodanna 1 agus 3 den chuid is mó.

(c) Is éard atá i gComhchuid 3 coimircí dlíthiúla chun cosaint a thabhairt ar athruithe reachtacha amach anseo, agus dá bhrí sin tá ábhar an-difriúil aici i gcomparáid le Comhchodanna 1 agus 2.

4.4.2. *Cuspóir Chomhchodanna 1,2 agus 3*

(284) Thug an Bheilg dá haire go mbaineann cuspóir foriomlán na dtrí chomhchuid le síneadh saolré na nAonad OFT. Mar sin féin, d'áitigh an Bheilg gur eilimint ábhartha sa mheasúnú é cuspóir sonrach gach comhchoda ina n-aonar:

(a) Is é príomhsprioc Chomhchuid 1 an éiginnteacht ioncaim a laghdú agus inmharthanacht fhadtéarmach an Tionscadail OFT a áirithiú trí dhócmhainneacht agus féimheacht BE-NUC a chosc. An tráth céanna, tá sé d'aidhm aige freisin luach saothair iomarcach do na scairshealbhóirí a sheachaint agus teorainn a chur leis an tacaíocht ó Stát na Beilge mar Chontrapháirtí CLS. Go háirithe, le gach ceann de na bearta bunúsacha airgeadais i gComhchuid 1 tugtar aghaidh ar rioscaí éagsúla ar bhealach comhréireach: le CD, laghdaítear an riosca a bhaineann le praghsanna an mhargaidh mórdhíola, bainistíonn IIOC na rioscaí tionchair arda a bhaineann le neamh-infhaighteacht thobann a mbíonn caillteanais le linn na céime oibriúcháin mar thoradh air, agus áirithítear le hIasachtaí CTM sreafaí airgid leordhóthanacha le linn an mhúchta agus oibreacha OFT sceidealaithe. D'áitigh an Bheilg gur aithin an Coimisiún é sin freisin in aithris (208) den Chinneadh Tosaigh.

(b) Pléitear i gComhchuid 2 le bainistíocht dhliteanais fhadtéarmacha chomhshaoil agus dhíchoimisiúnaithe pháirc núicléach na Beilge, atá ar leithligh ó ábhair imní oibríochtúla agus airgeadais BE-NUC a dtugtar aghaidh orthu i gComhchuid 1. Is é is príomhaidhm don chomhchuid sin na dliteanais a bheidh ann amach anseo a bhaineann le dramhaíl núicléach a aistriú, ar cuspóir difriúil é seachas airgeadas oibríochtúil a chinntiú. D'áitigh an Bheilg gur chosúil gur dheimhnigh an Coimisiún an cuspóir ar leithligh sin de chuid Chomhchuid 2 in aithris (208) den Chinneadh Tosaigh.

(c) Soláthraítear le Comhchuid 3 coimircí dlíthiúla chun cosaint a thabhairt ar roinnt athruithe reachtacha amach anseo. Leis an gchomhchuid sin tugtar aghaidh ar riosca rialála mar gheall ar athrú féideartha ar bheartais agus ar rialacháin áirithe de chuid Stát na Beilge, agus níl sí ceangailte go díreach leis na gnéithe airgeadais, oibríochtúla nó dliteanais a chumhdaítear sna comhchodanna eile.

4.4.3. *Tairbhithe díreacha Chomhchodanna 1, 2 agus 3*

(285) D'áitigh an Bheilg freisin go bhfuil tairbhithe díreacha éagsúla ag Comhchodanna 1, 2 agus 3. D'admhaigh an Bheilg, gur pointe tábhachtach é tairbhithe gach birt a shainaithint sa mheasúnú ar éifeachtaí carnacha a bheith ann. I ndáil leis sin, chuir Stát na Beilge na barúlacha seo a leanas isteach:

(a) Le Comhchuid 1 tagraítear do shraith sásraí maoinithe le tairbhithe sonracha in aghaidh an bhirt. Thug an Bheilg dá haire, murab ionann agus an méid a léirítear in aithris (182) den Chinneadh Tosaigh, gurb iad BE-NUC agus Luminus, seachas Electrabel agus Luminus, tairbhithe díreacha CD, Iasachtaí CTM, IIOC agus SCO (d'eascródh tairbhí le haghaidh Electrabel go hindíreach as a cháil mar scairshealbhóir).

(b) Maidir le Comhchuid 2, téann aistriú dliteanas dramhaíola núicléiche agus an comhaontú maidir le dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise mar gheall ar OFT, chun tairbhe Electrabel mar an t-oibreoir núicléach chomh maith le Luminus agus EDF Belgium ina ról mar Chuideachtaí Rannpháirteacha. Tháinig an Bheilg ar an gconclúid dá bhrí sin nach dtéann Comhchuid 2 chun tairbhe BE-NUC.

(c) Foráiltear le Comhchuid 3 go spreagfadh bearta aontaobhacha áirithe arna nglacadh ag Stát (cónaidhme) na Beilge ceart chun slánaíochta le haghaidh Electrabel, agus go hindíreach, le haghaidh Luminus chomh maith.

4.4.4. Éifeachtaí carnacha Chomhchuid 1, 2 agus 3

(286) Tá difríocht mhór idir comhchodanna 1, 2 agus 3 i dtéarmaí ábhair agus cineáil, cuspóra agus tairbhithe, a rinneadh an tráth céanna agus a fhónann do chuspóir foriomlán shíneadh saolré na nAonad OFT. Mar a léirítear thuas, comhfhreagraíonn gach Comhchuid do chuspóir sonrach a fhágann go gcomhlánaíonn siad a chéile, rud a chuireann teorainn le haon éifeacht charnach a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

(287) Maidir le próifíl riosca Electrabel a d'fhéadfadh a bheith athraithe a bhuí le Comhchodanna 2 agus 3, d'fhéadfadh na bearta sin dul chun tairbhe do Electrabel mar oibreoir núicléach agus dá bhrí sin feabhas a chur ar phróifíl riosca Electrabel ar an iomlán. Ní athraíonn Comhchodanna 2 agus 3 próifíl riosca BE-NUC, príomhthairbhí Chomhchuid 1. Mar a measadh in anailís neamhspleách a rinne Compass Lexecon, is í próifíl riosca BE-NUC i bhfianaise na rioscaí sonracha a dhéanann difear don tionscadal, agus an leithdháileadh riosca idir BEGOV agus BE-NUC, an toisc ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht Chomhchuid 1.

5. **SEASAMH ENGIE**

(288) Chuir Engie a bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh isteach an 9 Meán Fómhair 2024. Ina aighneacht, cuireann Engie fianaise agus anailís ar fáil chun tacú lena argóint nach mbeadh bunús leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl ina Chinneadh Tosaigh. I bhfreagairt Engie ar an gCinneadh Tosaigh pléitear an beart tosaigh mar a thuairiscítear sa Chinneadh Tosaigh. Cuimsítear leis an mbeart atá ann faoi láthair athruithe (a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar an amhras a chuir an Coimisiún in iúl ina Chinneadh Tosaigh) i gcomparáid leis an mbeart tosaigh, agus leagtar amach go mionsonraithe é i roinn 3 den Chinneadh seo. Tá seasamh Engie ailínithe le seasamh údaráis na Beilge.

(289) D'áitigh Engie gur comhaontú foriomlán é an Tionscadal OFT agus gur toradh é ar chaibidlíocht fhairsing mharthanach le Rialtas na Beilge, agus é mar threoirphrionsabal leanúint de bheith tiomanta don Bheilg agus rannchuidiú le slándáil soláthair na tíre trí ghlacadh le hiarraidh na Beilge síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha, agus ar an gcaoi sin a straitéis phoiblí a chur ar ceal chun deireadh a chur le hoibríochtaí núicléacha sa Bheilg tar éis 2025 (féach aithris (23)). Ina theannta sin, d'áitigh Engie go bhfuil éifeachtaí dearfacha ag an Tionscadal OFT ar an margadh inmheánach, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Ar an gcéad dul síos, tá an Tionscadal OFT fíor-riachtanach chun slándáil sholáthar leictreachais na Beilge a áirithiú sna blianta amach romhainn, agus d'fhéadfadh sé costas maoinithe shásra acmhainneachta na Beilge a laghdú an tráth céanna. Rachaidh an éifeacht dhearfach sin chun tairbhe freisin, go hindíreach, do Bhallstáit chomharsanachta atá idirnasctha leis an mBeilg agus ar féidir leo leictreachas a allmhairiú (tugtar faoi deara nach gcomhfhreagraíonn na honnmhairí sin do dhíolacháin dhíreacha ach d'oibríochtaí cothromúcháin arna mbainistiú ag na OCTanna).

(b) Ar an dara dul síos, rannchuidíonn an Tionscadal OFT le cuspóirí dícharbónaithe an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.

(290) D'áitigh Engie freisin go bhfuil roinnt difríochtaí idir an Tionscadal OFT (síneadh saolré Doel 4 agus Tihange 3) agus síneadh saolré Doel 1, Doel 2 agus Tihange 1 in 2015 ('OFT atá ann cheana'):

(a) Ar an gcéad dul síos, thionscain Stát na Beilge an Tionscadal OFT in 2022, tar éis do Engie cinneadh a dhéanamh (ó 2020 ar aghaidh) tarraingt siar ó ghníomhaíochtaí núicléacha agus a ghníomhaíochtaí a atreorú chun díriú ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar bhonneagair fuinnimh. Dá bhrí sin, chuir sé de cheangal ar Engie a straitéis a chur ar ceal go hiomlán, rud a mhéadaigh costais an Tionscadail OFT ann féin, go háirithe ós rud é nach ndearna Electrabel aon réamhstaidéar sábháilteachta agus nach ndearna Electrabel aon fhoráil i bhfianaise síneadh saolré nua a d'fhéadfadh a bheith ann nó síneadh ar shaolré OFT atá ann cheana. Os a choinne sin, tráth OFT atá ann cheana, bhí réamhstaidéir fós á ndéanamh ag Electrabel chun síneadh a chur le hoibríochtaí imoibreoirí núicléacha na Beilge, ós rud é gur measadh gur dócha go mbeadh cás den sórt sin ann ag an am.

(b) Ar an dara dul síos, d'eascair roinnt costas as sceideal docht an Tionscadail OFT. Arna iarraidh sin do Rialtas na Beilge, cuireadh atosú na nAonad OFT ar aghaidh go dtí an 1 Samhain 2025 (seachas an dáta a bhí beartaithe ar dtús, an 1 Samhain 2026).

(c) Ar an tríú dul síos, anuas ar an éiginnteacht rialála, meastar go mbeidh BE-NUC neamhchosanta ar luaineacht mhéadaithe i bpraghsanna an mhargaidh (i gcomparáid leis an staid in 2015) leis an sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite sa mheascán fuinnimh. Ina theannta sin, bhí dálaí an mhargaidh an-difriúil freisin in 2015, nuair a bhí foinsí fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus foinsí níos cobhsaí ina gcuid níos mó den mheascán fuinnimh, agus is annamh a tharla praghsanna ísle/diúltacha.

(d) Ar an gceathrú dul síos, bhí tionchar diúltach ag teagmhais neamh-infhaighteachta níos airde ná mar a bhí coinne leo, CAPEX agus praghas cumhachta gafa níos ísle ar thorthaí airgeadais OFT atá ann cheana. Ó 2016 i leith, taifeadadh roinnt laguithe i gcuntais Engie i ndáil lena ghníomhaíochtaí núicléacha, rud a d'fhág go raibh caillteanais mhóra airgeadais ann do Ghrúpa Engie (dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach féidir le páirtí sa mhargadh príobháideach na gníomhaíochtaí sin a iompar ina aonar agus gan sásra cothromaithe comhroinnte riosca).

(e) Ar deireadh, chuir AFCN/FANC féin i dtábhacht go soiléir an iliomad difríochtaí idir an OFT atá ann cheana agus an Tionscadal OFT atá ann faoi láthair i bpáipéar seasaimh in 2021 ([115]). Chun atosú a cheadú faoin 1 Samhain 2025, bliain amháin níos luaithe ná mar a bhí beartaithe ar dtús, d'údaraigh AFCN/FANC na feabhsuithe slándála is gá a chur i gcrích thar thréimhse 3 bliana tar éis atosaithe (faoin 31 Nollaig 2028), agus i gcás OFT atá ann cheana, bhí tréimhse 5 bliana tar éis atosaithe údaraithe ag AFCN/FANC chun na hoibreacha ba ghá a dhéanamh.

(291) D'áitigh Engie gur thug na tosca sin uile ar Engie agus ar Stát na Beilge comhaontú cuimsitheach a thabhairt i gcrích lena bhforáiltear don síneadh saolré a iarradh (faoi réir maolú ar neamhchosaint riosca Engie) agus do bhainistiú breosla spíonta aistrithe agus dramhaíola núicléiche agus mheas sé nach tagairt ábhartha é OFT atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus oiriúnacht bhearta éagsúla an Tionscadail OFT atá ann faoi láthair.

(292) Leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos príomhargóintí Engie maidir le hamhras an Choimisiúin a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh.

5.1. Seasamh Engie maidir le cáiliú státchabhrach an Tionscadail OFT mar 'idirghabháil aonair amháin' agus maidir lena éifeacht dreasachta

5.1.1. *Idirghabháil aonair*

(293) Measann an Coimisiún gur féidir measúnú a dhéanamh ar na trí chomhchuid den bheart mar chuid d'idirghabháil aonair amháin ó Stát na Beilge, a mhéid a bhaineann siad go léir leis an teagmhas céanna, is é sin, síneadh saolré na nAonad OFT.

(294) D'áitigh Engie nach bhfuil aon agóid aige i gcoinne a cháilithe mar idirghabháil aonair, a mhéid a fhreagraíonn sé do na critéir atá leagtha síos ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([116]). Go háirithe, d'aontaigh Engie le tuairim an Choimisiúin, in aithris (208) den Chinneadh Tosaigh, go bhfuil na trí chomhchuid den bheart idirspleách agus go rannchuidíonn siad go hiomlán le feidhmíocht an chomhaontaithe maidir leis an síneadh saolré, rud a fhágann gur féidir iad a mheas mar idirghabháil aonair amháin. D'aithin Engie go raibh réamhriachtanais aige maidir lena neamhchosaint ar riosca agus maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola núicléiche, rud a d'fhág go raibh comhaontú foriomlán cuimsitheach ann a théann níos faide ná sásra luacha saothair a chur i bhfeidhm le haghaidh síneadh a chur le hoibriú na n-aonad núicléach. Mar sin féin, gan an cháilíocht bheartaithe sin d'idirghabháil aonair a cheistiú chuir Engie in iúl nach státchabhair iad cuid d'fhobhearta an Tionscadail OFT ós rud é nach dtugann siad buntáiste roghnaitheach do Electrabel, go háirithe:

(a) an Comhaontú Seirbhíse Riaracháin ('CSR'), faoina bhféadfaidh Electrabel seirbhísí cúloifige (lena n-áirítear seirbhísí rúnaíochta, cuntasaíochta agus cánach) a sholáthar do BE-NUC, ar comhaontú é atá caighdeánach don mhargadh a thabharfar i gcrích ar théarmaí ar neamhthuilleamaí;

([115]) AFCN/FANC, 28 Samhain 2021, '*Position de l'AFCN sur le projet OFT pour Doel 4 et Tihange 3*', lch. 5, (aistriú áise), le fáil ag: https://afcn.fgov.be/fr/system/files?file=2021-11-28-afcn-position-lto-final-fr.pdf. '*Ní féidir staid Doel 4 agus Tihange 3 a chur i gcomparáid le staid aonaid Doel 1 agus 2 (nár glacadh an cinneadh ina leith in 2014, OFT a dheonú dóibh, ach ag an nóiméad deireanach). Bhíothas in ann aonaid Doel 1 agus 2 a atosú go réasúnta tapa le linn gheimhreadh 2015, ós rud é: (i) gur tarraingíodh suas comhad OFT na n-imoibreoirí sin agus gur formheasadh é chomh luath le 2012 ionas go raibh aithne mhaith ar na modhnuithe ba ghá le haghaidh atosú (a bhaineann le cáilíocht trealaimh agus bainistíocht aosaithe), agus (ii) nár tháinig Airteagal 30 d'Fhoraithne Ríoga PSIN i bhfeidhm go fóill agus, mar thoradh air sin, go bhféadfaí na modhnuithe ar an dearadh sábháilteachta a scaipeadh thar na múchtaí éagsúla, a bhí sceidealaithe idir 2015 agus 2020. [...] Chun síneadh a chur le hoibriú sábháilte imoibreoirí núicléacha Doel 4 agus Tihange 3, tá gá le plean gníomhaíochta leathnaithe ina ndéileáiltear go príomha leis na heilimintí atá freagrach as sábháilteacht núicléach a ráthú. Cumhdaítear leis an bplean gníomhaíochta seo dearadh, rialú agus tógáil/déanamh/suiteáil líon mór comhchodanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, tógfaidh sé blianta na modhnuithe is gá a ullmhú agus a chur chun feidhme chun na ceanglais sábháilteachta nua a chomhlíonadh.*'

([116]) Thagair Engie anseo do Bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meán Fómhair 1998, *BP Chemicals v An Coimisiún*, T-11/95: "*I gcás ina bhfuil idirghabhálacha comhleanúnacha chomh dlúth sin le chéile, go háirithe ag féachaint dá gcroineolaíocht, dá gcuspóir agus d'imthosca an ghnóthais tráth na n-idirghabhálacha sin, go bhfuil siad doscartha, is féidir iad a mheas mar 'idirghabháil aonair*".

(b) seachfhoinsiú dhíolachán an leictreachais arna tháirgeadh ag na hAonaid OFT faoin gComhaontú um Sheirbhísí Bainistíochta Fuinnimh ('CSBF') a dhámhfar trí phróiseas tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh choinníollacha an mhargaidh a áirithiú; agus

(c) slánú Caillteanas Cumhdaigh Costais ag Stát na Beilge i gcás nach ndúnfar an comhaontú, rud nach dtéann thar na dliteanais i ngnáthdhálaí an mhargaidh in idirbhearta inchomparáide, trína gcuirtear gach páirtí faoi dhliteanas i leith costais arna dtabhú i ndáil leis an gcomhaontú (ullmhú an chomhaontaithe), i gcás nach ndúnfar an comhaontú mar gheall ar cheachtar páirtí. Tá Engie fós faoi dhliteanas 100 % i leith na gcostas sin má tá sé freagrach mura dtarlaíonn an dúnadh agus má tá scoilt beartaithe i gcás nach bhfuil aon pháirtí freagrach mura dtarlaíonn an dúnadh.

5.1.2. *Éifeacht dreasachta*

(295) Chuir Engie i dtábhacht nach éifeacht hipitéiseach í an éifeacht dreasachta, a mheas an Coimisiún a bheith inchreidte ina mheasúnú in aithrisí (229) agus (239) den Chinneadh Tosaigh, ach nach bhfuil aon amhras ann nach leanfadh Electrabel d'oibríochtaí na nAonad OFT in éagmais an Tionscadail OFT, lena n-áirítear na trí chomhchuid. Chuir Engie an méid seo a leanas isteach ina leith sin:

(a) Bhí tús curtha cheana féin ag Electrabel lena straitéis a chur chun feidhme chun tarraingt siar as gníomhaíochtaí núicléacha ar fad agus ní raibh aon deis aige teacht ar ais ar an gcinneadh sin (a cuireadh ar fáil don phobal i gcumarsáid airgeadais phoiblí Engie ([117])) sa chreat dlíthiúil a bhí infheidhme an tráth sin.

(b) Léiríodh seasamh Engie go soiléir i bpáipéir seasaimh AFCN/FANC agus i dtuarascálacha ar indéantacht an tionscadail oibríochta fadtéarmaí do Doel 4 agus Tihange 3 ([118]).

(c) Léiríodh go soiléir i dteachtaireacht Engie maidir leis an gcaibidlíocht ar an Tionscadal OFT le Rialtas na Beilge, gan sásra comhroinnte riosca agus réiteach ar chostais breosla spíonta agus dramhaíola núicléiche a eascraíonn as oibriú na seacht ngléasra cumhachta núicléiche sa Bheilg, nach mbreithneodh Electrabel síneadh saolré na nAonad OFT ([119]). Cuireadh an seasamh sin in iúl go soiléir ó thús phléití maidir leis an Tionscadal OFT, mar a luaitear i dtuarascáil AFCN/FANC agus sa teachtaireacht ó POF Engie (mar a thugtar faoi deara in aithris (6) den Chinneadh Tosaigh).

(296) Ina theannta sin, chuir Engie i bhfios go láidir go n-eascraíonn an dreasacht do Electrabel leanúint de na hAonaid OFT a oibriú as an bpacáiste iomlán beart tacaíochta arna sholáthar ag an Tionscadal OFT atá calabraithe go cuí chun na críche sin. Ní fhéadfadh dreasachtaí leordhóthanacha a bheith curtha ar fáil le haon cheann de na fobhearta a rinneadh ina n-aonar. Ar an gcaoi chéanna, dá mbainfí aon ghné den phacáiste, dhiúltódh Engie dul ar aghaidh leis an Tionscadal OFT. Tagann Engie ar an gconclúid, dá bhrí sin, nár cheart a mheas go soláthraíonn na bearta dá dtagraítear in aithris (235) den Chinneadh Tosaigh dreasacht shonrach (nó dreasacht bhreise) ina n-aonar, ach gur cheart iad a mheas ar fad.

([117]) Mar thoradh air sin, in 2020, lagaigh Engie a shócmhainní núicléacha. Engie, Doiciméad clárúcháin uilíoch 2020, roinn 1.4.1, lch. 13. Le fáil ag: www.engie.com/sites/default/files/assets/documents/2021-03/ENGIE_URD_2020_0.pdf.

([118]) Féach mar shampla, AFCN/FANC, 28 Samhain 2021, *'Position de l'AFCN sur le projet OFT pour Doel 4 et Tihange 3'*, lch. 5 (aistriú áise), le fáil ag: https://afcn.fgov.be/fr/system/files?file=2021-11-28-afcn-position-lto-final-fr.pdf. *'D'fhógair an t-oibreoir Electrabel i mí na Samhna 2020 gur roghnaigh Rialtas na Beilge go soiléir ina chomhaontú rialtais deireadh iomlán a chur leis an gcumhacht núicléach de réir a chéile faoi 2025. Le níos lú ná cúig bliana le dul roimh an dáta sin, chinn oibreoir ghléasraí cumhachta núicléiche Doel agus Tihange, nárbh fhéidir ullmhú a thuilleadh le haghaidh síneadh féideartha ar oibriú a n-aonad Doel 4 agus Tihange 3. Dá bhrí sin, chinn Electrabel a chuid acmhainní go léir a chaitheamh chun ullmhú don múchadh deiridh, agus na 7 n-imoibreoir núicléacha go léir a dhíchóimeáil ag láithreáin Doel agus Tihange. Dá bhrí sin, chuir an t-oibreoir stop leis an tionscadal 'Ullmhúchán OFT G2' ag an bpointe sin.'*

([119]) Féach mar shampla, AFCN/FANC, 17 Eanáir 2022, *'Résumé et analysis des actions nécessaires pour l'activation du plan B — Oibriú Fadtéarmach Doel 4 & Tihange 3'*, lch. 9, (aistriú áise), le fáil ag: https://afcn.fgov.be/fr/system/files?file=20220118-note-afcn-liste-analyse-actions-late-lto-vf.pdf. *'[...] Ba mhaith le Electrabel cinnteacht a bheith aige, sula nglacfaidh sé céimeanna as a stuaim féin. Más mian leis an Rialtas Plean B* [oibriú fadtéarmach Doel 4 agus Tihange 3] *a ghníomhachtú, beidh air tosaíocht a thabhairt do phlé le Electrabel maidir leis na coinníollacha agus na cinnteachtaí is gá sula leanfaidh sé ar aghaidh le forbairt Phlean B (tasc 1). Tarraingíonn AFCN aird an Rialtais arís ar an bhfíric go dteastaíonn comhoibriú Electrabel ó bheagnach gach gníomh i bPlean B a thagann faoi shainchúram an AFCN (comhad OFT a bhunú). De réir Electrabel, tá aon phlé ar OFT a d'fhéadfadh a bheith ann ag brath ar chreat rialála soiléir, cobhsaí agus comhleanúnach a bheith ann don tsábháilteacht núicléach. Tuigeann AFCN an tuairim sin agus, dá bhrí sin, tá sé beartaithe aige leanúint den obair chun an creat rialála a shoiléiriú, a bhaineann le sábháilteacht núicléach le linn na chéad ráithe de 2022'.*

5.2. **Seasamh Engie maidir le riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht roinnt fobheart de Chomhchuid 1**

5.2.1. *Comhfhiontar a bhunú*

(297) Mheas Engie go bhfuil gá le comhstruchtúr a chruthú ina bhfuil leas 50 % ag Stát na Beilge chun cuspóirí an Tionscadail OFT a bhaint amach, is é sin, atosú tráthúil na nAonad OFT faoi mhí na Samhna 2025. D'áitigh Engie gur iarr sé sásra comhroinnte riosca ar bhonn 50/50 le Stát na Beilge sular ghlac sé an comhaontú maidir leis an Tionscadal OFT.

(298) De réir Engie, agus gan ach na sásraí luacha saothair i bhfeidhm bhí sé mí-oiriúnach chun na críche sin, ar roinnt cúiseanna: (i) fágann an CLS rioscaí iarmharacha do Engie, (ii) gan an comhfhiontar, bheadh ar Engie 100 % de na caillteanais a sheasamh go sealadach ar feitheamh an tslánaithe/cúitimh dá bhforáiltear thairis sin leis na comhaontuithe, agus (iii) bhí Engie i mbun a neamhchosaint ar fhuinneamh núicléach a theorannú agus níor theastaigh uaidh an CAPEX riachtanach de níos mó ná EUR [2-2,5] billiún a infheistiú ann féin le haghaidh an Tionscadal OFT, agus tacú leis féin na caillteanais uile a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar neamh-infhaighteacht agus róchaiteachas gan choinne.

(299) Ina theannta sin, d'áitigh Engie, trí rannpháirtíocht airgeadais Stát na Beilge sna brabúis agus sna caillteanais a dhíorthaítear ó na hAonaid OFT (díbhinní go háirithe), gur mheas Engie go ndéanfaí Stát na Beilge a dhreasú a thuilleadh chun na hAonaid OFT a chur san áireamh ina chinntí polaitiúla amach anseo. Dá bhrí sin, tháinig Engie ar an gconclúid go ndéantar leasanna Stát na Beilge agus Engie a ailíniú le cruthú an struchtúir chomhpháirtigh.

(300) D'áitigh Engie freisin go bhfuil an comhfhiontar iomchuí agus comhréireach ós rud é go mbeidh Engie, oibreoir príobháideach, in ann aon riosca go ngníomhóidh Stát na Beilge ar bhealach páirteach a fhrithchothromú trína rialú comhpháirteach ar na cinntí straitéiseacha a bhaineann le BE-NUC agus go bhfeidhmeoidh Stát na Beilge agus Engie a gcearta i rialachas BE-NUC ar bhonn cothrom.

5.2.2. *Seasamh Engie maidir le CD*

(301) Maidir leis an ngá atá le CD, d'áitigh Engie, i bhfianaise na gclistí margaidh a bhaineann leis an tionscal núicléach agus luaineacht ard an mhargaidh leictreachais sna blianta amach romhainn, go bhfuil an Tionscadal OFT neamhchosanta ar riosca láidir go mbeadh bearna leachtachta ann, rud a fhágann gur ionstraim riachtanach é CD chun cuspóir leasa choitinn a bhaint amach. Thagair Engie freisin do thréimhse ghearr an tsínidh saolré (10 mbliana) i gcomparáid leis na meáninfheistíochtaí san earnáil núicléach, na costais mhóra, agus an fíoras nach mbeidh acmhainneacht 100 % ag na hAonaid OFT le linn na chéad 3 bliana, ós rud é go gcuirfear oibreacha sínte OFT i gcrích go comhuaineach.

(302) D'áitigh Engie go bhfuil dearadh CD agus CRPM iomchuí agus comhréireach chun dreasachtaí na nAonad OFT a chaomhnú chun freagairt go héifeachtúil do chomharthaí margaidh. I ndáil leis sin, leis seo, déanann Engie tagairt do na hargóintí céanna a rinne Stát na Beilge maidir le srianta teicniúla, rialála agus eacnamaíocha na nAonad OFT (féach roinn 2.1). D'áitigh Engie, fiú sa lá atá inniu ann, in éagmais CD agus le flít cúig imoibreoir lena cheadaítear straitéis éagsúlaithe níos mó, nach bhfuil ach solúbthacht an-teoranta ag Engie chun táirgeadh leictreachais núicléach a choigeartú mar fhreagairt ar chomharthaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha an mhargaidh. De réir Engie, laistigh den spás theoranta sin le haghaidh solúbthachta, dearadh an CD chun BE-NUC a dhreasú go hiomlán chun freagairt do chomharthaí praghais, a mhéid is indéanta go teicniúil.

(a) Ar an gcéad dul síos, chuir Engie i dtábhacht, murab ionann agus foinsí solúbtha giniúna leictreachais agus aonaid ghiniúna níos nuaí agus/nó cineálacha eile imoibreoirí núicléacha, gur dearadh na hAonaid OFT le haghaidh giniúint bonnualaigh agus go bhfuil cumais mhodhnaithe an-teoranta acu, ionas nach mbeidh sé mar iompraíocht réasúnach acu modhnú gach uair a éiríonn praghsanna diúltach nó níos ísle ná a chostais imeallacha ghearrthréimhseacha (CIGanna). Shoiléirigh Engie gur ó 2015 i leith amháin a cheadaigh AFCN/FANC modhnú cumhachta eacnamaíche ar aonaid núicléacha sa Bheilg, faoi shrianta teicniúla dochta mar a mhínítear in aithrisí (13) go (15) den Chinneadh seo. Dá bhrí sin, i bhfianaise na srianta sin (in éineacht leis an riosca maidir le múchadh uathoibríoch le gach modhnú, leis an riosca éagothroime a bheadh i gceist leis an múchadh sin agus leis an easpa coigilteas breosla le linn modhnaithe), mhínigh Engie nach féidir leis an oibreoir núicléach táirgeadh leictreachais na n-aonad a choigeartú gan bhac mar fhreagairt ar phraghsanna diúltacha, agus gur cheart an úsáid is fearr a bhaint as na cumais mhodhnaithe theoranta.

(b) Ar an dara dul síos, áirithítear le CRPM agus leis an athrú ar fhad an timthrialla breosla go socrófar na héarthaí atá beartaithe le linn thréimhse an tsamhraidh, nuair a bhí na praghsanna ar an leibhéal is ísle riamh, agus nuair a mheastar go mbeidh siad ar an leibhéal is ísle riamh. Áiritheofar leis sin go mbeidh na haonaid OFT ar fáil nuair a mheastar go mbeidh an t-éileamh ar leictreachas (agus na praghsanna) ar an leibhéal is airde. Dúirt Engie freisin go dtógann sé thart ar 12 mhí chun éaradh aonaid núicléach a ullmhú, nach mór é a chur in iúl don mhargadh roimh ré agus go bhfuil líon mór páirtithe leasmhara páirteach ann. A luaithe a bheidh sé sceidealaithe, ní féidir leis an oibreoir núicléach dáta an éaradh a athrú gan formheas a fháil roimh ré ón oibreoir eangaí. Dá bhrí sin, sa chleachtas, cé gur féidir éaradh a phleanáil i bhfianaise dhálaí fadtéarmacha an mhargaidh, níl sceidealú oibríochta cothabhála le haghaidh gléasra cumhachta núicléiche freagrúil do chomharthaí gearrthéarmacha margaidh.

(c) Ar an tríú dul síos, d'áitigh Engie go soláthraítear le CRPM dreasacht leordhóthanach do BE-NUC chun an praghas margaidh is airde a uasmhéadú agus a ghabháil trí éaradh a sceidealú nuair a mheastar go mbeidh praghsanna ar an leibhéal is ísle, agus easaontaíonn sé go láidir le réamhthuairim an Choimisiúin go bhfuil éifeachtaí CRPM '*beag sa chleachtas*' (mar a luaitear in aithris (290) den Chinneadh Tosaigh).

(303) Ar deireadh, maidir le paraiméadair dhearadh CD, d'áitigh Engie gur PTM iomchuí é an praghas MLRR.

(a) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Engie nach bhfuil aon tionchar ag táirgí fadtéarmacha ar chinntí seolta gléasra cumhachta núicléiche a bhfuil a chostas imeallach gearrthréimhseach (CIG) an-íseal go bunúsach. Níor iompaigh réamhphraghsanna cumhachta diúltach riamh in aon mhargadh Eorpach, agus is féidir a mheas nach dócha go dtarlóidh teagmhas den sórt sin amach anseo. Mar thoradh air sin, d'áitigh Engie nach soláthraíonn táirgí fadtéarmacha na comharthaí margaidh is gá chun cinntí seolta a eadráin, ach, gan beann ar PTM a roghnaíodh, go mbeidh an seoladh á thiomáint i gcónaí ag an gcomparáid idir CIG agus deischostais, ar thaobh amháin, agus praghas MLRR, ar an taobh eile (agus cumais solúbthachta an ghléasra á gcur san áireamh).

(b) Ar an dara dul síos, d'áitigh Engie go nochtfadh úsáid táirgí réamhcheaptha mar PTM BE-NUC do rioscaí móra agus dobhainistithe a eascraíonn as infhaighteacht neamhleor táirgí fadtéarmacha iomchuí i margadh na Beilge ós rud é:

— Saintréith de réamh-mhargadh na Beilge is ea leachtacht íseal agus atá ag titim. Tá na méideanna a thrádáiltear ar an margadh bliain roimh ré i bhfad níos ísle ná táirgeadh bliantúil na nAonad OFT a bhfuiltear ag súil leis ([120]). Leis an neamhréireacht sin, cuirtear i dtábhacht an neamhphraiticiúlacht a bhaineann le táirgí margaidh fadtéarmacha a úsáid mar phraghas tagartha le haghaidh CD.

— Ní hamháin go bhfágann neamhleachtacht an réamh-mhargaidh gur droch-thagarmharc é chun an difríocht íocaíochta leis an bpraghas ceangail a ríomh, ach tugtar isteach freisin rioscaí móra a bhaineann le praghasmhúnlú, saobhadh margaidh agus costais forghníomhaithe. I gcodarsnacht leis sin, soláthraítear le praghas MLRR an leachtacht agus an trédhearcacht is airde i bpraghasmhúnlú, agus ar an gcaoi sin seachnaítear saincheisteanna a bhaineann le leachtacht neamh-thrédhearcach, costais macasamhlaithe, costais fálaithe ionadaí agus ceanglais éarlaisithe.

— Níl gráinneacht leordhóthanach ag réamh-mhargadh na Beilge chun bheith ina PTM iomchuí ([121]).

([120]) Mar shampla, in 2024, meastar nach ndéanfar ach 9 TWh de leictreachas a thrádáil ar an margadh bliain roimh ré, agus meastar go dtáirgfidh na hAonaid OFT 14 TWh in aghaidh na bliana.

([121]) Déantar táirgí réamhcheaptha a chleandarú den chuid is mó, mar aon leis an gcéad ráithe eile agus an chéad mhí eile. Mar sin féin, i bhfianaise phatrún táirgthe athraitheach agus éiginnte na nAonad OFT, mar gheall ar na héaradh atá beartaithe (rud a bhí níos measa fós le linn obair OFT go dtí 2029 agus éiginnteachtaí maidir leis an obair agus leis an bpleanáil), agus neamh-infhaighteacht neamhphleanáilte, bheadh riosca mórméid ann mar thoradh ar tháirge fadtéarmach a úsáid mar PTM, agus costas mór a bhaineann le réamhfhálú a leachtú i gcás neamhtháirgthe, rud a chuirfeadh giniúint an tsreafa airgid agus inmharthanacht airgeadais BE-NUC i mbaol a thuilleadh.

(c) D'áitigh Engie go n-eascraíonn rioscaí breise as an bhfíric go laghdófar a fhlít imoibreoirí núicléacha go mór ó 2025 ar aghaidh mar gheall ar dhíchoimisiúnú cúig imoibreoir as seacht n-imoibreoir núicléacha. Méadóidh an laghdú sin an riosca neamh-infhaighteachta ós rud é nach féidir aon saincheist aga neamhfhónaimh nó oibríochtúil de chuid na nAonad OFT a chúiteamh le sócmhainní eile. Dá bhrí sin, éireoidh patrún táirgthe BE-NUC níos éiginnte, rud a mhéadóidh an riosca go mainneofar leictreachas a sheachadadh de bhun conarthaí fadtéarmacha. I gcásanna den sórt sin, chuirfí iallach ar BE-NUC leictreachas a athcheannach ar phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith níos airde, rud a d'fhágfadh go mbeadh caillteanais mhóra airgeadais ann sa bhreis ar chaillteanas ioncaim ó ghiniúint laghdaithe. Chuirfeadh neamhleachtacht na margaí fadtéarmacha leis na caillteanais sin, i gcás ina bhféadfadh raon tairisceana-iarrata leathan agus méideanna teoranta trádála an costas a bhaineann le hoibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh a bhoilsciú a thuilleadh ([122]).

5.2.3. *Seasamh Engie maidir le hIasachtaí IIOC agus CTM*

(304) Chuir Engie i dtábhacht go bhfuil an gá atá le hIasachtaí IIOC agus CTM nasctha go príomha le comhthéacs ar leith an Tionscadail OFT, mar iarmhairtí a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) an cinneadh déanach síneadh a chur le saolré Doel 4 agus Tihange 3 agus an t-uainiú srianta chun na hoibreacha riachtanacha OFT a ullmhú agus a chur chun feidhme, (ii) na sócmhainní aosaithe agus an riosca sistéamach méadaithe trí dhá aonad den teicneolaíocht chéanna a bheith acu, (iii) na hAonaid OFT a atosú agus a oibriú go comhuaineach le linn na chéad 3 bliana, agus (iv) costas leibhéalaithe leictreachais an tsínidh núicléach atá níos ualaithe ó thaobh O&C de ná sócmhainn úrnua núicléach.

(305) D'áitigh Engie freisin go bhfuil géarghá leis na hIasachtaí IIOC agus CTM araon ós rud é: (i) nach gcumhdaítear leis na híocaíochtaí atá dlite ag Stát na Beilge faoi CLS teagmhais thábhachtacha neamh-infhaighteachta, arb iad saincheisteanna teicniúla nó teagmhais rialála idirnáisiúnta nó éigeandálaí núicléacha is cúis leo; (ii) murab ionann agus an ráiteas in aithris (269)(b) den Chinneadh Tosaigh, ní cásanna 'foircneacha, ísealdóchúlachta' iad teagmhais gan choinne den sórt sin, ach is dócha go dtarlóidh siad sna 10 mbliana amach romhainn; agus (iii) ní chumhdaítear ach teagmhais os cionn tairseach áirithe.

(a) Le CLS ceadaítear coigeartuithe ar phraghas ceangail CD i bhfabhar BE-NUC trí 'imeachtaí athoscailte' sonracha, a thagann, áfach, le teorainneacha agus eisiaimh. Mar shampla, ní chumhdófaí le CLS múchadh Aonad OFT amháin nó an dá cheann le haghaidh bearta sábháilteachta tar éis éigeandála nó a cheanglaítear le hathrú ar rialacháin idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ní chumhdófaí le CLS teagmhais neamh-infhaighteachta mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla áirithe amhail an méid seo a leanas: éaradh bunaithe ar shábháilteacht tar éis gnáthchigireachtaí rialála, ar cuid d'oibríochtaí ionchasacha iad; uasghráduithe éigeantacha a cheanglaítear le rialacháin idirnáisiúnta atá ann cheana nó a glacadh go forleathan, amhail iad siúd a leanann Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle tar éis Threoir 2014/87/Euratom ón gComhairle i ndiaidh Fukushima ([123]); múchadh réamhchúraim mar gheall ar theagmhais idirnáisiúnta, ar freagairtí rialála intuartha iad; rialacháin chomhshaoil níos déine arna bhforchur ag údaráis réigiúnacha, a dhéanann difear go minic don iliomad earnálacha; suaitheadh sa slabhra soláthair lena gcuirtear cosc ar chothabháil nó deisiúcháin is gá; agus díghrádú gan choinne ar threalamh criticiúil).

(b) Níl an dóchúlacht go dtiocfaidh teagmhais theicniúla/rialála/éigeandála den sórt sin chun cinn chomh híseal agus a luaitear sa Chinneadh Tosaigh agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chostas oibríochtaí na nAonad OFT agus ar a n-infhaighteacht araon. Luaigh Engie i ndáil leis sin:

— Ní féidir tionóisc amhail an tionóisc i Searnóbail nó in Fukushima a chur as an áireamh, in ainneoin a dhéine atá na rialacháin atá ann faoi láthair maidir le sábháilteacht núicléach.

— Bhí cuimsiú IIOC sa chomhaontú bunaithe ar thaithí agus stair oibríochta chabhlach núicléach na Beilge ag Electrabel: le linn na tréimhse 2012-2022, tharla 11 theagmhas neamh-infhaighteachta mhóra gan choinne mar gheall ar chúiseanna teicniúla a rinne difear do sheacht n-aonad núicléacha na Beilge.

— Tá roinnt samplaí ann le déanaí de neamh-infhaighteacht leathnaithe flíteanna núicléacha eile ar domhan (mar shampla, Ringhals 4 sa tSualainn in 2022, Civaux 1 sa Fhrainc in 2021, Taishan 1 sa tSín in 2021).

([122]) Bhí ar Engie aghaidh a thabhairt ar chás den sórt sin in 2018, nuair nach raibh roinnt aonad ar fáil ag an am céanna, rud a d'fhág nach raibh ach 52 % dá hacmhainneacht ainmniúil i bhfeidhm ar an meán ag an gcuideachta. Bhí ar Engie a réamhfháluithe a aischeannach i gcomhthéacs ina raibh méadú mór tagtha ar phraghsanna na Beilge agus ina raibh na hacmhainneachtaí idirnaisc sáithithe, ag deireadh na bliana le caillteanas EUR [0-0,5] billiún EBITDA dá ghníomhaíochtaí núicléacha (i gcomparáid le brabús EUR [0-0,5] billiún an bhliain roimhe sin).

([123]) Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle an 8 Iúil 2014 lena leasaítear Treoir 2009/71/Euratom lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 219, 25.7.2014, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/87/oj).

(c) Ní cháilíonn na teagmhais uile as a n-eascraíonn costais faoi bhun thairseach EUR 5 mhilliún mar 'Imeachtaí Athoscailte' agus dá bhrí sin ní chúitíonn an Contrapháirtí CLS iad.

(306) D'áitigh Engie nach deontas neamhtheoranta é IIOC (murab ionann agus an méid a mhol an Coimisiún ina Chinneadh Tosaigh) i bhfianaise na gceart foirceanta don Chontrapháirtí CLS mar a leagtar amach i CLS lena bhféadfaí a neamhchosaint a theorannú.

(307) D'áitigh Engie gur dheonaigh Stát na Beilge an prionsabal maidir le síneadh a chur leis na hIasachtaí CTM chun an sciar de na costais tar éis an dáta atosaithe a chumhdach mar thoradh ar dháta atosaithe OFT a chur chun cinn (ó 2026 go 2025), arna iarraidh sin dó, rud a thugann le tuiscint nach mór na hoibreacha OFT a dhéanamh agus na haonaid á n-oibriú, rud a fhágfaidh go nginfear ioncaim níos lú le linn na chéad 3 bliana oibríochta. Chloígh sé leis an bpríomhphrionsabal a comhaontaíodh idir Engie agus Stát na Beilge go bhfuil na scairshealbhóirí neamhchosanta ar aon chostas a eascraíonn as síneadh OFT, agus go maoiníonn BE-NUC costais O&C lena ioncam féin.

(308) Maidir le comhréireacht na sásraí airgeadais arna soláthar ag a Tionscadal OFT, d'áitigh Engie nach dtugann siad cosaint do BE-NUC ó aon riosca oibriúcháin, mar a mhol an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh. Tá BE-NUC neamhchosanta go páirteach, i measc nithe eile, ar riosca infhaighteachta ar feadh shíneadh shaolré na nAonad OFT, chomh maith le róchaiteachas costais oibriúcháin tar éis an Dáta Coigeartúcháin, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar a ghiniúint airgid agus tionchar diúltach a imirt ar ráta toraidh BE-NUC. Baineann na costais sin, i measc nithe eile, le méaduithe ar chostais phearsanra (cláir choinneála agus costais bhreise earcaíochta/oiliúna le haghaidh na n-oibríochtaí leanúnacha), costais O&C (méaduithe ar phraghas an ábhair, ganntanais sa slabhra soláthair le haghaidh páirteanna spártha agus comhpháirteanna spártha fíor-riachtanacha, ceanglais ón ANFC/FANC (tá gach modhnú tionscadail faoi réir athbhreithniú agus agóid fhairsing ag AFCN/FANC roimh fhormheas), clistí móra trealaimh neamhphleanáilte roimh atosú, srl.), agus costais bhreosla (tá na conarthaí nasctha go páirteach le héabhlóid an mhargaidh).

(309) Ina theannta sin, d'áitigh Engie go bhfuil dreasachtaí láidre ag Electrabel, mar oibreoir na nAonad OFT, chun infhaighteacht na nAonad OFT a uasmhéadú faoi ghnáthdhálaí oibríochta ionas nach n-íocfar damáistí leachtaithe má thiteann an infhaighteacht faoi bhun [90-100] % in aon bhliain chonartha.

(310) Chuir Engie ionsamhlúchán isteach ina léirítear tionchar teagmhas nach gcumhdófaí le IIOC ar bhrabúsacht OFT: (i) laghdú ar theagmhais infhaighteachta le linn na Céime Rite mar chuspóir léiritheach (ráta ar éaradh éigeantach ('RÉÉ')) agus (ii) méaduithe ar roinnt costas oibriúcháin tar éis an Dáta Coigeartúcháin de thoradh costais gan choinne, chomh maith le meascán den dá theagmhas. Léirítear i Table 16 go bhféadfadh tionchar diúltach mór a bheith ag na himeachtaí sin ar IRR BE-NUC.

Tábla 16

Tionchar ar bhrabúsacht OFT (100 %) na dteagmhas nach gcumhdaítear le IIOC

	Bunchás (gan infhaighteacht laghdaithe)	RÉÉ + 5 %	RÉÉ + 10 %
Bunchás (gan aon róchaiteachas oibriúcháin)		IRR = [5-10] % GLL = lúide EUR [100-300] milliún	IRR = [0-5] % GLL = lúide EUR [200-400] milliún
OPEX + 5 %	IRR = [5-10] % GLL = lúide EUR [0-200] milliún	IRR = [5-10] % GLL = lúide EUR [100-300] milliún	IRR = [0-5] % GLL = lúide EUR [200-400] milliún
OPEX + +10 %	IRR = [5-10] % GLL = lúide EUR [0-200] milliún	IRR = [0-5] % GLL = lúide EUR [100-300] milliún	IRR = [0-5] % GLL = lúide EUR [200-400] milliún

Foinse: Freagairt Engie ar an gCinneadh Tosaigh

(311) D'áitigh Engie freisin go bhfuil an ráta úis ar Iasachtaí CTM comhréireach agus iomchuí mar a léirítear le hanailís neamhspleách ([124]). Dúirt Engie freisin go bhfuil sé beartaithe Iasachtaí CTM a aisíoc, faoi réir giniúint leordhóthanach airgid ag BE-NUC, móide ús, ag deireadh na tréimhse OFT.

5.2.4. *Seasamh Engie maidir le téarmaí SCO agus Iasachtaí Scairshealbhóirí*

(312) Shoiléirigh Engie go mbeidh an ráta úis ar Iasachtaí Scairshealbhóirí agus ar SCO ina ráta ar neamhthuilleamaí arna chinneadh ag bord BE-NUC, faoi threoir rátaí an mhargaidh atá i réim agus aon mhaoiniú fiachais tríú páirtí inchomparáide a d'fhéadfadh a bheith ar fáil an tráth iomchuí.

(313) Shoiléirigh Engie freisin go bhfuil bileog téarmaí ullmhaithe aige ina dtugtar tuairisc ar an modheolaíocht a leanadh chun na rátaí úis a shocrú. Mhínigh Engie go bhfuil an mhodheolaíocht sin comhsheasmhach le beartais iasachta praghsála aistrithe Engie agus go bhfuil sí i gcomhréir le prionsabal ECFE maidir le CBAB lena n-áirithítear go socraítear an ráta úis ar leibhéal ar neamhthuilleamaí (féach aithris (63)).

(314) Dá bhrí sin, tháinig Engie ar an gconclúid go bhfuil ráta úis SCO agus Iasachtaí na Scairshealbhóirí araon comhréireach.

5.2.5. *Seasamh Engie maidir le CSBF*

(315) Ar an gcéad dul síos, chuir Engie i dtábhacht go mbeidh eintiteas Ghrúpa Engie ('GEMS') a d'fhéadfaí a roghnú mar chomhpháirtí CSBF mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana, nó mar réiteach cúltaca sealadach, neamhspleách go hiomlán ar an aonad gnó Nuclear. Shoiléirigh Engie, ó mhí Eanáir 2024 i leith, go bhfuil na próisis tairisceana iomchuí, ar thaobh amháin, agus ballaí dóiteáin laistigh de Ghrúpa Engie, ar an taobh eile, curtha i bhfeidhm chun aon rannpháirtíocht Electrabel i roghnú chomhpháirtí CSBF a sheachaint.

(316) Ar an dara dul síos, d'áitigh Engie nach bhfuil aon riosca ann go n-eascródh foriamh margaidh as roghnú féideartha GEMS i dtairiscint CSBF. D'áitigh Engie go ngníomhóidh GEMS mar pháirtí faoi shainordú beacht lena sonrófar Straitéis STM (nach féidir leis maolú uaithi), a íocfar trí tháille, agus go bhfanfaidh úinéireacht an leictreachais le BE-NUC go dtí go ndíolfar é. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhféadfaí na díolacháin chomhfhreagracha ó BE-NUC a chur i leith GEMS/Grúpa Engie, ní fhéadfaí seasamh Electrabel ar mhargadh na Beilge a threisiú dá gceapfaí GEMS mar chomhpháirtí CSBF.

(317) Ar an tríú dul síos, leis an bpróiseas tairisceana chun comhpháirtí CSBF a roghnú comhlíontar na ceanglais maidir le hiomaíochas, trédhearcacht, agus carachtar neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach a leagtar amach i gcleachtas an Choimisiúin. Foilsíodh é ar leibhéal an Aontais agus sonrófar ann na critéir cháilithe (go háirithe maidir le láidreacht airgeadais agus taithí oibríochtúil an iarratasóra). Dá bhrí sin, dá roghnófaí GEMS tríd an bpróiseas tairisceana, is féidir a mheas go bhfuil ceapachán GEMS sin mar chomhpháirtí CSBF comhréireach. D'áitigh Engie freisin, i gcás nach n-éireoidh leis an bpróiseas tairisceana, agus go gceapfar GEMS mar chomhpháirtí CSBF mar réiteach cúltaca, go gcomhlíonfaí an critéar comhréireachta mar sin féin: Íocfar GEMS ar dhálaí an mhargaidh, ar phraghas a chinnfidh saineolaí neamhspleách i gcás easaontais idir na páirtithe, ionas nach rachadh an luach saothair sin thar a bhfuil fíor-riachtanach chun cuspóir CSBF a bhaint amach. Ina theannta sin, mhínigh Engie nach mbeadh sa réiteach cúltaca sin ach réiteach sealadach, agus go n-atosódh Stát na Beilge eagrú tairisceana iomaíche nua láithreach.

([124]) Meabhrán Compass Lexecon dar dáta an 22 Lúnasa 2024 '*Nóta forlíontach maidir le IIOC agus Iasacht CTM*', mír 1.12.

5.3. **Seasamh Engie maidir leis an socrú dramhaíola**

(318) D'áitigh Engie gur leor méid comhiomlán na Caidhpe Dramhaíola chun aon riosca breise a chumhdach nach mbreithneofaí agus an bunmhéid á ríomh. Tugann Engie dá aire freisin go n-aistreofar leis an gCaidhp Dramhaíola i bhfad níos lú rioscaí chuig an Stát ná mar a bhí i bhfasach na Gearmáine arna bhailíochtú ag an gCoimisiún. Go háirithe, d'áitigh Engie an méid seo a leanas:

(a) Ní aistreofar an dramhaíl go huathoibríoch chuig Hedera ar íocaíocht na Caidhpe Dramhaíola. Ní aistreofar ach an dramhaíl a chomhlíonann critéir an-dian maidir le haistriú conarthach ('CACanna'), sin nó beidh Electrabel fós faoi dhliteanas ina leith. Tháinig saineolaithe ar chomhaontú maidir leis na CACanna agus tá siad bunaithe ar na dea-chleachtais atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, i gcás inar gá do Electrabel méideanna breise a aistriú, ní mór dó méid breise a íoc le Hedera ('táillí coigeartaithe méid').

(b) I gcás na Gearmáine, bhí éiginnteachtaí fós ann maidir le suíomh na láithreán diúscartha dramhaíola, agus sa chás atá idir lámha, tá an tsaoráid diúscartha deiridh le haghaidh dramhaíl de chatagóir A ar eolas cheana féin, rud a laghdaíonn éiginnteachtaí go mór.

(c) Murab ionann agus cás na Gearmáine, tá ardleibhéal teagmhas i mbunmhéid an Tionscadail OFT cheana féin.

(d) I gcás na Gearmáine úsáideadh ráta lascaine ainmniúil ag 4,58 % (arna chinneadh i ndáil le rátaí ÚEÁPC). I gcomhthéacs an mhéadaithe mhóir (+ 56 bhonnphointe) ar ráta ÚEÁPC, is cosúil go bhfuil an ráta lascaine i bhfad níos ísle (-158 mbunphointe) de 3 % (ainmniúil) a úsáidtear sa Tionscadal OFT go hiomlán comhsheasmhach leis an leibhéal ráta úis atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, tá an fíor-ráta 1 % a úsáidtear sa Tionscadal OFT coimeádach i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile.

(e) Beidh Hedera in ann toradh infheistíochta a ghiniúint a bheidh leordhóthanach chun a oibleagáidí íocaíochta a chumhdach. Tacaíonn an staidéar Bainistíochta Sócmhainní agus Dliteanas (BSD) a rinne [...] don athbhreithniú ar CPN in 2022 leis an tuairim sin.

(319) Dá bhrí sin, tháinig Engie ar an gconclúid go gcumhdófar go cuí, leis an méid a d'íoc Electrabel faoin socrú dramhaíola, na héiginnteachtaí a ghlac BEGOV ar láimh agus go mbeidh sé comhréireach dá bhrí sin.

(320) Maidir leis na dliteanais díchoimisiúnaithe, d'áitigh Engie go mbeidh Electrabel, mar oibreoir núicléach na seacht n-aonad núicléacha Beilgeacha, fós faoi dhliteanas as a oibleagáidí díchoimisiúnaithe. D'aithin Engie, áfach, go gcumhdóidh an Bheilg na costais (méadaithe) díchoimisiúnaithe a eascraíonn go díreach as an Tionscadal OFT, trí bhíthin íocaíocht chnapshuime aon-uaire (iomlán agus deiridh) le Electrabel.

(321) Thagair Engie do chomhairle CPN/CNV maidir le dliteanais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála OFT, inar tháinig sé ar an gconclúid gurb é atá i dtionchar OFT ar chostais díchoimisiúnaithe (i gcostais thar oíche) méadú EUR [100-500] milliún ar chostais díchoimisiúnaithe (neamhréir) (i luachanna 2021) nó, arna chur i gcrích, EUR [100-500] milliún (luachanna 2023). Tháinig Engie ar an gconclúid, dá bhrí sin, go bhfuil an méid chun dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a aistriú, a eascraíonn as OFT mar a shainmhínítear in CPN/CNV, comhréireach.

6. **BARÚLACHA Ó THRÍÚ PÁIRTITHE**

(322) I dteannta aighneacht Engie, fuair an Coimisiún aighneachtaí ó 7 bhfreagróir tríú páirtí le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an gCinneadh Tosaigh, a mhair go dtí an 9 Meán Fómhair 2024.

(323) Fuarthas barúlacha ó na Ballstáit, ó ghnóthais, ó chomhlachais agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tabharfar aghaidh freisin ar na barúlacha ó thríú páirtithe sna codanna ábhartha den mheasúnú gan tagairt shonrach a dhéanamh don bharúil shonrach.

(324) Tugtar tuairisc thíos ar na barúlacha ó thríú páirtithe atá ábhartha don mheasúnú státchabhrach, arna ngrúpáil de réir ábhair.

6.1. **Barúlacha maidir le cabhair a bheith ann**

(325) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cabhair a bheith ann.

6.2. **Barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach**

6.2.1. *Barúlacha a mhéid a bhaineann le hoiriúnacht an bhirt agus an gá atá leis*

(326) Chuir formhór na dtríú páirtithe in iúl go dtacaíonn siad le hábhair imní an Choimisiúin a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh i ndáil le hoiriúnacht agus gá an bhirt.

6.2.1.1. Barúlacha ginearálta

(327) D'easaontaigh tríú páirtí amháin leis an gCoimisiún faoi chlistí margaidh a bheith ann agus faoi ábharthacht na gclistí margaidh a chuir Stát na Beilge isteach agus d'áitigh sé nach bhfuil an teicneolaíocht núicléach costéifeachtach agus nár cheart tacú léi trí mhaoiniú Stáit. Mheabhraigh an páirtí sin, go ginearálta, faoi rialacha státchabhrach an Aontais, nach gceadaítear cabhair oibriúcháin ach amháin in imthosca eisceachtúla agus gur cheart í a bheith teoranta do theicneolaíochtaí nach bhfuil indíolta go fóill nó nach bhfuil aibí go fóill, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha. D'easaontaigh an tríú páirtí sin leis an oiriúnacht agus leis an ngá atá le tacú le fuinneamh núicléach, rud a mheas sé a bheith ina theicneolaíocht aibí neamhbhrabúsach.

(328) D'áitigh trí as seacht dtríú páirtí nach teicneolaíocht iomchuí é an fuinneamh núicléach chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair mar gheall ar sholúbthacht íseal na ngléasraí cumhachta núicléiche, ar gléasraí iad nach mór a bheith ag táirgeadh go leanúnach ós rud é nach bhfuil sé inmhianaithe go leor modhnuithe a dhéanamh.

6.2.1.2. Oiriúnacht an dearaidh CD

(329) Bhí cúigear as gach seachtar freagróirí ar aon intinn leis an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht an dearaidh CD. Ba iad seo a leanas na hábhair imní ba thábhachtaí: (i) comhréireacht le reachtaíocht an Aontais, (ii) an praghas ceangail a shocrú in éagmais próiseas iomaíoch (mar shampla, i gcás feirmeacha gaoithe amach ón gcósta), (iii) na dreasachtaí teoranta chun an táirgeadh a choigeartú do dhálaí an mhargaidh ós rud é (sa chéad dearadh CD) nach socraítear an tairseach chun aschur a laghdú ach amháin tar éis 6 uair an chloig de phraghsanna diúltacha ar mhargaí leictreachais, (iv) rogha an phraghais tagartha.

(330) Mar sin féin, d'aithin tríú páirtí amháin na deacrachtaí a bhí ag oibreoirí núicléacha freagairt do chomharthaí margaidh mar gheall ar acmhainneachtaí modhnaithe teoranta na ngléasraí cumhachta núicléiche. Ina theannta sin, d'áitigh tríú páirtí amháin, maidir le dearadh an chonartha difríochta, nár cheart aon réiteach 'a oireann do chách' a bheith ann agus gur cheart an tsolúbthacht a bheith ag na Ballstáit dearadh an chonartha difríochta a choigeartú bunaithe ar imthosca sonracha. Mar shampla, ba cheart feidhm éagsúil a bheith ag prionsabail deartha CD maidir le teicneolaíochtaí núicléacha i gcomparáid le foinsí fuinnimh in-athnuaite inathraitheach agus ba cheart a aithint go bhfeidhmíonn gléasraí cumhachta núicléiche mar acmhainneacht bhonnualaigh.

(331) Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh barúlacha praiticiúla ag aon cheann de na tríú páirtithe maidir le conas feabhas a chur ar dhearadh CD a mhol Stát na Beilge tráth an Chinnidh Tosaigh.

6.2.2. *Barúlacha maidir le comhréireacht an bhirt*

(332) Thacaigh seisear as seachtar freagróirí le hábhair imní an Choimisiúin a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir le comhréireacht an bhirt.

6.2.2.1. Barúlacha maidir leis an bpacáiste de bhearta airgeadais

(333) Go ginearálta, mheas cúigear as seachtar freagróirí nach mbeadh an pacáiste de bhearta luacha saothair airgeadais (lena n-áirítear CD, IIOC, roinnt iasachtaí) comhréireach. Chomhaontaigh na tríú páirtithe sin le réamh-mheasúnú an Choimisiúin sa Chinneadh Tosaigh go gceadófaí dí-rioscú iomlán Engie leis an bpacáiste de bhearta luacha saothair airgeadais.

(334) D'áitigh páirtí amháin go bhfuil an seasamh is mífhabhraí ag Rialtas na Beilge sa chomhaontú seo, le carnadh gealltanas airgeadais chun Engie a dhreasú chun páirt a ghlacadh sa chomhaontú, ós rud é gurb iad cáiníocóirí na Beilge a iompraíonn na rioscaí ar deireadh.

(335) Chuir páirtí amháin an margadh i gcomparáid leis an síneadh saolré roimhe seo le Doel 1, Doel 2 agus Tihange 1 in 2015, mar a rinne an Coimisiún, agus mheabhraigh sé gur baineadh an síneadh saolré sin amach gan státchabhair.

(336) Maidir le luach saothair agus ríomh an ráta toraidh inmheánaigh (IRR), thug tríú páirtí amháin dá aire, cé go bhféadfadh an leibhéal toraidh sin a bheith tipiciúil don tionscal núicléach, go ndéanfadh leibhéal reatha IRR neamhaird ar an iliomad gnéithe dí-riosca a áirítear sa chomhaontú atá beartaithe. Cé nár soláthraíodh aon tásca praiticiúla maidir leis an méid a bheadh i gceist le IRR comhréireach, mheasfaí go mbeadh gá le coigeartú anuas.

(337) Tugann an Coimisiún faoi deara comhaontú foriomlán i measc tríú páirtithe maidir leis an ngá atá le himscrúdú cúramach a dhéanamh ar phacáiste na mbeart luacha saothair airgeadais.

6.2.2.2. Barúlacha maidir leis an socrú dramhaíola

(338) Mar bharúil ghinearálta, mheabhraigh tríú páirtí amháin go ngineann oibriú gléasraí cumhachta núicléiche substaintí an-fhadsaolach agus contúirteacha nach bhfaightear go nádúrtha áit ar bith ar domhan. Mhaígh an páirtí sin nach mór go gcumhdófaí i gcostas iomlán an táirgthe leictreachais plean inchreidte chun déileáil leis na substaintí sin tar éis a n-úsáide chun fuinneamh a tháirgeadh.

(339) Maidir le bainistiú dramhaíola núicléiche, d'áitigh an páirtí céanna nach féidir stórtha doimhne geolaíocha a bheith ina stóráil shábháilte éiginnte, toisc go bhféadfadh foirmíochtaí geolaíocha a bhí cobhsaí ar feadh tréimhsí fada i stair an domhain éirí éagobhsaí san fhadtéarma, mar gheall ar an athrú aeráide nó ar an radaíocht féin. Dá bhrí sin, moltar le prionsabal an réamhchúraim stóráil os cionn talún nó in áiteanna a bhfuil rochtain éasca orthu agus athphacáistiú gach 50 go 100 bliain.

(340) Maidir le gnéithe eacnamaíocha an tsocraithe dramhaíola, mheas roinnt tríú páirtithe go bhfuil an socrú ródhearfach le haghaidh Engie, toisc go ndéanfaí gannmheastachán ar na costais a bhaineann le déileáil le dramhaíl núicléach.

(341) Tugann an Coimisiún dá aire nár chuir formhór na dtríú páirtithe fhaisnéis phraiticiúil ar fáil maidir le cén chuid den socrú dramhaíola a bhfuil fadhbanna ag baint léi, cad iad na paraiméadair ba ghá a athrú agus cén luach a bheadh réasúnta agus comhréireach don socrú dramhaíola. Níor mhaígh ach páirtí amháin gur cheart don Bheilg breithniú a dhéanamh freisin ar na costais a bhaineann le láithreán taisce dramhaíola núicléiche a shainaithint, ach níor sholáthair sí tuilleadh sonraí ach oiread.

6.2.3. *Barúlacha a fuarthas maidir le saobhadh míchuí féideartha ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit*

6.2.3.1. Tionchar ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus dícharbónú

(342) Áitíonn seisear as seacht dtríú páirtí nach bhfuil tacaíocht don fhuinneamh núicléach neamhdhíobhálach don aeráid d'ainneoin a rannchuidithe le níos lú astaíochtaí CO2. Chuir na tríú páirtithe sin in iúl go gcuireann tacaíocht d'fhuinneamh núicléach moill ar fhorbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh agus nach gcuidíonn sí le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Go háirithe, ardaíodh na hargóintí seo a leanas ina leith sin:

(a) Bhí imní ar thríú páirtí amháin go bhféadfadh leibhéal agus foirm na bhfóirdheontas poiblí do na gléasraí cumhachta núicléiche in Doel agus Tihange na dreasachtaí le haghaidh leathnú an fhuinnimh in-athnuaite a laghdú agus, ar an gcaoi sin, moill a chur ar dhícharbónú chóras fuinnimh na hEorpa agus ar leictriú an gheilleagair. Chuir tríú páirtí eile in iúl, ós rud é go mbeidh ar tháirgeadh gréine agus gaoithe dul in oiriúint do tháirgeadh dolúbtha fuinnimh núicléach, go mbeidh a dtáirgeadh faoi mhíbhuntáiste. Go háirithe, ós rud é go bhfuil foinsí fuinnimh in-athnuaite neamhchosanta ar iomaíocht, agus go n-iompraíonn na Ballstáit na rioscaí a bhaineann le hoibreoirí núicléacha.

(b) D'áitigh roinnt tríú páirtithe nach féidir leis an gcumhacht núicléach a bheith ina straitéis dhlisteanach chun geilleagair an Aontais a dhícharbónú, ós rud é nach bhfuil cumhacht núicléach iomaíoch ó thaobh costais de, go gceanglaíonn sí an iomarca acmhainní tearca (ní hamháin acmhainní airgeadais ach acmhainní daonna agus ábhartha freisin), agus go mbíonn moilleanna ann go córasach.

(c) D'áitigh tríú páirtí amháin, fiú más féidir leis an teicneolaíocht núicléach rannchuidiú níos mó leis an dícharbónú i gcomparáid le teicneolaíochtaí eile, go bhfuil an chothromaíocht fhoriomlán chomhshaoil diúltach (mar shampla, mar gheall ar dhiúscairt dramhaíola núicléiche).

(d) Dúirt tríú páirtí amháin, leis an státchabhair a deonaíodh do Engie go bhféadfaí pionós a ghearradh ar an iliomad páirtithe beaga sa chóras fuinnimh díláraithe a bheidh ann amach anseo. Thathantaigh an páirtí sin ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an timpeallacht infheistíochta le haghaidh suiteálacha gréine agus gaoithe sa Bheilg, is é sin teicneolaíochtaí eile atá níos costéifeachtaí agus a bhféadfadh sé nach mbeadh státchabhair ag teastáil ina leith, sula ndéanfaí méideanna móra státchabhrach a ghlasáil i ngléasraí cumhachta núicléiche. D'iarr an páirtí sin freisin go ndéanfaí measúnú ar an ngá a bheidh le leictreachas bonnualaigh amach anseo.

(343) Os a choinne sin, d'easaontaigh tríú páirtí amháin leis na hargóintí a leagtar amach thuas agus d'áitigh sé go bhfuil ról tábhachtach ag an bhfuinneamh núicléach maidir le cuspóirí aeráide an Aontais agus slándáil an tsoláthair a bhaint amach. D'iarr an páirtí sin ar an gCoimisiún cuimhneamh ar chastacht na n-infheistíochtaí núicléacha agus méid áirithe discréide a thabhairt do na Ballstáit sraith beart cabhrach oiriúnach a roghnú chun tacú le hinfheistíochtaí núicléacha.

6.2.3.2. Easpa próiseas tairisceana agus díolachán leictreachais núicléach

(344) Ba chúis aiféala do thríú páirtí amháin gur caibidlíodh an conradh beartaithe idir Stát na Beilge, Engie agus Electrabel le haghaidh síneadh saolré Doel 4 agus Tihange 3 gan próiseas tairisceana a eagrú. De réir an fhreagróra sin, d'fhéadfadh teaglaim de phunann d'fhoinsí in-athnuaite ar mhórscála agus stóráil ceallraí próifíl giniúna leictreachais den chineál céanna le cumhacht núicléach a sholáthar.

(345) Maidir le díolacháin fuinnimh núicléach sa chomhaontú reatha, dúirt freagróir eile gur cheart do pháirtí neamhspleách seirbhísí bainistíochta fuinnimh a sholáthar i gcás nach féidir aon tairgeoir rathúil a fháil ar conradh i bpróiseas tairisceana.

6.2.4. *Barúlacha eile a tharraing tríú páirtithe anuas*

(346) D'áitigh tríú páirtí amháin go bhfuil úsáid fuinnimh núicléach chun leictreachas a tháirgeadh de shárú ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus ar phrionsabal an réamhchúraim a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE.

(347) Chuir roinnt tríú páirtithe imní in iúl maidir le saincheisteanna slándála a bhaineann le hoibriú na teicneolaíochta núicléiche.

(a) Mheas páirtí amháin nach féidir mórthionóiscí i ngléasraí cumhachta núicléiche a chur as an áireamh, rud a mbeadh impleachtaí aige do Bhallstáit eile freisin.

(b) Ar bhonn níos ginearálta, mheas an páirtí céanna go bhfuil baol na ngléasraí cumhachta núicléiche i gcoinbhleachtaí armtha tagtha chun solais le déanaí, ós rud é nach bhfuil bonneagar núicléach sibhialta ceaptha, i bprionsabal, chun éifeachtaí díreacha agus indíreacha imeachtaí cogaidh a chomhrac. Dá réir sin, d'fhéadfadh gléasraí cumhachta núicléiche a bheith ina spriocanna féideartha, a bhféadfadh a scriosadh a bheith ina chúis le héilliú radaighníomhach, rud a bhfuil riosca ollmhór slándála ag baint leis, ach a d'fhéadfadh soláthar fuinnimh tíre a dhíchobhsú freisin.

(c) D'áitigh páirtí eile go mbaineann rioscaí méadaithe maidir le tionchair dhiúltacha le haon síneadh ar shaolré gléasra cumhachta núicléiche, d'ainneoin aon uasghrádú agus aon fheabhsú sábháilteachta a bhaineann le cáilíocht agus iontaofacht chomhpháirteanna na n-imoibreoirí núicléacha sin a laghdaítear le himeacht ama. De réir an pháirtí sin, is é an toradh a bhíonn ar aosú go mbíonn mífheidhm ag comhpháirteanna imoibreora an-truaillithe agus go dtagann méadú ar shuaitheadh oibríochtúil.

(d) Mheabhraigh páirtí amháin go bhfuil infhaighteacht úráiniam agus tóiriam teoranta i gcónaí, agus go bhfuil spleáchas Bhallstáit an Aontais ar allmhairiú mianta úráiniam gar do 100 %. Diúltaíonn an páirtí sin don smaoineamh maidir le 'timthriall breosla', agus áitíonn sé nach féidir athphróiseáil breosla spíonta a dhéanamh chomh minic agus is féidir, agus deir sé go mbaineann rioscaí móra sábháilteachta, sláinte, comhshaoil agus leata leis an athphróiseáil.

(348) D'áitigh tríú páirtí amháin go raibh imní air maidir le cur i gcrích an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol. Go háirithe, chuir sé in iúl nach ndéanfaí príomhcheisteanna maidir le huasghráduithe sábháilteachta agus bainistíocht aosaithe is gá a mheas sa chomhairliúchán poiblí. Luaigh an páirtí gur chuir sé seasamh leathnaithe isteach maidir leis an ábhar, seasamh nár cuireadh san áireamh.

(349) Ar deireadh, mheabhraigh tríú páirtí amháin, cé gurb é ceann de na hargóintí a chuir an Bheilg i láthair chun tabhairt faoi Thionscadal OFT an laghdú ar a spleáchas ar an Rúis le haghaidh gás nádúrtha, go bhfuil tionscal núicléach na hEorpa fós ag brath go mór ar an Rúis dá bhreosla núicléach toisc go bhfuil ról lárnach ag an Rúis i dtáirgeadh agus in athphróiseáil úráiniam araon. Dar leis an bhfreagróir sin, bheadh sé níos éasca foinsí malartacha gáis nádúrtha a aimsiú ná mar a bheadh sé an Rúis a dhíothú ón ról atá aici faoi láthair i dtionscal núicléach na hEorpa.

7. FREAGRA NA BEILGE AR FHREAGRA TRÍÚ PÁIRTITHE

(350) An 30 Deireadh Fómhair 2024, sheol údaráis na Beilge a bhfreagra ar na barúlacha a chuir tríú páirtithe isteach.

(351) Go ginearálta, ba dhíol sásaimh do Stát na Beilge na tuairimí a cuireadh in iúl ach mheas sé go raibh roinnt pointí a ardaíodh de chineál polaitiúil amháin, doiléir nó bunaithe ar thuiscint mhícheart ar an Tionscadal OFT.

(352) Ina theannta sin, mhínigh an Bheilg gur tugadh aghaidh cheana féin ar fhormhór na saincheisteanna a ardaíodh ina réamhaighneachtaí agus ina freagra ar an gCinneadh Tosaigh. Leagfar béim thíos ar na príomhargóintí a chuir an Bheilg ar fáil mar fhreagairt ar na hábhair imní a chuir tríú páirtithe in iúl. Go háirithe, leagfar béim ar na freagraí ar na barúlacha a bhaineann go díreach leis an measúnú ar státchabhair.

(353) Maidir leis an gcáineadh a rinne cuid de na tríú páirtithe gur cheart sásraí maoiniúcháin eile nó teicneolaíochtaí táirgthe eile a mheas (ar nós próiseas tairisceana le haghaidh na próifíle giniúna leictreachais atá oscailte do tháirgeoirí fuinnimh eile, úsáid shásra acmhainneachta na Beilge (SA), infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ar mhórscála agus stóráil ceallraí), sholáthair an Bheilg na freagairtí seo a leanas:

(a) Thagair an Bheilg do na costais infheistíochta thábhachtacha a bhaineann le tionscadail núicléacha agus do chlistí margaidh breise a bheith ann i gcomparáid le teicneolaíochtaí eile (féach aithris (39)), rud a fhágann nach féidir an Tionscadal OFT a mhaoiniú trí shásra acmhainneachta na Beilge. Ina theannta sin, d'áitigh an Bheilg nach uirlis oiriúnach é sásra ceantála, ar nós ceantanna SA na Beilge, chun giniúint cumhachta núicléiche a mhaoiniú, ionas go mbeidh pacáiste tacaíochta sonrach de dhíth ar na hAonaid OFT.

(b) Mheabhraigh an Bheilg, de réir Airteagal 194(2) CFAE, go bhfuil an neamhspleáchas ag na Ballstáit a mbeartais fuinnimh a mhúnlú, lena n-áirítear an rogha cumhacht núicléach a ionchorprú ina meascán fuinnimh, agus go bhfuil meascán éagsúil de mhodhanna táirgthe fuinnimh fíor-riachtanach chun gréasán leictreachais iontaofa agus cothrom a choinneáil ar bun. Chinn an Bheilg in 2022, gur cheart na hacmhainneachtaí núicléacha lena mbaineann a bheith mar chuid de mheascán fuinnimh na Beilge go ceann 10 mbliana eile, agus ní féidir leis an gcinneadh sin ar an meascán fuinnimh a bheith ag brath ar thoradh ceant.

(c) Ina theannta sin, chuir an Bheilg i dtábhacht nach féidir ach le Electrabel na hAonaid OFT a oibriú go réasúnta mar úinéir reatha (tromlach) na nAonad OFT agus mar an t-aon oibreoir gléasraí cumhachta núicléiche sa Bheilg. Mheabhraigh an Bheilg go n-éilíonn rochtain ar acmhainneacht giniúna núicléiche fios gnó speisialta, lena n-áirítear fios gnó tírshonrach, nach bhfuil ar fáil do gach páirtí margaidh, agus nach soláthródh tairiscint sa chás seo torthaí fiúntacha ós rud é nach bhféadfaí aon oibreoir seachas Electrabel a roghnú.

(354) Maidir le barúlacha tríú páirtí maidir leis an bpacáiste de bhearta éagsúla (tacaíocht airgeadais, socrú dramhaíola) chun tacú leis an Tionscadal OFT, rud a bheadh iomarcach, nach mbeadh i gcomhréir le dreasachtaí margaidh agus nach mbeadh comhréireach, áitíonn an Bheilg go n-áirítear sna comhaontuithe sásraí éagsúla lena spreagfar BE-NUC chun freagairt do chomharthaí margaidh a mhéid is féidir, laistigh de theorainneacha teicniúla na ngléasraí. Go sonrach:

(a) Maidir le CD, d'athdhearbhaigh an Bheilg go bhfuil dearadh CD múnlaithe ag srianta teicniúla, rialála agus eacnamaíocha na nAonad OFT. Tá sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain aige, le IRR idir 6 % agus 8 % lena ndreasaítear BE-NUC chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a struchtúr costais a bharrfheabhsú sula socrófar agus sula n-athbhreithneofar an praghas ceangail, (ii) aschur na ngléasraí a uasmhéadú nuair a mheastar go mbeidh praghsanna arda ann, agus gar do ghanntanas an chórais leictreachais (mar shampla, sa gheimhridh), (iii) brabúis amhantair fhéideartha a mhaolú, (iv) modhnuithe a thruicearú i gcás tréimhsí fada praghsanna diúltacha, agus (v) a áirithiú go mbeidh na héarthaí atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí fadtéarmacha, cothabhála agus athbhreoslaithe sceidealaithe le linn an tsamhraidh nuair is gnách go mbíonn praghsanna ar an leibhéal is ísle.

(b) Maidir le meascán de roinnt fobheart airgeadais anuas ar CD, d'áitigh an Bheilg go bhfuil na bearta sin teoranta don íosmhéid is gá agus go gcumhdaíonn gach ceann acu rioscaí sonracha a bhaineann leis an Tionscadal OFT (agus dá bhrí sin go bhfuil siad comhlántach). Mheabhraigh an Bheilg an méid seo a leanas: (i) tá Iasachtaí IIOC agus CTM fíor-riachtanach chun a áirithiú go ngineann BE-NUC sreafaí airgid leordhóthanacha chun an t-oibreoir a íoc agus inmharthanacht oibríochtúil fhadtéarmach a choinneáil ar bun, agus (ii) tá struchtúr CF, Iasachtaí Scairshealbhóirí agus saoráid caipitil oibre ceaptha chun coinníollacha comhionanna a bheith acu do Stát na Beilge agus do Electrabel araon ina gcáil mar scairshealbhóirí agus déanfar iad faoi dhálaí an mhargaidh.

(c) D'áitigh an Bheilg nach dtéann Tionscadal OFT i gcoinne an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus i gcoinne phrionsabal an réamhchúraim agus mheabhraigh sí go bhfuarthas cheana féin go n-urramaíonn tionscadail núicléacha chomhchosúla sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe, i ndáil leis na sásraí maoinithe chomh maith le córas na Caidhpe Dramhaíola, an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus prionsabal an réamhchúraim agus gur fhormheas an Coimisiún iad dá réir sin.

(d) Maidir leis an socrú dramhaíola, d'áitigh an Bheilg go n-aistreofar na dliteanais dramhaíola núicléiche lena mbaineann chuig Stát na Beilge trí bhíthin íocaíocht chnapshuime EUR 15 bhilliún, ar cinneadh a méid bunaithe ar mhodheolaíocht láidir agus ar ionchur ó shaineolaithe. Chuir an Bheilg in iúl freisin gur ar na Ballstáit atá an fhreagracht deiridh as bainistiú sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola núicléiche radaighníomhaí agus gur bunphrionsabal é, a chumhdaítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle ([125]).

(355) Maidir leis na barúlacha tríú páirtí a bhaineann leis an mbac ar fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite, d'áitigh an Bheilg go leanfaidh an t-éileamh ar leictreachas ag méadú, rud a chruthóidh deiseanna do gach cineál táirgthe leictreachais. Chuir an Bheilg i dtábhacht freisin go bhfuil sé ar intinn aici forbairt bhreise a dhéanamh ar earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus tacú leis an bhforbairt sin.

(356) Maidir leis an mbarúil tríú páirtí ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, d'áitigh an Bheilg go ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ag an Tionscadal OFT ar thionscnamh FPS Geilleagar, agus gur eagraíodh é i gcomhréir iomlán le dlíthe na Beilge agus le Coinbhinsiún Aarhus ([126]). Ina theannta sin, chuir an Bheilg i dtábhacht gur urramaigh údaráis na Beilge agus Engie na rialacha soláthair phoiblí uile.

(357) Maidir leis na hábhair imní tríú páirtí faoi dhíolacháin leictreachais ó ghiniúint cumhachta núicléiche, chuir an Bheilg i dtábhacht go gcuirtear coimircí sonracha i bhfeidhm chun coimircí breise a áirithiú maidir le comhpháirtí CSBF. Chuir an Bheilg i dtábhacht go n-eisiafar Engie ón bpróiseas roghnúcháin agus cinnteoireachta, agus go ndéanfar bearta leordhóthanacha chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint nuair a ghlacfaidh GEMS páirt i dtairiscint CSBF.

(358) Maidir leis an mbarúil a bhaineann leis an spleáchas leanúnach ar an Rúis, d'áitigh an Bheilg go ndéantar soláthróirí úráiniam nádúrtha agus seirbhísí tiontaithe ón Rúis a eisiamh go sainráite i gconarthaí soláthair Synatom a caibidlíodh nó atá faoi chaibidil trí mhaoirseacht Ghníomhaireacht Soláthair Euratom.

8. MEASÚNÚ AR AN mBeart

8.1. Státchabhair a bheith ann

(359) Faoi Airteagal 107(1) CFAE, aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, tá sí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

(360) Is státchabhair é beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE má chomhlíonann sé ceithre choinníoll charnacha. Ar an gcéad dul síos, ní mór an beart a bheith maoinithe ag an Stát nó trí acmhainní Stáit. Ar an dara dul síos, ní mór buntáiste a thabhairt do thairbhí leis an mbeart. Ar an tríú dul síos, ní mór an beart a bheith i bhfabhar gnóthais nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe (i.e. ní mór meid áirithe roghnaíochta a bheith ann). Ar an gceathrú dul síos, ní mór é a bheith d'acmhainn ag an mbeart difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach.

([125]) Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

([126]) Coinbhinsiún CEE-NA maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, ar a dtugtar Coinbhinsiún Aarhus de ghnáth. Is comhaontú comhshaoil iltaobhach é Coinbhinsiún Aarhus trína méadaítear agus trína ndéantar na deiseanna atá ag saoránaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol trédhearcach agus trína ndéantar próiseas iontaofa rialála a dhaingniú.

(361) I roinn 4.1.1 den Chinneadh Tosaigh, mhínigh an Coimisiún go raibh na trí chomhchuid den bheart ar tugadh fógra ina leith beartaithe le chéile agus go bhfuil siad doscartha óna chéile. Faoi phointe 81 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le Coincheap na Cabhrach, is féidir bearta éagsúla a mheas mar 'idirghabháil aonair'. D'fhéadfadh sé gurbh amhlaidh sin, go háirithe, i gcás ina mbeadh idirghabhálacha comhleanúnacha nasctha chomh dlúth sin le chéile, go háirithe ag féachaint dá n-ord croineolaíoch, dá gcuspóir agus d'imthosca an ghnóthais tráth na n-idirghabhálacha sin, go mbeidís doscartha ([127]). Má tharlaíonn sraith idirghabhálacha Stáit i ndáil leis an ngnóthas céanna i dtréimhse ama réasúnta gearr, mar shampla, agus má bhíonn siad nasctha le chéile nó má bhí siad uile beartaithe nó intuartha tráth na chéad idirghabhála, féadfar a mheasúnú gur aon idirghabháil amháin iad ([128]).

(362) Mhínigh an Coimisiún in aithrisí (204) agus (208) den Chinneadh Tosaigh go bhfuil an cuspóir céanna ag na trí chomhchuid den bheart, lena n-áirítear a bhfo-chomhchodanna uile, atá dírithe le chéile ar shíneadh saolré na nAonad OFT, ós rud é go raibh siad beartaithe le chéile, agus go mbunaítear iad leis an gcomhaontú céanna, is é sin Comhaontú Cur Chun Feidhme an 13 Nollaig 2023 (féach aithris (24)), an gníomh reachtach céanna, is é sin Dlí Phoenix maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus athchóiriú na hearnála fuinnimh núicléach (féach roinn 3.5.2), agus go ndeonaíonn an t-údarás deonúcháin céanna iad go léir, is é sin Stát na Beilge. Ina theannta sin, thionscain Rialtas na Beilge síneadh saolré an dá imoibreoir núicléacha, agus dá bhrí sin an Tionscadal OFT, agus bhí rannpháirtíocht Engie agus Electrabel sa chomhaontú coinníollach ar leibhéal iomchuí luacha saothair a fháil, ráthaíocht i gcoinne athruithe dlíthiúla a bhaineann le táirgeadh leictreachais ó fhoinsí núicléacha, agus dí-rioscú breise a mhéid a bhaineann le costas na dramhaíola núicléiche (féach aithris (23)). Dá bhrí sin, tá dlúthnasc idir gach ceann de na trí chomhchuid den bheart a dtugtar fógra ina leith, lena n-áirítear a bhfo-chomhchodanna, agus bheadh sé dodhéanta iad a dheighilt óna chéile, ós rud é gur coinníoll riachtanach iad le chéile le haghaidh rannpháirtíocht Engie agus Electrabel sa Tionscadal OFT.

(363) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún gur cheart na trí chomhchuid a scrúdú le chéile mar idirghabháil aonair. Tá na trí chomhchuid idirspleách agus tá éifeachtaí acu a fheabhsaíonn a chéile ó thaobh fheidhmíocht an Tionscadail OFT. Rinne an Coimisiún an réamhchinneadh freisin, a bhfuil feidhm aige maidir leis na trí chomhchuid den bheart a breithníodh le chéile, go mbeadh státchabhair i gceist leis an idirghabháil toisc gur deonaíodh í ó acmhainní Stáit atá inchurtha i leith Stát na Beilge, go dtabharfadh an beart buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh.

(364) Níor tháinig an Coimisiún ar aon chúis lena mheasúnú a athrú ar na gnéithe sin le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil. Ós rud é gur beartaíodh na trí chomhchuid den bheart le chéile, go bhfuil an cuspóir céanna acu, go mbunaítear iad leis an gcomhaontú agus leis an dlí céanna, go ndeonaíonn an t-údarás deonúcháin céanna iad, agus go raibh na trí chomhchuid uile riachtanach chun a chur ina luí ar Engie agus Electrabel páirt a ghlacadh sa Tionscadal OFT, measann an Coimisiún gur cuid d'idirghabháil amháin iad agus gur cheart iad a scrúdú le chéile mar idirghabháil aonair.

8.1.1. *Inleagthacht acmhainní Stáit agus iad a bheith ann*

(365) Chun bearta a aicmiú mar chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór iad a dheonú go díreach nó go hindíreach trí acmhainní Stáit.

(366) Mar a mhínítear in aithris (213) den Chinneadh Tosaigh, chinn Stát na Beilge (i gcomhaontú le Engie) an teaglaim d'fhobhearta den Tionscadal OFT mar a thuairiscítear i roinn 3 den Chinneadh seo tráth shíniú an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme an 13 Nollaig 2023. Ina theannta sin, is éard atá i gceist leis an Tionscadal OFT eintiteas atá faoi úinéireacht an Stáit go páirteach (BE-NUC) a chruthú agus is é Stát na Beilge an t-údarás deonúcháin.

([127]) Breithiúnas an 19 Márta 2013, *Bouygues agus Bouygues Télécom v An Coimisiún agus Eile*, Cásanna Uamtha C-399/10 P agus C-401/10 P, EU:C:2013:175, mír 104; Breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2010, *An Ghréig agus Eile* v *An Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-415/05, T-416/05 agus T-423/05, EU:T:2010:386, mír 177; Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 1998, *BP Chemicals* v *An Coimisiún*, T-11/95, EU:T:1998:199, míreanna 170 agus 171.

([128]) Breithiúnas an 15 Nollaig 2021, Oltchim SA v An Coimisiún, T-565/19, EU:T:2021:904, míreanna 93 go 197.

(367) Mar a mhínítear in aithris (214) den Chinneadh Tosaigh, tá roinnt fobheart sa Tionscadal OFT lena mbaineann aistriú acmhainní Stáit chun tairbhe BE-NUC, an comhfhiontar nuabhunaithe atá faoi úinéireacht Stát na Beilge agus Electrabel. Go háirithe, le CD a bhfuil tacaíocht ón Stát i gceist leis, lena gceadaítear don CF luach saothair comhlántach a fháil i gcás ina mbeadh easnamh in ioncaim ó oibriú mar thoradh ar phraghsanna margaidh, nochtar an Stát d'aistriú acmhainní Stáit chun tairbhe an chomhfhiontair.

(368) Ar bhonn na gcúiseanna a leagtar amach thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go ndeonaítear an beart trí acmhainní Stáit agus go bhfuil sé inchurtha i leith an Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

8.1.2. *Buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach*

(369) Meastar beart a bheith roghnaitheach más rud é nach bhfuil sé i bhfabhar ach gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe. Athdhearbhaíonn an Coimisiún go dtugann an beart seo, lena n-áirítear a fho-chomhchodanna éagsúla, arna measúnú le chéile agus ar leithligh, buntáiste roghnaitheach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(370) Mar a mhínítear in aithris (217) den Chinneadh Tosaigh, díríonn an Tionscadal OFT, lena n-áirítear na trí chomhchuid den bheart a dtugtar fógra ina leith, ar shíneadh saolré dhá imoibreoir núicléacha d'fhonn leictreachas a thairiscint sa mhargadh fuinnimh agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le slándáil an tsoláthair. Tabharfaidh an beart buntáiste sonrach do na príomhthairbhithe, Electrabel agus Luminus, chomh maith le BE-NUC: (i) nach gcuirtear ar fáil d'oibreoirí fuinnimh eile i gcásanna dlíthiúla agus fíorasacha comhchosúla, ag féachaint do chuspóir agus d'éifeachtaí an bhirt (maoiniú agus ioncaim chobhsaí a sholáthar chun síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha agus chun slándáil an tsoláthair leictreachais sa Bheilg a ráthú), agus (ii) nach bhfaighidís faoi ghnáthdhálaí margaidh agus gan comhaontú sonrach maidir leis na comhchodanna éagsúla den bheart. Tá an buntáiste sin roghnaitheach sa mhéid is go bhfuil sé i bhfabhar úinéirí agus oibreoir na nAonad OFT, atá i staid fhíorasach agus dhlíthiúil inchomparáide le soláthraithe acmhainneachta giniúna eile nach bhfuil an deis acu gléasraí núicléacha a oibriú sa Bheilg, ach ar féidir leo rannchuidiú freisin le slándáil an tsoláthair (ar nós gléasraí gáis, oibreoirí freagartha don éileamh, soláthraithe stórála).

(371) Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (218) den Chinneadh Tosaigh, tugann go leor de na fobhearta aonair atá mar chuid den Tionscadal OFT buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach do Electrabel agus/nó Luminus (agus do na Cuideachtaí Rannpháirteacha i gcás inarb ábhartha). Mar shampla, áirítear le CLS i gComhchuid 1 CD dhá threo, lena mbunaítear sruth ioncaim seasta chun leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí núicléacha, rud a chosnaíonn úinéirí na ngléasraí ar rioscaí margaidh. Soláthraíonn Stát na Beilge Iasacht Scairshealbhóirí, Iasachtaí CTM agus íocaíocht oibriúcháin íosta agus íocaíocht chaipitil freisin chun costais nuathionscanta na nAonad OFT agus an easpa brabúsachta a d'fhéadfadh a bheith acu a chumhdach. Níl na hiasachtaí ná na comhaontuithe sin ar fáil d'iomaitheoirí eile agus, dá bhrí sin, tugann siad buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach do Electrabel, mar chuid de BE-NUC, agus Luminus. Le Comhchuid 3 soláthraítear cosaint aisghabhála costas do Engie agus Luminus i gcás athrú ar an dlí nó ar an mbeartas, rud a laghdaíonn an riosca infheistíochta agus a aistríonn chuig an Stát é agus a thugann tairbhe eacnamaíoch nach bhféadfaí a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus nach bhfuil ar fáil d'oibreoirí margaidh eile.

(372) Áitíonn an Bheilg go seolfar próiseas tairisceana CSBF i gcomhréir le dlí na Beilge maidir le soláthar poiblí an 17 Meitheamh 2016 agus le Foraithne Ríoga an 18 Meitheamh 2017 maidir le soláthar poiblí le haghaidh earnálacha na bhfóntas. Roghnófar comhpháirtí CSBF trí thairiscint oscailte, thrédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach. áirithítear le próiseas tairisceana iomaíoch CSBF, lena n-úsáidtear agus lena gcomhlíontar na próisis dá bhforáiltear sna Treoracha maidir le Soláthar Poiblí, go bhfuil an t-idirbheart, sa chás seo ceannach seirbhísí bainistíochta fuinnimh, i gcomhréir le coinníollacha an mhargaidh agus go n-eisiatar leis aon bhuntáiste a dheonaítear don bhainisteoir fuinnimh. Dá bhrí sin, leis an Tionscadal OFT ní thugtar buntáiste roghnaitheach do chomhpháirtí CSBF.

(373) Ar bhonn na gcúiseanna a leagtar amach thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go dtugann an Tionscadal OFT buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach do thairbhithe an bhirt.

8.1.3. *Bagairt go ndéanfaí saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus éifeachtaí ar thrádáil*

(374) Mar a chuir an Coimisiún in iúl in aithris (221) den Chinneadh Tosaigh, léirscaoileadh an margadh leictreachais agus tá táirgeoirí leictreachais i mbun trádála idir na Ballstáit ionas gur dócha go ndéanfaidh buntáiste a dheonaítear do tháirgeoirí leictreachais núicléach iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. Go ginearálta, déantar leictreachas ó fhoinsí núicléacha a dhíol ar an margadh leictreachais inmheánach mar a dtéann sé in iomaíocht leis na foinsí leictreachais uile, lena n-áirítear na foinsí sin i mBallstáit eile. Ina theannta sin, tá margadh leictreachais na Beilge idirnasctha go mór sa Chroí-Réigiún Ríofa Acmhainneachta.

(375) Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an Coimisiún a sheasamh go bhfuil baol ann go ndéanfaidh an buntáiste a thugtar do na tairbhithe tríd an Tionscadal OFT an iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.

8.1.4. *Conclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(376) Is é conclúid an Choimisiúin go mbaineann státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE le Comhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3 den bheart a dtugtar fógra ina leith (Tionscadal OFT le chéile), mar bhearta éagsúla a bhaineann le hidirghabháil Stáit aonair amháin.

8.2. **Dleathacht na cabhrach**

(377) Mar a chuir an Coimisiún in iúl in aithris (224) den Chinneadh Tosaigh, tugadh fógra don Choimisiún faoin mbeart an 21 Meitheamh 2024 agus níor cuireadh chun feidhme é go dtí seo. Dheimhnigh an Bheilg nach ndéanfar aon obair iarbhír, seachas na hoibreacha ullmhúcháin atá mar chuid de na gníomhaíochtaí forbartha faoi CCF++, sula ndúnfar an t-idirbheart. Tá dúnadh an idirbhirt agus cur chun feidhme an bhirt coinníollach ar fhormheas an Choimisiúin ar an mbeart, ós rud é gur réamhchoinníoll é formheas Státchabhrach chun an Comhaontú Cur Chun Feidhme a chur i bhfeidhm.

(378) Dá bhrí sin, chomhlíon údaráis na Beilge na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt agus na hoibleagáidí neamhghníomhaíochta faoi Airteagal 108(3) CFAE.

8.3. **Comhoiriúnacht an bhirt leis an margadh inmheánach**

(379) Ós rud é gur cinneadh go raibh baint ag státchabhair leis an mbeart, rinne an Coimisiún scrúdú breise féachaint an bhféadfaí a mheas go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

8.3.1. *An bunús dlí leis an measúnú*

(380) Rinne an Coimisiún measúnú ar an mbeart ar tugadh fógra faoi ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c) CFAE lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Coimisiún a dhearbhú gur comhoiriúnach í 'cabhair chun forbairt ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach n-athraíonn an chabhair sin dálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann'.

8.3.2. *Coinníoll dearfach: gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt*

8.3.2.1. *Cuidiú le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche*

(381) Le hAirteagal 107(3), pointe (c), CFAE foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil cabhair áirithe comhoiriúnach, is é sin 'cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach n-athraíonn an chabhair sin dálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann'. Dá bhrí sin, chun go mbeidh an chabhair comhoiriúnach faoin bhforáil sin den Chonradh, ní mór di rannchuidiú le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche áirithe ([129]).

(382) D'fhéadfadh gá a bheith le hidirghabháil Stáit chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú nó a dhreasú, ar gníomhaíochtaí iad nach bhforbródh nó nach bhforbródh ar an luas céanna nó faoi na dálaí céanna in éagmais na cabhrach.

([129]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *An Ostair v An Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 20 agus 24.

(383) Áitíonn an Bheilg go laghdaíonn na trí chomhchuid uile den bheart na príomhthosca riosca a eascraíonn in infheistíochtaí i sócmhainní giniúna cumhachta núicléiche. Mar a mhínítear i roinn 3.1 den Chinneadh seo agus i roinn 2.3 den Chinneadh Tosaigh, is é is aidhm don bheart a dtugtar fógra ina leith infheistíocht in dhá imoibreoir núicléacha atá ann cheana a chumasú chun a n-oibriú a áirithiú ar feadh tréimhse fhadaithe 10 mbliana (go háirithe trí Chomhchuid 1 den bheart, féach roinn 3.3.1), agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le slándáil an tsoláthair sa Bheilg, agus maoiniú dramhaíola núicléiche agus breosla núicléach spíonta a dhaingniú san fhadtéarma (go háirithe trí Chomhchuid 2 den bheart, féach roinn 3.3.2). Thairis sin, áitíonn an Bheilg go gceanglaítear ar na cosaintí dlíthiúla (trí Chomhchuid 3 den bheart, féach roinn 3.3.3) an Tionscadal OFT a thabhairt ar aghaidh trí rioscaí áirithe a laghdú a mheastar nach bhfuil neart ag an infheisteoir orthu.

(384) Meabhraíonn an Coimisiún gur aithin an Chúirt Bhreithiúnais forbairt na hacmhainneachta núicléiche nua mar ghníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE ([130]) agus shuigh sí go bhféadfar Airteagal 107 CFAE a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí i nginiúint cumhachta núicléiche ([131]). Ós rud é go rannchuidíonn an Tionscadal OFT le forbairt giniúna leictreachais ó fhoinsí fuinnimh núicléach sa Bheilg, rannchuidíonn sé le gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt sa Bheilg.

(385) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go n-éascaíonn an beart forbairt gníomhaíochta eacnamaíche áirithe mar a cheanglaítear le hAirteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

8.3.2.2. Éifeacht dreasachta

(386) Ní féidir a mheas go n-éascaíonn státchabhair gníomhaíocht eacnamaíoch ach amháin má tá éifeacht dreasachta aici. Bíonn éifeacht dreasachta ann má dhreasaítear an tairbhí leis sin chun a iompraíocht a athrú i dtreo na forbartha gníomhaíochta eacnamaíche a shaothraítear leis an gcabhair agus mura dtarlódh an t-athrú iompraíochta sin murach an chabhair.

(387) Mar a mhínítear in aithrisí (5) agus (6) den Chinneadh Tosaigh agus in aithrisí (19) agus (23) den Chinneadh seo, shoiléirigh an Bheilg, in éagmais cabhrach, nach mbeadh na dreasachtaí is gá ag Engie chun leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt acmhainneachta giniúna leictreachais núicléach, go háirithe ós rud é, roimh chinneadh Rialtas na Beilge maidir leis an Tionscadal OFT i mí an Mhárta 2022, go raibh sé beartaithe ag an mBeilg deireadh iomlán a chur leis an bhfuinneamh núicléach (féach roinn 2.2). Ina theannta sin, mhínigh an Bheilg go bhfuil clistí margaidh tábhachtacha ann a bhaineann le hinfheistíochtaí in acmhainní giniúna fuinnimh go ginearálta, agus i nginiúint cumhachta núicléiche go háirithe (féach roinn 3.1). Ní dócha go mbeidh infheistíocht san fhuinneamh núicléach gan tacaíocht Stáit brabúsach mar gheall ar éiginnteacht na bhforbairtí ar an margadh leictreachais, go háirithe i gcás síneadh saolré ar feadh tréimhse theoranta 10 mbliana.

(388) Mar a mhínítear in aithris (19) den Chinneadh seo agus in aithris (5) den Chinneadh Tosaigh, d'fhógair Engie a phleananna cheana féin an earnáil núicléach a fhágáil sa Bheilg agus rinne sé a chumarsáid agus a straitéis a oiriúnú dá réir. Mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí a bhaineann leis an gCinneadh Tosaigh, dheimhnigh Engie nach bhfuil aon amhras ann nach leanfadh Electrabel d'oibríochtaí na nAonad OFT in éagmais Thionscadal OFT, lena n-áirítear na trí chomhchuid (féach roinn 5.1.2).

(389) Áitíonn an Bheilg freisin nach bhfuil sna gníomhaíochtaí forbartha a dhéantar mar thoradh ar thabhairt i gcrích CCF++ roimh dhúnadh an idirbhirt ach oibreacha ullmhúcháin agus staidéir indéantachta, agus nach ndéanfar aon obair iarbhír roimh dhúnadh foirmiúil an idirbhirt (féach roinn 3.3.1.1).

(390) Measann an Coimisiún go bhfuil an cuspóir sonrach céanna ag gach comhchuid den bheart agus go bhfuil gá leo go léir chun an Tionscadal OFT a chur ar aghaidh.

(a) Tá gá leis na sásraí tacaíochta airgeadais faoi Chomhchuid 1 den bheart a dtugtar fógra ina leith chun an riosca a bhaint den Thionscadal OFT agus chun a chostais infheistíochta a chumhdach, lena n-áirítear brabús réasúnta, go háirithe ós rud é — faoin mbunús dlí atá ann faoi láthair — nach mór don oibreoir núicléach scor de ghníomhaíochtaí núicléacha arís tar éis an tsínidh saolré 10 mbliana, rud a chruthaíonn leibhéal éiginnteachta níos airde fós maidir le hioncaim ó ghiniúint fuinnimh núicléach.

([130]) *Ibid.*, mír 63.
([131]) *Ibid.*, mír 32.

(b) D'éiligh Engie agus Electrabel freisin an socrú dramhaíola faoi Chomhchuid 2 den bheart agus an comhaontú maidir le cosaintí dlíthiúla i gcás athrú ar na dlíthe a bhaineann le giniúint cumhachta núicléiche (Comhchuid 3) sular bhreithnigh siad a rannpháirtíocht sa Tionscadal OFT agus sula ndeachaigh siad isteach sa ghnó núicléach arís sa Bheilg.

(391) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an mbeart toisc go spreagann sé na tairbhithe chun dul i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch nach ndéanfadh siad gan an beart.

8.3.2.3. Forálacha ábhartha dhlí an Aontais a chomhlíonadh

(392) Mar a mhínítear sa Chinneadh Tosaigh, chinn an Chúirt Bhreithiúnais i gcás Hinkley Point C ([132]) *'nach féidir a dhearbhú go bhfuil státchabhair a sháraíonn forálacha nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais comhoiriúnach leis an margadh inmheánach*'. Maidir le fuinneamh núicléach go sonrach, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais i gcás na hearnála '*a chumhdaítear le Conradh Euratom, i ndáil le státchabhair le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoin earnáil sin a léirítear tar éis scrúdú a dhéanamh uirthi go sáraíonn sí rialacha dhlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol, nach féidir a dhearbhú go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun na forála sin*'.

(393) Thairis sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht go bhfuil feidhm ag reachtaíocht thánaisteach, amhail Treoir 2011/92/AE, faoina bhfuil tionscadail áirithe faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, maidir le stáisiúin chumhachta núicléiche agus imoibreoirí núicléacha eile.

(394) Shoiléirigh an Chúirt freisin nach gcuirtear bac ar infheistíochtaí i bhfuinneamh núicléach le hAirteagal 194 CFAE maidir le beartas fuinnimh an Aontais ([133]). De réir an chásdlí ([134]), ós rud é go bhfuil saor-rogha ag Ballstáit an Aontais, faoi CFAE, fuinneamh núicléach a áireamh ina meascán fuinnimh, is léir nach bhfuil cuspóirí agus prionsabail dhlí comhshaoil an Aontais, agus na cuspóirí a shaothraítear le Conradh Euratom, ag teacht salach ar a chéile, ionas nach féidir prionsabal chosaint an chomhshaoil, prionsabal an réamhchúraim, an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus prionsabal na hinbhuanaitheachta a mheas mar chosc, i ngach cás, ar státchabhair a dheonú chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil nó a oibriú.

(395) Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann an beart le fuinneamh núicléach, ní fhágann sé sin go bhfuil sé ar neamhréir leis an margadh inmheánach. Roghnaigh an Bheilg fuinneamh núicléach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le slándáil an tsoláthair agus chun rannchuidiú le dícharbónú a meascáin fuinnimh (féach ranna 2.3 agus 2.4).

(396) Mar a luaitear in aithris (240) den Chinneadh Tosaigh agus in aithris (222) den Chinneadh seo, mhínigh an Bheilg go ndearnadh próiseas forleathan oscailte um measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol roimh fhorbairt an Tionscadail OFT a rinneadh i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht thánaisteach an Aontais ([135]). Mar fhreagairt ar bharúil tríú páirtí ina leith sin (féach aithris (348)), d'athdhearbhaigh an Bheilg go ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar an Tionscadal OFT ar thionscnamh FPS Geilleagar na Beilge, agus gur eagraíodh é i gcomhréir iomlán le dlíthe na Beilge agus le Coinbhinsiún Aarhus (féach aithris (356)). Dá bhrí sin, níl aon chomhartha ag an gCoimisiún go sáraíonn an Tionscadal OFT aon fhoráil de dhlí comhshaoil an Aontais.

(397) Cuireadh an Tionscadal OFT in iúl don Choimisiún agus thug údaráis na Beilge fógra dó de bhun Airteagal 41 de Chonradh Euratom.

(398) Ní chuirtear as an áireamh go mbeidh ar Electrabel oibreacha foirgníochta a dhéanamh chun na hAonaid OFT a chur i gcomhréir leis na ceanglais arna bhforchur ag an údarás sábháilteachta. De réir an chásdlí, '*nuair a chuireann an Coimisiún an próiseas státchabhrach i bhfeidhm, ceanglaítear, i gcomhréir le scéim ghinearálta an Chonartha, a áirithiú go*

([132]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *An Ostair v An Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 44 agus 45.
([133]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *An Ostair v An Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 48 agus 49.
([134]) *Ibid.*, mír 49.
([135]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

gcuirtear forálacha lena rialaítear Státchabhair i bhfeidhm go comhsheasmhach le forálacha sonracha seachas na forálacha sin a bhaineann le Státchabhair agus, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach atá i gceist leis na forálacha sonracha sin. Mar sin féin, ní fhorchuirtear oibleagáid den sórt sin ar an gCoimisiún ach amháin i gcás ina bhfuil na gnéithe den chabhair nasctha chomh dlúth sin le cuspóir na cabhrach nach féidir meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh. [...] Os a choinne sin, más féidir an ghné atá i gceist a dheighilt ó chuspóir na cabhrach, ní cheanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a comhoiriúnacht le forálacha seachas na forálacha sin a bhaineann le státchabhair i gcomhthéacs an phróisis dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE' ([136]). Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas uaithi maidir le státchabhair don ghléasra cumhachta núicléiche Paks II nach gceanglaítear ar an gCoimisiúin a fhíorú go bhfuil aon ghné de bheart cabhrach nó aon eilimint a bhaineann le cabhair, in éagmais nasc doshéanta, i gcomhréir le dlí an Aontais ([137]). Sa chás sin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire thairis sin 'nach n-athrófaí ábhar na cabhrach [...] ná tairbhí na cabhrach [...] dá ndéanfaí nós imeachta soláthair phoiblí agus dá n-úsáidfí gnóthas eile chun na himoibreoirí a thógáil' ([138]).

(399) Mar a luaitear in aithris (243) den Chinneadh Tosaigh, measann an Coimisiún go bhféadfadh neamhchomhlíontacht fhéideartha le Treoir 2014/25/AE difear a dhéanamh don mheasúnú comhoiriúnachta ar an mbeart a dtugtar fógra ina leith má tháirg sé saobhadh míchuí breise ar an iomaíocht agus ar an trádáil ar an margadh leictreachais (an margadh ar a bhfuil na tairbhithe gníomhach). Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil Treoir 2014/25/AE ábhartha a mhéid a bhaineann le hoibreacha foirgníochta (féideartha) a dhámhachtain go díreach le haghaidh na nAonad OFT do ghnóthais shonracha.

(400) Sa chás seo, fiú má chuir Electrabel na hoibreacha foirgníochta (féideartha) uile a bhaineann leis an Tionscadal OFT nó cuid díobh ar fochonradh, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialáil soláthair phoiblí, measann an Coimisiún nach bhfuil aon 'nasc doscaoilte' idir na gnéithe cabhrach agus soláthair phoiblí toisc gur féidir meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh. Tacaíonn an beart a dtugtar fógra ina leith le síneadh saolré an dá imoibreoir núicléacha beag beann ar an gcaoi a roghnaítear an conraitheoir nó na conraitheoirí amach anseo. Ní bhraitheann cur chun feidhme na cabhrach a dtugtar fógra ina leith ach oiread ar chur i bhfeidhm beacht na rialacha soláthair phoiblí. Dá bhrí sin, tá oibriú na nAonad OFT agus na coinníollacha maidir leis an leictreachas a mhargú indeighilte ó ghnéithe an tsoláthair phoiblí maidir le hoibreacha athchóirithe na n-imoibreoirí núicléacha. Dá bhrí sin, is féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an mbeart gan meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe soláthair phoiblí na n-oibreacha athchóirithe ós rud é nach bhfuil dlúthbhaint ag gnéithe den sórt sin leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chuirtear chun cinn leis an gcabhair ná lena módúlachtaí.

(401) Maidir le CSBF, áitíonn an Bheilg go bhfuil tairiscint phoiblí ar siúl chun comhpháirtí CSBF a roghnú agus go n-urramaítear leis an bpróiseas tairisceana rialacha dhlí soláthair phoiblí na Beilge (féach roinn 3.3.1.5.1). Gníomhaíonn Rialtas na Beilge mar eintiteas conarthach in ainm agus thar ceann BE-NUC (toisc nach bhfuil BE-NUC ag feidhmiú go hiomlán go fóill), ach tabharfaidh BE-NUC féin conradh CSBF i gcrích. I bhfianaise ghníomhaíocht BE-NUC, cinneadh na rialacha maidir le hearnálacha na bhfóntas a chur i bhfeidhm. Roghnóidh an t-eintiteas conarthach páirtithe incháilithe agus iarrfaidh sé orthu tairiscint a chur isteach, bunaithe ar dhréachtchonradh CSBF arna mholadh ag an eintiteas conarthach agus d'fhéadfadh caibidlíocht agus tairiscintí teacht ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, is féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go n-urramaítear le tairiscint CSBF rialacha ábhartha soláthair phoiblí na Beilge agus an Aontais.

(402) Dheimhnigh an Bheilg gur urramaigh údaráis na Beilge agus Engie na rialacha soláthair phoiblí maidir le próiseas tairisceana CSBF (féach aithris (143)) agus rialacha soláthair phoiblí i gcoitinne (féach aithris (356)). Ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí (398) go (401), níl aon chomhartha ag an gCoimisiún go sáraíonn an Tionscadal OFT aon fhoráil den dlí soláthair phoiblí.

([136]) Féach Breithiúnas an 3 Nollaig 2014, *Castelnou Energía*, Cás T-57/11, EU:T:2014:1021, míreanna 181-184. Breithiúnas an 30 Samhain 2022, *An Ostair* v *An Coimisiún*, T-101/18 EU:T:2022:728, mír 30.

([137]) Breithiúnas an 30 Samhain 2022, *An Ostair v An Coimisiún*, T-101/18 , EU:T:2022:728, mír 32.

([138]) Breithiúnas an 30 Samhain 2022, *An Ostair v An Coimisiún*, T-101/18 , EU:T:2022:728, mír 37. D'fhormhuinigh an Chúirt Bhreithiúnais in Braesch an réasúnaíocht maidir leis an ngá atá le 'nasc doscaoilte' don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht dhlí an Aontais le módúlachtaí cabhrach áirithe. Féach Breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *An Coimisiún v Braesch agus Eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:58, míreanna 96 go 99.

(403) Mar a luaitear in aithris (245) den Chinneadh Tosaigh agus i roinn 3.3.2.1 den Chinneadh seo, maidir le haistriú dliteanas a bhaineann le dramhaíl núicléach agus breosla núicléach spíonta, tá an comhaontú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2011/70/Euratom. Le Conradh Euratom agus leis an reachtaíocht thánaisteach ábhartha, cuirtear an phríomhfhreagracht ar oibreoirí suiteálacha núicléacha as bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí agus as maoiniú na bainistíochta sin a áirithiú i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 4(3) de Threoir 2011/70/Euratom. Mar sin féin, is ar an Stát atá an fhreagracht deiridh as dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú ar bhealach freagrach agus sábháilte agus as a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais oiriúnacha ar fáil don bhainistíocht sin. Léirigh údaráis na Beilge go bhfuil sé d'aidhm ag an mbeart maoiniú bainistithe breosla spíonta agus dramhaíola núicléiche a dhaingniú mar réamhriachtanas chun na hábhair sin a bhainistiú go freagrach agus go sábháilte. Dá bhrí sin, níl aon chomhartha ag an gCoimisiún go sáraíonn an chuid den Tionscadal OFT a bhaineann leis an socrú dramhaíola na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2011/70/Euratom.

(404) Ós rud é go bhfaigheann an Tionscadal OFT tacaíocht i bhfoirm CD dhá threo, measann an Coimisiún go bhfuil feidhm ag na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 19d(2) de Rialachán (AE) 2019/94 ([139]), arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747 ('an Rialachán Leictreachais'), maidir le gach conradh difríochta dhá threo, is é sin ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin an 16 Iúil 2024. Cuimsítear leis sin cásanna ina gcinneann Ballstát, gan oibleagáid a bheith air é sin a dhéanamh faoin Rialachán Leictreachais, CD dhá threo a thabhairt isteach i ndáil le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh saolré na saoráidí atá ann cheana a fhadú, mar atá i gcás an Tionscadail OFT. Sa chomhthéacs sin, rinne údaráis na Beilge roinnt modhnuithe ar dhearadh CD, chun feabhas a chur ar na cinntí modhnaithe tríd an údarás cinnteoireachta a aistriú i ndáil le modhnuithe eacnamaíocha chuig comhpháirtí CSBF, mar a mhínítear i roinn 3.3.1.5.2. Ina theannta sin, threisigh an Bheilg an sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain (CRPM nuashonraithe), chun tacaíocht airgeadais a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le hathruithe ar phraghsanna margaidh (féach aithris (107)). Aithníonn an Coimisiún go bhfuil méid na ngléasraí sách mór i gcomparáid le leachtacht an mhargaidh ionlae agus chothromúcháin sa Bheilg, go mbraitheann na gléasraí atá i gceist ar sheanteicneolaíocht núicléach le solúbthacht theoranta, go bhfuil na gléasraí faoi réir ceanglais slándála an-ard, agus go méadaíonn fadú agus tabhairt isteach na modhnuithe eacnamaíocha an riosca múchta (féach roinn 2.1). An tráth céanna, aithníonn an Coimisiún, cé go bhfuil margaí ionlae agus cothromúcháin na Beilge á gcomhtháthú níos mó le margaí comharsanacha, go bhfuil siad fós measartha beag i gcomparáid le méid an dá ghléasra. I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Coimisiún go ndearna údaráis na Beilge roinnt modhnuithe ar dhearadh CD, chun é a ailíniú níos dlúithe le cuspóirí Airteagal 19d(2) den Rialachán Leictreachais trína chinntiú go modhnófar na hAonaid OFT mar fhreagairt ar chomharthaí margaidh, go háirithe freisin trí sceideal éifeachtúil táirgthe agus cothabhála a áirithiú a mhéid is féidir go teicniúil.

(405) Mar a luaitear in aithris (247) den Chinneadh Tosaigh agus in aithris (110) den Chinneadh seo, áitíonn an Bheilg go sreabhfaidh aon fháltais ón gconradh difríochta dhá threo isteach i mbuiséad ginearálta an Stáit (faoi réir cuntasaíocht ar leithligh) agus go n-úsáidfear iad go príomha chun íocaíochtaí chontrapháirtí CLS faoi CD le haghaidh na nAonad OFT a mhaoiniú. I gcás ina sáraíonn fáltais CD na méideanna is gá chun costais CD a mhaoiniú le haghaidh na nAonad OFT, d'fhéadfaí iad a úsáid chun costais CD eile a mhaoiniú. Geallann an Bheilg, má úsáidtear aon fháltais CD atá fágtha chun iad a dháileadh ar ghnóthais, go ndéanfar an dáileadh i gcomhréir le hAirteagal 19d(2), pointí (d) agus (e), den Rialachán Leictreachais. Cuirfidh an Bheilg an Coimisiún ar an eolas roimh ré i gcás ina ndáiltear fáltais CD ar ghnóthais agus, más gá, tabharfaidh sí fógra faoi bheart den sórt sin (féach aithris (110)). Tríd an ngealltanas sin, measann an Coimisiún gur thug an Bheilg dearbhú leordhóthanach maidir le comhlíontacht leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 19d(2), pointí (d) agus (e), den Rialachán Leictreachais. Dheimhnigh an Bheilg freisin go gcuimsítear sa dearadh CD clásail phionóis i gcás luathfhoirceannadh aontaobhach míchuí an chonartha, i gcomhréir le hAirteagal 19d(2), pointe (f), den Rialachán Leictreachais (féach aithris (110)).

([139]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, pp. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj), arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L 26.6.2024, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj).

(406) Mar a luaitear freisin in aithris (248) den Chinneadh Tosaigh, maidir le comhlíontacht an chomhfhiontair le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([140]) ón gComhairle, dealraíonn sé ó aighneachtaí Stát na Beilge agus Engie nach féidir a mheas go bhfuil an comhfhiontar atá beartaithe lánfheidhmiúil de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní féidir an beart a chur in iúl don Choimisiún Eorpach maidir lena chomhlíontacht leis an Rialachán sin.

(407) Mar a luaitear in aithris (249) den Chinneadh Tosaigh agus i roinn 3.6 den Chinneadh seo, a mhéid a bhaineann le maoiniú an bhirt, mhínigh údaráis na Beilge go gcumhdaítear na costais a bhaineann leis an Tionscadal OFT le buiséad an Stáit i gcás inar gá. Shreabhfadh tairbhí an tionscadail chuig buiséad an Stáit freisin. Níl aon acmhainní curtha in áirithe don bheart agus, dá bhrí sin, ní sháraíonn an beart Airteagal 30 ná Airteagal 110 CFAE.

(408) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach sáraíonn an beart atá beartaithe, dá réir sin, aon fhorálacha ábhartha de dhlí an Aontais.

8.3.2.4. Conclúid

(409) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann an Tionscadal OFT an chéad choinníoll (dearfach) den mheasúnú comhoiriúnachta (is é sin, go n-éascaítear forbairt gníomhaíochta eacnamaíche leis an gcabhair).

8.3.3. *Coinníoll diúltach: ní féidir leis an gcabhair difear míchuí a dhéanamh do choinníollacha trádála an oiread is go mbeadh dochar ann don leas coiteann*

8.3.3.1. An margadh a ndéanann an chabhair difear dó a shainaithint

(410) Mar a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh, bunaíodh an Tionscadal OFT chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair leictreachais i margadh na Beilge, agus spleáchas na Beilge ar bhreoslaí iontaise á laghdú ag an am céanna (ag rannchuidiú le dícharbónú chóras fuinnimh na Beilge sa chás seo freisin). An tráth céanna, suíodh go bhfuil margadh na Beilge idirnasctha go maith sa Chroí-Réigiún Ríofa Acmhainneachta (féach aithris (374)).

(411) I bhfianaise a bhfuil thuas, is iad na margaí leictreachais sa Bheilg agus an margadh leictreachais sa Chroí-Réigiún Ríofa Acmhainneachta na margaí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar na bearta atá i gceist.

8.3.3.2. Éifeachtaí dearfacha an bhirt cabhrach a shainaithint

(412) Mar a luaitear in aithris (254) den Chinneadh Tosaigh agus i Table 2 den Chinneadh seo, tá coinne leis gurb ionann síneadh saolré an dá imoibreoir núicléacha agus 12 % go 16 % de ghiniúint leictreachais sa Bheilg, rud a fhágann gur féidir leanúint de ghiniúint leictreachais núicléach-bhunaithe agus, dá bhrí sin, an ghiniúint is gá a choinneáil ar thaobh an tsoláthair i gcomhréir leis an meascán sonrach fuinnimh arna roghnú ag an mBeilg. In éineacht leis an acmhainneacht a sholáthraítear tríd an sásra acmhainneachta, tá gá leis an dá imoibreoir núicléacha is óige a choinneáil ar feadh 10 mbliana eile sa mhargadh chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh leanúnach ar leictreachas sa Bheilg, mar a léirítear sa mheasúnú ar leormhaitheas acmhainní is déanaí ó OCT na Beilge (féach roinn 2.4). Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dearfacha ag an Tionscadal OFT ar an margadh toisc go gcuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le leormhaitheas acmhainní agus le slándáil an tsoláthair sa Bheilg.

(413) Ina theannta sin, cuireann infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh núicléach sócmhainní iontaofa giniúna ísealcharbóin ar fáil. Trí sholáthairtí slána a áirithiú agus deireadh á chur de réir a chéile leis na breoslaí is mó truailliú agus an spleáchas ar ghás nádúrtha á laghdú, rannchuidíonn an ghiniúint núicléach, a bhfuil astaíochtaí carbóin ísle aici in aghaidh gach MWh den leictreachas a tháirgtear, le cuspóirí dícharbónaithe náisiúnta agus Eorpacha a bhaint amach (i gcomhpháirt le forbairt fuinnimh in-athnuaite).

(414) Tacóidh an Tionscadal OFT go díreach freisin le cuspóirí REPowerEU toisc go laghdóidh sé an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe (go háirithe gás) atá faoi réir luaineachtaí praghsanna agus rioscaí geopholaitiúla, rud a neartóidh an tslándáil fuinnimh dá bhrí sin (féach aithris (21)).

([140]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj).

(415) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil éifeachtaí dearfacha ag an Tionscadal OFT ar an margadh toisc go méadóidh sé slándáil an tsoláthair agus go rannchuideoidh sé le dícharbónú mheascán fuinnimh na Beilge. Ós rud é go bhfuil an Croí-Réigiún Ríofa Acmhainneachta idirnasctha go maith, is dócha go rachadh na héifeachtaí dearfacha sin chun tairbhe do na Ballstáit chomharsanachta a allmhairíonn leictreachas ón mBeilg.

8.3.3.3. Riachtanas na hidirghabhála Stáit

(416) Chun a chinneadh an bhfuil gá le beart cabhrach, ní mór don Choimisiún a mheasúnú an bhfuil an beart spriocdhírithe ar chás ina bhféadfadh an beart feabhsú ábhartha a dhéanamh nach féidir leis an margadh é féin a bhaint amach. Cabhair lena gcuirtear feabhas ar staid airgeadais an ghnóthais is faighteoir ach nach bhfuil gá léi chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach, ní féidir a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(417) Sa chás seo, is mian leis an mBeilg síneadh a chur le saolré an dá imoibreoir núicléacha is óige atá aici chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú ag an am céanna agus rannchuidiú leis an dícharbónú ar an gcaoi sin. Ní mór don Choimisiún a mheas an bhfuil gá le státchabhair chun fuinneamh núicléach a choinneáil sa mhargadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(418) I roinn 2.3.2 den Chinneadh Tosaigh agus i roinn 3.1 den Chinneadh seo, mhínigh an Coimisiún gur toisc ábhartha é clistí margaidh a bheith ann chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas na cabhrach agus d'aithin sé clistí margaidh áirithe a éilíonn idirghabháil Stáit maidir le forbairt cumhachta núicléiche ([141]). Maidir le hinfheistíochtaí fuinnimh núicléach go háirithe, tagann an teip mhargaidh chun cinn go príomha mar gheall ar roinnt rioscaí ar leith atá deacair le bainistiú ag infheisteoirí trádála ([142]), ar nós:

(a) castacht na teicneolaíochta núicléiche as a n-eascraíonn neamhchosaint ar rioscaí teicniúla agus bainistithe tionscadal, chomh maith le rioscaí margaidh agus infheistíochta (mar gheall ar dhéine caipitil na n-infheistíochtaí agus luaineacht na margaí fuinnimh), a ndéileáiltear leo i gComhchuid 1 den bheart;

(b) na rioscaí fadtéarmacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola núicléiche agus díchoimisiúnú agus díchóimeáil gléasraí cumhachta núicléiche, a ndéileáiltear leo i gComhchuid 2 den bheart; agus

(c) neamhchosaint ar rioscaí a bhaineann le cinntí rialála agus polaitiúla, a ndéileáiltear leo i gComhchuid 3 den bheart;

(419) De réir na Beilge, déileálann gach ceann de na trí chomhchuid den Tionscadal OFT le ceann de na rioscaí agus na clistí margaidh mar a luaitear in aithris (418).

(420) Áitíonn an Bheilg freisin nach sásra maoiniúcháin iomchuí é sásra acmhainneachta na Beilge le haghaidh acmhainneacht fuinnimh núicléach sa Bheilg, go háirithe i bhfianaise an tréimhse ghearr inar cinneadh an síneadh saolré, na héiginnteachtaí breise agus clistí margaidh a bhaineann le hinfheistíochtaí san fhuinneamh núicléach i gcomparáid le teicneolaíochtaí eile, saintréithe sonracha an tsásra acmhainneachta, ag a bhfuil ceantanna bliantúla a bhfuil toradh neamhchinnte orthu, agus uainiú atá ar neamhréir le huainiú an Tionscadail OFT (féach roinn 3.3.4 agus aithris (353)). Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go raibh gá leis an mbeart a dtugtar fógra ina leith, lena n-áirítear an pacáiste fobheart, chun a chur ina luí ar Engie tús a chur le caibidlíocht maidir le síneadh saolré na nAonad OFT, ós rud é go raibh cinneadh déanta cheana féin ag Engie scor de na gníomhaíochtaí núicléacha uile sa Bheilg (féach aithris (19)).

([141]) Cinneadh ón gCoimisiún an 8.10.2014, SA.34947 (2013/C) (ex 2013/N), an Ríocht Aontaithe, Tacaíocht do stáisiún cumhachta núicléiche Hinkley Point C (IO L /2015/109, 28.4.2015, lch. 44), aithrisí 382 go 385.

([142]) Féach mar shampla Cinneadh ón gCoimisiún an 8.10.2014, SA.34947 (2013/C) (ex 2013/N), an Ríocht Aontaithe, Tacaíocht do stáisiún cumhachta núicléiche Hinkley Point C (IO L /2015/109, 28.4.2015, lch. 44); Cinneadh ón gCoimisiún an 6.3.2017, SA.38454 (2017/C) (ex 2015/N), an Ungáir, Forbairt dhá imoibreoir núicléacha ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks II (IO L /2017/317, 1.12.2017, lch. 45); Cinneadh ón gCoimisiún an 17.3.2017, SA.39487 (2016/NN), an Bheilg, Síneadh saolré na ngléasraí cumhachta núicléiche Tihange 1, Doel 1 agus Doel 2 (IO C /2017/142, 5.5.2017, lch. 1); Cinneadh ón gCoimisiún an 16.6.2017, SA.45296 (2017/N), an Ghearmáin, Dliteanais Dramhaíola Radaighníomhaí agus Breosla Núicléach Spíonta a aistriú sa Ghearmáin (IO C /2017/254, 4.8.2017, lch. 1).

(421) Áitíonn an Bheilg, dá bhrí sin, nach dócha go gcuirfear síneadh le saolré an dá imoibreoir núicléacha in éagmais tacaíocht Stáit, lena n-áirítear samhail luacha saothair iomchuí (Comhchuid 1), comhaontú maidir le haistriú na ndliteanas dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta (Comhchuid 2) agus na forálacha maidir le cosaint dhlíthiúil (Comhchuid 3), agus aghaidh á tabhairt le gach ceann acu ar cheann de na clistí margaidh thuasluaite.

(422) Déantar measúnú (ar leithligh) ar an ngá atá le gach ceann de na trí chomhchuid den bheart i ranna 8.3.3.3.1, 8.3.3.3.2 agus 8.3.3.3.3. Soláthraítear an measúnú ar an ngá comhcheangailte atá le Comhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3, chomh maith leis na héifeachtaí carnacha a d'fhéadfadh a bheith acu i roinn 8.3.3.6.

8.3.3.3.1. An gá le Comhchuid 1

(423) Maidir leis na rioscaí teicniúla, bainistíochta tionscadal, margaidh agus infheistíochta a luaigh an Bheilg, d'aithin an Coimisiún i gcinntí roimhe seo go bhfuil infheistíochtaí i dtionscadail nua fuinnimh núicléach faoi réir riosca mór i bhfianaise an mheascáin de chostais chaipitil tosaigh arda, amanna tógála fada agus tréimhse fhada oibríochta chun na costais infheistíochta a aisghabháil. D'aithin an Coimisiún freisin gurb ionann an easpa ionstraimí airgeadais margadhbhunaithe chomh maith le cineálacha eile conarthaí chun fálú in aghaidh riosca substaintiúil den sórt sin agus teip mhargaidh a bhaineann go sonrach le líon beag teicneolaíochtaí lena n-áirítear fuinneamh núicléach ([143]). Mar sin féin, bhain sé sin le hinfheistíochtaí i ngléasraí fuinnimh núicléach nua. I gcodarsnacht leis sin, cumhdaítear leis an gcás seo infheistíochtaí i síneadh saolré dhá oibreoir núicléacha atá ann cheana. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach mbeadh an tsaincheist maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i síneadh shaolré an dá imoibreoir núicléacha curtha i láthair in éagmais cabhrach.

(424) Ar an gcéad dul síos, maidir leis an mbarúil ón gCoimisiún in aithris (295) den Chinneadh Tosaigh, gur cuireadh síneadh 10 mbliana le Doel 1, Doel 2 agus Tihange 1 in 2015 gan pacáiste beart tacaíochta airgeadais ([144]), d'áitigh Engie mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí (féach aithris (290)) nach bhfuil imthosca an dá thionscadal inchomparáide, ós rud é sa chás seo: (i) rinne Rialtas na Beilge an cinneadh maidir leis an Tionscadal OFT tar éis do Engie tús a chur le hullmhúcháin chun an gnó núicléach a fhágáil, (ii) tá costais bhreise ann a bhaineann le sceideal ama docht an Tionscadail OFT atá ann faoi láthair, a d'aithin an tÚdarás um Shábháilteacht Núicléach (AFCN/FANC) freisin, agus (iii) tá luaineacht praghsanna an mhargaidh níos airde mar thoradh ar sciar méadaithe na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh sa chóras fuinnimh i gcomparáid leis an staid agus leis na hionchais in 2015.

(425) Ar an dara dul síos, maidir le hamhras an Choimisiúin faoin ngá atá leis an bpacáiste iomlán de bhearta luacha saothair a bheith ann, d'áitigh an Bheilg agus Engie go gcomhlíonann gach cuid de Chomhchuid 1 cuspóir sonrach agus go bhfuil na fo-chomhchodanna comhlántach. Shoiléirigh an Bheilg leagan amach na mbeart airgeadais ar bhealach níos mionsonraithe (féach freisin aithris (68)).

(a) Maoinítear costais oibriúcháin agus chothabhála an Tionscadail OFT trí ioncaim oibriúcháin OFT, trína ráthaítear sreabhadh cobhsaí ioncaim oibriúcháin trí CD. Mar a mhínigh an Bheilg agus Engie, i bhfianaise na gclistí margaidh a bhaineann leis an tionscal núicléach agus luaineacht ard an mhargaidh leictreachais sna blianta amach romhainn, tá an Tionscadal OFT neamhchosanta ar riosca láidir go mbeidh bearna leachtachta ann, rud a fhágann gur ionstraim riachtanach é CD chun ioncaim oibriúcháin chobhsaí a bhaint amach. Measann an Coimisiún gur ionstraim riachtanach é CD a dheartar go hiomchuí chun sruth ioncaim cobhsaí a ráthú i dtimpeallacht mhargaidh éiginnte. D'aithin an Coimisiún cheana féin sa Chinneadh Tosaigh an t-ardriosca a bhaineann le GLL diúltach don Tionscadal OFT, in éagmais CD. Thairis sin, aontaíonn an Coimisiún freisin go gcumhdaíonn síneadh shaolré na nAonad OFT (10 mbliana) tréimhse ghearr ama i gcomparáid le meánfhad na n-infheistíochtaí san earnáil núicléach (níos mó fós ós rud é nach rithfidh na hAonaid OFT ar acmhainneacht 100 % le linn na chéad 3 bliana mar gheall ar an ngá atá leis an síneadh OFT a chur i gcrích ag an am céanna), agus go bhfuil costais mhóra ann chun go gcomhlíonfaidh na hAonaid OFT rialacháin sábháilteachta.

([143]) Cinneadh ón gCoimisiún an 8.10.2014, SA.34947 (2013/C) (ex 2013/N), an Ríocht Aontaithe, Tacaíocht do Stáisiún Cumhachta Núicléiche Hinkley Point C (IO L /2015/109, 28.4.2015, lch. 44), aithrisí (382) agus (383).

([144]) Níor deonaíodh ach cosaintí dlíthiúla i gcoinne an riosca go mbeadh moill pholaitiúil ann sa chás sin (cosúil leis na cosaintí dlíthiúla a dheonaítear trí Chomhchuid 3 den bheart reatha).

(b) Comhlánaíonn na hIasachtaí IIOC agus CTM an conradh difríochta chun cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach a áirithiú, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go dtarlóidh tréimhsí neamh-infhaighteachta móra neamhphleanáilte le linn na tréimhse 10 mbliana. Léirítear le sonraí arna soláthar ag Electrabel, go deimhin, nach beag an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas den sórt sin ach gur dócha go dtarlóidh sé bunaithe ar a thaithí le himoibreoirí núicléacha na Beilge le linn na tréimhse 2012-2022 (féach Table 10). Tá sé i gceist leis na hIasachtaí CTM airgead leordhóthanach a áirithiú le linn Chéim Atosaithe an Tionscadail OFT, nuair atá oibreacha tábhachtacha fós le déanamh agus nuair nach féidir leis na hAonaid OFT feidhmiú faoi lánacmhainn, agus tá sé beartaithe go n-aisíocfar ar ais iad faoi dheireadh na tréimhse 10 mbliana. I gcodarsnacht leis sin, tá IIOC ar fáil le linn na tréimhse 10 mbliana ar fad, ach ní chumhdaítear leis ach cásanna neamh-infhaighteachta móra neamhphleanáilte. Fónann saoráid caipitil oibre (SCO) mar dhroichead laistigh den bhliain chuig IIOC bliantúil. Sholáthair an Bheilg trí chás ina léirítear an tionchar a bheadh ag teagmhais mhóra neamh-infhaighteachta neamhphleanáilte. Mar is léir ó Table 11, gan na hIasachtaí IIOC agus CTM, d'fhéadfadh an comhfhiontar dul i bhféimheacht sna cásanna sin nach dócha nach dtarlóidh siad le linn na tréimhse 10 mbliana.

(c) Dá bhrí sin, aithníonn an Coimisiún gur bearta comhlántacha iad CD, Iasachtaí CTM, IIOC agus SCO, a bhfuil gá leo go léir chun a áirithiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach i gcónaí ag BE-NUC chun a chostais oibriúcháin, chothabhála agus bhreosla a íoc chun oibriú sábháilte iontaofa na nAonad OFT a cheadú.

(d) Ós rud é go raibh Engie i mbun a nochtadh do chúrsaí núicléacha a theorannú (féach aithris (19)), agus nár theastaigh uaidh CAPEX is gá de níos mó ná EUR [2-2,5] billiún a infheistiú ina aonar le haghaidh an Tionscadal OFT, agus tacaíocht a thabhairt ina aonar do na caillteanais uile a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar neamh-infhaighteacht gan choinne agus róchaiteachas costais, d'iarr sé sásra comhroinnte riosca ar bhonn 50/50 le Stát na Beilge, sular shínigh sé leis an gcomhaontú maidir leis an Tionscadal OFT (féach aithris (23)), agus d'áitigh sé struchtúr CF (cruthú BE-NUC) sa bhreis ar na sásraí luacha saothair in CLS, chun na rioscaí maoinithe agus sócmhainneachta a bhí fágtha a chumhdach. Maoiníonn scairshealbhóirí CF ceanglais CAPEX an Tionscadail OFT ar bhonn *pari passu*, trí chothromas nó trí Iasachtaí Scairshealbhóirí.

— Fiú agus sásraí luacha saothair airgeadais CLS i bhfeidhm, tá rioscaí móra fós ann, nár mhian le Engie a ghlacadh leis féin. Sholáthair Engie ionsamhlúchán ina léirítear tionchar na dteagmhas infhaighteachta laghdaithe agus/nó na gcostas oibriúcháin méadaithe le linn na Céime Rite nach gcumhdaítear le IIOC, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach mór a imirt ar bhrabúsacht BE-NUC, mar a léirítear i Table 16.

— Tríd an struchtúr comhfhiontair, is féidir le maoiniú CAPEX tarlú gan neamhchosaint ar fhiachas, rud a bheadh an-chostasach nó deacair a fháil sa chás seo ós rud é nach bhfuil bainc thráchtála toilteanach a bheith neamhchosanta ar shócmhainní núicléacha.

— Eascraíonn tabhairt isteach Iasachtaí Scairshealbhóirí sa bhreis ar an instealladh cothromais as breithnithe airgeadais, ós rud é go dtugann sé níos mó solúbthachta i ndearadh sceidil tarraingthe anuas agus aisíocaíochta agus go ndéanann sé an struchtúr airgeadais a bharrfheabhsú i ndáil le hioncam inchánach.

(e) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir a mheas gur gá comhfhiontar a bhunú, ina roinntear na rioscaí a bhaineann le róchaiteachas agus éaradh éigeantach nach gcumhdaítear leis na hionstraimí airgeadais eile le Stát na Beilge.

(f) Cumhdaítear le CCF++ na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí forbartha nach mór a dhéanamh chun ionchais an údaráis sábháilteachta maidir leis an Tionscadal OFT a chomhlíonadh. I bhfianaise sceideal ama docht an Tionscadail OFT measann an Coimisiún gur ghá, dá bhrí sin, socrú a bhunú agus teacht ar chonclúid maidir le maoiniú na ngníomhaíochtaí sin.

(g) Maidir leis na fobhearta atá fágtha de Chomhchuid 1, mar a luadh cheana sa Chinneadh Tosaigh, measann an Coimisiún:

— go gceadaítear le Comhaontú O&C cumhdach na gcostas oibriúcháin agus cothabhála uile a chinntiú tráth ar bith, ionas go mbeidh gá leis;

— is ceanglas é tabhairt i gcrích comhaontaithe maidir le cleachtais riaracháin agus díolacháin fuinnimh chun go mbeidh an Tionscadal OFT oibríochtúil sa chleachtas, ionas go mbeidh gá le CSR agus CSBF; agus

— is cleachtas caighdeánach é, mar chuid de chomhaontú idir dhá pháirtí, téarmaí a chomhaontú i gcás nach ndúnfar an t-idirbheart, ionas go mbeidh gá le slánú na gcaillteanas ó thaobh costais a chumhdach i gcás nach ndúnfar an t-idirbheart.

(426) Ar an tríú dul síos, meabhraíonn an Coimisiún barúlacha tríú páirtithe a d'áitigh go bhféadfaí soláthar fuinnimh a ráthú freisin le teicneolaíochtaí níos saoire agus a mheas go gcuirfeadh fóirdheontais don earnáil núicléach moill ar an dul chun cinn maidir le teicneolaíochtaí eile atá níos saoire agus níos neamhdhíobhálaí don aeráid (go háirithe foinsí in-athnuaite fuinnimh). D'áitigh an Bheilg go bhfuil an neamhspleáchas ag na Ballstáit a mbeartais fuinnimh a mhúnlú, lena n-áirítear an rogha cumhacht núicléach a ionchorprú ina meascán fuinnimh, agus go bhfuil meascán éagsúil de mhodhanna táirgthe fuinnimh fíor-riachtanach chun gréasán leictreachais iontaofa cothrom a choinneáil ar bun. Ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar chomhchruinniú an mhargaidh le blianta beaga anuas a bhuí le sciar níos airde d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán fuinnimh na Beilge (féach aithrisí (34) go (37)), agus i bhfianaise na n-infheistíochtaí a rinne Stát na Beilge le déanaí i bpáirc ghaoithe amach ón gcósta Princess Elisabeth ([145]), ní fheictear don Choimisiún aon chúis le teacht ar an gconclúid go gcuirfeadh an Tionscadal OFT bac ar fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite sa Bheilg. Tá an gá le hinfheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh núicléach agus san fhuinneamh in-athnuaite araon inchreidte freisin ós rud é go bhfuil míbhuntáistí fós ag baint le foinsí in-athnuaite fuinnimh amhail infhaighteacht láithreán agus acmhainneacht nasctha líonra. Soláthraítear leis an luach saothair trí dhearadh CD (modhnaithe) níos mó dreasachtaí chun táirgeadh a uasmhéadú le linn uaireanta ardphraghais (a mhéid is féidir i bhfianaise na seanteicneolaíochta a bhaineann leis na hAonaid OFT). Leis sin laghdaítear tionchar iomaíoch an bhirt ar infheistíochtaí in-athnuaite margadhbhunaithe, ós rud é gur féidir coinne a bheith leis go n-oibreoidh sócmhainní giniúna in-athnuaite go minic le linn na dtréimhsí ama ar phraghas níos ísle (mar a tharlaíonn sna tréimhsí sin, tá infhaighteacht acmhainní in-athnuaite ard, rud a laghdaíonn praghsanna an mhargaidh).

(427) Ar deireadh, maidir le hargóint na Beilge nach féidir bearna leachtachta na nAonad OFT a réiteach go cuí trí rannpháirtíocht sa sásra acmhainneachta (féach roinn 3.3.4 agus aithris (353)), aithníonn an Coimisiún nach bhfuil toradh neamhchinnte cheantanna SA agus uainiú na gceantanna comhoiriúnach le plean na Beilge tús a chur arís le OFT in 2025. Go háirithe, d'fhógair Rialtas na Beilge an Tionscadal OFT i mí an Mhárta 2022 agus shínigh sé Comhaontú Cur Chun Feidhme ceangailteach an 13 Nollaig 2023 (féach roinn 2.3). Faoin am sin, bhí trí cheant SA déanta cheana féin.

(428) I bhfianaise na réasúnaíochta thuas, measann an Coimisiún gur cruthaíodh go bhfuil gach fobheart de Chomhchuid 1 comhlántach agus riachtanach.

8.3.3.3.2. An gá le Comhchuid 2

(429) Maidir leis na clistí margaidh agus na rioscaí a bhaineann leis na costais éiginnte a bhaineann le bainistiú agus díchoimisiúnú dramhaíola núicléiche, mar a luaitear in aithris (276) den Chinneadh Tosaigh, measann an Coimisiún go ndéileáiltear leo sin trí dhliteanais maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a aistriú, chomh maith le dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT a aistriú. Is é is aidhm don socrú dramhaíola bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a áirithiú, ós rud é go gcinnteofar leis an aistriú maoiniú dramhaíola núicléiche agus go méadófar an leibhéal sábháilteachta le haghaidh stóráil eatramhach agus diúscairt deiridh na n-ábhar sin. Áitíonn an Bheilg nach gcumhdaítear leis na dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT ach na costais bhreise i ngeall ar an Tionscadal OFT, nach gcumhdaítear leo aon chostas oibriúcháin a bhaineann le bainistíocht laethúil ná le gnáthghníomhaíochtaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad saobhach.

([145]) Féach cinneadh ón gCoimisiún an 13.9.2024, SA.107336 (2024/N), an Bheilg, Sásra tacaíochta do bheart 1 de Chrios amach ón gcósta Princess Elisabeth (IO C /2024/5754, 25.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5754/oj).).

(430) Mar a chuir an Coimisiún in iúl i gcinntí roimhe seo maidir le dliteanais dramhaíola núicléiche a aistriú sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe ([146]), tá amlínte fada ag baint le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, rud a bhféadfadh idirghabháil Stáit de chineál éigin a bheith ag teastáil ina leith dá bhrí sin. Thairis sin, cumhdaítear an gá atá le hidirghabháil Stáit maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte dramhaíola radaighníomhaí in Airteagal 4(1) de Threoir 2011/70/Euratom, lena bhforáiltear d'fhreagracht deiridh an Stáit ina leith sin. Fónann aistriú na ndliteanas le haghaidh bainistiú agus díchoimisiúnú dramhaíola radaighníomhaí don chuspóir maoiniú breosla spíonta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí a chinntiú mar réamhriachtanas chun na hábhair sin a bhainistiú ar bhealach freagrach agus sábháilte. Ina theannta sin, ní raibh sé beartaithe ag Engie a ghníomhaíochtaí núicléacha a choinneáil sa Bheilg (féach aithris (19)) agus níor chomhaontaigh sé tús a chur le caibidlíocht maidir leis an síneadh saolré ach amháin nuair a bhí comhaontú ann maidir leis na socruithe airgeadais ach freisin maidir le dliteanais dramhaíola núicléiche a aistriú (féach aithris (23)).

(431) Maidir le haistriú dliteanais díchoimisiúnaithe bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT go háirithe, ós rud é nach gcumhdaítear leis an aistriú sin ach na costais bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT agus go bhfanann na dliteanais rialta díchoimisiúnaithe agus díchóimeála leis an oibreoir núicléach, agus ós rud é gurbh é Rialtas na Beilge, seachas Engie nó Electrabel, a d'iarr an síneadh saolré, measann an Coimisiún go bhfuil gá freisin le haistriú na ndliteanas díchoimisiúnaithe breise sin a eascraíonn as an Tionscadal OFT. I gcomparáid leis an measúnú sa Chinneadh Tosaigh, dheimhnigh CPN/CNV na costais bhreise um dhíchoimisiúnú a bhaineann leis an Tionscadal OFT freisin idir an dá linn (féach aithris (200)).

(432) Thairis sin, ní chuireann an Coimisiún i gcoinne scaoileadh sócmhainní neamh-Eorpacha Electrabel ó imlíne Electrabel ós rud é go n-áiritheoidh Engie go bhfanfaidh ar a laghad EUR 4 bhilliún de shócmhainní in Electrabel (féach aithris (59) agus (181)).

(433) I bhfianaise na réasúnaíochta thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil gá le Comhchuid 2 den bheart a dtugtar fógra ina leith.

8.3.3.3.3. An gá le Comhchuid 3

(434) Maidir leis na clistí margaidh a bhaineann le rioscaí rialála agus polaitiúla, mar a luaitear in aithris (278) den Chinneadh Tosaigh, measann an Coimisiún, cé go bhféadfadh 'moill' polaitiúil a bheith ag baint leis na teicneolaíochtaí uile i bprionsabal, i bhfianaise chineál conspóideach na teicneolaíochta núicléiche, gur féidir a bheith ag súil leis go mbeidh tionscadail núicléacha thíos níos mó leis sin ([147]). Go háirithe, d'athraigh an Bheilg a cúrsa polaitiúil cheana féin cúpla uair maidir le fuinneamh núicléach le 25 bliana anuas (féach roinn 2.2), mar sin measann an Coimisiún go bhfuil an riosca sin ann go háirithe sa Bheilg. Thairis sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise dá mhalairt le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an gcás.

(435) Measann an Coimisiún dá bhrí sin go ndéileáiltear go héifeachtúil leis na rioscaí rialála agus polaitiúla tríd an mbeart cosanta dlíthiúla agus go bhfuil gá le cosaintí dlíthiúla i gcás fuinneamh núicléach, mar a d'aithin an Coimisiún freisin sa chinneadh i gcás SA.39487 ([148]).

8.3.3.3.4. Conclúid maidir leis an ngá atá leis an mbeart

(436) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil gá le gach ceann de na trí chomhchuid den bheart (lena n-áirítear a bhfo-chomhchodanna) chun síneadh saolré dhá imoibreoir núicléacha sa Bheilg a áirithiú. Ina theannta sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil éifeacht dreasachta ag an mbeart do na tairbhithe, rud a áirithíonn go gcuirfear an Tionscadal OFT i gcrích go rathúil.

([146]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 16.6.2017, SA.45296 (2017/N), an Ghearmáin, Dliteanais Dramhaíola Radaighníomhaí agus Breosla Núicléach Spíonta a aistriú sa Ghearmáin (IO C 254, 4.8.2017, lch. 1). Cinneadh ón gCoimisiún an 20.4.2016, SA.34962 (2015/N), an Ríocht Aontaithe, Conradh Aistrithe Dramhaíola le haghaidh Gléasraí Nua Cumhachta Núicléiche (IO C 161, 4.5.2016, lch. 1).

([147]) Féach freisin aithrisí (384) go (385) sa Chinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.34947 (féach fonóta 144).

([148]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 17.3.2017, SA.39487 (2016/NN), an Bheilg, Síneadh saolré na ngléasraí cumhachta núicléiche Tihange 1, Doel 1 agus Doel 2 (IO C 142, 5.5.2017, lch. 1).

8.3.3.4. Leithreasuithe

(437) Na clistí margaidh a luaitear i roinn 3.1, a eascraíonn as na nithe seo a leanas: (i) margadh fuinnimh neamhchinnte agus timpeallacht infheistíochta neamhchinnte, (ii) costais éiginnte a bhaineann le dramhaíl núicléach, agus (iii) neamhchosaint ar chinntí polaitiúla, déantar cosc a chur ar an oibreoir núicléach cinnteacht ioncaim a fháil. Sa chás seo, measann an Coimisiún go bhfuil fadhbanna ar leith ag baint leis sin mar gheall ar an tseanteicneolaíocht ar a bhfuil na hAonaid OFT bunaithe, rud a fhágann nach bhfuil mórán solúbthachta ann, chomh maith le fad teoranta an tsínidh saolré 10 mbliana. Leis na gnéithe sin, atá ann go háirithe sa chás atá idir lámha, déantar oibriú brabúsach na nAonad OFT níos casta, ionas go measfaidh an Coimisiún go bhfuil tacaíocht Stáit iomchuí.

(438) Áitíonn an Bheilg, mar gheall ar na clistí margaidh a sainaithníodh agus na rioscaí sonracha a bhaineann le fuinneamh núicléach, go bhfuil gá le sásra tacaíochta ar leithligh le haghaidh fuinneamh núicléach. Mar a luaitear i roinn 3.3.4, áitíonn an Bheilg gur breithníodh cineálacha eile scéimeanna tacaíochta airgeadais dírí (préimh sheasta ar sholáthar, CD aontreo agus bunsamhail sócmhainní rialáilte) ach nár measadh iad a bheith iomchuí chun tacú leis an Tionscadal OFT. Áitíonn an Bheilg go bhfuil gá leis na trí chomhchuid den bheart a dtugtar fógra ina leith chun aghaidh a thabhairt ar na clistí margaidh agus ar na rioscaí margaidh. De réir na Beilge: (i) tá leagan amach áirithe an Tionscadail OFT agus bearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1 iomchuí chun ioncaim chobhsaí a ráthú don oibreoir núicléach agus chun dócmhainneacht CF a sheachaint i gcás teagmhais mhóra neamhphleanáilte, (ii) is iomchuí an Chaidhp Dramhaíola agus na fobhearta gaolmhara de Chomhchuid 2 chun a ráthú go mbeidh na cistí is gá ar fáil chun réitigh bainistithe breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí atá freagrach agus sábháilte a mhaoiniú, agus (iii) tá cosaintí dlíthiúla Chomhchuid 3 iomchuí chun cosaint a ráthú i gcoinne athruithe ar thuairimí an phobail agus ar sheasamh lucht ceaptha beartas i leith fuinneamh núicléach.

(439) Déanfaidh an Coimisiún measúnú — i gcás gach comhchoda ar leithligh — sna ranna thíos an bhfuil Comhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3 den bheart a dtugtar fógra ina leith, lena n-áirítear a bhfobhearta éagsúla, iomchuí. Soláthraítear an measúnú ar oiriúnacht chomhcheangailte Chomhchuid 1, Chomhchuid 2 agus Chomhchuid 3, chomh maith leis na héifeachtaí carnacha a d'fhéadfadh a bheith acu i roinn 8.3.3.6.

8.3.3.4.1. Oiriúnacht Chomhchuid 1

(440) Ar an gcéad dul síos, mar a luaitear in aithrisí (285), (300) agus (303) den Chinneadh Tosaigh faoi seach, chinn an Coimisiún gur bearta iomchuí iad CCF++, CSR agus slánú na gcaillteanas ó thaobh costais a chumhdach i gcás nach ndúnfar an t-idirbheart. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise na tréimhse giorra ama roimh dháta atosaithe OFT agus an ghá atá le tosú leis na gníomhaíochtaí forbartha a luaithe is féidir tar éis do Rialtas na Beilge cinneadh a dhéanamh síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha, measann an Coimisiún gur ionstraim iomchuí é tabhairt i gcrích chomhaontú CCF++, roimh dhúnadh deiridh an idirbhirt, chun a chinntiú go ndéanfaidh an t-oibreoir núicléach na gníomhaíochtaí forbartha is gá in am. Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún gur cleachtas caighdeánach é comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le cleachtais riaracháin (CSR), chomh maith le téarmaí a chomhaontú i gcás nach ndúnfar an t-idirbheart, mar chuid de chomhaontú idir dhá pháirtí. Thairis sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise dá mhalairt maidir leis na trí fhobheart sin le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an gcás. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún CCF++, CSR agus slánú na gcaillteanas ó thaobh costais a chumhdach i gcás nach ndúnfar an t-idirbheart mar bhearta iomchuí nach mór a bheith mar chuid den Tionscadal OFT.

(441) Ar an dara dul síos, maidir le CD, áitíonn an Bheilg gurb é an conradh difríochta dhá threo an rogha is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus chun cinnteacht ioncaim a sholáthar agus luach saothair iomarcach an oibreora núicléach á sheachaint ag an am céanna. Rinne údaráis na Beilge scrúdú ar shásraí tacaíochta malartacha (rannpháirtíocht sa SA, préimh sheasta ar sholáthar leictreachais, CD aontreo, samhail BSR) ach measadh nach raibh siad chomh hiomchuí céanna (féach roinn 3.3.4). Mar a luaitear in aithrisí (290) go (293) den Chinneadh Tosaigh, bhí roinnt ábhar imní ag an gCoimisiún maidir leis an dearadh CD, agus d'aontaigh go leor de na freagróirí tríú páirtí ar an gcomhairliúchán poiblí le tuairim an Choimisiúin (féach roinn 6.2.1.2):

(a) Bhí an dearadh (tosaigh) CD ag freagairt do luach saothair seasta a dheonú in aghaidh gach MWh leictreachais a tháirgtear go hiarbhír agus bhí easpa dreasachtaí iomchuí ann chun leictreachas a tháirgeadh agus cothabháil a sceidealú i gcomhréir le himthosca an mhargaidh, rud a d'fhéadfadh saobhadh míchuí a dhéanamh ar oibríochtaí margaidh.

(b) Ina theannta sin, níor foráladh leis an socrú modhnúcháin (tosaigh) réamhshainithe ach do phionóis nuair nár laghdaíodh táirgeadh na nAonad OFT nuair atá an praghas leictreachais lúide EUR 20 in aghaidh an MWh nó níos ísle ar feadh níos mó ná 6 uair an chloig, rud a d'fhágfadh go ndeonófaí cabhair ag tráthanna praghsanna diúltacha leictreachais.

(c) Ní raibh an Coimisiún cinnte ach oiread ag an am go mbeadh tionchar iarbhír ag an sásra comhroinnte (tosaigh) pionóis/gnóthachain.

(d) Ar deireadh, ceistíodh arbh é an praghas MLRR mar PTM san fhoirmle CD an rogha is éifeachtúla, agus an mbeadh sé ní b'iomchuí táirge fadtéarmach a áireamh sa PTM freisin.

(442) Mar fhreagairt ar ábhair imní an Choimisiúin maidir leis an dearadh CD, rinne an Bheilg roinnt modhnuithe:

(a) Shoiléirigh an Bheilg ar dtús, mar gheall ar an tseanteicneolaíocht núicléach ar a bhfuil na hAonaid OFT bunaithe, nach féidir iad a dhéanamh an-imoibríoch d'aon chomhartha margaidh. Mar a luaitear i roinn 2.1, bhí Engie féin oscailte chun a bheith in ann luach a chur ar sholúbthacht na nAonad OFT sna margaí fuinnimh i gcomhthéacs an bhirt, agus béim á leagan ag an am céanna ar na rioscaí múchta a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhodhnuithe na n-imoibreoirí. An tráth céanna, d'fhorchuir údarás sábháilteachta núicléiche na Beilge teorainn ar an líon modhnuithe eacnamaíocha in aghaidh an timthrialla. Chun freagairt d'ábhair imní an Choimisiúin agus tríú páirtithe mar a luaitear in aithris (441)(a), agus srianta teicniúla na ngléasraí á gcur san áireamh, chinn an Bheilg luach saothair chomhpháirtí neamhspleách CSBF a mhodhnú. Chuir an Bheilg comhpháirt athraitheach san áireamh san fhoirmle luacha saothair, ionas go mbeidh dreasachtaí ag comhpháirtí CSBF an leictreachas núicléach a dhíol a mhéid is féidir i gcomhréir le himthosca an mhargaidh, agus na srianta ar mhodhnú á gcur san áireamh, mar a mhínítear i roinn 3.3.1.5.2. Faoin leagan amach nua sin, chun freagairt do na hábhair imní in aithris (441)(b), cuireadh deireadh leis an socrú modhnúcháin toisc gur faoin gcomhpháirtí CSBF a bheidh sé cinneadh a dhéanamh cathain is iomchuí modhnú eacnamaíoch a thruicearú. Beidh na dreasachtaí cearta ag comhpháirtí CSBF modhnú eacnamaíoch a iarraidh nuair a bheidh praghsanna an mhargaidh íseal nó diúltach, ós rud é go bhfaighidh sé pionós nuair nach ndéanfaidh sé sin.

(b) Maidir leis an ábhar imní in aithris (441)(c), threisigh an Bheilg sásra CRPM, ionas go gcoinneofar an luach saothair faoi CD níos gaire i gcomhréir le himthosca athraitheacha an mhargaidh (féach roinn 3.3.1.3.2).

(c) Maidir leis an ábhar imní in aithris (441)(d), choinnigh an Bheilg praghas MLRR mar PTM san fhoirmle CD ar na cúiseanna a luaitear in aithris (98). Go háirithe, le linn chéim an imscrúdaithe fhoirmiúil, leag an Bheilg béim ar an riosca ard agus ar an tionchar mór a bhaineann le teacht ar éaradh neamhphleanáilte, go háirithe le linn Chéim Atosaithe an Tionscadail OFT. D'fhágfadh sé sin go mbeadh aschur na nAonad OFT an-neamhchinnte sna chéad 3 bliana den táirgeadh agus, dá bhrí sin, dá mbeadh praghas tagartha fadtéarmach i ndearadh an chonartha difríochta, mhéadófaí rioscaí na ngléasraí.

(d) Ar deireadh, deimhníonn an Bheilg freisin go bhforbróidh contrapháirtí CD (BE-WATT) straitéis bainistithe riosca dá suíomh oscailte, mar a fhoráiltear go dlíthiúil, agus go rannchuideoidh a cur chun feidhme le leachtacht leis na réamh-mhargaí leictreachais (féach aithris (99)). Tá glacadh na straitéise faoi réir comhairle ón rialtóir, lena n-áireofar measúnú ar thionchar na straitéise ar na margaí leictreachais ábhartha (féach aithris (158)).

(443) Measann an Coimisiún gur leor na modhnuithe a bhaineann le dearadh CD agus lena chur chun feidhme chomh maith leis an ngealltanas straitéis bainistithe riosca a fhorbairt a rannchuideoidh le leachtacht na réamh-mhargaí leictreachais chun an t-amhras a ardaíodh sa Chinneadh Tosaigh a réiteach. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil na hAonaid OFT bunaithe ar sheanteicneolaíocht a bhfuil solúbthacht theoranta aici, rud a chuireann srian ar chumas an oibreora núicléach aschur na ngléasraí a mhodhnú ar bhonn rialta. Tá sé sin i gcodarsnacht le teicneolaíochtaí núicléacha níos nuaí nó le dearaí eile gléasraí núicléacha (mar shampla slata rialaithe liatha i gcomparáid le slata rialaithe dubha) a fhágann gur féidir coigeartú lóid a dhéanamh. I bhfianaise an tsínidh theoranta 10 mbliana, aithníonn an Coimisiún nach mór glacadh leis an teicneolaíocht mar theicneolaíocht ar leith, rud a chuireann

teorainn le hacmhainneachtaí an oibreora núicléach iompraíocht na ngléasraí a mhodhnú go mór. I bhfianaise an mhéid sin, is mór ag an gCoimisiún iarrachtaí údaráis na Beilge agus Electrabel an táirgeadh agus an chothabháil a ailíniú a mhéid is féidir le himthosca an mhargaidh, ar an gcéad dul síos, tríd an údarás cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha a tharmligean chuig comhpháirtí CSBF agus trína luach saothair a athrú, agus, ar an dara dul síos, trí aistriú ó thimthriall breosla 18 mí go timthriall breosla 12 mhí chun cothabháil a sceidealú a mhéid is féidir le linn thréimhse an tsamhraidh. I ndáil leis sin, rannchuidíonn an géarú ar an sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain leis an gcuspóir luach saothair CD a fháil a mhéid is féidir i gcomhréir le himthosca an mhargaidh agus cuireann sé le neamhchosaint níos airde ar riosca margaidh. Cé nach féidir tacaíocht ag tráthanna praghsanna diúltacha a chur as an áireamh go hiomlán fós, mar gheall ar sholúbthacht theoranta na ngléasraí agus ábhair imní sábháilteachta, laghdaítear dreasachtaí chun táirgí a tháirgeadh tráthanna praghsanna diúltacha leis an dearadh modhnaithe CD mar aon le foirmle mhodhnaithe luacha saothair CSBF. Aithníonn an Coimisiún freisin, go háirithe le linn Chéim Atosaithe an Tionscadail OFT, go bhfuil riosca ard ann go mbeidh neamh-infhaighteacht agus éaradh neamhphleanáilte ann ionas go bhféadfadh rioscaí breise a bheith i gceist le neamhchosaint ar mhargaí fadtéarmacha, ionas go mbeidh praghas MLRR níos oiriúnaí mar PTM i dtréimhse thosaigh an Tionscadail OFT. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil an tsaoirse ag údaráis na Beilge PTM a choigeartú i ndearadh CD chomh maith le socrú luacha saothair CSBF tar éis 3 bliana tosaigh an tionscadail. Ar deireadh, laghdaítear tionchar úsáid MLRR ar na réamh-mhargaí leis an straitéis fálaithe lena gcothófar leachtacht na réamh-mhargaí, agus maolaítear an tionchar ar an margadh ionlae leis na costais athraitheacha a íocann comhpháirtí CSBF.

(444) Mar thoradh air sin, agus i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, a bhaineann le haonaid núicléacha atá ann cheana agus a fheidhmíonn ar bhonn seanteicneolaíochta a bhfuil solúbthacht theoranta aici, measann an Coimisiún gurb iomchuí an dearadh modhnaithe CD mar aon le luach saothair modhnaithe CSBF.

(445) Ar an tríú dul síos, chuir an Coimisiún imní in iúl freisin maidir le hoiriúnacht Iasachtaí CTM agus IIOC, lena gcumhdaítear faoi seach costais na tréimhse múchta agus easnaimh sreabhaidh airgid oibríochtúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ar bhealach atá cosúil le deontas a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, rud a chosnaíonn an comhfhiontar ar aon riosca oibríochtúil. Ina theannta sin, soláthraíonn IIOC cosaint chaipitil 50 %. Áitíonn an Bheilg, in éagmais Iasachtaí CTM, SCO agus OPEX íosta agus íocaíocht chaipitil, go mbeadh gá le ranníocaíochtaí cothromais breise, ós rud é, i gcás teagmhas neamh-infhaighteachta aonair, go mbeadh scairshealbhóirí an chomhfhiontair neamhchosanta ar rioscaí dócmhainneachta agus ar bhearna mhaoinithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh an infheistíocht neamhbhrabúsach.

(446) Mar fhreagairt ar ábhair imní an Choimisiúin maidir le hIasachtaí CTM agus IIOC, thug an Bheilg soiléirithe breise agus rinne sí na bearta sin a choigeartú:

(a) Áitíonn an Bheilg go n-aisíocfar Iasachtaí CTM i bprionsabal. Maidir leis an riosca nach n-aisíocfaí na hIasachtaí CTM dá mba rud é nach leor na hinsreafaí airgid (ós rud é go dtagann siad tar éis ranníocaíochtaí na scairshealbhóirí a aisíoc), áitíonn an Bheilg nach dócha go dtarlóidh an cás sin agus nach n-aisíocfar Iasachtaí CTM ach amháin i gcás cás an-diúltach (féach aithris (132)), is é sin le rá, dá mbeadh roinnt blianta de neamh-infhaighteacht shubstaintiúil ann, mar shampla, níos lú ná 60 % i ngach bliain ó 2029 go 2035. Cé nach dóigh nach dtarlóidh sé tá an riosca sin beag, agus ní thagann sé chun cinn ach amháin in imthosca foircneacha, rud a thabharfadh le tuiscint go mbeadh mórtheagmhais nó sraith mórtheagmhas gan choinne ann ar feadh tréimhse fhada ama, agus d'fhéadfadh sé go dtabharfaí le tuiscint faoi dheireadh go gcuirfí deireadh leis an ngléasra (féach pointe (b)). Bheadh an staid sin chun míbhuntáiste na scairshealbhóirí: ní aisíocfar Iasachtaí CTM ina n-iomláine mura ngineann an tionscadal brabúis leordhóthanacha chun aon toradh ar infheistíocht na scairshealbhóirí a íoc, agus sa chás sin amháin, dá bhrí sin ní théann Iasachtaí CTM chun tairbhe dhíréireach na scairshealbhóirí.

(b) Ar an gcaoi chéanna, áitíonn an Bheilg nach gcuirtear tús le IIOC ach amháin i gcás staid an-diúltach agus go bhfuil baol ann fós go gcaillfidh Engie 50 % dá infheistíocht chaipitil. Mar sin féin, chun freagairt don imní go bhféadfadh deontas neamhtheoranta a bheith ag IIOC, tá uasteorainn curtha ag an mBeilg ar íocaíochtaí IIOC. Mar a mhínítear in aithris (121), feidhmeoidh Contrapháirtí CLS (is é sin Stát na Beilge) a cheart nó a chearta foirceanta faoi CLS i gcás ina sroicheann IIOC méid íoctha EUR 2 bhilliún.

(c) Ar deireadh, sholáthair an Bheilg faisnéis bhreise maidir leis an riosca go mbeadh teagmhas neamh-infhaighteachta mór neamhphleanáilte ann i dtréimhse 10 mbliana an tsínidh saolré, rud a léiríodh nach bhfuil beag (féach aithrisí (114) go (118)) agus a éifeachtaí chun tionchar mór a bheith aige ar bhrabúsacht an Tionscadail OFT (féach Table 11).

(447) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil Iasachtaí CTM agus IIOC riachtanach agus iomchuí chun inmharthanacht an Tionscadail OFT a chosaint, go háirithe i bhfianaise imthosca ar leith an cháis seo, a bhaineann le himoibreoirí núicléacha atá ann cheana, atá bunaithe ar sheanteicneolaíocht, agus atá, dá bhrí sin, faoi réir an riosca go dtarlódh éaradh mór neamhbheartaithe. Sa chomhthéacs sin, ós rud é go bhfuil an síneadh saolré teoranta do thréimhse 10 mbliana, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht caillteanais mhóra a fhorchúiteamh, soláthraítear le IIOC cúlstop do CF trína chosaint ar riosca oibriúcháin. Gan ráthaíochtaí breise i bhfoirm Iasachtaí IIOC agus CTM, is dócha nach nglacfadh infheisteoir príobháideach an riosca go dtabharfadh sé faoin Tionscadal OFT. I bhfianaise scála féideartha na n-íocaíochtaí IIOC i gcás múchadh fada ceann amháin den dá Aonad OFT, thar roinnt blianta, ba chosúil gur ghá uasteorainn a chur leis an sásra sin ar mhéid a chomhfhreagródh do chleachtais mhargaidh agus a thabharfadh dóthain ama chun gnáthoibriú an Aonaid/na nAonad OFT a athbhunú. Is díol sásaimh don Choimisiún teorainn na n-íocaíochtaí (féideartha) IIOC, ionas go ndéanfar neamhchosaint Stát na Beilge a chainníochtú ar a laghad agus a chur ar an eolas roimh ré.

(448) Maidir le rannpháirtíocht Stát na Beilge sa CF, áitíonn an Bheilg go gceadaítear leis sin do Stát na Beilge anchuideachta tionscadail a chomhrialú, de réir mar a théann an dá scairshealbhóir isteach sa CF faoi théarmaí agus coinníollacha comhionanna. Cuireann sé ar a chumas do Stát na Beilge freisin méid áirithe úinéireachta a choinneáil ar bhonneagar criticiúil. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an comhfhiontar iomchuí.

(449) Ar an gceathrú dul síos, maidir le CSBF, measann an Coimisiún gurb iomchuí comhpháirtí a roghnú chun an leictreachas arna tháirgeadh ag na hAonaid OFT a dhíol ar an margadh mórdhíola, ar choinníoll go ngníomhóidh an comhpháirtí sin go hiomlán neamhspleách agus ní ar mhaithe le Electrabel. Bhí amhras ar an gCoimisiún, áfach, maidir leis na díolacháin a theorannú don mhargadh mórdhíola lá roimh ré. Shoiléirigh an Bheilg go bhfuil an tsaoirse ag comhpháirtí CSBF an leictreachas arna ghiniúint ag na hAonaid OFT a dhíol ar aon mhargadh agus nach bhfuil sé teoranta do MLRR (féach aithris (152)). Dheimhnigh an Bheilg freisin go roghnófar comhpháirtí CSBF trí thairiscint iomaíoch, agus go gcuirfear coimircí i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ag Engie ar an bpróiseas tairisceana ná ar an toradh (féach ranna 3.3.1.5.1 agus 3.3.1.5.3). Ina theannta sin, i gcás ina roghnófar GEMS mar chomhpháirtí CSBF, geallann an Bheilg agus Engie na coimircí is gá a chur i bhfeidhm ionas nach gcuirfidh GEMS isteach ar na gníomhaíochtaí trádála eile (féach roinn 3.3.1.5.3). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí comhaontú CSBF a bhunú agus comhpháirtí CSBF a roghnú.

(450) Ar deireadh, bhí imní ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht an teaglaim de roinnt sásraí luacha saothair a thagann anuas ar CD agus mheas sé nach féidir an pacáiste fobheart faoi Chomhchuid 1 a mheas a bheith iomchuí ach amháin a mhéid nach mbeidh saobhadh míchuí breise ar thrádáil agus ar iomaíocht mar thoradh orthu. Ós rud é nach bhfuil aon chomhartha ag an gCoimisiún nach mbeadh comhpháirtí CSBF ag feidhmiú go neamhspleách, ná go mbeadh Engie cosanta ar gach riosca margaidh (trí shásra coigeartaithe CRPM, an chaidhp ar IIOC agus an riosca caipitil 50 %), is féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur féidir gach fobheart faoi Chomhchuid 1 a mheas, ina n-aonar agus le chéile, mar is iomchuí.

8.3.3.4.2. Oiriúnacht Chomhchuid 2

(451) Mar a luaitear in aithris (304) den Chinneadh Tosaigh, tá amlínte fada ag baint le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hidirghabháil Stáit de chineál éigin; leagtar amach freagracht deiridh an Stáit maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte dramhaíola radaighníomhaí in Airteagal 4(1) de Threoir 2011/70/Euratom.

(452) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur modh iomchuí é aistriú dliteanas maidir le dramhaíl núicléach agus breosla spíonta chuig comhlacht poiblí neamhspleách, Hedera, chun níos mó freagrachta as diúscairt deiridh breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a thabhairt do Stát na Beilge agus chun a mhaoiniú a dhaingniú thar thréimhse fhada ama. Níl aon bheart ná leagan amach malartach sainaitheanta ag an gCoimisiún ach oiread, seachas an ceann ar a dtugtar tuairisc i roinn 3.3.2.2, a chuirfeadh ar chumas na Beilge na cuspóirí sin a bhaint amach chomh maith céanna.

(453) Maidir le haistriú dliteanas díchoimisiúnaithe breise a eascraíonn as an Tionscadal OFT ('neamhréireanna díchoimisiúnaithe'), dá dtagraítear i roinn 3.3.2.4, ní chumhdaítear leis an aistriú sin ach na costais bhreise a eascraíonn as an Tionscadal OFT agus fanann na dliteanais rialta díchoimisiúnaithe agus díchóimeála leis an oibreoir núicléach. Go deimhin, dheimhnigh CPN/CNV go bhfuil neamhréireanna ann a mbíonn tionchar acu ar na costais díchoimisiúnaithe agus díchóimeála agus rinne sé an méid a chainníochtú. Ós rud é gurbh é Rialtas na Beilge, seachas Engie/Electrabel, a d'iarr an síneadh saolré, measann an Coimisiún gurb iomchuí aistriú neamhréireanna díchoimisiúnaithe, trí íocaíocht chnapshuime aonuaire ó Stát na Beilge.

(454) Ar deireadh, le haistriú dliteanas dramhaíola núicléiche chuig ciste Hedera, cuideachta phoiblí deighilte a urraíonn na cistí chun na críche atá beartaithe dóibh, agus a rialaíonn na costais i ndáil leis na dliteanais aistrithe, faoi rialú comhlachta rialtais neamhspleách (CPN/CNV), tugtar údar le sócmhainní neamh-Eorpacha Electrabel a scaoileadh ó imlíne Electrabel, agus áirithítear oiriúnacht aistriú na ndliteanas maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta.

(455) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí Comhchuid 2 den bheart a dtugtar fógra ina leith, lena n-áirítear a fhobhearta, chun aghaidh a thabhairt ar an gcliseadh margaidh a bhaineann leis na costais éiginnte a bhaineann le bainistiú dramhaíola agus díchoimisiúnú.

8.3.3.4.3. Oiriúnacht Chomhchuid 3

(456) Measann an Coimisiún go bhfuil an teicneolaíocht núicléach faoi réir moill pholaitiúil go háirithe. Dá bhrí sin, mar a luadh cheana in aithris (306) den Chinneadh Tosaigh, measann an Coimisiún gurb iomchuí comhaontú maidir le cosaintí dlíthiúla chun aghaidh a thabhairt ar an gcliseadh margaidh a bhaineann le rioscaí polaitiúla agus rialála, mar a d'aithin an Coimisiún freisin sa chinneadh i gcás SA.39487 ([149]).

8.3.3.4.4. Conclúid maidir le hoiriúnacht an bhirt

(457) Measann an Coimisiún gur leor na modhnuithe ar an mbeart, lena n-áirítear modhnú ar dhearadh CD, géarú CRPM agus uasteorainn ar IIOC, chomh maith leis na soiléirithe breise maidir leis an teaglaim d'fhobhearta chun go dtiocfaidh an Coimisiún ar chonclúid maidir le hoiriúnacht Chomhchuid 1. Breithníonn an Coimisiún freisin imthosca sonracha an cháis, a bhaineann le hinfheistíocht i ngléasraí núicléacha atá ann cheana bunaithe ar sheanteicneolaíocht agus ar feadh tréimhse theoranta ama. Maidir le Comhchodanna 2 agus 3, níor tugadh fianaise chun cinn leis an imscrúdú foirmiúil chun imeacht ó chonclúid an Choimisiúin roimhe sin go bhfuil Comhchodanna 2 agus 3 iomchuí.

(458) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur bealach iomchuí iad na fobhearta faoi Chomhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3 chun tacú leis an Tionscadal OFT.

8.3.3.5. Comhréireacht

(459) Chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht birt, ní mór don Choimisiún a fhíorú go bhfuil an beart teoranta don íosmhéid lena gcumasaítear an Tionscadal OFT a chur i gcrích go rathúil chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach.

(460) Sa Chinneadh Tosaigh mhínigh an Coimisiún nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú comhréireachta an teaglaim de bhearta tacaíochta arna moladh ag údaráis na Beilge, is é sin an teaglaim de Chomhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3, lena n-áirítear an teaglaim d'fhobhearta laistigh de gach comhchuid.

(461) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dtús sna ranna thíos an bhfuil Comhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3 den bheart a dtugtar fógra ina leith, lena n-áirítear a bhfobhearta éagsúla, comhréireach. Soláthraítear an measúnú ar chomhréireacht chomhcheangailte Chomhchuid 1, Chomhchuid 2 agus Chomhchuid 3, chomh maith leis na héifeachtaí carnacha a d'fhéadfadh a bheith acu i roinn 8.3.3.6.

([149]) Féach freisin aithris (103) sa Chinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.39487 (féach fonóta 25).

8.3.3.5.1. Comhréireacht Chomhchuid 1

(462) Mar a tugadh faoi deara in aithris (331) den Chinneadh Tosaigh, suíodh go raibh CCF++, Comhaontú O&C, CSR, agus slánú na gcaillteanas ó thaobh costais a chumhdach i gcás nach ndúnfaí iad, tugtha i gcrích ar théarmaí an mhargaidh, agus dá bhrí sin is féidir a mheas go bhfuil siad comhréireach. Mar a luaitear in aithris (324) den Chinneadh Tosaigh, d'admhaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé nach mbeadh cur chun feidhme próisis tairisceana iomaíoch le haghaidh Chomhaontú O&C iomchuí i bhfianaise íogaireacht agus chineál sonrach na nAonad OFT, ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar a chomhréireacht tríd an leibhéal corrlaigh a thuilleann Electrabel tríd an gcomhaontú a fhorghníomhú, ar cheart é a shocrú ar théarmaí an mhargaidh. Ós rud é go bhfuil leibhéil na gcorrlach a leagtar síos i gComhaontú O&C ailínithe leis na leibhéil a chuirtear i bhfeidhm faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta OFT le Luminus, ar comhaontú tagartha ábhartha é ós rud é go gcumhdaítear seirbhísí comhchosúla leis, mheas an Coimisiún go raibh an Comhaontú O&C comhréireach. Thairis sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise dá mhalairt maidir le comhréireacht CCF++, Chomhaontú O&C, CSR agus slánú na gcaillteanas ó thaobh costais a chumhdach i gcás nach ndúnfar iad, le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an gcás.

(463) Measadh freisin go raibh an comhfhiontar comhréireach sa Chinneadh Tosaigh ós rud é go bhfeidhmeoidh Rialtas na Beilge agus Electrabel a gcearta ar bhonn cothrom: déanfar rialachas an chomhfhiontair, chomh maith leis na costais agus an t-ioncam, a chomhroinnt go cothrom.

(464) Sa roinn seo, déanann an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht ráta toraidh inmheánach (IRR) an Tionscadail OFT, chomh maith leis na fobhearta airgeadais atá fágtha de Chomhchuid 1 (IIOC, SCO, Iasachtaí CTM, Iasachtaí Scairshealbhóirí). Chun comhréireacht an bhirt Státchabhrach a áirithiú agus chun róchúiteamh a sheachaint, ní mór a áirithiú leis an mbeart státchabhrach an t-íosráta toraidh don tairbhí chun an infheistíocht a dhéanamh. Is é sin le rá, an t-íosráta a dhúnann bearna leachtachta an Tionscadail. Sainmhínítear an bhearna leachtachta mar an difríocht idir glanluach láithreach an cháis fhíorasaigh agus an cháis fhrithfhíorasaigh, agus ag an am céanna is é an t-íosmhéid státchabhrach é is gá chun go mbeidh éifeacht dreasachta ag an mbeart ar an gcuideachta agus uasmhéid na Státchabhrach atá comhréireach chun an infheistíocht a thruicearú.

(465) Tá coincheap na bearna leachtachta fréamhaithe go domhain i ngnáthchinnteoireacht ghnó. Nuair a dhéanann cuideachtaí uasmhéadaithe brabúis cinneadh maidir le cé acu a ghabhfaidh nó nach ngabhfaidh siad do thionscadal, déanann siad measúnú ar an luach a ghineann an tionscadal i gceist in aghaidh cineálacha cur chuige eile agus roghnaíonn siad an ceann ar a mbeidh an toradh is airde a bhfuil coinne leis. Dá réir sin, chun go mbeidh cuideachtaí toilteanach gabháil do thionscadal nach é an tionscadal ar a mbeidh an toradh is airde a bhfuil coinne leis, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a dhreasú trí bhíthin státchabhair lena gcumhdaítear an bhearna leachtachta.

(466) Chun a shainaithint cén chuid den fheabhsú éagsúil atá inchurtha i leith thionchar na hidirghabhála, ós rud é go bhféadfadh feabhsú den sórt sin tarlú ní hamháin mar gheall ar an Tionscadal OFT ach mar gheall ar thosca eile freisin, sholáthair an Bheilg cás frithfhíorasach, nach raibh ar fáil don Choimisiún tráth an Chinnidh Tosaigh ([150]). Sa chás sin, is cás é an cás frithfhíorasach nach ndéanfaí aon síneadh saolré ar na hAonaid OFT, rud a bheadh amhlaidh mura dtabharfaí aon chomhaontú i gcrích le Rialtas na Beilge. San anailís fhrithfhíorasach, cuirtear torthaí na hidirghabhála i gcomparáid leis na torthaí a bhainfí amach mura gcuirfí an idirghabháil chun feidhme. Sa chás sin, dhéanfadh Electrabel an méid seo a leanas: (i) leanúint de bheith ag oibriú na n-imoibreoirí núicléacha go dtí a ndátaí deiridh dlíthiúla bunaidh agus (ii) gach dliteanas a bhaineann le dramhaíl a choinneáil. Sholáthair Rialtas na Beilge an t-airgeadas a bhaineann leis an bpointe seo, is é sin na saorsreafaí airgid neamhlascainithe ([151]) réamh-mheasta sonraithe, a bhaineann le hoibríochtaí aonaid núicléacha na Beilge ar feadh a saolré atá fágtha (go dtí a ndátaí deiridh dlíthiúla in 2025). Áitíonn an Bheilg go bhfanann sreafaí airgid na nAonad OFT ar feadh na tréimhse atá fágtha den saolré dhlíthiúil gan athrú, leis an Tionscadal OFT nó gan é.

(467) Bhí trí phríomhábhar imní ann i ndáil le comhréireacht Chomhchuid 1 sa Chinneadh Tosaigh, atá ábhartha do mheasúnú an Choimisiúin:

(a) IIOC agus téarmaí SCO, Iasachtaí Scairshealbhóirí agus Iasachtaí CTM (féach roinn 8.3.3.5.1.1);

(b) an sprioc IRR 7 % is bun leis an tsamhail airgeadais (féach roinn 8.3.3.5.1.2); agus

(c) comhaontú CSBF (féach roinn 8.3.3.5.1.3).

([150]) Leis an anailís fhrithfhíorasach dá dtagraítear sa Chinneadh Tosaigh tagraítear don chás ina ndéanfadh Engie an Tionscadal OFT gan teacht ar chomhaontú le Rialtas na Beilge.

([151]) Ní dhearnadh na saorsreafaí airgid a lascainiú toisc go bhfuil níos lú ná bliain amháin oibríochta fágtha go dtí an dáta deiridh dlíthiúil.

8.3.3.5.1.1. Comhréireacht bhearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1

(468) Ar an gcéad dul síos, mar a luaitear sa Chinneadh Tosaigh, mheas an Coimisiún go soláthraítear le IIOC cúlstop don chomhfhiontar toisc go gcumhdófar aon easnamh ioncaim a eascraíonn as easpa giniúna leictreachais a tharlaíonn le linn na tréimhse tosaigh agus tréimhse na céime rite, le híocaíocht ó Stát na Beilge rud a thabharfaidh cosaint airgeadais don chomhfhiontar ó aon riosca oibríochtúil. Bhain príomh-shaincheist IIOC leis an bhfíoras go bhféadfadh sé *de facto* a bheith ina dheontas beagnach neamhtheoranta do BE-NUC i gcás tréimhsí fada neamhphleanáilte de neamh-infhaighteacht na nAonad OFT. Go teoiriciúil, dá gcuirfeadh mórimeacht gan choinne nó sraith mórimeachtaí gan choinne cosc ar na hAonaid OFT leictreachas a tháirgeadh ar feadh 10 mbliana an Tionscadail OFT, d'fhéadfaí IIOC a thruicearú chomh hard le EUR [7 000-8 000] milliún. Sholáthair an Bheilg soiléirithe breise maidir leis an dóchúlacht neamhdhiomaibhseach go dtarlódh teagmhais éartha neamhbheartaithe mhóra den sórt sin (féach aithrisí (114) go (118)), agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo (féach Table 11) agus gheall an Bheilg an íocaíocht IIOC a theorannú go EUR 2 bhilliún (féach aithris (121)). Comhfhreagraíonn an méid sin, atá le feiceáil i gcomhréir le cleachtais an tionscail maidir le leibhéil ráthaíochta, do chuimse uachtair cáis nuair nach bhfuil an dá aonad OFT ar fáil ag an am céanna ar feadh 2 bhliain i ndiaidh a chéile. I bhfianaise thréimhse fhadaithe an ghléasra (teoranta do 10 mbliana), measadh gurbh é dhá bhliain an t-uasfhad ama a d'fhéadfaí a thiomnú d'fhadhb nó do shraith fadhbanna a shainaithint agus a réiteach, i gcomhréir lena dtábhacht, sula mbreithneofaí an fhéidearthacht an gléasra a fhoirceannadh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil méid caidhpeáilte IIOC comhréireach.

(469) Ar an dara dul síos, maidir leis na hIasachtaí CTM, áitíonn an Bheilg, go dtí 2028, go gcumhdaíonn na hIasachtaí CTM na costais le linn na tréimhse nuair nach bhfuil na hAonaid OFT sceidealaithe chun glanioncam a ghiniúint, agus go bhfuil siad inaisíoctha le Rialtas na Beilge, rud a áirithíonn go ndéantar an chabhair a íoslaghdú. Mar a luaitear sa Chinneadh Tosaigh, bhí imní ar an gCoimisiún maidir le haisíoc Iasachtaí CTM, ós rud é, sa chleachtas, gurb ionann Iasachtaí CTM agus líne mhaoiniúcháin níos ísle ná gach iasacht eile, agus cothromas an chomhfhiontair freisin. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfadh sé nach n-aisíocfaí iad ag deireadh na tréimhse OFT i gcás nach mbeadh an ghiniúint leictreachais mór go leor, rud a mbeadh riosca substaintiúil ag baint leis nach léireofaí leis an ráta úis, atá socraithe ag an ráta is ísle den ráta OLO (cúig bliana) ([152]) sa Bheilg móide 200 bonnphointe agus 6 %. Shoiléirigh an Bheilg nach n-aisíocfar Iasachtaí CTM ach amháin i gcás cás an-diúltach, ionas go mbeidh an riosca nach n-aisíocfar iad le Stát na Beilge an-bheag (féach aithris (132)). Go háirithe, chuir an Bheilg i dtábhacht nach mbeadh aon toradh ar an ranníocaíocht chaipitil i gcás an-diúltach mar sin ach oiread. Go deimhin, ní bhaineann rioscaí Iasachtaí CTM ach leis na rioscaí a bhaineann le feidhmíocht agus brabúsacht an tionscadail, toisc nach n-úsáidtear Iasachtaí CTM chun na speansais chaipitiúla a mhaoiniú. Maidir leis an ráta úis, cuirtear uasteorainn leis ag an uasleibhéal nach rachadh thar spriocraon IRR faoi CRPM 6 %-8 %. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil téarmaí agus coinníollacha Iasachtaí CTM comhréireach. Má leasaítear an beart a dtugtar fógra ina leith mar a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo é le téarmaí agus coinníollacha críochnaitheacha na nIasachtaí CTM, geallann an Bheilg fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis sin.

(470) Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann le téarmaí SCO agus Iasachtaí Scairshealbhóirí, shoiléirigh an Bheilg le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil go soláthrófar iad sin ar théarmaí an mhargaidh, ag rátaí úis nár socraíodh go fóill, ach go socrófaí iad faoi threoir na rátaí margaidh atá i réim agus aon mhaoiniú fiachais tríú páirtí inchomparáide atá ar fáil an tráth ábhartha. Ullmhaíodh bileog téarmaí lena socraítear téarmaí agus coinníollacha an dá Iasacht Scairshealbhóra agus lena ndéantar cur síos ar an modheolaíocht chun an ráta úis a shocrú. Shoiléirigh an Bheilg go bhfuil an mhodheolaíocht sin comhsheasmhach le beartais iasachta praghsála aistrithe Engie agus go bhfuil sí i gcomhréir le prionsabal ECFE maidir le CBAB, lena n-áirithítear go socraítear an ráta úis ar leibhéal ar neamhthuilleamaí. Ag féachaint don bhileog téarmaí, meastar gur ráta comhlúthach a bheidh sa ráta úis, arna shocrú ag ráta 6 mhí EURIBOR móide corrlach ionchasach de thart ar [0-3] %. Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfar an corrlach a chuirtear le ráta 6 mhí EURIBOR a mheas ón [...] uirlis a aithnítear go forleathan agus a úsáidtear chun raonta difríochta corrlaigh a mheas ar bhonn critéar ar nós aibíocht, acmhainneacht creidmheasa, agus airgeadra na hiasachta agus an iasachtaí. Maidir leis an rátáil a chuirfear san áireamh le haghaidh an chomhfhiontair agus meastachán á dhéanamh ar an raon corrlaigh, in éagmais rátáil fhoirmiúil le haghaidh BE-NUC ó ghníomhaireacht rátála creidmheasa, measann an Bheilg é tríd an rátáil chreidmheasa is ísle de

([152]) Tá sé sin ag teacht le fad measta na nIasachtaí CTM (5 bliana).

scairshealbhóirí an eintitis a mheas. Is iad sin Stát na Beilge (rátáil Moody's de Aa3 ([153]) mar a dheimhnítear ar shuíomh gréasáin rialtas na Beilge ([154]), rátáil S&P de AA, agus rátáil Fitch de AA-, mar a dheimhnítear ar shuíomh gréasáin rialtas na Beilge agus a sheiceáil an Coimisiún Eorpach freisin ar thairseach S&P Capital IQ Pro ([155]) an 16 Eanáir 2025) agus Electrabel (rátáil Moody's de Baa1 ([156]) de réir thuarascáil an 10 Iúil 2024 ([157]) atá ar fáil go poiblí, agus rátáil Fitch de BBB+, de réir faisnéis atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Fitch ([158])). Is cur chuige caighdeánach é sin, go háirithe ós rud é gur príomhghníomhaíocht de chuid Electrabel iad na hAonaid OFT, a fhaigheann tacaíocht bhreise le ráthaíocht máthairchuideachta neamhchaidhpeáilte ó Engie (rátáil Moody's de Baa1 ([159]) agus rátáil Fitch de BBB+ ([160])), agus struchtúr cothromais an chomhfhiontair á chur san áireamh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil téarmaí agus coinníollacha SCO agus Iasachtaí Scairshealbhóirí comhréireach. Má leasaítear an beart a dtugtar fógra ina leith mar a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo é le téarmaí agus coinníollacha críochnaitheacha SCO agus Iasachtaí Scairshealbhóirí, geallann an Bheilg fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis sin.

(471) I bhfianaise na huasteorann a cuireadh ar IIOC agus na soiléirithe breise ar Iasachtaí CTM agus téarmaí Iasachtaí SCO agus Iasachtaí Scairshealbhóirí, measann an Coimisiún go bhfuil IIOC, SCO, Iasachtaí CTM agus Iasachtaí Scairshealbhóirí comhréireach.

8.3.3.5.1.2. Comhréireacht an spriocthoraidh 7 % (ar a bhfuil an conradh difríochta bunaithe)

(472) Mar chuid de CLS, beidh feidhm ag comhaontú difríochta dhá threo idir na páirtithe. Rinne an Coimisiún measúnú ar an modheolaíocht chun an praghas ceangail a shocrú, lena n-áirítear trí sheiceáil a dhéanamh ar na paraiméadair a chuirtear isteach sa tsamhail airgeadais lena gcinntear leibhéal an phraghais ceangail. Mar a luaitear in aithris (71), i mbunchás na Samhla Airgeadais Sínithe atá mar bhonn leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme a síníodh an 13 Nollaig 2023, glacann an Bheilg leis gurb ionann na costais chun an dá imoibreoir a nuachóiriú agus EUR [2-2,5] billiún de chaiteachas caipitiúil, rud a mbeadh praghas ceangail EUR [80-90] in aghaidh an MWh mar thoradh air chun ráta toraidh inmheánach 7 % a áirithiú thar shaolré na nAonad OFT. I dtéarmaí eile, dá ndéanfaí na saorsreafaí airgid a lascainiú ag ráta iarchánach 7 %, bheadh glanluach láithreach nialais ann, rud a léireodh comhréireacht IRR agus a dhúnfadh an bhearna leachtachta. Thairis sin, áitíonn an Bheilg go n-áirítear le CLS sásra comhroinnte píonóis/gnóthachain (CRPM) trína roinneann Engie rioscaí go páirteach le stát na Beilge nuair a tharlaíonn sé go bhfuil praghsanna margaidh níos ísle nó níos airde ná mar a bhí coinne leis sa bhunchás. Ag praghsanna níos ísle, titeann an sprioc-thoradh (i bhfoirm praghas ceangail níos ísle) ó 7 % go 6 %, agus ag praghsanna níos airde, ardaíonn an sprioc-thoradh (i bhfoirm praghas ceangail níos airde) go 8 %.

(473) Le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, thug an Bheilg mínithe breise ar an bhfáth go bhfuil an spriocráta toraidh 7 % agus an raon 6 go 8 % comhréireach, rud a léiríonn go bhfuil an méid cabhrach teoranta don íosmhéid is gá chun an bhearna leachtachta a dhúnadh.

(474) Ar an gcéad dul síos, mhodhnaigh an Bheilg dearadh CD ionas go mbeidh táirgeadh leictreachais ó na hAonaid OFT i gcomhréir níos fearr le comharthaí margaidh agus nach soláthraítear aon dreasachtaí do chomhpháirtí CSBF chun leictreachas a dhíol ar phraghsanna diúltacha. Mar a luaitear i roinn 8.3.3.4.1, measann an Coimisiún gurb iomchuí go deimhin an dearadh modhnaithe CD.

([153]) Coibhéiseach le AA- agus úsáid á baint as téarmaíocht rátála S&P agus Fitch.
([154]) Féach https://www.debtagency.be/en/datafederalstaterating.
([155]) Ní thaispeántar ach rátáil S&P agus Fitch, nuair a bhíonn sin ar fáil, ar thairseach S&P Capital IQ Pro a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún Eorpach uirthi.
([156]) Coibhéiseach le BBB+ agus úsáid á baint as téarmaíocht rátála S&P agus Fitch.
([157]) Féach https://www.engie.com/sites/default/files/assets/documents/2024-07/Credit_Opinion-Electrabel-SA-Update-to-credit-10Jul2024-PBC_1410170.pdf.
([158]) Féach https://www.fitchratings.com/entity/electrabel-sa-96533890.
([159]) Tá Baa1 coibhéiseach le BBB+ faoi théarmaíocht rátála creidmheasa S&P agus Fitch. https://www.engie.com/sites/default/files/assets/documents/2024-07/Credit_Opinion-ENGIE-SA-Update-to-credit-03Jul2024-PBC_1409724.pdf.
([160]) Féach https://www.fitchratings.com/entity/engie-sa-80361337.

(475) Ar an dara dul síos, thug an Bheilg an cleachtadh tagarmharcála cothrom le dáta chun teacht ar an gconclúid go bhfuil an raon brabúsachta 6 %-8 % i gcomhréir le tagarmharcanna tionscail, is é sin go gcomhfhreagraíonn IRR 7 % do phréimh thart ar 4 % os cionn an ráta saor ó riosca de thart ar 3 % (féach roinn 3.3.1.3.1.1). Leis an anailís tagarmhairc idirnáisiúnta a sholáthair an Bheilg, úsáidtear a mhéid is féidir, cuideachtaí agus tionscadail inchomparáide. Ós rud é go mbraitheann an earnáil núicléach ar mhaoiniú an-sonrach agus saincheaptha, le rannpháirtíocht láidir rialtais go minic, is cosúil nach bhfuil sé réalaíoch tagarmharc a mholadh le haghaidh sásraí atá go coibhéiseach go díreach. Go deimhin, d'aithin an Bheilg go gcuireann éagsúlacht na gcreataí margaidh agus rialála, na bpróifílí riosca, chomh maith le saintréithe cuideachta agus tionscadail, bac ar fhorbairt tacar cuideachtaí nó tionscadal atá go hiomlán inchomparáide. Mar sin féin, is féidir a mheas go bhfuil na samplaí atá molta ag an mBeilg ábhartha toisc go mbraitheann siad ar chuideachtaí agus ar thionscadail a bhfuil sócmhainní núicléacha acu i limistéir gheografacha éagsúla, lena slógtar na sásraí maoiniúcháin is gaire dóibh siúd sa Tionscadal. Maidir le IRR idir 6 % agus 8 %, dealraíonn sé, mar is amhlaidh i gcás fhormhór na dtionscadal ag a bhfuil raonta inchomparáide agus bearta cosanta airgeadais araon, go bhfuil na paraiméadair a choinníonn an Bheilg ar cheann íochtair an scála.

(476) Ar an tríú dul síos, mhodhnaigh an Bheilg sásra CRPM, ionas go dtarlaíonn coigeartú IRR níos tapúla i gcomhréir le himthosca an mhargaidh (féach roinn 3.3.1.3.2). Trí chéimeanna CRPM a choigeartú ó 30 % go 20 %, as a dtiocfaidh géarú ar an sásra, beidh gluaiseacht anuas níos tapúla ar IRR mar thoradh air nuair a bheidh praghas an mhargaidh níos ísle ná an praghas ceangail, nó gluaiseacht aníos níos tapúla ar IRR nuair a bheidh praghas an mhargaidh níos airde ná an praghas ceangail. Agus gach ní eile mar a chéile, bheadh tionchar níos láidre aige sin ar IRR an chomhfhiontair i gcás athruithe ar phraghsanna margaidh laistigh de raon na bpraghsanna.

(477) Ar an gceathrú dul síos, bunaithe ar CRPM nuashonraithe agus ar réamh-mheastacháin reatha phraghas an mhargaidh, ríomh an Bheilg an ráta toraidh iarbhír a gheobhadh BE-NUC inniu, arbh é 6,5 % a bheadh ann, méid a bheadh 0,5 bonnphointe níos ísle ná an spriocráta 7 %, agus ag an gceann íochtair den raon 6 %-8 %. Tá an measúnú sin bunaithe ar éabhlóid na margaí leictreachais ó síníodh an comhaontú (2023), agus ar an bhfíoras go dtiocfadh laghdú ar réamh-mheastacháin le haghaidh 2025-2035. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na measúnuithe sin i gcomhréir le luachana reatha EEX. Ón 16 Eanáir 2025 ar aghaidh, is iad seo a leanas na réamh-mheastacháin mheánphraghais: EUR 79.72/MWh in 2025, EUR 80.23/MWh in 2026, EUR 75.75/MWh in 2027, EUR 64.99/MWh in 2028 ([161]).

(478) Ar an gcúigiú dul síos, rinne an Bheilg comparáid idir sprioc IRR agus costas teoiriciúil an chaipitil, bunaithe ar dhá mhodheolaíocht a nglactar go forleathan leo, is iad sin meánchostas ualaithe an chaipitil (MCUC) agus costas an chothromais (CC neamhghiaráilte). Ríomh an Bheilg MCUC, atá sa raon 6,2 %- 7,4 %, agus CC neamhghiaráilte, atá sa raon 6,2 %- 7,5 %. Sa chomhthéacs sin, chun a dheimhniú a thuilleadh an bhfuil sprioc IRR comhréireach, rinne an Coimisiún comparáid idir sprioc MCUC na Beilge agus raon MCUC margadhbhunaithe ([162]). Ciallaíonn sprioc IRR atá níos airde ná an raon toradh díréireach ard, ciallaíonn sprioc IRR atá níos ísle ná an raon toradh atá go díréireach íseal (is é sin, toradh nach nglacfadh infheisteoir margaidh leis). Chun meastachán a dhéanamh ar raon teoiriciúil MCUC ar bhonn sonraí margaidh, braitheann an Coimisiún ar an bhfoirmle chaighdeánach MCUC, foirmle a úsáideann an Bheilg freisin agus a thuairiscítear i roinn 3.3.1.3.1.2.1.

(479) Maidir le CC, bhí an Coimisiún ag brath ar fhoirmle chaighdeánach SPSC, foirmle a d'úsáid an Bheilg freisin agus ar a dtugtar tuairisc i roinn 3.3.1.3.1.2.2, trí gach ceann dá chomhchodanna a mheas ar bhonn sonraí margaidh mar a mhínítear mar a leanas.

(480) Maidir leis an ráta saor ó riosca, i gcomhréir le cur chuige na Beilge, braitheann an Coimisiún ar na torthaí ar bhanna 10 mbliana rialtas na Beilge (OLOnna) ar féidir leis an bhfachtóir saor ó riosca arna ainmniú in Euro i rátáil chreidmheasa cheannasach na Beilge a chomhfhogasú go maith agus a bheith comhsheasmhach le fad 10 mbliana an tionscadail. Maidir leis an tréimhse mheánaithe, mheas an Coimisiún gur 3,01 % agus 3,03 % faoi seach a bhí sa

([161]) Féach https://www.eex.com/en/market-data.

([162]) Ós rud é gurb ionann na paraiméadair mhargaidh a úsáidtear le haghaidh CC neamhghiaráilte agus MCUC, díreoidh an Coimisiún ar ríomh MCUC sa roinn seo.

mheán rianach 6 mhí agus 12 mhí araon ó mhí Mheán Fómhair 2024 ([163]). Dá bhrí sin, tagann raon measta an ráta saor ó riosca laistigh de na meastacháin íochtaracha agus uachtaracha arna ríomh ag an mBeilg, is é sin 2,8 % agus 3,11 % (bunaithe ar an meán rianach 12 mhí le haghaidh lár 2023 agus deireadh 2023 faoi seach). Tá na meastacháin sin i gcomhréir freisin leis na meánrátaí saor ó riosca a úsáidtear sa Bheilg de réir shonraí Fernandez et al. ([164]) le haghaidh thús 2024.

(481) Maidir leis an bpréimh riosca margaidh, glacann an Bheilg le raon idir 5,27 % agus 5,75 %, ar bhonn shonraí Damodaran agus Kroll (féach Table 8). Aithnítear na bunachair sonraí sin go forleathan agus bítear ag brath orthu sa saol airgeadais agus gnó. Measann an Coimisiún go bhfuil na foinsí sin iontaofa agus glacann sé ina chás íseal le meán shonraí Damodaran (5,27 %) agus ina chás ard le figiúr coimeádach 5,75 % na Beilge. Maidir lena chás bunlíne bhreithnigh an Coimisiún an tríú foinse sonraí a aithnítear go forleathan agus a mbraitear uirthi is é sin na sonraí suirbhé bliantúla a d'fhoilsigh Fernandez et al ([165]), agus meastachán á dhéanamh aige go mbeadh an préimh riosca margaidh ag 5,7 % ag tús 2024. Ar chúiseanna coimeádacha, measann an Coimisiún meán na dtrí fhoinse (Damodaran, Kroll, agus Fernandez), is é sin 5,57 %, dá chás bunlíne.

(482) Maidir leis an mbéite neamhghiaráilte, rinne an Coimisiún measúnú ar an dá mhodheolaíocht a chuir an Bheilg ar aghaidh atá bunaithe ar an meán simplí agus ar airmheán giarála cúig chuideachta fóntais (fiachas/cothromas) agus béití a mheastar a bheith ina meáin rianacha 5 bliana ó lár 2023 ar aghaidh le minicíocht laethúil. Measann an Coimisiún an mhodheolaíocht sin agus an fhoinse sonraí (Bloomberg) i gcomhréir le modheolaíochtaí a aithnítear go forleathan ([166]). Maidir lena chás bunlíne, glacann an Coimisiún meán na meastachán íochtarach ([0,40-1,00]) agus uachtarach ([0,40-1,00]) dá chás bunlíne ([0,40-1,00]). Maidir leis an bpróiseas chun na béite-mheastacháin a dhíghiaráil agus a ghiaráil, i gcomhréir leis an mBeilg, braitheann an Coimisiún freisin ar chur chuige Hamada (mar a thuairiscítear in Table 6) agus úsáideann sé, ar chúiseanna coimeádachta, cuimse íochtair mheastachán na Beilge le haghaidh na spriocghiarála (fiachas/cothromas) 53 %.

(483) Maidir leis an ngiaráil ([167]), tugann an Coimisiún dá aire go ndíorthaítear an raon 34,6 %- 35,2 % (féach Table 6) ón spriocghiaráil idir 53 % agus 54,5 % bunaithe ar phiarchuideachtaí a úsáidtear le haghaidh na meastachán béite mar a thuairiscítear in aithris (482). Ar chúiseanna coimeádacha, úsáideann an Coimisiún cuimse íochtair na meastachán ina chás bunlíne ([168]).

(484) Maidir le costas réamhchánach na meastachán fiachais, úsáideann an Bheilg modheolaíocht a aithnítear go forleathan arb é atá inti raon difríochta corparáideach a chur leis an ráta saor ó riosca (bunaithe ar thionscal oibriúcháin na cuideachta). I gcomhréir leis an modheolaíocht sin, dá chás bunlíne, cuireann an Coimisiún leis an ráta saor ó riosca 3,03 % (Cás bunlíne) meán raonta difríochta corparáideacha thús 2023 agus thús 2024 de 2,69 % agus 2,17 % faoi seach ([169]).

([163]) Sonraí arna n-aisghabháil ó S&P Capital IQ Pro an 4 Meán Fómhair 2024.

([164]) Foinse sonraí a aithnítear go forleathan. Foilsíonn an tOllamh Fernandez et al. suirbhé ar an bpréimh riosca margaidh agus ar an ráta saor ó riosca a úsáidtear le haghaidh go leor tíortha ar bhonn bliantúil. Tá suirbhé 2024 ar fáil anseo, ina léirítear meánráta saor ó riosca 3,1 %. Suirbhé: Préimh Riosca Margaidh agus Ráta Saor ó Riosca a d'úsáid Pablo Fernandez, Diego Garcia de la Garza, Lucía Fernández Acín le haghaidh 96 thír in 2024 - https://papers.ssrn.com/sol3/papers.cfm?abstract_id=4754347.

([165]) Foinse sonraí a aithnítear go forleathan. Foilsíonn an tOllamh Fernandez et al. suirbhé ar an bpréimh riosca margaidh agus ar an ráta saor ó riosca a úsáidtear le haghaidh go leor tíortha ar bhonn bliantúil. Tá suirbhé 2024 ar fáil anseo, ina léirítear meánphréimh riosca margaidh 5,7 %: Suirbhé: Préimh Riosca Margaidh agus Ráta Saor ó Riosca a d'úsáid Pablo Fernandez, Diego Garcia de la Garza, Lucía Fernández Acín in 2024 le haghaidh 96 thír :: SSRN.

([166]) Trí mheán rianach 5 bliana a úsáid le minicíocht laethúil, is féidir luaineacht ghearrthéarmach a réiteach agus tomhas riosca níos cobhsaí a sholáthar.

([167]) Díorthaítear an giaráil (fiachas/caipiteal iomlán) ón spriocghiaráil a úsáidtear sa phróiseas chun an meastachán béite a dhíghiaráil agus a ghiaráil mar a thuairiscítear i roinn 3.3.1.3.1.2. Ríomhtar an giaráil mar (spriocghiaráil/(1+spriocghiaráil)).

([168]) Tá an giaráil i gcomhréir tríd is tríd le faisnéis tionscail arna soláthar ag Damodaran, a mheasann giaráil 39,25 % ar an meán d'earnáil na cumhachta le haghaidh 2023 (figiúirí a foilsíodh i mí Eanáir 2024, ar fáil ag https://pages.stern.nyu.edu/~adamodar/New_Home_Page/dataarchived.html#capstru).

([169]) Ó shuíomh gréasáin Damodaran, an leathanach 'Sonraí cartlannaithe' (https://pages.stern.nyu.edu/~adamodar/New_Home_Page/dataarchived.html#discrate), comhaid do 1/24 agus 1/23 don Eoraip faoin roinn 'Costas Caipitil de réir Tionscail'.

(485) Léirítear conclúidí an Choimisiúin maidir le MCUC i Table 17 thíos. Léirítear sa tábla trí chás MCUC, atá mar thoradh ar thrí thacar toimhdí: 'An Bheilg Íseal', cás 'Bonnlíne' ón gCoimisiún, agus 'An Bheilg Ard'.

Tábla 17

Cur i láthair trí chás MCUC

Cásanna (*)	An Bheilg Íseal	Bonnlíne COM	An Bheilg Ard
Ráta saor ó riosca	2,8 %	3,0 %	3,1 %
Préimh riosca margaidh	5,3 %	5,6 %	5,8 %
Béite giaráilte	[0,40-1,00]	[1,00-1,60]	[1,00-1,60]
Costas réamhchánach an fhiachais	5,5 %	5,5 %	5,3 %
Giaráil	34,6 %	34,6 %	35,2 %
Ráta cánach	25 %	25 %	25 %
Meánchostas ualaithe an chaipitil	6,5 %	7,0 %	7,2 %

(*) Uimhreacha arna slánú go dtí an chéad ionad deachúil

(486) Is é an toradh a bhíonn ar pharaiméadair MCUC a thaispeántar i Table 17 meánchostas ualaithe an chaipitil de thart ar 7,0 % faoi Chás Bunlíne an Choimisiúin agus laistigh den raon arna mheas ag an mBeilg faoi na Cásanna Ísle agus Arda. Tá sprioc IRR 7 % laistigh den raon sin. Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

(a) ní áirítear sna figiúirí sin aon phréimh riosca núicléach shonrach ná aon phréimh eile amhail préimh neamhleachtachta chun an maolú riosca a sholáthraítear leis na bearta éagsúla a thuairiscítear sna ranna thuas a léiriú ([170]).

(b) tá béite agus meastachán giarála 'Íseal' na Beilge bunaithe ar mheán simplí na gcuideachtaí piaraí a roghnaíodh. Mar sin féin, go háirithe maidir leis an mbéite, ina mínithe breise ar raon chostais na meastachán caipitil a soláthraíodh i mí na Nollag 2024 mar a phléitear i roinn 3.3.1.3.1.2, cuireann an Bheilg i dtábhacht go ndéanfadh meán simplí béití inchomparáide gannmheastachán ar na rioscaí margaidh a bhaineann le fóntas atá neamhchosanta ar ghiniúint núicléach áirithe, toisc go sannann sí an t-ualú comhionann do chuideachtaí a bhfuil comhdhéanaimh punainne éagsúla acu ([171]). Ar an gcúis sin, chuir an Bheilg meastacháin béite neamhghiaráilte isteach a ndearnadh athbhreithniú beag orthu trí mheán simplí na bpiaraí uile a ghlacadh, seachas an ceann ag a bhfuil an meascán giniúna núicléiche is ísle ina sócmhainní, a tháirgeann luach [0,40-1,00] agus tríd an meán idir béití neamhghiaráilte dhá chuideachta a bhfuil an nochtadh núicléach is airde acu a ghlacadh, rud a thugann luach [0,40-1,00]. Aithníonn an Coimisiún bailíocht na mbarúlacha a thug an Bheilg. Dá ndéanfaí meán ([0,40-1,00]) an dá mheastachán béite neamhghiaráilte a mheas le haghaidh MCUC faoi chás bonnlíne an Choimisiúin, bheadh meastachán de 7,12 %, atá beagán níos airde, mar thoradh ar MCUC.

(c) faoi réamh-mheastacháin praghsanna an mhargaidh (leictreachais) athbhreithnithe mar a luaitear i roinn 3.3.1.3.1.3, is é 6,5 % IRR measta réadaithe i ndáiríre.

(487) Ar deireadh, mar a luaitear in aithris (318) den Chinneadh Tosaigh, tá comhréireacht fhobhearta airgeadais Chomhchuid 1 nasctha lena n-oiriúnacht. Mar a luaitear i roinn 8.3.3.4.1, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir a mheas gurb iomchuí pacáiste na bhfobheart airgeadais de Chomhchuid 1 chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí núicléacha.

([170]) Rud atá i gcomhréir le cinneadh Dukovany.

([171]) Féach an Bheilg, Nollaig 2024, 'SA.106107 Nóta forlíontach — Mínithe breise ar raon costais na meastachán caipitil': Mar shampla, bhí 5 % dá thoilleadh suiteáilte i sócmhainní núicléacha ag Iberdrola (le béite neamhghiaráilte de [0,00-0,60]) agus bhí 14 % dá ghiniúint ag teacht ó fhuinneamh núicléach. Ag an am céanna, bhí 53 % de ghiniúint iomlán Fortum núicléach, agus ba é [0,40-1,00] a bhéite.

(488) Ar na cúiseanna a luaitear thuas, measann an Coimisiún gur léirigh an Bheilg go leordhóthanach comhréireacht dhearadh CD agus IRR is bun leis.

8.3.3.5.1.3. Comhréireacht chomhaontú CSBF

(489) Ar deireadh, dheimhnigh an Bheilg le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil go ndéanfar tairiscint chun comhpháirtí CSBF a roghnú a eagrú agus a shoiléiriú ar bhealach níos mionsonraithe maidir leis na critéir roghnúcháin agus na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le comhpháirtí CSBF (féach roinn 3.3.1.5.1). Measann an Coimisiún go bhfuil an próiseas tairisceana iomaíoch, is é sin le rá oscailte, soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla a sainíodh *ex ante* i gcomhréir le cuspóir an bhirt agus le riosca na dtairiscintí straitéiseacha a íoslaghdú. Foilsíodh na critéir roghnúcháin freisin ar ardáin ábhartha na Beilge agus an Aontais agus fada go leor roimh an sprioc-am chun iarratais a chur isteach chun iomaíocht éifeachtach a chumasú. Go deimhin, chuir an Bheilg forálacha agus coimircí breise chun feidhme chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí CSBF agus go soláthrófar na seirbhísí a bhfuil coinne leo go cuí (mar shampla, IAE, ILI, mar a mhínítear i roinn 3.3.1.5.1).

(490) Rinne an Bheilg bearta freisin chun aon choinbhleachtaí leasa féideartha le Engie a shainaithint agus a chosc go héifeachtach le linn bhunú an phróisis tairisceana.

(491) Chun freagairt d'ábhair imní an Choimisiúin in aithris (328) den Chinneadh Tosaigh, mhodhnaigh an Bheilg dearadh CD freisin tríd an údarás cinnteoireachta maidir le modhnuithe eacnamaíocha a dheonú do chomhpháirtí CSBF, a bhfuil na dreasachtaí cearta aige — tríd an bhfoirmle luacha saothair mhodhnaithe — chun cinntí modhnaithe maidir le modhnú eacnamaíoch a dhéanamh i gcomhréir le himthosca an mhargaidh, lena n-áirithítear seoladh agus cothabháil optamach na nAonad OFT, chomh maith le dreasachtaí laghdaithe chun táirgeadh a bhaint amach tráthanna praghsanna diúltacha (féach roinn 8.3.3.4.1). Mar thoradh air sin, measann an Coimisiún nach ndéanfar comhpháirtí CSBF a dhreasú chun acmhainneacht iomlán na nAonad OFT ar MLRR a thairiscint ar an bpraghas is ísle a cheadaítear.

(492) Le foirmle mhodhnaithe luach saothair chomhpháirtí CSBF, glactar an chothromaíocht cheart freisin idir na rioscaí méadaithe a bhaineann le múchadh agus na dreasachtaí cearta a choinneáil ar bun do chomhpháirtí CSBF chun iarracht a dhéanamh a bheith cothrom. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún le tairiscint CSBF go meallfar tairgeoirí leordhóthanacha.

(493) Ina theannta sin, shoiléirigh an Bheilg go ndearnadh foráil maidir le forálacha agus bearta sonracha i gcás rannpháirtíocht agus roghnú GEMS sa tairiscint nó i gcás nach mór do GEMS gníomhú go sealadach mar chomhpháirtí CSBF i gcás nach n-éireoidh leis an bpróiseas tairisceana (féach roinn 3.3.1.5.3). Measann an Coimisiún gur leor na bearta sin chun neamhspleáchas chomhpháirtí CSBF a áirithiú i ngach cás.

(494) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, measann an Coimisiún gur léirigh an Bheilg comhréireacht CSBF go leordhóthanach.

8.3.3.5.2. Comhréireacht Chomhchuid 2

(495) Chun a chinneadh an bhfuil aistriú dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta comhréireach, d'fhíoraigh an Coimisiún an sainítear na téarmaí ag a n-aistrítear na dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta ar bhealach ina laghdaítear a mhéid is féidir an riosca maidir le róchaiteachas a dhéanann difear don Stát, agus an éiginnteacht ghaolmhar. Mar gheall ar chineál an bhainistithe dramhaíola radaighníomhaí agus ar an éiginnteacht atá fós ann maidir le roghnú an láithreáin agus na costais diúscartha, d'fhéadfadh sé nach rachadh sé sin chomh fada le haon fhéidearthacht maidir le róchaiteachas a eisiamh go hiomlán, mar a aithníodh i gcinntí roimhe seo ón gCoimisiún maidir le dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta (féach fonóta 149).

(496) Chuir an Coimisiún in iúl freisin i gcásanna roimhe seo, go bhfuil amlínte fada ag baint le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, a bhféadfadh idirghabháil stáit de chineál éigin a bheith ag teastáil ina leith. Áitíonn an Bheilg freisin go gcumhdaítear an gá atá le hidirghabháil stáit chun bainistiú freagrach agus sábháilte dramhaíola radaighníomhaí a áirithiú in Airteagal 4(1) de Threoir 2011/70/Euratom, lena ndéantar foráil maidir le freagracht deiridh an Stáit i ndáil leis sin, agus sa Choinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí. Áitíonn an Bheilg go bhféadfadh údar a bheith le hidirghabháil Stáit chun an riosca go mbeadh ualach níos troime ar an Stát amach anseo a sheachaint mura ndéantar aon ghníomh.

(497) D'áitigh an Bheilg freisin, i gcomhréir leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a leagtar síos i Moladh 2006/851 Euratom, gur chuir oibreoir núicléach na Beilge acmhainní airgeadais cuí i leataobh le haghaidh an chostais a bhaineann le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú le linn shaolré tháirgiúil na seacht n-imoibreoir núicléacha. Tá athbhreithniú rialta déanta ag CPN/CNV ar oiriúnacht na n-acmhainní airgeadais sin. Ina theannta sin, áitíonn an Bheilg go leanann an socrú dramhaíola atá ann faoi láthair den phrionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a urramú agus go gcomhlíonann sé na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 4(3), pointe (e), agus 5(1), pointe (f), agus Airteagal 9 de Threoir 2011/70/Euratom, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Leanann an t-oibreoir núicléach de bheith freagrach as oibleagáidí díchoimisiúnaithe agus gníomhaíochtaí chun dramhaíl radaighníomhach agus breosla núicléach spíonta a thabhairt i gcomhréir leis na critéir aistrithe chonartha. Thairis sin, áitíonn an Bheilg gur féidir a mheas go bhfuil CACanna sin an-dian, rud a chuireann teorainn bhreise leis an riosca a ghlacann Stát na Beilge. Níl aon fhreagracht airgeadais ná aon fhreagracht eile ar an Stát as an gcuid a bhaineann le bainistiú réamhaistrithe, a dhéanann an t-oibreoir núicléach.

(b) Sainíodh méid na dramhaíola roimh ré agus seasann an t-oibreoir núicléach an riosca méid má tháirgtear níos mó dramhaíola ná mar a comhaontaíodh, tríd an táille coigeartaithe méid, agus ní sholáthraítear aon aisíocaíocht má chruthaítear níos lú dramhaíola.

(c) Áiríodh préimh riosca san íocaíocht chnapshuime chun éiginnteachtaí a chumhdach nach raibh aon fhoráil fós le déanamh ina leith, i gcomhréir le IAS 37 (Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta).

(d) Íocann Electrabel an chnapshuim EUR 15 bhilliún láithreach seachas thar thréimhse blianta fada agus déanann cuideacht phoiblí neamhspleách (Hedera) é a bhainistiú agus a infheistiú, lena ndaingnítear na cistí chun na críche atá beartaithe dóibh agus lena rialaítear na costais i ndáil leis na dliteanais aistrithe, faoi rialú cuideachta rialtais neamhspleách (CPN/CNV). áirithítear leis sin go mbeidh na hacmhainní airgeadais ar fáil nuair a bheidh diúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaí ag feidhmiú, agus laghdaítear na rioscaí a bhaineann le dócmhainneacht fhéideartha Electrabel. Trí chnapshuim tosaigh na Méideanna caidhpeáilte a íoc, beidh na hacmhainní airgeadais ar fáil do Stát na Beilge cheana féin agus ní bheidh sé ag brath a thuilleadh ar oibreoir núicléach príobháideach a bheith ann amach anseo.

(498) D'admhaigh an Coimisiún in aithrisí (337) go (340) den Chinneadh Tosaigh go bhfuil go leor gnéithe dearfacha ann lena léirítear an socrú dramhaíola a comhaontaíodh idir an Bheilg agus Engie, ar nós: (i) an íocaíocht láithreach in airgead tirim, bunaithe ar na forálacha núicléacha atá ann faoi láthair (arna deimhniú ag cuntasóirí idirnáisiúnta) agus lena n-áirítear préimh riosca, lena gcosnaítear Stát na Beilge in aghaidh dhócmhainneacht fhéideartha an oibreora núicléach, (ii) an táille coigeartaithe méid a áireamh i gcás ina mbeadh méid na dramhaíola núicléiche níos airde ná mar a fhoráiltear faoi láthair, agus (iii) dianchritéir aistrithe chonartha a áireamh.

(499) Measann an Coimisiún go dtugann aistriú dliteanas dramhaíola núicléiche chuig ciste Hedera, comhlacht poiblí deighilte a urraíonn na cistí chun na críche atá beartaithe dóibh, agus a rialaíonn na costais i ndáil leis na dliteanais aistrithe, faoi rialú comhlachta rialtais neamhspleách (CPN/CNV), údar le sócmhainní neamh-Eorpacha Electrabel a scaoileadh ó imlíne Electrabel (agus an faireachán a ghabhann leis ar CPN/CNV), agus áirithíonn sé comhréireacht aistriú na ndliteanas aistrithe maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta, ós rud é go ndearnadh measúnú air go bhfuil EUR 4 bhilliún ar a laghad de shócmhainní, ar dhúnadh an idirbhirt, in imlíne Electrabel. Thairis sin, mar a luadh cheana in aithris (334) den Chinneadh Tosaigh, is féidir a mheas go bhfuil an scaoileadh comhréireach ós rud é go ndeonaíonn Engie ráthaíocht máthairchuideachta neamhtheoranta agus neamh-inchealaithe lena gcumhdaítear an méid seo a leanas: (i) Oibleagáidí díchoimisiúnaithe Electrabel (lena n-áirítear freisin an riosca nach leor luach na bhforálacha), (ii) an riosca méid faoin gComhaontú maidir le Caidhp Dramhaíola, agus (iii) aisíoc iasachtaí le Synatom.

(500) Ar deireadh, shoiléirigh an Bheilg freisin go mbreithnítear sa tSamhail Airgeadais Shínithe Dramhaíl OFT agus bainistiú Breosla Spíonta OFT nó costais chúil, a mheastar a bheith thart ar EUR 0,9 milliún in aghaidh na cóimeála (i luachanna 2022) (féach aithris (177)), ionas gur féidir luachanna sin na dramhaíola a chur i leith na tréimhse fadaithe saolré amháin agus nach gcuirtear san áireamh iad sa socrú dramhaíola.

(501) Bhí trí phríomh-shaincheist fós gan réiteach i ndáil le comhréireacht Chomhchuid 2 sa Chinneadh Tosaigh, atá ábhartha do mheasúnú an Choimisiúin:

(a) airde an ráta lascaine chun luach láithreach na ndliteanas dramhaíola núicléiche aistrithe a ríomh, rud a d'fhéadfadh gan léiriú a thabhairt ar na rioscaí an-fhadtéarmach a bhaineann le haistriú iomlán na ndliteanas dramhaíola uile chuig Stát na Beilge (mar a luaigh CPN/CNV ina chomhairle);

(b) airde na préimhe riosca; agus

(c) luach aistriú na ndliteanas díchoimisiúnaithe breise a eascraíonn as an Tionscadal OFT, rud nach raibh ar eolas go fóill tráth an mheasúnaithe sa Chinneadh Tosaigh.

(502) Ar an gcéad dul síos, chun luach láithreach na ndliteanas dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta a ríomh, roghnaigh an Bheilg fachtóir lascaine ainmniúil uathúil 3 %, bunaithe ar ráta boilscithe 2 % agus físor-ráta 1 %, i gcodarsnacht le comhairle CPN/CNV cur chuige dhá chéim a chur i bhfeidhm, ina n-úsáidtear ráta lascaine 3,17 % don chéad 30 bliain (bunaithe ar an ráta OLO 30 bliain) agus ina n-úsáidtear ráta lascaine 2,17 % don tréimhse ina dhiaidh sin (bunaithe ar an ráta saor ó riosca). Cheistigh an Coimisiún an fáth ar imigh an Bheilg ó chur chuige CPN/CNV.

(503) Mar a mhínítear i roinn 3.3.2.3.1, mhínigh an Bheilg gur ráta coimeádach fadtéarmach é an ráta lascaine 3 %, trína chur i gcomparáid leis an ráta uathúil ionsamhlaithe atá coibhéiseach le cur chuige dhá chéim CPN/CNV (arna ríomh ag pointí éagsúla ama) agus le Réamhráta Deiridh (RRD) ÚEÁPC. Mar a léirítear i Table 14, agus comparáid á déanamh idir an ráta lascaine 3 % agus na rátaí tagartha eile sin a ghlactar ag pointe ama difriúil ó síníodh an Comhaontú Cur Chun Feidhme, tá an ráta 3 % suite ag an gceann íochtair den raon tagairtí.

(504) Tá an ráta 3 % i gcomhréir freisin le ráta OLO 30 bliain na Beilge agus bheadh sé ar an meastachán is fearr atá ar fáil, i gcomhréir le cleachtas an mhargaidh, i bhfianaise na tréimhse ama sínte agus ós rud é go bhfuil an 3 % ar cuimse íochtair na meastachán éagsúil cheana féin. Tá sé i bhfad níos ísle freisin ná an ráta lascaine 4,58 % a d'úsáid an Ghearmáin i gcás comhchosúil agus atá formheasta ag an gCoimisiún i gcás SA.45296.

(505) Glacann an Bheilg leis go mbeidh ráta boilscithe seasmhach 2 % i ríomh na Caidhpe Dramhaíola, arb é sin sprioc fhadtéarmach BCE maidir le boilsciú. Léirigh CPN/CNV imní go bhféadfadh boilsciú iarbhír na gcostas tógála núicléiche (bunaithe ar innéacs ABEX) a bheith níos airde ná sprioc boilscithe 2 % BCE (féach aithris (278)). Áitíonn an Bheilg gurb é sprioc boilscithe 2 % BCE athróg ionadach ceart an bhoilscithe chun an Chaidhp Dramhaíola a ríomh, ós rud é: (i) nach bhfuil san innéacs ABEX ach athróg ionadach lag do chostais tógála núicléiche toisc nach gcumhdaítear leis ach foirgníocht chónaithe agus (ii) go bhfuil treochtaí struchtúracha foluiteacha innéacs ABEX agus innéacs PIT comhchosúil. Aontaíonn an Coimisiún le réasúnaíocht na Beilge spriocráta boilscithe 2 % BCE a ghlacadh mar ráta boilscithe ábhartha i gcomhréir le cleachtas an mhargaidh.

(506) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir a mheas go bhfuil ráta lascaine 3 % coimeádach agus comhréireach dá bhrí sin.

(507) Ar an dara dul síos, maidir le hairde na préimhe riosca, shoiléirigh an Bheilg gur cuireadh préimh riosca bhreise mhór EUR 5 185 mhilliún leis an mbunmhéid EUR 9 815 mhilliún chun na neamhchinnteachtaí atá fós ann a chumhdach, bunaithe ar nóta teicniúil ó ONDRAF/NIRAS.

(508) Shoiléirigh an Bheilg le linn na céime foirmiúla imscrúdaithe conas a cuireadh na héiginnteachtaí agus na rioscaí a bhaineann le haistriú na freagrachta airgeadais as bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ó sheacht ngléasra cumhachta núicléiche na Beilge chuig Stát na Beilge, mar a shainaithnítear i nóta ONDRAF/NIRAS, san áireamh i ríomh na préimhe riosca (féach Table 15).

(509) Aithníonn an Coimisiún nach bhfuil sé simplí na rioscaí sin go léir a chainníochtú agus measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht a bhaineann leo. Mar sin féin, measann an Coimisiún go bhfuil sé i gceist leis an bpréimh riosca i gcomhaontú na Caidhpe Dramhaíola na rioscaí uile 'nach bhfuil chomh dóchúil céanna' a chumhdach mar a shainaithnítear i nóta ONDRAF/NIRAS agus measann sé, dá bhrí sin, go bhfuil an phréimh riosca EUR 5 185 mhilliún comhréireach.

(510) Ar an tríú dul síos, maidir le ríomh mhéid na neamhréireanna díchoimisiúnaithe, tugann an Coimisiún dá aire an chomhairle ó CPN/CNV an méid atá beartaithe ag Engie a laghdú go EUR [100-500] milliún (i dtéarmaí ainmniúla) (féach aithris (200)) agus measann sé go bhfuil an méid sin comhréireach.

(511) I bhfianaise na réasúnaíochta thuas agus na soiléirithe breise a chuir an Bheilg ar fáil, measann an Coimisiún go bhfuil Comhchuid 2 den bheart comhréireach.

8.3.3.5.3. Comhréireacht Chomhchuid 3

(512) Foráiltear leis na forálacha maidir le cosaintí dlíthiúla a tugadh i gcrích le Engie go slánóidh Stát na Beilge Engie as na caillteanais dhíreacha a thabhaíonn sé i ndáiríre, aon uair a ghlactar rialacháin nua a bhaineann le hoibreoirí núicléacha sa Bheilg nó le gníomhaíochtaí núicléacha Electrabel a bhfuil tionchar diúltach acu ar théarmaí an idirbhirt.

(513) I gcás gníomh aontaobhach ó Stát na Beilge as a n-eascraíonn múchadh roimh am imoibreoirí núicléacha Doel 4 agus Tihange 3 nó modhnú na bparaiméadar eacnamaíoch a leagtar amach sna comhaontuithe, is féidir le húinéirí na stáisiún cumhachta núicléiche clásail chúitimh a chuimsítear sna comhaontuithe a ghníomhachtú agus iarratas a dhéanamh ar chúiteamh chuig cúirt nó binse eadrána. Ní mór don éilitheoir a éileamh a chruthú agus ní hé Stát na Beilge ná úinéirí na n-imoibreoirí núicléacha ach tríú páirtí a chinneann an méid cúitimh.

(514) Mar a luadh cheana sa Chinneadh Tosaigh, leis an bpróiseas os comhair cúirte nó binse eadrána chun méid an damáiste atá le cúiteamh a chinneadh, ba cheart a áirithiú go gcoinneofar an méid cabhrach chomh híseal agus is féidir agus, dá bhrí sin, comhréireach.

8.3.3.5.4. Conclúid maidir le comhréireacht an bhirt

(515) Measann an Coimisiún gur leor na modhnuithe ar an mbeart, lena n-áirítear modhnú ar dhearadh CD, dlús a chur le CRPM agus uasteorainn ar IIOC, chomh maith leis na soiléirithe breise maidir leis an teaglaim d'fhobhearta chun go dtiocfaidh an Coimisiún ar chonclúid maidir le comhréireacht Chomhchuid 1. Leis seo, breithníonn an Coimisiún imthosca sonracha an cháis freisin, a bhaineann le hinfheistíocht i ngléasraí núicléacha atá ann cheana bunaithe ar sheanteicneolaíocht agus ar feadh tréimhse theoranta 10 mbliana. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur leor na soiléirithe breise maidir le ríomh an ráta lascaine agus na préimhe riosca chun teacht ar chonclúid maidir le comhréireacht Chomhchuid 2 den bheart. Ar deireadh, maidir le Comhchuid 3, níor tugadh fianaise chun cinn leis an imscrúdú foirmiúil chun imeacht ó chonclúid an Choimisiúin roimhe sin go bhfuil Comhchuid 3 comhréireach.

(516) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur bealach comhréireach iad na fobhearta faoi Chomhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3 chun tacú leis an Tionscadal OFT.

8.3.3.6. Teaglaim de na trí chomhchuid agus na héifeachtaí carnacha a d'fhéadfadh a bheith ann

(517) D'áitigh an Bheilg, mar fhreagra ar an gCinneadh Tosaigh (féach roinn 4.4.4), go bhfuil Comhchodanna 1, 2 agus 3 den bheart éagsúil ó thaobh ábhair agus cineáil, cuspóra agus tairbhithe de, cé go bhfónann siad don chuspóir céanna maidir le síneadh a chur le saolré na nAonad OFT, agus go ndearnadh iad an tráth céanna, ionas gur féidir comhchodanna agus fo-chomhchodanna uile an bhirt a mheas mar chomhlánú ar a chéile, rud a chuireann teorainn le haon éifeacht charnach a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

(518) Maidir leis na maímh a rinne an Bheilg (féach aithrisí (517) agus (419)) go ndéileálann gach ceann de na trí chomhchuid den Tionscadal OFT le riosca sonrach nó le tacar sonrach rioscaí agus clistí margaidh sonracha mar a luaitear in aithris (418), d'aithin an Coimisiún i gcinntí roimhe seo maidir le fuinneamh núicléach go bhfuil teaglaim na rioscaí sonracha agus na gclistí margaidh sin uathúil don teicneolaíocht núicléach ([172]), agus gur gné ghinearálta é de mhargaí uile an Aontais, lena n-áirítear margadh leictreachais na Beilge.

(519) Measann an Coimisiún go gcumhdaíonn gach ceann de na trí chomhchuid den bheart riosca ar leithligh agus cliseadh margaidh agus nach bhfuil aon fhorluí ann ina leith sin idir na trí chomhchuid. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, chun na rioscaí sainaitheanta uile a bhaineann leis an teicneolaíocht núicléach a chumhdach (rioscaí teicniúla agus bainistithe tionscadal, rioscaí margaidh agus infheistíochta, rioscaí fadtéarmacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola núicléiche agus díchoimisiúnú agus díchóimeáil gléasraí cumhachta núicléiche, rioscaí rialála agus beartais) go bhfuil an teaglaim de thrí chomhchuid an bhirt (Comhchuid 1, Comhchuid 2 agus Comhchuid 3) riachtanach agus iomchuí.

(520) Maidir le comhréireacht an tacair chomhcheangailte beart, mheas an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh nár léirigh an Bheilg go leordhóthanach tionchar na dtrí chomhchuid den bheart ar a chéile, go háirithe maidir le comhréireacht thacar comhcheangailte na bhfobheart uile.

(521) Shoiléirigh an Bheilg le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, ar thaobh amháin, go n-áirítear leis an tsamhail airgeadais ar a bhfuil bearta tacaíochta airgeadais Chomhchuid 1 bunaithe, na costais bhreise a bhaineann leis an dramhaíl oibríochtúil agus leis an mbreosla spíonta arna dtáirgeadh ag na hAonaid OFT le linn na Tréimhse OFT chomh maith le méid na neamhréireanna díchoimisiúnaithe (arna n-iompar ag Stát na Beilge), agus, ar an taobh eile, go mbaineann an socrú dramhaíola ní hamháin le hAonaid OFT, ach le gach ceann de na seacht n-imoibreoir núicléacha sa Bheilg agus cuirtear san áireamh na forálacha núicléacha uile atá le déanamh go dtí dátaí deiridh dlíthiúla bunaidh na seacht n-imoibreoir núicléacha (féach roinn 3.3.2.5). Dá bhrí sin, aontaíonn an Coimisiún, i gcás inar gá, gur breithníodh costais na dramhaíola núicléiche agus an bhreosla spíonta i samhail airgeadais Chomhchuid 1 ar a bhfuil calabrú fhobhearta airgeadais Chomhchuid 1 bunaithe, agus nach bhfuil forluí idir an chuid is mó den socrú dramhaíola i gComhchuid 2 (ag cur san áireamh aistriú na ndliteanas a bhaineann le dramhaíl núicléach agus breosla spíonta go dtí dáta deiridh dlíthiúil bunaidh na seacht n-imoibreoir núicléacha) agus na fobhearta airgeadais i gComhchuid 1. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cuireadh tionchar fhobhearta Chomhchuid 2 san áireamh i gceart san anailís ar chomhréireacht Chomhchuid 1.

(522) Aithníonn an Bheilg go n-athraíonn Comhchodanna 2 agus 3 den bheart (b'fhéidir) próifíl riosca Electrabel. Mar sin féin, de réir na Beilge, ní athraíonn Comhchodanna 2 agus 3 próifíl riosca BE-NUC, príomhthairbhí Chomhchuid 1. Dá bhrí sin, is í próifíl riosca BE-NUC an toisc ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht Chomhchuid 1. Mar a luaitear i roinn 3.4, aontaíonn an Coimisiún go bhfuil tairbhithe na dtrí Chomhchuid den bheart beagán difriúil gach uair agus gur gá measúnú a dhéanamh ar thionchar gach Comhchoda den bheart ar leibhéal an tairbhí ábhartha. Mar sin féin, is iad BE-NUC agus Electrabel na príomhthairbhithe de Chomhchodanna 1 agus 3. Breithníodh próifíl riosca laghdaithe Electrabel agus BE-NUC trí bhearta cosanta dlíthiúla Chomhchuid 3 sa mheasúnú ar fhobhearta airgeadais Chomhchuid 1 mar shampla, ós rud é go meastar go bhfuil sprioc IRR an Tionscadail OFT ag ceann íochtair an speictrim sa chleachtadh tagarmharcála nuashonraithe (féach roinn 3.3.1.3.1.1), ag druidim leis sin le brabúsacht cuideachtaí a bhfuil próifíl riosca laghdaithe acu. Ina theannta sin, níor cuireadh aon phréimh bhreise riosca núicléach (nó leachtachta) leis, i gcomhréir leis an bpróifíl riosca laghdaithe (féach aithris (486)(a)). Ar deireadh, cé gurb é 7 % an sprioc IRR, is é 6,5 % IRR réadaithe a bhfuil coinne leis, agus d'fhéadfadh sé a bheith i bhfad níos ísle fiú ós rud é gur ridhócha go dtarlóidh teagmhais gan choinne ar bhonn bliantúil a bhfuil tionchar diúltach acu ar thorthaí an tionscadail (féach roinn 3.3.1.3.1.3).

([172]) Féach mar shampla Cinneadh ón gCoimisiún an 8.10.2014, SA.34947 (2013/C) (ex 2013/N), an Ríocht Aontaithe, Tacaíocht do Stáisiún Cumhachta Núicléiche Hinkley Point C (IO L /2015/109, 28.4.2015, lch. 44), aithris 385; Cinneadh ón gCoimisiún an 6.3.2017, SA.38454 (2017/C) (ex 2015/N), an Ungáir, Forbairt dhá imoibreoir núicléacha ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks II (IO L /2017/317, 1.12.2017, lch. 45), aithris 322; Cinneadh Tosaigh an 30.6.2022, SA.58207 (2021/N), an tSeicia, Tacaíocht do Dukovany II, gléasra cumhachta núicléiche nua sa tSeicia (IO C /2022/299, 5.8.2022, lch. 5), aithrisí 182-184.

(523) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cuireadh éifeacht charnach na dtrí chomhchuid den bheart san áireamh i gcás inar gá sa mheasúnú comhréireachta, agus dá bhrí sin tagann sé ar an gconclúid go bhfuil teaglaim na dtrí chomhchuid den bheart comhréireach freisin.

8.3.3.7. Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil a sheachaint agus tástáil cothromúcháin a dhéanamh

(524) Chun go mbeidh an beart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór teorainn a chur le héifeachtaí diúltacha an bhirt i dtéarmaí saobhadh iomaíochta míchuí agus tionchar ar thrádáil idir na Ballstáit agus ní mór éifeachtaí dearfacha na cabhrach a bheith níos mó ná na héifeachtaí diúltacha sin.

(525) Chun anailís a dhéanamh ar thionchar an mhargaidh, rinne an Coimisiún scrúdú ar an tionchar ar an iomaíocht mar gheall ar oibreoir reatha agus aonair an dá Aonad OFT, Electrabel, agus an dara cuideachta (i dtéarmaí sciartha den mhargadh) ar mhargadh leictreachais na Beilge, Luminus, mar phríomhthairbhithe an bhirt a dtugtar fógra ina leith. I bhfianaise sheasamh láidir Electrabel i margadh leictreachais na Beilge atá thar a bheith comhchruinnithe (féach roinn 2.5), léirigh roghnú Electrabel mar phríomhthairbhí na cabhrach amhras maidir le saobhadh míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann ar struchtúr an mhargaidh.

(526) I roinn 4.3.3.1 den Chinneadh Tosaigh, rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfíoras gur roghnaíodh Electrabel (mar thairbhí tábhachtach an Tionscadail OFT agus mar oibreoir aonair de chuid na nAonad OFT) gan tairiscint, próiseas roghnúcháin, nó glao poiblí ar léiriú spéise. Dá bhrí sin, ní raibh sé soiléir cé acu a breithníodh nó nár breithníodh oibreoirí ionchasacha eile rud a d'ardaigh an cheist maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh Electrabel ar an oibreoir is éifeachtúla agus maidir leis na forais theicniúla nó eacnamaíocha ar a roghnaíodh Electrabel.

(527) Bhreithnigh an Coimisiún na hargóintí seo a leanas sa Chinneadh Tosaigh chun teacht ar an gconclúid nach bhféadfadh aon saobhadh míchuí ar struchtúr an mhargaidh a bheith mar thoradh ar roghnú Electrabel, gan tairiscint:

(a) Ba é Electrabel an t-aon oibreoir gléasraí cumhachta núicléiche sa Bheilg i gcónaí agus, dá bhrí sin, tá an taithí is gá aige ar oibriú na ngléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana sa Bheilg chomh maith leis na ceadúnais is gá. Dá bhrí sin, níl aon oibreoir malartach ann a bheadh ina eintiteas níos oiriúnaí chun gníomhú mar oibreoir na n-imoibreoirí núicléacha (féach aithris (22)).

(b) I gcásanna eile, a bhaineann le himoibreoirí núicléacha nua a thógáil (mar shampla, Paks II ([173])), níor roghnaíodh tairbhí na cabhrach maidir le hoibriú na ngléasraí trí thairiscint.

(c) Deonaítear an tacaíocht ar feadh tréimhse theoranta (10 mbliana) agus ní thacaíonn sí ach le feidhmiú leanúnach an dá ghléasra núicléacha agus gan aon infheistíocht nua a dhéanamh.

(528) Sa Chinneadh Tosaigh, thagair an Coimisiún freisin do sheasamh láidir Engie i margadh leictreachais na Beilge agus chuir sé in iúl go raibh imní air maidir le saobhadh míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann ar struchtúr an mhargaidh mar gheall ar an mbeart cabhrach atá á phlé. Bhí ábhair imní agus ceisteanna ag an gCoimisiún ina leith sin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an dearadh CD,

(b) neamhspleáchas chomhpháirtí CSBF, atá ainmnithe chun an leictreachas núicléach a dhíol,

(c) díláithriú féideartha infheistíochtaí malartacha mar gheall ar an mbeart.

([173]) Féach fonóta 145.

(529) Ar an gcéad dul síos, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i roinn 3.3.1.3.2 agus a ndearnadh measúnú air i roinn 8.3.3.4.1, leasaigh an Bheilg an dearadh CD, tríd an gcumhacht chinnteoireachta modhnú a dhéanamh a dheonú do chomhpháirtí CSBF, a dhreasaítear — tríd an bhfoirmle luacha saothair mhodhnaithe — chun modhnuithe eacnamaíocha a iarraidh i gcás ina bhfuil praghsanna an mhargaidh níos ísle agus gan modhnuithe eacnamaíocha a iarraidh nuair a bhíonn praghsanna margaidh níos airde (i gcodarsnacht leis an gcéad dearadh CD i gcás ina raibh dreasachtaí ann don oibreoir núicléach a bheith ag táirgeadh an t-am ar fad). Cheistigh an Coimisiún freisin úsáid MLRR mar PTM san fhoirmle CD. Níor athraigh an Bheilg PTM, agus í ag áitiú ina leith sin nach bhfuil úsáid táirge fhadtéarmaigh sa CD chomh hoiriúnach céanna, mar gheall ar an táirgeadh laghdaithe le linn Chéim Atosaithe an Tionscadail OFT (nuair a bheidh oibreacha OFT ar siúl ag an am céanna), an riosca go dtarlóidh éaradh thar shaolré iomlán an Tionscadail OFT, agus ag an am céanna laghdófar an flít núicléach ó 7 go 2 imoibreoir núicléacha (féach aithris (98)). Tá an tsolúbthacht ag an mBeilg athbhreithniú a dhéanamh ar rogha PTM tar éis 3,5 bliana (féach aithris (100)). Deimhníonn an Bheilg freisin go bhforbróidh contrapháirtí CD (BE-WATT) straitéis bainistithe riosca dá suíomh oscailte, mar a fhoráiltear go dlíthiúil, agus go rannchuideoidh a cur chun feidhme le leachtacht leis na réamh-mhargaí leictreachais (féach aithris (99)).

(530) Ar an dara dul síos, dheimhnigh an Bheilg go ndámhfar comhaontú CSBF trí phróiseas tairisceana oscailte iomaíoch, chun comhpháirtí neamhspleách CSBF a roghnú chun an leictreachas a tháirgeann na hAonaid OFT a dhíol. Réitíonn eagrú tairisceana amhras an Choimisiúin maidir leis an bpróiseas chun comhaontú CSBF a dheonú. Maidir leis an imní atá ar an gCoimisiún faoi neamhspleáchas chomhpháirtí CSBF, go háirithe i gcás nach bhfuil an tairiscint dochloíte, agus go gcumhdódh GEMS, roinn trádála Engie, na díolacháin leictreachais le linn na chéad bhliana, nó i gcás ina roghnaítear GEMS mar chomhpháirtí CSBF tríd an tairiscint, shoiléirigh an Bheilg ar bhealach níos mionsonraithe na coimircí breise a dhéanfar sna cásanna sin (féach roinn 3.3.1.5.3).

(531) Ar deireadh, mar a luadh cheana sa Chinneadh Tosaigh, bhí imní ar an gCoimisiún nach bhfágfadh an Tionscadal OFT dóthain spáis do thionscadail infheistíochta eile in earnáil an fhuinnimh. Cuireadh in iúl freisin na himpleachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Tionscadal OFT maidir le hinfheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite go háirithe i gcuid de na barúlacha tríú páirtí (féach roinn 6.2.3.1). Measann an Coimisiún nach raibh bunús leordhóthanach leis na maímh ó thríú páirtithe agus measann sé nach n-ionsúfaidh an Tionscadal OFT an acmhainneacht ghiniúna neamhleor le haghaidh leictreachais go hiomlán le linn na tréimhse 2025-2035, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Ina staidéar leormhaitheasa acmhainní is déanaí (2023 NRAA), luaigh Elia nach leor acmhainneacht bhreise 2 GW na nAonad OFT chun an méadú a bhfuil coinne leis ar an éileamh ar leictreachas a chomhlíonadh sna 10 mbliana amach romhainn.

(b) Trí shásra acmhainneachta na Beilge, tá rochtain ar mhaoiniú ar feadh tréimhse ghearr nó níos faide (deonófar conarthaí SA ar feadh 1, 3, 8 nó 15 bliana) le haghaidh teicneolaíochtaí giniúna nua eile agus teicneolaíochtaí giniúna atá ann cheana (go háirithe giniúint theirmeach, freagairt don éileamh agus stóráil). Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh an Tionscadal OFT difear míchuí do chás na dteicneolaíochtaí giniúna eile sa Bheilg agus ní dhíspreagfaidh sé aon infheistíocht i suiteálacha teirmeacha nua, freagairt don éileamh agus stóráil go dtí 2035.

(c) Níl aon chomhartha ann go scoirfeadh an Bheilg de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainneachta giniúna nua ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Mar shampla, d'fhormheas an Coimisiún pleananna na Beilge in 2024 maidir le feirmeacha gaoithe a fhorbairt sa Mhuir Thuaidh, tríd an tionscadal gaoithe Princess Elisabeth amach ón gcósta (féach fonóta 148).

(532) Ar na cúiseanna thuasluaite, níl aon chomhartha ag an gCoimisiún go gcuirfidh an Tionscadal OFT cosc ar ghníomhaithe nua dul isteach sa mhargadh chun leictreachas a tháirgeadh sa Bheilg agus/nó go gcuirfidh sé cosc ar ghníomhaithe eile acmhainneachtaí giniúna nua a fhorbairt. Dá bhrí sin, meastar go leanfaidh tionchar an Tionscadail OFT ar an margadh miondíola de bheith teoranta freisin.

(533) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara freisin go bhfuil laghdú beag tagtha ar chomhchruinniú margaidh mhargadh fuinnimh na Beilge le blianta beaga anuas (féach roinn 2.5) agus go bhféadfadh díchoimisiúnú comhthreomhar imoibreoirí núicléacha eile Engie sa Bheilg leanúint den treocht sin a thuilleadh.

(534) Maidir le Comhchuid 2, thug an Coimisiún faoi deara in aithris (372) den Chinneadh Tosaigh nach mbeidh sé d'éifeacht láithreach ag aistriú dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta feabhas a chur ar staid iomaíoch na dtairbhithe vis-à-vis a n-iomaitheoirí. Ar dtús, cuirfidh an chomhchuid sin den bheart iallach ar an oibreoir núicléach méid airgid atá níos airde ná an méid atá carntha faoi láthair ar na cláir chomhardaithe a íoc. Feidhmíonn an táille coigeartaithe méid, lena gcinntítear go n-íocann an t-oibreoir núicléach méid breise i gcás ina dtáirgtear níos mó dramhaíola núicléiche ná mar a bhí beartaithe ar dtús, mar choimirce. Thairis sin, tar éis an imscrúdaithe fhoirmiúil, tagann an Coimisiún ar an gconclúid — bunaithe ar na heilimintí breise a sholáthair an Bheilg mar a mhínítear i roinn 3.3.2.3 — leis an íocaíocht chnapshuime tosaigh EUR 15 bhilliún go laghdófar go leordhóthanach an riosca a ghlacann Stát na Beilge agus na dliteanais dramhaíola núicléiche ó Electrabel á nglacadh ar láimh aige agus go bhfuil sí comhréireach dá bhrí sin. Ar an gcaoi chéanna, fuarthas go bhfuil na fobhearta eile de Chomhchuid 2 comhréireach freisin (féach roinn 8.3.3.5.2). Dá bhrí sin, níl aon éifeachtaí diúltacha féideartha ag fobhearta Chomhchuid 2 ar iomaíocht ná ar thrádáil idir na Ballstáit.

(535) Ar deireadh, maidir le Comhchuid 3, mar a luaitear in aithris (373) den Chinneadh Tosaigh, níl sna clásail um chosaint dhlíthiúil, más infheidhme agus nuair is infheidhme, ach clásail chúiteacha. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhféadfadh aon tionchar diúltach a bheith acu ar an iomaíocht ná ar an trádáil idir na Ballstáit.

(536) Mar chonclúid, i bhfianaise na modhnuithe ar dhearadh CD, eagrú tairisceana ar chomhaontú CSBF (agus na modhnuithe ar luach saothair chomhpháirtí CSBF) agus ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas chomhpháirtí CSBF, an easpa tásca go gcuirfidh an Tionscadal OFT bac ar fhorbairt teicneolaíochtaí giniúna leictreachais eile sa Bheilg, chomh maith le comhréireacht na ndliteanas dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta a aistríodh agus na cosaintí dlíthiúla, measann an Coimisiún go leanfaidh saobhadh míchuí féideartha ar mhargadh na Beilge de bheith teoranta.

8.3.4. *Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a chur i gcomparáid leis na héifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht agus ar an trádáil*

(537) Tar éis an mheasúnaithe i roinn 8.3.2 den Chinneadh seo, aithníonn an Coimisiún gurb é is aidhm don bheart infheistíocht san fhuinneamh núicléach a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, go rannchuidíonn sé le gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt, is é sin giniúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh núicléach, agus go rannchuidíonn sé freisin le slándáil an tsoláthair leictreachais, chomh maith le spleáchas na Beilge ar bhreoslaí iontaise a laghdú (ag rannchuidiú le cuspóirí dícharbónaithe na Beilge sa chás seo freisin).

(538) Aithníonn an Coimisiún nach bhféadfaí coinne a bheith leis go gcuirfí an infheistíocht chun feidhme gan an chabhair, lena n-áirítear gach ceann de na trí chomhchuid atá sa bheart. Dá bhrí sin, tá gá leis an gcabhair chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin a fhorbairt agus soláthraítear éifeacht dreasachta léi.

(539) Chinn an Coimisiún gur ionstraimí iomchuí iad CD dhá threo, arna chomhlánú leis na bearta airgeadais eile chun tacú le hinmharthanacht airgeadais an chomhfhiontair, an comhaontú maidir le haistriú dliteanais dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta chomh maith leis na cosaintí dlíthiúla. Níor tugadh fianaise chun cinn leis an imscrúdú foirmiúil go mbeadh bearta eile chomh héifeachtach céanna le héifeachtaí saobhacha níos ísle, go háirithe i bhfianaise imthosca ar leith an cháis a bhaineann le síneadh a chur le saolré sócmhainní atá ann cheana agus ar feadh tréimhse theoranta ama.

(540) Deonófar an chabhair ar bhealach comhréireach, toisc nach gcoinneoidh an tairbhí brabúis bhreise thar a bhfuil fíor-riachtanach chun oibriú eacnamaíoch agus inmharthanacht an ghléasra cumhachta núicléiche a áirithiú. Le dearadh modhnaithe CD agus le foirmle mhodhnaithe luacha saothair chomhpháirtí CSBF (a bhfuil a pharaiméadair faoi réir athbhreithniú i gceann 3 bliana), chomh maith leis an uasteorainn ar IIOC, áirithítear go dtáirgfidh na hAonaid OFT leictreachas i gcomhréir le comharthaí margaidh, go bhfuil an t-oibreoir núicléach agus an comhfhiontar níos neamhchosanta ar riosca margaidh, agus gur laghdaíodh neamhchosaint Stát na Beilge.

(541) Leis an athbhreithniú rialta ar thacar luachanna ionchuir atá sainithe go soiléir maidir leis an tsamhail airgeadais, lenar féidir coigeartú suas agus síos a dhéanamh, áirithítear nach mbeidh róchúiteamh do na tairbhithe mar thoradh ar na héiginnteachtaí móra atá ann faoi láthair maidir le costais chaipitil agus oibriúcháin. Le cur i bhfeidhm sásra comhroinnte pionóis/gnóthachain (daingnithe), áirithítear a thuilleadh go bhfuil dreasachtaí ann chun na hAonaid OFT a oibriú ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir, agus an t-ualach á chomhroinnt le Stát na Beilge ag an am céanna i gcás ina bhfuil praghsanna margaidh níos airde nó níos ísle ná mar a bhí coinne leis.

(542) Tá an ráta toraidh ar chothromas sa raon 6 % go 8 % (le spriocráta 7 %) ag an gceann íochtair i gcomparáid le tionscadail tagarmhairc agus i gcomhréir le costas an chaipitil, agus dá bhrí sin meastar é a bheith comhréireach. Is fíor sin go háirithe i bhfianaise imthosca an Tionscadail OFT, a bhaineann le síneadh saolré a chur leis na sócmhainní atá ann cheana bunaithe ar sheanteicneolaíocht agus ar feadh tréimhse theoranta 10 mbliana.

(543) Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach rialóidh Electrabel ná BE-NUC díolacháin an leictreachais a ghineann na hAonaid OFT, ach go ndíolfaidh comhpháirtí neamhspleách CSBF an leictreachas ar fad ar an margadh. Cuideoidh sé sin lena áirithiú nach ndéanfar suíomh Engie ar an margadh a threisiú ar mhargadh na Beilge.

(544) Ina theannta sin, níl aon chomhartha ag an gCoimisiún go gcuirfidh an Tionscadal OFT cosc ar ghníomhaithe nua dul isteach sa mhargadh chun leictreachas a tháirgeadh sa Bheilg agus/nó go gcuirfidh sé cosc ar ghníomhaithe eile acmhainneachtaí giniúna nua a fhorbairt, agus tagann sé ar an gconclúid go bhfuil an saobhadh míchuí féideartha ar an iomaíocht teoranta ar an iomlán, bunaithe ar na breithnithe i roinn 8.3.3.

(545) Tar éis cothromú críochnúil a dhéanamh agus na gealltanais a rinneadh á gcur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéanfaidh an beart an méid is lú saofa ar an iomaíocht mhíchuí is gá agus go ndéanfaidh éifeachtaí dearfacha an bhirt é a fhritháireamh.

8.3.5. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht na cabhrach*

(546) Bunaithe ar an measúnú a rinneadh sa Chinneadh seo agus i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, is é sin síneadh saolré na n-imoibreoirí núicléacha atá ann cheana bunaithe ar sheanteicneolaíocht a bhfuil solúbthacht theoranta aici agus sin ar feadh tréimhse ama theoranta 10 mbliana, cinneann an Coimisiún go bhfuil an pacáiste beart ar thug údaráis na Beilge fógra ina leith agus a leasaigh údaráis na Beilge ina dhiaidh sin, lena n-áirítear na féidearthachtaí athbhreithnithe agus na gealltanais a sholáthraítear, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

9. **CONCLÚID**

(547) Tá an beart arna leasú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

(548) Tugann an Coimisiún dá aire gur soláthraíodh an Comhaontú Cur Chun Feidhme agus na doiciméid a ghabhann leis, lena measúnú, le téarmaí CSBF agus na Samhla Airgeadais Sínithe. Geallann an Bheilg go mbeidh clásail chaighdeánacha sna comhaontuithe nár socraíodh na téarmaí agus coinníollacha críochnaitheacha ina leith go fóill (mar shampla, téarmaí CSR, Iasachtaí Scairshealbhóirí, Iasachtaí CTM, SCO) clásail a d'iarrfadh aon infheisteoir tionscadal comhchosúil agus go socrófar na téarmaí ar neamhthuilleamaí. Má leasaítear an beart a dtugtar fógra ina leith mar a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo é le téarmaí agus coinníollacha críochnaitheacha na ndoiciméad sin, geallann an Bheilg fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An beart atá beartaithe ag an mBeilg a chur chun feidhme chun tacú le síneadh a chur le saolré dhá imoibreoir núicléacha sa Bheilg, is iad sin Doel 4 agus Tihange 3, tá sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Údaraítear cur chun feidhme an bhirt dá réir sin.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Teresa RIBERA
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin